**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0212/2022**

25.8.2022

# ***I
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creidmheasanna tomhaltóirí
(COM(2021)0347 – C9-0244/2021 – 2021/0171(COD))

An Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

Rapóirtéir don tuairim: Kateřina Konečná

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann an leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

**CLÁR**

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ....................................................................................................130

IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA N-EINTITEAS NÓ NA NDAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR.....................................................................................................133

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHTA AGUS AIRGEADAÍOCHTA.........................................................................................................134

NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH .......................................................................213

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH......214

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creidmheasanna tomhaltóirí**
**(COM(2021)0347 – C9-0244/2021 – 2021/0171(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0347),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0244/2021),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 21 Deireadh Fómhair 2021[1],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (A9-0212/2022),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 7**

[1] IO C 105, 4.3.2022, lch. 92.

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Le blianta beaga anuas, tháinig athrú ar an gcreidmheas a thairgtear do thomhaltóirí agus tá éagsúlacht mhór ag baint leis anois. Tháinig táirgí nua creidmheasa chun cinn, go háirithe sa timpeallacht ar líne, agus tagann forbairt leanúnach ar a n-úsáid. As sin tháinig éiginnteacht dhlíthiúil chun cinn maidir leis ***an*** Treoir 2008/48/CE a chur i bhfeidhm maidir le táirgí nua den sórt sin. | (7) Le blianta beaga anuas, tháinig athrú ar an gcreidmheas a thairgtear do thomhaltóirí agus tá éagsúlacht mhór ag baint leis anois. Tháinig táirgí nua creidmheasa chun cinn, go háirithe sa timpeallacht ar líne, agus tagann forbairt leanúnach ar a n-úsáid. As sin tháinig éiginnteacht dhlíthiúil chun cinn maidir leTreoir 2008/48/CE a chur i bhfeidhm maidir le táirgí nua den sórt sin. ***Tháinig fás nach bhfacthas riamh roimhe seo ar chleachtais amhail creidmheasanna ar luach beag agus léasanna fadtéarmacha a dhíol le blianta beaga anuas, rud a d'fhág i roinnt cásanna cleachtais tráchtála éagóracha, agus, mar thoradh air sin, tá staid airgeadais tomhaltóirí, nó na fiachas achrannach a bhíonn orthu fiú, ag dul in olcas. D'fhéadfaí é sin a sheachaint dá ndéanfaí rialáil níos éifeachtaí ar chleachtais den sórt sin agus dá gcuirfí faisnéis chonarthach ar fáil ar bhealach níos trédhearcaí, níos cuimsithí agus níos tráthúla.*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) I gcomhréir le hAirteagal 26 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), cuimsíonn an margadh inmheánach limistéar ina n-áirithítear saorghluaiseacht earraí agus seirbhísí agus saoirse bunaíochta. Má dhéantar creat dlíthiúil níos trédhearcaí agus níos éifeachtúla a fhorbairt le haghaidh creidmheas tomhaltóirí, ba cheart muinín na dtomhaltóirí a mhéadú agus forbairt gníomhaíochtaí trasteorann a éascú. | (9) I gcomhréir le hAirteagal 26 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), cuimsíonn an margadh inmheánach limistéar ina n-áirithítear saorghluaiseacht earraí agus seirbhísí agus saoirse bunaíochta. Má dhéantar creat dlíthiúil níos trédhearcaí agus níos éifeachtúla a fhorbairt le haghaidh creidmheas tomhaltóirí, ba cheart muinín agus ***leas*** na dtomhaltóirí a mhéadú ***agus*** forbairt gníomhaíochtaí trasteorann a éascú dá réir. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Tá Treoir 2008/48/CE curtha i bhfeidhm ag roinnt Ballstát maidir le réimsí nach gcumhdaítear lena raon feidhme chun an leibhéal cosanta tomhaltóirí a fheabhsú. Go deimhin, is féidir le roinnt de na comhaontuithe creidmheasa nach dtagann faoi raon feidhme na Treorach sin a bheith díobhálach do thomhaltóirí, lena n-áirítear iasachtaí gearrthéarmacha a bhfuil costas ard ag baint leo a mbíonn a méid níos ísle de ghnáth ná an íostairseach EUR 200 a leagtar amach i dTreoir 2008/48/CE. Sa chomhthéacs sin, agus leis an aidhm ardleibhéal cosanta a áirithiú do thomhaltóirí agus an margadh creidmheasa tomhaltóirí trasteorann a éascú, ba cheart do raon feidhme na Treorach seo roinnt comhaontuithe a bhí eisiata ó raon feidhme Threoir 2008/48/CE a chumhdach, amhail comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí faoi bhun EUR 200. Mar an gcéanna, ba cheart táirgí eile a d’fhéadfadh a bheith díobhálach, mar gheall ar na costais arda atá orthu nó na táillí arda a bhaineann leo i gcás íocaíochtaí a chailltear, a chumhdach leis an Treoir seo, chun trédhearcacht mhéadaithe agus cosaint níos fearr a áirithiú do thomhaltóirí, rud as a dtiocfaidh muinín tomhaltóirí níos airde. ***Sa méid sin,*** maidir le comhaontuithe fostaithe nó léasaithe***,*** comhaontuithe creidmheasa i bhfoirm saoráid rótharraingte agus i gcás inar gá an creidmheas a aisíoc laistigh de mhí amháin, agus comhaontuithe creidmheasa i gcás ina ndeonaítear an creidmheas saor ó ús agus gan aon mhuirear eile, lena n-áirítear scéimeanna Ceannaigh Anois, Íoc Níos Déanaí, i.e. uirlisí nua airgeadais | (15) Tá Treoir 2008/48/CE curtha i bhfeidhm ag roinnt Ballstát maidir le réimsí nach gcumhdaítear lena raon feidhme chun an leibhéal cosanta tomhaltóirí a fheabhsú. Go deimhin, is féidir le roinnt de na comhaontuithe creidmheasa nach dtagann faoi raon feidhme na Treorach sin a bheith díobhálach do thomhaltóirí, lena n-áirítear iasachtaí gearrthéarmacha a bhfuil costas ard ag baint leo a mbíonn a méid níos ísle de ghnáth ná an íostairseach EUR 200 a leagtar amach i dTreoir 2008/48/CE. Sa chomhthéacs sin, agus leis an aidhm ardleibhéal cosanta a áirithiú do thomhaltóirí agus an margadh creidmheasa tomhaltóirí trasteorann a éascú, ba cheart do raon feidhme na Treorach seo roinnt comhaontuithe a bhí eisiata ó raon feidhme Threoir 2008/48/CE a chumhdach, amhail comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí faoi bhun EUR 200. Mar an gcéanna, ba cheart táirgí eile a d’fhéadfadh a bheith díobhálach, mar gheall ar na costais arda atá orthu nó na táillí arda a bhaineann leo i gcás íocaíochtaí a chailltear, a chumhdach leis an Treoir seo, ***cé go bhfuil siad faoi réir chur i bhfeidhm docht phrionsabal na comhréireachta chun ualach riaracháin míchuí a sheachaint,*** chun trédhearcacht mhéadaithe agus cosaint níos fearr a áirithiú do thomhaltóirí, rud as a dtiocfaidh muinín tomhaltóirí níos airde. ***Níor cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo maidir le cártaí dochair iarchurtha arna soláthar ag institiúid creidmheasa nó íocaíochta agus nasctha le cuntas íocaíochta, agus uasmhéid sonraithe míosúil údaraithe le haisíoc laistigh de mhí atá saor ó ús agus*** |

leictreonaigh a ligeann do thomhaltóirí rudaí a cheannach agus íoc astu de réir a chéile, agus comhaontuithe creidmheasa ar faoina dtéarmaí atá an creidmheas le haisíoc laistigh de 3 mhí agus nach bhfuil ach muirir neamhshuntasacha iníoctha, níor cheart iad a eisiamh ó raon feidhme chur i bhfeidhm na Treorach seo. Thairis sin, ba cheart gach comhaontú creidmheasa suas go dtí EUR 100 000 a áireamh i raon feidhme chur i bhfeidhm na Treorach seo. Ba cheart uastairseach na gcomhaontuithe creidmheasa faoin Treoir seo a mhéadú chun innéacsú a chur san áireamh chun coigeartú d'éifeachtaí an bhoilscithe ó 2008 i leith agus sna blianta atá le teacht.

***gan ach muirir theoranta nasctha le soláthar na seirbhíse íocaíochta, ar choinníoll nach ndeonaítear iad do thomhaltóirí ach amháin tar éis measúnú a dhéanamh ar a gcumas aisíocaíocht a dhéanamh i gcomhréir leis an Treoir seo agus tar éis a áirithiú go bhfuair an tomhaltóir an fhaisnéis réamhchonarthach mar a leagtar amach sa Treoir seo. Níor cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo ach oiread maidir le*** comhaontuithe léasaithe ***i gcás nach leagtar síos oibleagáid chun cuspóir an chomhaontaithe a cheannach.*** Comhaontuithe creidmheasa i bhfoirm saoráid rótharraingte ***nó rótharraingte intuigthe*** agus i gcás inar gá an creidmheas a aisíoc laistigh de mhí amháin, agus comhaontuithe creidmheasa i gcás ina ndeonaítear an creidmheas saor ó ús agus gan aon mhuirear eile, lena n-áirítear scéimeanna Ceannaigh Anois, Íoc Níos Déanaí, i.e. uirlisí nua airgeadais leictreonaigh a ligeann do thomhaltóirí rudaí a cheannach agus íoc astu de réir a chéile, agus comhaontuithe creidmheasa ar faoina dtéarmaí atá an creidmheas le haisíoc laistigh de 3 mhí agus nach bhfuil ach muirir neamhshuntasacha iníoctha, níor cheart iad a eisiamh ó raon feidhme chur i bhfeidhm na Treorach seo. ***I gcás comhaontuithe creidmheasa lena mbaineann méid iomlán creidmheasa is lú ná EUR 200, áfach, nó i gcás ina ndeonaítear an creidmheas saor ó ús agus gan aon mhuirir eile nó nach mór é a aisíoc laistigh de thrí mhí agus nach bhfuil ach muirir neamhshuntasacha iníoctha, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann cur i bhfeidhm forálacha áirithe den Treoir seo a bhaineann le ceanglais faisnéise agus aisíocaíocht luath a eisiamh.*** Thairis sin, ba cheart gach comhaontú creidmheasa suas go dtí EUR 100 000 a áireamh i raon feidhme chur i bhfeidhm na Treorach seo. Ba cheart uastairseach na gcomhaontuithe creidmheasa faoin Treoir seo a mhéadú chun innéacsú a chur san áireamh chun

coigeartú d'éifeachtaí an bhoilscithe ó 2008 i leith agus sna blianta atá le teacht.

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15a) Tá táirgí airgeadais lena spreagtar an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach teoranta faoi láthair ar fud an Aontais. Chun caiteachas tomhaltóirí lena spreagtar na haistrithe sin a mhéadú, ba cheart creidiúnaithe a spreagadh chun táirgí creidmheasa tomhaltóirí inacmhainne atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a thairiscint mar chuid dá bpunanna agus chun beartais chomhfhreagracha a fhorbairt.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 15 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15b) Tá éagsúlacht shuntasach idir imthosca eacnamaíocha na mBallstát, laistigh agus lasmuigh den limistéar euro, mar sin ba cheart cead a bheith ag na húdaráis náisiúnta comhaontuithe creidmheasa lena mbaineann méid iomlán creidmheasa suas le EUR 150 000 a áireamh laistigh de raon feidhme na Treorach seo más gá chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach, lena n-áirítear cosaint tomhaltóirí.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Is cineál maoiniúcháin é sluachistiú atá ar fáil le haghaidh tomhaltóirí níos minice anois, le haghaidh costas beag nó infheistíochtaí de ghnáth. Déanann Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26] seirbhísí sluachistiúcháin a eisiamh óna raon feidhme, lena n-áirítear seirbhísí sluachistiúcháin lena n-éascaítear deonú creidmheasa, ar seirbhísí iad a thugtar do thomhaltóirí mar a shainmhínítear i dTreoir 2008/48/CE. Sa chomhthéacs sin, tá sé d'aidhm ag an Treoir seo Rialachán (AE) 2020/1503 a chomhlánú tríd an eisiamh sin a leigheas trí shoiléireacht dhlíthiúil a thabhairt maidir leis an gcóras dlí is infheidhme le haghaidh seirbhísí sluachistiúcháin nuair a fhéachann tomhaltóir le creidmheas a fháil trí sholáthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin. | (16) Is cineál maoiniúcháin é sluachistiú atá ar fáil le haghaidh tomhaltóirí níos minice anois, le haghaidh costas beag nó infheistíochtaí de ghnáth. Déanann Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle seirbhísí sluachistiúcháin a eisiamh óna raon feidhme, lena n-áirítear seirbhísí sluachistiúcháin lena n-éascaítear deonú creidmheasa, ar seirbhísí iad a thugtar do thomhaltóirí mar a shainmhínítear i dTreoir 2008/48/CE. Sa chomhthéacs sin, tá sé d'aidhm ag an Treoir seo Rialachán (AE) 2020/1503 a chomhlánú tríd an eisiamh sin a leigheas trí shoiléireacht dhlíthiúil a thabhairt maidir leis an gcóras dlí is infheidhme le haghaidh seirbhísí sluachistiúcháin nuair a fhéachann tomhaltóir le creidmheas a fháil trí sholáthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin ***seachas iad siúd a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2020/1503***. |
| [26] Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2020 maidir le soláthraithe Eorpacha seirbhísí sluachistiúcháin le haghaidh gnó agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1129 agus Treoir (AE) 2019/1937 (IO L 347, 20.10.2020, lch. 1). | [26] Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2020 maidir le soláthraithe Eorpacha seirbhísí sluachistiúcháin le haghaidh gnó agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1129 agus Treoir (AE) 2019/1937 (IO L 347, 20.10.2020, lch. 1). |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 23 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(23a) Nuair a chuirtear na forálacha lena gcuirtear an Treoir seo chun feidhme i bhfeidhm, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar riachtanais daoine*** |

***faoi mhíchumas.***

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 25 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(25a) Ba cheart an Treoir seo a bheith gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679, ar cheart feidhm a bheith aige maidir le haon phróiseáil ar shonraí pearsanta a dhéanann creidiúnaithe agus idirghabhálaithe creidmheasa a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) I dtaca le tomhaltóirí a bhfuil cónaí orthu go dleathach san Aontas, níor cheart idirdhealú a dhéanamh orthu mar gheall ar a náisiúntacht ná a n-áit chónaithe, nó ar aon fhoras dá dtagraítear in Airteagal 21 den Chairt nuair atá comhaontú creidmheasa á iarraidh, á thabhairt i gcrích nó á shealbhú acu chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar laistigh den Aontas. | (26) I dtaca le tomhaltóirí a bhfuil cónaí orthu go dleathach san Aontas, níor cheart idirdhealú a dhéanamh orthu mar gheall ar a náisiúntacht ná a n-áit chónaithe, nó ar aon fhoras dá dtagraítear in Airteagal 21 den Chairt nuair atá comhaontú creidmheasa á iarraidh, á thabhairt i gcrích nó á shealbhú acu chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar laistigh den Aontas. ***Mar sin féin, níor cheart aon ní sa Treoir seo a fhorléiriú mar ní a chuireann oibleagáid ar chreidiúnaí, ar idirghabhálaí creidmheasa nó ar sholáthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin seirbhísí a sholáthar i mBallstáit nach ndéanann siad gnó iontu.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Ba cheart forálacha sonracha a leagan síos maidir le fógraíocht a bhaineann le comhaontuithe creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin agus míreanna áirithe d'fhaisnéis chaighdeánach atá le soláthar do thomhaltóirí chun é a chur ar a gcumas dóibh, go háirithe, tairiscintí éagsúla a chur i gcomparáid le chéile. Ba cheart an fhaisnéis sin a thabhairt ar bhealach soiléir, gonta agus feiceálach trí shampla ionadaíoch. Ba cheart an fhaisnéis chaighdeánach a léiriú roimh ré agus go suntasach, ar bhealach soiléir agus i bhformáid tharraingteach. Ba cheart an fhaisnéis sin a bheith inléite go soiléir agus oiriúnaithe chun na srianta teicniúla de chuid meáin áirithe, amhail scáileáin fóin shoghluaiste, a chur san áireamh. Coinníollacha fógraíochta sealadacha, amhail ráta mealltach le ráta úis níos ísle le haghaidh mhíonna tosaigh an chomhaontaithe creidmheasa nó na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, ní mór iad a shainaithint go soiléir amhlaidh. Ba cheart do thomhaltóirí an fhaisnéis fhíor-riachtanach uile a fheiceáil d'aon amharc, ***fiú amháin*** nuair a bhreathnaíonn siad uirthi ar scáileán fóin shoghluaiste. Ba cheart uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist an chreidiúnaí agus, i gcás inarb infheidhme, an idirghabhálaí creidmheasa agus an tsoláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a chur in iúl freisin don tomhaltóir chun a chur ar a chumas dó nó ar a cumas di dul i dteagmháil leis an gcreidiúnaí, leis an idirghabhálaí creidmheasa nó leis an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin go tapa agus go héifeachtúil. Ba cheart uasteorainn a sholáthar i gcás nach féidir an méid iomlán creidmheasa a léiriú mar na suimeanna iomlána a chuirtear ar fáil, go háirithe i | (29) Ba cheart forálacha sonracha a leagan síos maidir le fógraíocht a bhaineann le comhaontuithe creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin agus míreanna áirithe d'fhaisnéis chaighdeánach atá le soláthar do thomhaltóirí chun é a chur ar a gcumas dóibh, go háirithe, tairiscintí éagsúla a chur i gcomparáid le chéile. Ba cheart an fhaisnéis sin a thabhairt ar bhealach soiléir, gonta agus feiceálach trí shampla ionadaíoch. Ba cheart an fhaisnéis chaighdeánach a léiriú roimh ré agus go suntasach, ar bhealach soiléir agus i bhformáid tharraingteach. Ba cheart an fhaisnéis sin a bheith inléite go soiléir agus oiriúnaithe chun na srianta teicniúla de chuid meáin áirithe, amhail scáileáin fóin shoghluaiste ***agus bealaí digiteacha***, a chur san áireamh. Coinníollacha fógraíochta sealadacha, amhail ráta mealltach le ráta úis níos ísle le haghaidh mhíonna tosaigh an chomhaontaithe creidmheasa nó na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, ní mór iad a shainaithint go soiléir amhlaidh. Ba cheart do thomhaltóirí an fhaisnéis fhíor-riachtanach uile a fheiceáil d'aon amharc, ***agus faisnéis bhreise á cur ar fáil don tomhaltóir trí chliceáil nó svaidhpeáil*** nuair a bhreathnaíonn siad uirthi ar scáileán fóin shoghluaiste. Ba cheart uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist an chreidiúnaí agus, i gcás inarb infheidhme, an idirghabhálaí creidmheasa agus an tsoláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a chur in iúl freisin don tomhaltóir chun a chur ar a chumas dó nó ar a cumas di dul i dteagmháil leis an gcreidiúnaí, leis an idirghabhálaí creidmheasa nó leis an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin go tapa agus go héifeachtúil. Ba cheart uasteorainn a sholáthar i gcás nach féidir an méid iomlán |

gcás ina dtugtar le comhaontú creidmheasa saoirse tarraingthe anuas don tomhaltóir le teorainn maidir leis an méid. Leis an uasteorainn ba cheart an uasteorainn creidmheasa is féidir a chur ar fáil don tomhaltóir a léiriú. I gcásanna sonracha agus a bhfuil bonn cirt leo, chun feabhas a chur ar thuiscint an tomhaltóra ar fhaisnéis a nochtar i bhfógraíocht maidir le comhaontuithe creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin i gcás nach gceadaítear leis an meán a úsáidtear í a thaispeáint ó amharc, amhail i bhfógraíocht raidió, d'fhéadfaí an méid faisnéise a nochtar a laghdú. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith saor i gcónaí chun ceanglais faisnéise a rialáil ina ndlí náisiúnta maidir le fógraíocht ar chomhaontuithe creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin nach bhfuil faisnéis maidir le costas an chreidmheasa iontu.

creidmheasa a léiriú mar na suimeanna iomlána a chuirtear ar fáil, go háirithe i gcás ina dtugtar le comhaontú creidmheasa saoirse tarraingthe anuas don tomhaltóir le teorainn maidir leis an méid. Leis an uasteorainn ba cheart an uasteorainn creidmheasa is féidir a chur ar fáil don tomhaltóir a léiriú. I gcásanna sonracha agus a bhfuil bonn cirt leo, chun feabhas a chur ar thuiscint an tomhaltóra ar fhaisnéis a nochtar i bhfógraíocht maidir le comhaontuithe creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin i gcás nach gceadaítear leis an meán a úsáidtear í a thaispeáint ó amharc, amhail i bhfógraíocht raidió, d'fhéadfaí an méid faisnéise a nochtar a laghdú. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith saor i gcónaí chun ceanglais faisnéise a rialáil ina ndlí náisiúnta maidir le fógraíocht ar chomhaontuithe creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin nach bhfuil faisnéis maidir le costas an chreidmheasa iontu. ***Chun cásanna mídhíola creidmheasa tomhaltóirí a laghdú do thomhaltóirí nach bhfuil in ann é a íoc agus iasachtú inbhuanaithe a chur chun cinn, ba cheart, i ngach cás, rabhadh soiléir feiceálach a bheith san fhógraíocht chreidmheasa chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi chostais airgid a fháil ar iasacht. Níor cheart go spreagfadh fógraíocht tomhaltóirí a bhfuil rófhiachas orthu chun creidmheas a lorg, a shonrú gur beag tionchar a bhíonn ag comhaontuithe creidmheasa eile nó nach mbíonn tionchar ar bith acu ar mheasúnú iarratais creidmheasa ná a thabhairt le fios gur féidir rath nó gnóthachtáil shóisialta a fháil trí chreidmheas a fháil.***

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 29 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(29a) Ba cheart faisnéis chaighdeánach a sholáthar do thomhaltóirí chun a chur ar a gcumas, go háirithe, tairiscintí éagsúla a chur i gcomparáid lena chéile. Ba cheart an fhaisnéis sin a sholáthar ar bhealach soiléir, gonta agus feiceálach. Ba cheart an fhaisnéis chaighdeánach a thaispeáint roimh ré, ar bhealach suntasach agus i bhformáid tharraingteach.*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Ionas go mbeidh na tomhaltóirí in ann a gcinntí a dhéanamh agus láneolas acu ar na fíorais, ba cheart faisnéis leordhóthanach a thabhairt dóibh, chun go mbreithneoidís go cúramach iad ar a bhfóillíocht agus ar a n-áisiúlacht féin, ***lá amháin ar a laghad*** roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe creidmheasa nó an chomhaontaithe chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar, lena n-áirítear faisnéis faoi choinníollacha agus costas an chreidmheasa agus faoina n-oibleagáidí, mar aon le mínithe leordhóthanacha ar na nithe sin. Ba cheart na rialacha sin a bheith gan dochar do Threoir 93/13/CEE ón gComhairle[29] . | (30) Ionas go mbeidh na tomhaltóirí in ann a gcinntí a dhéanamh agus láneolas acu ar na fíorais, ba cheart faisnéis leordhóthanach a thabhairt dóibh, chun go mbreithneoidís go cúramach iad ar a bhfóillíocht agus ar a n-áisiúlacht féin, ***in am trátha, agus in aon chás*** roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe creidmheasa nó an chomhaontaithe chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar, lena n-áirítear faisnéis faoi choinníollacha agus costas an chreidmheasa agus faoina n-oibleagáidí, mar aon le mínithe leordhóthanacha ar na nithe sin. Ba cheart na rialacha sin a bheith gan dochar do Threoir 93/13/CEE ón gComhairle[29]. |
| [29] Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra (IO L 95, 21.4.1993, lch. 29). | [29] Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra (IO L 95, 21.4.1993, lch. 29). |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Ba cheart faisnéis réamhchonarthach a sholáthar trí fhoirm don Fhaisnéis Chaighdeánach Eorpach um Chreidmheas Tomhaltóra. Chun cuidiú le tomhaltóirí tairiscintí a thuiscint agus a chur i gcomparáid le chéile, ba cheart ***foirm le haghaidh an Fhorbhreathnaithe Chaighdeánaigh Eorpaigh um Chreidmheas Tomhaltóra lena ndéantar achoimre ar an bpríomhghné den chreidmheas a sholáthar anuas ar*** an bhfoirm le haghaidh na Faisnéise Caighdeánaí Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra, trínar cheart do thomhaltóirí an fhaisnéis fhíor-riachtanach uile a fheiceáil d'aon amharc, fiú amháin ar scáileán fóin shoghluaiste. Ba cheart an fhaisnéis a bheith soiléir, inléite go soiléir agus oiriúnaithe chun na srianta teicniúla de chuid meáin áirithe amhail scáileán fóin shoghluaiste a chur san áireamh. Ba cheart í a thaispeáint ar bhealach leordhóthanach agus oiriúnach ar chainéil éagsúla, lena áirithiú gur féidir le gach tomhaltóir faisnéis a rochtain ar an mbonn céanna agus i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30] . | (31) Ba cheart faisnéis réamhchonarthach a sholáthar trí fhoirm don Fhaisnéis Chaighdeánach Eorpach um Chreidmheas Tomhaltóra. Chun cuidiú le tomhaltóirí tairiscintí a thuiscint agus a chur i gcomparáid le chéile, ***ba cheart príomheilimintí uile an chreidmheasa a áireamh ag tús na foirme*** le haghaidh na faisnéise caighdeánaí Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra, trínar cheart do thomhaltóirí an fhaisnéis fhíor-riachtanach uile a fheiceáil d'aon amharc, fiú amháin ar scáileán fóin shoghluaiste. Ba cheart an fhaisnéis a bheith soiléir, inléite go soiléir agus oiriúnaithe chun na srianta teicniúla de chuid meáin áirithe amhail scáileán fóin shoghluaiste a chur san áireamh. Ba cheart í a thaispeáint ar bhealach leordhóthanach agus oiriúnach ar chainéil éagsúla, lena áirithiú gur féidir le gach tomhaltóir faisnéis a rochtain ar an mbonn céanna agus i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30]. ***Chun na críche sin, ba cheart formáid agus cur i láthair na faisnéise a chaighdeánú ar leibhéal an Aontais trí ghníomhartha tarmligthe a ghlacadh.*** |
| [30] Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70). | [30] Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70). |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Chun an trédhearcacht agus an inchomparáideacht is iomláine is féidir a áirithiú maidir le tairiscintí, leis an bhfaisnéis réamhchonarthach ba cheart, go háirithe, ráta céatadánach bliantúil an mhuirir is infheidhme maidir leis an gcreidmheas a áireamh, a chinntear ar an mbealach céanna ar fud an Aontais. Ós rud é nach féidir ráta céatadánach bliantúil an mhuirir a léiriú ag an gcéim sin ach amháin trí shampla, ba cheart an sampla sin a bheith ionadaíoch. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith ag comhfhreagairt, mar shampla, do mheánfhad agus don mhéid iomlán creidmheasa a deonaíodh le haghaidh an chineáil comhaontaithe creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin atá á mheas agus, más infheidhme, do na hearraí a ceannaíodh. Nuair atá an sampla ionadaíoch á chinneadh, ba cheart minicíocht cineálacha áirithe comhaontaithe creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin i margadh sonrach a chur san áireamh freisin. A mhéid a bhaineann leis an ráta iasachta, le minicíocht na dtráthchodanna agus le caipitliú úis, ba cheart do chreidiúnaithe úsáid a bhaint as a ngnáthmhodh chun an creidmheas tomhaltóirí lena mbaineann a ríomh. I gcás ina soláthrófar faisnéis réamhchonarthach níos lú ná lá amháin sula mbeidh an tomhaltóir faoi cheangal ag aon chomhaontú creidmheasa nó comhaontú chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar, cuirfidh an creidiúnaí agus, i gcás inarb infheidhme, an t-idirghabhálaí creidmheasa nó soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, i gcuimhne do thomhaltóirí, ***lá*** amháin tar éis an conradh a thabhairt i gcrích, go bhfuil an deis acu tarraingt siar as an gcomhaontú creidmheasa. | (32) Chun an trédhearcacht agus an inchomparáideacht is iomláine is féidir a áirithiú maidir le tairiscintí, leis an bhfaisnéis réamhchonarthach ba cheart, go háirithe, ráta céatadánach bliantúil an mhuirir is infheidhme maidir leis an gcreidmheas a áireamh, a chinntear ar an mbealach céanna ar fud an Aontais. Ós rud é nach féidir ráta céatadánach bliantúil an mhuirir a léiriú ag an gcéim sin ach amháin trí shampla, ba cheart an sampla sin a bheith ionadaíoch. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith ag comhfhreagairt, mar shampla, do mheánfhad agus don mhéid iomlán creidmheasa a deonaíodh le haghaidh an chineáil comhaontaithe creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin atá á mheas agus, más infheidhme, do na hearraí a ceannaíodh. Nuair atá an sampla ionadaíoch á chinneadh, ba cheart minicíocht cineálacha áirithe comhaontaithe creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin i margadh sonrach a chur san áireamh freisin. A mhéid a bhaineann leis an ráta iasachta, le minicíocht na dtráthchodanna agus le caipitliú úis, ba cheart do chreidiúnaithe úsáid a bhaint as a ngnáthmhodh chun an creidmheas tomhaltóirí lena mbaineann a ríomh. I gcás ina soláthrófar faisnéis réamhchonarthach níos lú ná lá amháin sula mbeidh an tomhaltóir faoi cheangal ag aon chomhaontú creidmheasa nó comhaontú chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar, cuirfidh an creidiúnaí agus, i gcás inarb infheidhme, an t-idirghabhálaí creidmheasa nó soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, i gcuimhne do thomhaltóirí, lá amháin ***go 7 lá*** tar éis an conradh a thabhairt i gcrích, go bhfuil an deis acu tarraingt siar as an gcomhaontú creidmheasa. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 39**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (39) D'ainneoin na faisnéise réamhchonarthaí atá le soláthar, is féidir go mbeidh cúnamh breise fós ag teastáil ón tomhaltóir chun a chinneadh, laistigh den raon táirgí a bheartaítear, cén comhaontú creidmheasa nó na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin is iomchuí le haghaidh a riachtanas agus a staide airgeadais. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go soláthróidh creidiúnaithe agus, i gcás inarb infheidhme, idirghabhálaithe creidmheasa agus soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an cúnamh sin i ndáil leis na táirgí creidmheasa a thairgeann siad don tomhaltóir, trí mhínithe leordhóthanacha a sholáthar maidir leis an bhfaisnéis ábhartha lena n-áirítear go háirithe saintréithe fíor-riachtanacha na dtáirgí a mholtar don tomhaltóir ar bhealach pearsantaithe ionas gur féidir leis an tomhaltóir na héifeachtaí a fhéadfaidh a bheith acu ar a staid eacnamaíoch a thuiscint. Ba cheart do chreidiúnaithe agus, i gcás inarb infheidhme, idirghabhálaithe creidmheasa agus soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an bealach a dtugtar na mínithe sin a oiriúnú do na himthosca ina dtairgtear an creidmheas agus don ghá atá ag an tomhaltóir le cúnamh, agus eolas agus taithí an tomhaltóra ar chreidmheas agus cineál táirgí creidmheasa aonair á gcur san áireamh. Níor cheart na mínithe sin a bheith ina moladh pearsanta astu féin. | (39) D'ainneoin na faisnéise réamhchonarthaí atá le soláthar, is féidir go mbeidh cúnamh breise fós ag teastáil ón tomhaltóir chun a chinneadh, laistigh den raon táirgí a bheartaítear, cén comhaontú creidmheasa nó na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin is iomchuí le haghaidh a riachtanas agus a staide airgeadais. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go soláthróidh creidiúnaithe agus, i gcás inarb infheidhme, idirghabhálaithe creidmheasa agus soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an cúnamh sin i ndáil leis na táirgí creidmheasa a thairgeann siad don tomhaltóir, trí mhínithe leordhóthanacha a sholáthar maidir leis an bhfaisnéis ábhartha ***ar bhealach sothuigthe sula síneofar an comhaontú,*** lena n-áirítear go háirithe saintréithe fíor-riachtanacha na dtáirgí a mholtar don tomhaltóir ar bhealach pearsantaithe ionas gur féidir leis an tomhaltóir na héifeachtaí a fhéadfaidh a bheith acu ar a staid eacnamaíoch a thuiscint. Ba cheart do chreidiúnaithe agus, i gcás inarb infheidhme, idirghabhálaithe creidmheasa agus soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an bealach a dtugtar na mínithe sin a oiriúnú do na himthosca ina dtairgtear an creidmheas agus don ghá atá ag an tomhaltóir le cúnamh, agus eolas agus taithí an tomhaltóra ar chreidmheas agus cineál táirgí creidmheasa aonair á gcur san áireamh. Níor cheart na mínithe sin a bheith ina moladh pearsanta astu féin. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) Mar a léiríodh sa Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le hintleacht shaorga (an Gníomh um Intleacht Shaorga)[31] , is féidir córais intleachta saorga (AI) a úsáid go héasca in earnálacha éagsúla an gheilleagair agus na sochaí, lena n-áirítear ar bhonn trasteorann, agus a bheith i gcúrsaíocht ar fud an Aontais. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a cheadú do chreidiúnaithe, d'idirghabhálaithe creidmheasa agus do sholáthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin praghas a dtairiscintí a phearsantú le haghaidh tomhaltóirí sonracha nó catagóirí sonracha tomhaltóirí bunaithe ar chinnteoireacht uathoibríoch ***agus ar phróifíliú uathoibríoch ar iompraíocht tomhaltóirí lenar féidir leo cumhacht ceannaigh an tomhaltóra a mheasúnú***. Dá bhrí sin, ba cheart tomhaltóirí a chur ar an eolas go soiléir nuair atá an praghas a chuirtear faoina mbráid pearsantaithe ar bhonn na próiseála uathoibrithe, ionas gur féidir leo na rioscaí ionchasacha a chur san áireamh ina gcinneadh ceannaigh. | (40) Mar a léiríodh sa Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le hintleacht shaorga (an Gníomh um Intleacht Shaorga)[31], is féidir córais intleachta saorga (AI) a úsáid go héasca in earnálacha éagsúla an gheilleagair agus na sochaí, lena n-áirítear ar bhonn trasteorann, agus a bheith i gcúrsaíocht ar fud an Aontais. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a cheadú do chreidiúnaithe, d'idirghabhálaithe creidmheasa agus do sholáthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin praghas a dtairiscintí a phearsantú le haghaidh tomhaltóirí sonracha nó catagóirí sonracha tomhaltóirí bunaithe ar chinnteoireacht uathoibríoch. Dá bhrí sin, ba cheart tomhaltóirí a chur ar an eolas go soiléir nuair atá an praghas a chuirtear faoina mbráid pearsantaithe ar bhonn na próiseála uathoibrithe, ionas gur féidir leo na rioscaí ionchasacha a chur san áireamh ina gcinneadh ceannaigh. ***Ba cheart do chreidiúnaithe, idirghabhálaithe creidmheasa agus soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin tomhaltóirí a fhaigheann an tairiscint a chur ar an eolas freisin faoi fhoinsí na sonraí a úsáidtear chun an tairiscint a phearsanú.*** |
| [31] 31 COM/2021/206 final. | [31] 31 COM/2021/206 final. |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 41**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (41) Mar riail ghinearálta, níor cheart cleachtais nasctha a cheadú mura rud é nach bhféadfaí an tseirbhís airgeadais ná an táirge a thairgtear mar aon leis an | (41) Mar riail ghinearálta, níor cheart cleachtais nasctha a cheadú mura rud é nach bhféadfaí an tseirbhís airgeadais ná an táirge a thairgtear mar aon leis an |

gcomhaontú creidmheasa nó na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a thairiscint ar leithligh ós cuid iomlán chomhtháite den chreidmheas í nó é, mar shampla i gcás saoráid rótharraingte. Agus cúinsí comhréireachta á gcur san áireamh, ba cheart go mbeadh creidiúnaithe nó soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin in ann a cheangal ar an tomhaltóir beartas árachais ábhartha a bheith aige chun aisíoc an chreidmheasa a ráthú nó chun luach an urrúis a árachú, ba cheart an deis a bheith ag an tomhaltóir a sholáthraí árachais féin a roghnú. Níor cheart go ndéanfadh sé sin dochar do na coinníollacha creidmheasa arna socrú ag an gcreidiúnaí nó ag soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, ar choinníoll go bhfuil an leibhéal coibhéiseach ráthaíochta ag polasaí árachais an tsoláthraí sin agus atá ag an bpolasaí árachais atá beartaithe nó atá á thairiscint ag an gcreidiúnaí nó ag na soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin. Thairis sin, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag na Ballstáit, an cumhdach a sholáthraítear le conarthaí árachais a chaighdeánú, go hiomlán nó i bpáirt, chun comparáidí a éascú idir tairiscintí éagsúla le haghaidh tomhaltóirí ar mian leo na comparáidí sin a dhéanamh.

gcomhaontú creidmheasa nó na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a thairiscint ar leithligh ós cuid iomlán chomhtháite den chreidmheas í nó é, mar shampla i gcás saoráid rótharraingte. Agus cúinsí comhréireachta á gcur san áireamh, ba cheart go mbeadh creidiúnaithe nó soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin in ann a cheangal ar an tomhaltóir beartas árachais ábhartha a bheith aige chun aisíoc an chreidmheasa a ráthú nó chun luach an urrúis a árachú, ba cheart an deis a bheith ag an tomhaltóir a sholáthraí árachais féin a roghnú. Níor cheart go ndéanfadh sé sin dochar do na coinníollacha creidmheasa arna socrú ag an gcreidiúnaí nó ag soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, ar choinníoll go bhfuil an leibhéal coibhéiseach ráthaíochta ag polasaí árachais an tsoláthraí sin agus atá ag an bpolasaí árachais atá beartaithe nó atá á thairiscint ag an gcreidiúnaí nó ag na soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin. Thairis sin, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag na Ballstáit, an cumhdach a sholáthraítear le conarthaí árachais a chaighdeánú, go hiomlán nó i bpáirt, chun comparáidí a éascú idir tairiscintí éagsúla le haghaidh tomhaltóirí ar mian leo na comparáidí sin a dhéanamh. ***Níor cheart do chreidiúnaithe úsáid a bhaint as cleachtais chuachta a chuireann deireadh de facto le rogha na dtomhaltóirí agus as a n-eascraíonn ceangal toirmiscthe, mar shampla mar gheall ar théarmaí agus coinníollacha díréireacha agus an iasacht nó an táirge coimhdeach á gceannach ar leithligh acu. Ba cheart trí lá ar a laghad a bheith ag tomhaltóirí, más gá, chun tairiscintí árachais a chur i gcomparáid le chéile gan an tairiscint a athrú.***

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 44**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (44) Féadfaidh díolacháin chreidmheasa nár iarr na tomhaltóirí a bheith ionann le cleachtais atá díobhálach don tomhaltóir i roinnt cásanna. Maidir leis sin, ba cheart creidmheas gan iarraidh a dhíol a thoirmeasc, lena n-áirítear cártaí creidmheasa neamhiarrtha réamh-fhormheasta a sheoltar chuig na tomhaltóirí, nó méadú aontaobhach rótharraingte nó teorainn cárta creidmheasa tomhaltóirí. | (44) Féadfaidh díolacháin chreidmheasa nár iarr na tomhaltóirí a bheith ionann le cleachtais atá díobhálach don tomhaltóir i roinnt cásanna. Maidir leis sin, ***gan dochar d'fhéidearthacht an chreidiúnaí creidmheas a fhógairt,*** ba cheart creidmheas gan iarraidh a dhíol a thoirmeasc, lena n-áirítear cártaí creidmheasa neamhiarrtha réamh-fhormheasta a sheoltar chuig na tomhaltóirí, nó méadú aontaobhach rótharraingte, ***rótharraingte intuigthe*** nó teorainn cárta creidmheasa tomhaltóirí. ***Níor cheart feidhm a bheith ag an toirmeasc ar dhíolachán creidmheasa gan iarraidh, áfach, maidir le creidmheasanna a thairgtear ag díolphointe chun ceannach earra nó seirbhíse a mhaoiniú.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 45**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (45) Ba cheart do na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun cleachtais fhreagracha a chur chun cinn le linn na gcéimeanna uile den chaidreamh creidmheasa, agus gnéithe sonracha a margaidh creidmheasa á gcur san áireamh. ***Féadfar*** a áireamh sna bearta sin, mar shampla, soláthar faisnéise do thomhaltóirí, agus oideachas a chur orthu, lena n-áirítear rabhaidh maidir leis na rioscaí a bhaineann le mainneachtain íocaíochta agus le rófhéichiúnas. Sa mhargadh creidmheasa atá ag dul i leithne, go háirithe, is den tábhacht nár cheart do chreidiúnaithe dul i mbun iasachtú mífhreagrach ná creidmheas a thabhairt gan measúnú acmhainneachta creidmheasa roimh ré. Ba cheart do na Ballstáit an mhaoirseacht is gá a dhéanamh | (45) Ba cheart do na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun cleachtais fhreagracha a chur chun cinn le linn na gcéimeanna uile den chaidreamh creidmheasa, agus gnéithe sonracha a margaidh creidmheasa á gcur san áireamh. ***Ba cheart*** a áireamh sna bearta sin, mar shampla, soláthar faisnéise do thomhaltóirí, agus oideachas a chur orthu, lena n-áirítear rabhaidh maidir leis na rioscaí a bhaineann le mainneachtain íocaíochta agus le rófhéichiúnas. Sa mhargadh creidmheasa atá ag dul i leithne, go háirithe, is den tábhacht nár cheart do chreidiúnaithe dul i mbun iasachtú mífhreagrach ná creidmheas a thabhairt gan measúnú acmhainneachta creidmheasa roimh ré. Ba cheart do na Ballstáit an mhaoirseacht is gá a dhéanamh |

| | |
|---|---|
| chun iompraíocht den sórt sin ó chreidiúnaithe a sheachaint agus ba cheart dóibh na modhanna is gá a chinneadh chun smachtbhanna a chur ar iompraíocht den sórt sin. Gan dochar d'fhorálacha riosca creidmheasa Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32] , ba cheart do chreidiúnaithe nó do sholáthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a bheith freagrach as acmhainneacht creidmheasa an tomhaltóra a sheiceáil go leithleach. Chuige sin, ba cheart a cheadú do chreidiúnaithe nó do sholáthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin úsáid a bhaint as faisnéis a sholáthraíonn an tomhaltóir ní hamháin le linn an comhaontú creidmheasa nó an comhaontú maidir le seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin i gceist a ullmhú, ach freisin le linn caidreamh tráchtála seanbhunaithe. Ba cheart do thomhaltóirí gníomhú go stuama freisin agus a n-oibleagáidí conarthacha a urramú. | chun iompraíocht den sórt sin ó chreidiúnaithe a sheachaint agus ba cheart dóibh na modhanna is gá a chinneadh chun smachtbhanna a chur ar iompraíocht den sórt sin. Gan dochar d'fhorálacha riosca creidmheasa Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32], ba cheart do chreidiúnaithe nó do sholáthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a bheith freagrach as acmhainneacht creidmheasa an tomhaltóra a sheiceáil go leithleach ***agus ar bhealach comhréireach***. Chuige sin, ba cheart a cheadú do chreidiúnaithe nó do sholáthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin úsáid a bhaint as faisnéis a sholáthraíonn an tomhaltóir ní hamháin le linn an comhaontú creidmheasa nó an comhaontú maidir le seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin i gceist a ullmhú, ach freisin le linn caidreamh tráchtála seanbhunaithe. Ba cheart do thomhaltóirí gníomhú go stuama freisin agus a n-oibleagáidí conarthacha a urramú. |
| [32] Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíochtaí institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338). | [32] Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíochtaí institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338). |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 46**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (46) Tá sé fíor-riachtanach go ndéanfar measúnú agus fíorú ar chumas agus ar chlaonadh an tomhaltóra an creidmheas a aisíoc sula dtugtar comhaontú creidmheasa | (46) Tá sé fíor-riachtanach go ndéanfar measúnú agus fíorú ar chumas agus ar chlaonadh an tomhaltóra an creidmheas a aisíoc sula dtugtar comhaontú creidmheasa |

| | |
|---|---|
| nó comhaontú maidir le seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin i gcrích. Ba cheart an measúnú acmhainneachta creidmheasa sin a dhéanamh chun leas an tomhaltóra, chun cleachtais iasachtaithe mhífhreagracha agus rófhéichiúnas a chosc, agus ba cheart a chur san áireamh ann na fachtóirí uile is gá agus is ábhartha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chumas tomhaltóra an creidmheas a aisíoc. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann treoraíocht bhreise a eisiúint maidir le critéir bhreise agus modhanna chun acmhainneacht creidmheasa tomhaltóra a mheasúnú, mar shampla trí theorainneacha a leagan síos ar chóimheasa iasachta-luacha nó iasachta-ioncaim. | nó comhaontú maidir le seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin i gcrích. Ba cheart an measúnú acmhainneachta creidmheasa sin a dhéanamh ***ar bhealach comhréireach*** chun leas an tomhaltóra, chun cleachtais iasachtaithe mhífhreagracha agus rófhéichiúnas a chosc, agus ba cheart a chur san áireamh ann na fachtóirí uile is gá agus is ábhartha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chumas tomhaltóra an creidmheas a aisíoc. ***Níor cheart measúnú dearfach, a dhéantar i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo, a thuiscint mar cheart ag an tomhaltóir creidmheas a fháil nó oibleagáid de chuid an chreidiúnaí creidmheas a sholáthar.*** Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann treoraíocht bhreise a eisiúint maidir le critéir bhreise agus modhanna chun acmhainneacht creidmheasa tomhaltóra a mheasúnú, mar shampla trí theorainneacha a leagan síos ar chóimheasa iasachta-luacha nó iasachta-ioncaim. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 46 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(46a) Ba cheart don chreidiúnaí liúntais réasúnacha don tomhaltóir a chinneadh maidir le caiteachas tiomanta agus caiteachas neamhroghnach eile amhail oibleagáidí reatha an tomhaltóra, lena n-áirítear bunús iomchuí a thabhairt do chostais mhaireachtála an tomhaltóra, teaghlach an tomhaltóra, imeachtaí sa todhchaí le linn théarma an chomhaontaithe creidmheasa atá beartaithe amhail laghdú ar ioncam nó, i gcás inarb infheidhme, méadú ar an ráta iasachta nó athrú diúltach ar an ráta malairte, nó íocaíochtaí iarchurtha príomhshuime nó úis. I gcás rátaí athraitheacha, níor cheart an t-uasráta*** |

***féideartha a bheith níos airde ná an uasteorainn is infheidhme maidir le ráta céatadánach bliantúil an mhuirir.***

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 47**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (47) Ba cheart an measúnú acmhainneachta creidmheasa a bheith bunaithe ar fhaisnéis maidir le staid airgeadais agus eacnamaíoch, lena n-áirítear ioncam agus costais, an tomhaltóra. I dTreoirlínte an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh maidir le tionscnamh agus faireachán na hiasachta (EBA/GL/2020/06), soláthraítear treoirlínte maidir leis na catagóirí sonraí a fhéadfar a úsáid chun sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha acmhainneachta creidmheasa, lena n-áirítear fianaise ar ioncam nó foinsí eile aisíocaíochta, faisnéis ar shócmhainní agus ar dhliteanais airgeadais, nó faisnéis ar cheangaltais airgeadais eile. Sonraí pearsanta, amhail sonraí pearsanta a aimsítear ar ardáin meán sóisialta nó sonraí sláinte, lena n-áirítear sonraí ailse, níor cheart iad a úsáid le linn measúnú acmhainneachta creidmheasa a dhéanamh. Ba cheart do thomhaltóirí faisnéis a sholáthar maidir lena staid airgeadais agus eacnamaíoch chun an measúnú acmhainneachta creidmheasa a éascú. I bprionsabal, níor cheart creidmheas a chur ar fáil don tomhaltóir ach amháin i gcás ina léireoidh toradh an mheasúnaithe acmhainneachta creidmheasa gur dóigh go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a eascraíonn as an gcomhaontú creidmheasa nó as an gcomhaontú maidir le seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar ar an mbealach a éilítear faoin gcomhaontú sin. Mar sin féin, ***más rud é gur measúnú diúltach atá ann***, is féidir leis an gcreidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí | (47) Ba cheart an measúnú acmhainneachta creidmheasa a bheith bunaithe ar fhaisnéis maidir le staid airgeadais agus eacnamaíoch, lena n-áirítear ioncam agus costais, an tomhaltóra. I dTreoirlínte an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh maidir le tionscnamh agus faireachán na hiasachta (EBA/GL/2020/06), soláthraítear treoirlínte maidir leis na catagóirí sonraí a fhéadfar a úsáid chun sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha acmhainneachta creidmheasa, lena n-áirítear fianaise ar ioncam nó foinsí eile aisíocaíochta, faisnéis ar shócmhainní agus ar dhliteanais airgeadais, nó faisnéis ar cheangaltais airgeadais eile. Sonraí pearsanta, amhail sonraí pearsanta a aimsítear ar ardáin meán sóisialta nó sonraí sláinte, lena n-áirítear sonraí ailse, níor cheart iad a úsáid le linn measúnú acmhainneachta creidmheasa a dhéanamh. ***Ba cheart do na Ballstáit an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad d’othair uile an Aontais a ráthú amhail ó 10 mbliana tar éis dheireadh a cóireála, agus amhail ó chúig bliana tar éis dheireadh na cóireála d’othair a ndearnadh diagnóis orthu roimh 18 mbliana d’aois, agus ba cheart dóibh rochtain chomhionann a áirithiú do gach duine a leigheastar de ghalair theagmhálacha agus neamhtheagmhálacha ábhartha ar tháirgí nó seirbhísí airgeadais amhail árachas agus iasachtaí.*** Ba cheart do thomhaltóirí faisnéis a sholáthar maidir lena staid airgeadais agus eacnamaíoch chun an measúnú acmhainneachta creidmheasa a |

creidmheasa sluachistiúcháin creidmheas a chur ar fáil ***in imthosca sonracha a bhfuil údar cuí leo*** amhail ***cásanna ina bhfuil caidreamh seanbhunaithe acu leis an tomhaltóir, nó*** i gcás iasachtaí chun speansais eisceachtúla cúraim sláinte, iasachtaí le haghaidh ***mic léinn*** nó iasachtaí a mhaoiniú le haghaidh tomhaltóirí atá faoi mhíchumas. I gcás den sórt sin, agus cinneadh á dhéanamh an gcuirfear nó nach gcuirfear an creidmheas ar fáil don tomhaltóir, ba cheart don chreidiúnaí nó don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin méid agus cuspóir an chreidmheasa a chur san áireamh, agus an dóchúlacht go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a eascraíonn as an gcomhaontú.

éascú. I bprionsabal, níor cheart creidmheas a chur ar fáil don tomhaltóir ach amháin i gcás ina léireoidh toradh an mheasúnaithe acmhainneachta creidmheasa gur dóigh go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a eascraíonn as an gcomhaontú creidmheasa nó as an gcomhaontú maidir le seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar ar an mbealach a éilítear faoin gcomhaontú sin. Mar sin féin, ***féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, in imthosca eisceachtúla sonracha a bhfuil údar maith leo,*** go bhféadfaidh an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin creidmheas a chur ar fáil ar bhonn eisceachtúil amhail i gcás iasachtaí chun speansais cúraim sláinte, iasachtaí ***mac léinn*** nó iasachtaí do thomhaltóirí faoi mhíchumas atá eisceachtúil ***agus a bhfuil géarghá leo*** a chistiú. I gcás den sórt sin***, ba cheartdon chreidiúnaí nó don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an tomhaltóir a chur ar an eolas, mar gheall ar mheasúnú diúltach ar acmhainneacht creidmheasa, go bhféadfadh an tomhaltóir a bheith neamhchosanta ar dheacrachtaí maidir le haisíoc an chreidmheasa. Ba cheart do na Ballstáit, áfach, a áirithiú, sna cásanna eisceachtúla sin, go dtugtar an chosaint chéanna do thomhaltóirí ar dheacrachtaí airgeadais. Anuas air sin***, agus cinneadh á dhéanamh an gcuirfear nó nach gcuirfear an creidmheas ar fáil don tomhaltóir, ba cheart don chreidiúnaí nó don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin méid agus cuspóir an chreidmheasa a chur san áireamh, agus an dóchúlacht go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a eascraíonn as an gcomhaontú.

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 47 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(47a) Déanann an Banc Ceannais Eorpach (BCE) maoirseacht ar chásanna ina dtairgtear creidmheas tar éis measúnú diúltach a dhéanamh ar acmhainneacht creidmheasa. Ba cheart go bhféadfaí creidmheas den sórt sin a chur ar fáil i gcónaí ach amháin in imthosca atá eisceachtúil, sonrach agus a bhfuil údar maith leo. Áirítear i maoirseacht BCE próiseas eadrána agus faireachán trí phróisis inmheánacha agus sheachtracha rialaithe rialála.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 47 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(47b) Chun prionsabal na comhréireachta a urramú, ba cheart don Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) cineál, fad, luach, castacht agus rioscaí an chreidmheasa don tomhaltóir a chur san áireamh nuair a fhorbróidh sé na treoirlínte ina sonraítear an chaoi a ndéanfaidh creidiúnaithe sonraí agus soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an measúnú acmhainneachta creidmheasa agus a mbeidh an measúnú sin bunaithe orthu.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris -47 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(47c) I gcás seirbhísí creidmheasa nó creidmheasa sluachistiúcháin neamhiata, ba cheart don chreidiúnaí nó don*** |

***soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin measúnú tréimhsiúil a dhéanamh ar ábharthacht an mheasúnaithe acmhainneachta creidmheasa tosaigh. Mar sin féin, níor cheart do chreidiúnaithe agus soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a cheangal ar thomhaltóirí faisnéis nó doiciméid a sholáthar, ar choinníoll go gcomhlíonann tomhaltóirí a n-oibleagáidí conarthacha.***

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 48**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (48) Leis an Togra le haghaidh Rialachán lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (an Gníomh maidir leis an Intleacht Shaorga) bunaítear gur cheart córais intleachta saorga a úsáidtear chun meastóireacht a dhéanamh ar scór creidmheasa nó acmhainneacht creidmheasa daoine nádúrtha, gur cheart iad a aicmiú mar chórais intleachta saorga ardriosca, ós rud é go gcinntear leo rochtain na ndaoine sin ar acmhainní airgeadais nó seirbhísí fíor-riachtanacha amhail seirbhísí tithíochta, leictreachais agus teileachumarsáide. I bhfianaise an méid mór sin atá i ngeall, aon uair atá baint ag an measúnú acmhainneachta creidmheasa le próiseáil uathoibríoch, ba cheart é a bheith de cheart ag an tomhaltóir idirghabháil an duine a fháil ar thaobh an chreidiúnaí nó na soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin. Ba cheart go mbeadh sé de cheart ***freisin*** ag an tomhaltóir míniú bríoch a fháil ar an measúnú a rinneadh agus ar fheidhmiú na próiseála uathoibríoch a úsáideadh, lena n-áirítear i measc nithe eile na príomhathróga, an loighic agus na rioscaí lena mbaineann, chomh maith leis an | (48) Leis an Togra le haghaidh Rialachán lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (an Gníomh maidir leis an Intleacht Shaorga) bunaítear gur cheart córais intleachta saorga a úsáidtear chun meastóireacht a dhéanamh ar scór creidmheasa nó acmhainneacht creidmheasa daoine nádúrtha, gur cheart iad a aicmiú mar chórais intleachta saorga ardriosca, ós rud é go gcinntear leo rochtain na ndaoine sin ar acmhainní airgeadais nó seirbhísí fíor-riachtanacha amhail seirbhísí tithíochta, leictreachais agus teileachumarsáide. I bhfianaise an méid mór sin atá i ngeall, aon uair atá baint ag an measúnú acmhainneachta creidmheasa le próiseáil uathoibríoch, ba cheart é a bheith de cheart ag an tomhaltóir idirghabháil an duine a fháil ar thaobh an chreidiúnaí nó na soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin. ***Gan dochar don Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí,*** ba cheart go mbeadh sé de cheart ***freisin*** ag an tomhaltóir míniú bríoch a fháil ar an measúnú a rinneadh***, ar na catagóirí sonraí a cuireadh san áireamh,*** agus ar fheidhmiú na próiseála uathoibríoch a úsáideadh, lena n-áirítear i |

gceart a thuairim a chur in iúl agus an measúnú acmhainneachta creidmheasa agus an cinneadh sin a chonspóid.

meascc nithe eile na príomhathróga, an loighic agus na rioscaí lena mbaineann, chomh maith leis an gceart a thuairim a chur in iúl agus an measúnú acmhainneachta creidmheasa agus an cinneadh sin a chonspóid ***tar éis faisnéis a fháil go cuí maidir leis an nós imeachta atá le leanúint***.

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 49**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (49) Chun measúnú a dhéanamh ar stádas creidmheasa tomhaltóra, ba cheart don chreidiúnaí nó don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin bunachair sonraí creidmheasa a cheadú freisin. Is féidir go gceanglófar leis na himthosca dlíthiúla agus iarbhír go n-athróidh ceadú na mbunachar sonraí sin ó thaobh raon feidhme de. Chun aon saobhadh iomaíochta a chosc i measc creidiúnaithe nó soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, ba cheart go mbeidh rochtain acu ar bhunachair sonraí phríobháideacha nó phoiblí maidir le tomhaltóirí i mBallstát nach bhfuil siad bunaithe faoi choinníollacha neamh-idirdhealaitheacha ann i gcomparáid le creidiúnaithe nó le soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin atá bunaithe sa Bhallstát sin. Ba cheart do na Ballstáit an rochtain trasteorann ar bhunachair sonraí phríobháideacha nó phoiblí ***a éascú, i gcomhréir le*** Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[33] . Chun an chómhalartacht a fheabhsú, i mbunachair sonraí creidmheasa ba cheart go gcoinneofaí ar a laghad faisnéis maidir le riaráistí íocaíochta tomhaltóirí, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le dlí an Aontais. | (49) Chun measúnú a dhéanamh ar stádas creidmheasa tomhaltóra, ba cheart don chreidiúnaí nó don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin bunachair sonraí creidmheasa a cheadú freisin. Is féidir go gceanglófar leis na himthosca dlíthiúla agus iarbhír go n-athróidh ceadú na mbunachar sonraí sin ó thaobh raon feidhme de. Chun aon saobhadh iomaíochta a chosc i measc creidiúnaithe nó soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, ba cheart go mbeidh rochtain acu ar bhunachair sonraí phríobháideacha nó phoiblí maidir le tomhaltóirí i mBallstát nach bhfuil siad bunaithe faoi choinníollacha neamh-idirdhealaitheacha ann i gcomparáid le creidiúnaithe nó le soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin atá bunaithe sa Bhallstát sin. Ba cheart do na Ballstáit an rochtain trasteorann ar bhunachair sonraí phríobháideacha nó phoiblí ***a áirithiú***, ***ach orthu siúd amháin a chomhlíonann go hiomlán*** Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[33]. Chun an chómhalartacht a fheabhsú, i mbunachair sonraí creidmheasa ba cheart go gcoinneofaí ar a laghad faisnéis maidir le riaráistí íocaíochta tomhaltóirí, ***agus faisnéis faoi aisíocaíocht rathúil oibleagáidí roimhe seo*** i gcomhréir leis an |

dlí náisiúnta agus le dlí an Aontais. ***Chun measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht creidmheasa tomhaltóirí nach bhfuil mórán stair chreidmheasa acu nó nach bhfuil stair chreidmheasa ar bith acu, ba cheart faisnéis ó earnálacha éagsúla den gheilleagar lasmuigh den earnáil chreidmheasa thraidisiúnta amhail ó iasachtóirí neamhbhaincéireachta, ó sholáthraithe teileachumarsáide agus ó sholáthraithe fóntais a áireamh sna bunachair sonraí creidmheasa.***

---

[33] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

[33] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 50**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (50) I gcás ina bhfuil cinneadh diúltú d’iarratas ar chreidmheas bunaithe ar cheadú bunachair sonraí creidmheasa, ba cheart don chreidiúnaí nó don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an tomhaltóir a chur ar an eolas faoi ***sin*** agus faoin bhfaisnéis maidir ***leis nó léi atá*** sa bhunachar sonraí a ceadaíodh. | (50) I gcás ina bhfuil cinneadh diúltú d’iarratas ar chreidmheas bunaithe ar cheadú bunachair sonraí creidmheasa, ba cheart don chreidiúnaí nó don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an tomhaltóir a chur ar an eolas ***faoi sin*** agus faoin bhfaisnéis maidir leis ***an tomhaltóir atá i seilbh*** sa bhunachar sonraí a ceadaíodh. ***Ba cheart an fhaisnéis atá i mbunachair sonraí creidmheasa a bheith cothrom le dáta agus cruinn. Ba cheart tomhaltóirí a chur ar an eolas nuair a chuirtear sonraí diúltacha nua isteach sna bunachair sonraí sin faoi na bunachair sonraí sin agus ba cheart nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm lenar féidir le tomhaltóirí a bheith in ann*** |

***agóid a dhéanamh maidir le hábhar na mbunachar sonraí creidmheasa agus maidir le toradh na gcuardach bunachar sonraí.***

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 54 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(54a) Tá saoráidí rótharraingte agus rótharraingt intuigthe ag éirí níos coitianta mar chineálacha de chreidmheas tomhaltóirí. Dá bhrí sin, is gá na táirgí airgeadais sin a rialáil chun leibhéal na cosanta do thomhaltóirí a mhéadú agus chun rófhéichiúnas a sheachaint. Tá baol ann go gcuirfear tomhaltóirí i riocht fíordheacair má chinneann na creidiúnaithe aisíocaíocht láithreach a iarraidh. Dá bhrí sin, ba cheart cearta tomhaltóirí i leith saoráidí rótharraingtí agus rótharraingt intuigthe a leagan síos sa Treoir seo.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 55**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (55) I gcás rótharraingt intuigthe ***shuntasach*** is faide ná tréimhse míosa, ba cheart don chreidiúnaí faisnéis a chur faoi bhráid an tomhaltóra gan mhoill maidir leis an rótharraingt intuigthe, lena n-áirítear an méid lena mbaineann, an ráta iasachta agus aon phionós, muirear nó ús ar riaráistí is infheidhme. I gcás rótharraingt intuigthe thráthrialta, ba cheart don chreidiúnaí seirbhísí comhairleacha a sholáthar don tomhaltóir, i gcás ina mbeidh siad ar fáil, chun cuidiú le tomhaltóirí roghanna | (55) I gcás rótharraingt intuigthe is faide ná tréimhse míosa, ba cheart don chreidiúnaí faisnéis a chur faoi bhráid an tomhaltóra gan mhoill maidir leis an rótharraingt intuigthe, lena n-áirítear an méid lena mbaineann, an ráta iasachta agus aon phionós, muirear nó ús ar riaráistí is infheidhme. I gcás rótharraingt intuigthe thráthrialta, ba cheart don chreidiúnaí seirbhísí comhairleacha a sholáthar don tomhaltóir, i gcás ina mbeidh siad ar fáil, chun cuidiú le tomhaltóirí roghanna |

| | |
|---|---|
| malartacha nach bhfuil chomh costasach céanna a shainaithint, nó tomhaltóirí a atreorú i dtreo fiach-sheirbhísí comhairleacha. | malartacha nach bhfuil chomh costasach céanna a shainaithint, nó tomhaltóirí a atreorú i dtreo fiach-sheirbhísí comhairleacha. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 57**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (57) I gcás ina dtarraingeoidh tomhaltóir siar as comhaontú creidmheasa nó comhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a bhfuil earraí faighte ag an tomhaltóir maidir leis, go háirithe as ceannach i dtráthchodanna ***nó as comhaontú fostaithe nó léasaithe lena ndéantar foráil maidir le hoibleagáid cheannaigh***, ba cheart an Treoir seo a bheith gan dochar d'aon rialáil a dhéanann na Ballstáit ar cheisteanna maidir le hearraí a thabhairt ar ais nó aon cheist ghaolmhar. | (57) I gcás ina dtarraingeoidh tomhaltóir siar as comhaontú creidmheasa nó comhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a bhfuil earraí faighte ag an tomhaltóir maidir leis, go háirithe as ceannach i dtráthchodanna, ba cheart an Treoir seo a bheith gan dochar d'aon rialáil a dhéanann na Ballstáit ar cheisteanna maidir le hearraí a thabhairt ar ais nó aon cheist ghaolmhar. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 62**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (62) Ba cheart an ceart a bheith ag an tomhaltóir a oibleagáidí nó a hoibleagáidí a urscaoileadh roimh an dáta a chomhaontaítear sa chomhaontú creidmheasa. Mar a fhoráiltear le rialú Lexitor Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh,[34] beidh an tomhaltóir i dteideal laghdú a fháil ar chostas iomlán an chreidmheasa, i gcás ina ndéanfar an creidmheas a aisíoc go luath go n-áireofar na costais uile a forchuireadh ar an tomhaltóir. I gcás aisíocaíocht luath ba cheart don chreidiúnaí a bheith i dteideal cúiteamh atá cóir agus a bhfuil údar | (62) Ba cheart an ceart a bheith ag an tomhaltóir a oibleagáidí nó a hoibleagáidí a urscaoileadh roimh an dáta a chomhaontaítear sa chomhaontú creidmheasa. Mar a fhoráiltear le rialú Lexitor Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh,[34] beidh an tomhaltóir i dteideal laghdú a fháil ar chostas iomlán an chreidmheasa, i gcás ina ndéanfar an creidmheas a aisíoc go luath go n-áireofar na costais uile a forchuireadh ar an tomhaltóir***, cé is moite de chostais tosaigh, a bhíonn ídithe go hiomlán tráth deonaithe na hiasachta agus a*** |

oibiachtúil leis a fháil as na costais a bhaineann go díreach leis an aisíocaíocht luath, agus aon choigilteas a dhéanann an creidiúnaí leis sin á chur san áireamh. Chun modh ríofa an chúitimh a chinneadh, áfach, is den tábhacht roinnt prionsabal a urramú. Ba cheart ríomh an chúitimh atá dlite don chreidiúnaí a bheith trédhearcach agus intuigthe do thomhaltóirí atá ag an gcéim réamhchonarthach cheana agus in aon chás le linn fheidhmiú an chomhaontaithe creidmheasa. Ina theannta sin, ba cheart do chreidiúnaithe a bheith in ann an modh ríofa a chur i bhfeidhm go héasca, agus ba cheart rialú maoirseachta an chúitimh ag na húdaráis inniúla a éascú. Dá bhrí sin, agus ós rud é nach ndéantar creidmheas tomhaltóirí, i bhfianaise a fhaid agus a mhéid, a mhaoiniú le sásraí cistiúcháin fadtéarmacha, ba cheart an uasteorainn le haghaidh an chúitimh a leagan síos i dtéarmaí méid comhréidh. Leis an gcur chuige sin léirítear cineál sonrach creidmheasanna tomhaltóirí agus níor cheart dochar a dhéanamh don chur chuige i leith táirgí eile a mhaoinítear le sásraí cistiúcháin fadtéarmacha, amhail iasachtaí morgáiste ar ráta seasta.

[34] Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 11 Meán Fómhair 2019, Lexitor, C-383/18, ECLI:EU:C:2019:702.

***chomhfhreagraíonn do sheirbhísí arna soláthar go héifeachtach don tomhaltóir. Ba cheart na costais tosaigh a shainaithint agus a dhearbhú go leordhóthanach sa chomhaontú creidmheasa***. I gcás aisíocaíocht luath ba cheart don chreidiúnaí a bheith i dteideal cúiteamh atá cóir agus a bhfuil údar oibiachtúil leis a fháil as na costais a bhaineann go díreach leis an aisíocaíocht luath, agus aon choigilteas a dhéanann an creidiúnaí leis sin á chur san áireamh. Chun modh ríofa an chúitimh a chinneadh, áfach, is den tábhacht roinnt prionsabal a urramú. Ba cheart ríomh an chúitimh atá dlite don chreidiúnaí a bheith trédhearcach agus intuigthe do thomhaltóirí atá ag an gcéim réamhchonarthach cheana agus in aon chás le linn fheidhmiú an chomhaontaithe creidmheasa. Ina theannta sin, ba cheart do chreidiúnaithe a bheith in ann an modh ríofa a chur i bhfeidhm go héasca, agus ba cheart rialú maoirseachta an chúitimh ag na húdaráis inniúla a éascú. Dá bhrí sin, agus ós rud é nach ndéantar creidmheas tomhaltóirí, i bhfianaise a fhaid agus a mhéid, a mhaoiniú le sásraí cistiúcháin fadtéarmacha, ba cheart an uasteorainn le haghaidh an chúitimh a leagan síos i dtéarmaí méid comhréidh. Leis an gcur chuige sin léirítear cineál sonrach creidmheasanna tomhaltóirí agus níor cheart dochar a dhéanamh don chur chuige i leith táirgí eile a mhaoinítear le sásraí cistiúcháin fadtéarmacha, amhail iasachtaí morgáiste ar ráta seasta.

[34] Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 11 Meán Fómhair 2019, Lexitor, C-383/18, ECLI:EU:C:2019:702.

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 65 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(65a) Chun nach mbeadh tionchar ag easpa comhchuibhithe ar chreataí dlíthiúla ar fud an Aontais ar oibreoirí eacnamaíocha, ba cheart don Choimisiún creataí dlíthiúla de chuid Ballstát, lena n-áirítear uasteorainneacha seasta, a chur ar fáil i bhfoirm ghonta shoiléir.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 69**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (69) Chun cumas tomhaltóirí cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le hiasacht a fháil agus fiacha a bhainistiú go freagrach, ba cheart do na Ballstáit bearta a chur chun cinn chun tacú le hoideachas a chur ar thomhaltóirí i ndáil le hiasacht a fháil agus fiacha a bhainistiú go freagrach go háirithe i ndáil le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí. D’fhéadfaí an oibleagáid sin a chomhlíonadh agus an creat inniúlachta airgeadais arna fhorbairt ag an Aontas in éineacht leis an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta á chur san áireamh. Tá tábhacht ar leith le treoraíocht a sholáthar do thomhaltóirí a gheobhaidh creidmheas tomhaltóirí den chéad uair, agus go háirithe maidir le huirlisí digiteacha. Maidir leis sin, ba cheart don Choimisiún samplaí dea-chleachtas a shainaithint chun tuilleadh forbartha ar bhearta a éascú chun feasacht airgeadais tomhaltóirí a fheabhsú. Féadfaidh an Coimisiún na samplaí sin den dea-chleachtas a fhoilsiú i gcomhar le tuarascálacha comhchosúla arna dtarraingt suas i bhfianaise gníomhartha reachtacha eile an Aontais. | (69) Chun cumas tomhaltóirí cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le hiasacht a fháil agus fiacha a bhainistiú go freagrach, ba cheart do na Ballstáit bearta a chur chun cinn chun tacú le hoideachas a chur ar thomhaltóirí i ndáil le hiasacht a fháil agus fiacha a bhainistiú go freagrach go háirithe i ndáil le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí***, chomh maith le bainistiú ginearálta an bhuiséid***. D’fhéadfaí an oibleagáid sin a chomhlíonadh agus an creat inniúlachta airgeadais arna fhorbairt ag an Aontas in éineacht leis an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta á chur san áireamh. Tá tábhacht ar leith le treoraíocht a sholáthar do thomhaltóirí a gheobhaidh creidmheas tomhaltóirí den chéad uair, agus go háirithe maidir le huirlisí digiteacha. Maidir leis sin, ba cheart don Choimisiún samplaí dea-chleachtas a shainaithint chun tuilleadh forbartha ar bhearta a éascú chun feasacht airgeadais tomhaltóirí a fheabhsú. Féadfaidh an Coimisiún na samplaí sin den dea-chleachtas a fhoilsiú i gcomhar le tuarascálacha comhchosúla arna dtarraingt suas i bhfianaise gníomhartha reachtacha eile an Aontais. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 69 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(69a) Tá ról ag creidiúnaithe maidir le rófhéichiúnas a chosc trí luathbhrath agus trí thacaíocht a thabhairt do thomhaltóirí a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu. Ar an gcúis sin, ba cheart próisis agus beartais a bheith i bhfeidhm ag creidiúnaithe chun na tomhaltóirí sin a bhrath agus chun faireachán a dhéanamh orthu.*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 70**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (70) I bhfianaise na n-iarmhairtí suntasacha ar chreidiúnaithe, tomhaltóirí agus cobhsaíocht airgeadais ionchasach imeachtaí forfheidhmithe, is iomchuí a mholadh do chreidiúnaithe déileáil go réamhghníomhach le riosca creidmheasa atá ag teacht chun cinn ag céim luath agus na bearta is gá a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh creidiúnaithe iarrachtaí staonta réasúnacha agus go ndéanfaidh siad iarrachtaí réasúnacha chun an staid a réiteach trí mhodhanna eile sula dtionscnaítear imeachtaí forfheidhmithe. I gcás inar féidir, ba cheart réitigh a fháil ina gcuirtear san áireamh, i measc gnéithe eile, imthosca aonair an tomhaltóra, leasanna agus cearta an tomhaltóra, a chumas an creidmheas a aisíoc agus an gá réasúnach atá le costais mhaireachtála, agus lena dteorannaítear costais tomhaltóirí i gcás mainneachtana. Níor cheart do na Ballstáit cosc a chur ar na páirtithe i gcomhaontú | (70) I bhfianaise na n-iarmhairtí suntasacha ar chreidiúnaithe, tomhaltóirí agus cobhsaíocht airgeadais ionchasach imeachtaí forfheidhmithe, is iomchuí a mholadh do chreidiúnaithe déileáil go réamhghníomhach le riosca creidmheasa atá ag teacht chun cinn ag céim luath agus na bearta is gá a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh creidiúnaithe iarrachtaí staonta réasúnacha agus go ndéanfaidh siad iarrachtaí réasúnacha chun an staid a réiteach trí mhodhanna eile sula dtionscnaítear imeachtaí forfheidhmithe. I gcás inar féidir, ba cheart réitigh a fháil ina gcuirtear san áireamh, i measc gnéithe eile, imthosca aonair an tomhaltóra, leasanna agus cearta an tomhaltóra, a chumas an creidmheas a aisíoc agus an gá réasúnach atá le costais mhaireachtála, agus lena dteorannaítear costais tomhaltóirí i gcás mainneachtana. Níor cheart do na Ballstáit cosc a chur ar na páirtithe i gcomhaontú |

| | |
|---|---|
| creidmheasa a chomhaontú go sainráite gurb amhlaidh atá aistriú earraí, a chumhdaítear le comhaontú creidmheasa nasctha, chuig an gcreidiúnaí nó fáltais ó dhíolachán na n-earraí sin leordhóthanach chun an creidmheas a aisíoc. | creidmheasa a chomhaontú go sainráite gurb amhlaidh atá aistriú earraí, a chumhdaítear le comhaontú creidmheasa nasctha, chuig an gcreidiúnaí nó fáltais ó dhíolachán na n-earraí sin leordhóthanach chun an creidmheas a aisíoc. ***Chun dea-chleachtais a mhalartú, is gá, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh go ndéanfaidh an Coimisiún faireachán agus tuairisciú ar chur chun feidhme fiachsheirbhísí comhairleacha sna Ballstáit.*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 71**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (71) Is féidir go n-áireofar i mbearta staonta athmhaoiniú iomlán nó páirteach ar chomhaontú creidmheasa nó modhnú ar na téarmaí agus na coinníollacha a bhí ann roimhe sin de chuid comhaontú creidmheasa. Féadfaidh na nithe seo a leanas, i measc nithe eile, a bheith ar áireamh sa mhodhnú sin: síneadh a chur le téarma an chomhaontaithe creidmheasa; cineál an chomhaontaithe creidmheasa a athrú; íocaíocht na haisíocaíochta tráthchoda ar fad nó cuid di a iarchur ar feadh tréimhse; an ráta úis ***a athrú***; saoire íocaíochta a thairiscint; aisíocaíochtaí páirteacha; comhshó airgeadra; agus maitheamh páirteach agus comhdhlúthú fiach. | (71) Is féidir go n-áireofar i mbearta staonta athmhaoiniú iomlán nó páirteach ar chomhaontú creidmheasa nó modhnú ar na téarmaí agus na coinníollacha a bhí ann roimhe sin de chuid comhaontú creidmheasa. Féadfaidh na nithe seo a leanas, i measc nithe eile, a bheith ar áireamh sa mhodhnú sin: síneadh a chur le téarma an chomhaontaithe creidmheasa; cineál an chomhaontaithe creidmheasa a athrú; íocaíocht na haisíocaíochta tráthchoda ar fad nó cuid di a iarchur ar feadh tréimhse; an ráta úis ***a laghdú***; saoire íocaíochta a thairiscint; aisíocaíochtaí páirteacha; comhshó airgeadra; agus maitheamh páirteach agus comhdhlúthú fiach. |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 72**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (72) Tomhaltóirí a bhfuil deacrachtaí rompu a ngealltanais airgeadais a | (72) Tomhaltóirí a bhfuil deacrachtaí rompu a ngealltanais airgeadais a |

| | |
|---|---|
| chomhlíonadh, rachaidh cuidiú speisialaithe maidir lena bhfiacha a bhainistiú chun tairbhe dóibh. Is é is cuspóir d’fhiach-sheirbhísí comhairleacha cuidiú le tomhaltóirí a bhfuil fadhbanna airgeadais rompu agus treoir a thabhairt dóibh, a mhéid is féidir, a bhfiacha gan íoc a aisíoc, agus caighdeán saoil maith a choinneáil ar bun agus a ndínit a chaomhnú san am céanna. Sa chúnamh pearsantaithe agus neamhspleách sin a sholáthraíonn oibreoirí gairmiúla nach creidiúnaithe, idirghabhálaithe creidmheasa, soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin ná seirbhíseoirí creidmheasa iad, féadfar comhairleoireacht dhlíthiúil, bainistíocht airgid agus bainistíocht fiach a áireamh ann chomh maith le cúnamh sóisialta agus síceolaíoch. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear fiach-sheirbhísí comhairleacha arna soláthar ag oibreoirí gairmiúla neamhspleácha ar fáil, go díreach nó go hindíreach, do thomhaltóirí, agus go gcuirfear, i gcás inar féidir, tomhaltóirí a bhfuil deacrachtaí acu a bhfiach a aisíoc ar aghaidh chuig fiach-sheirbhísí comhairleacha sula ndéantar na himeachtaí forghníomhaithe ***sin*** a thionscnamh. Tá sé de shaoirse ag na Ballstáit fós ceanglais shonracha le haghaidh seirbhísí den sórt sin a choinneáil ar bun nó a thabhairt isteach. | chomhlíonadh, rachaidh cuidiú speisialaithe maidir lena bhfiacha a bhainistiú chun tairbhe dóibh. Is é is cuspóir d’fhiach-sheirbhísí comhairleacha cuidiú le tomhaltóirí a bhfuil fadhbanna airgeadais rompu agus treoir a thabhairt dóibh, a mhéid is féidir, a bhfiacha gan íoc a aisíoc, agus caighdeán saoil maith a choinneáil ar bun agus a ndínit a chaomhnú san am céanna. Sa chúnamh pearsantaithe agus neamhspleách sin a sholáthraíonn oibreoirí gairmiúla nach creidiúnaithe, idirghabhálaithe creidmheasa, soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin ná seirbhíseoirí creidmheasa iad, féadfar comhairleoireacht dhlíthiúil, bainistíocht airgid agus bainistíocht fiach a áireamh ann chomh maith le cúnamh sóisialta agus síceolaíoch. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear fiach-sheirbhísí comhairleacha arna soláthar ag oibreoirí gairmiúla neamhspleácha ar fáil, go díreach nó go hindíreach, ***agus saor in aisce,*** do thomhaltóirí, agus go gcuirfear, i gcás inar féidir, tomhaltóirí a bhfuil deacrachtaí acu a bhfiach a aisíoc ar aghaidh chuig fiach-sheirbhísí comhairleacha sula ndéantar imeachtaí forghníomhaithe a thionscnamh. Tá sé de shaoirse ag na Ballstáit fós ceanglais shonracha le haghaidh seirbhísí den sórt sin a choinneáil ar bun nó a thabhairt isteach. |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 78**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (78) Ba cheart do thomhaltóirí rochtain a bheith acu ar nósanna imeachta réitithe díospóide lasmuigh den chúirt atá leordhóthanach agus éifeachtach chun díospóidí a éiríonn as cearta agus oibleagáidí a bhunaítear faoin Treoir seo a réiteach, agus úsáid á baint as eintitis atá ann cheana nuair is iomchuí. Áirithítear | (78) Ba cheart do thomhaltóirí rochtain a bheith acu ar nósanna imeachta réitithe díospóide lasmuigh den chúirt atá leordhóthanach***, pras*** agus éifeachtach chun díospóidí a éiríonn as cearta agus oibleagáidí a bhunaítear faoin Treoir seo a réiteach, agus úsáid á baint as eintitis atá ann cheana nuair is iomchuí. Áirithítear |

rochtain den sórt sin cheana féin le Treoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35] a mhéid a bhaineann le díospóidí conarthacha ábhartha. Ba cheart rochtain a bheith ag tomhaltóirí freisin áfach ar nósanna imeachta um réiteach malartach díospóidí i gcás díospóidí réamh-chonarthacha maidir le cearta agus oibleagáidí a bhunaítear leis an Treoir seo, mar shampla, i ndáil le ceanglais faisnéise réamhchonarthaí, seirbhísí comhairleacha agus measúnú acmhainneachta creidmheasa agus freisin i ndáil leis an bhfaisnéis a thugann idirghabhálaithe creidmheasa a dtugann creidiúnaithe luach saothair maidir leo agus dá bhrí nach mbíonn aon chaidreamh díreach conarthach acu le tomhaltóirí. Ba cheart na nósanna imeachta malartacha sin maidir le díospóidí a réiteach, agus na heintitis a thairgeann iad, a bheith ag teacht leis na ceanglais cháilíochta a bhunaítear le Treoir 2013/11/AE.

[35] Treoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le réiteach malartach díospóidí ar dhíospóidí tomhaltóirí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (IO L 165, 18.6.2013, lch. 63).

rochtain den sórt sin cheana féin le Treoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35] a mhéid a bhaineann le díospóidí conarthacha ábhartha. Ba cheart rochtain a bheith ag tomhaltóirí freisin áfach ar nósanna imeachta um réiteach malartach díospóidí i gcás díospóidí réamh-chonarthacha maidir le cearta agus oibleagáidí a bhunaítear leis an Treoir seo, mar shampla, i ndáil le ceanglais faisnéise réamhchonarthaí, seirbhísí comhairleacha agus measúnú acmhainneachta creidmheasa agus freisin i ndáil leis an bhfaisnéis a thugann idirghabhálaithe creidmheasa a dtugann creidiúnaithe luach saothair maidir leo agus dá bhrí nach mbíonn aon chaidreamh díreach conarthach acu le tomhaltóirí. Ba cheart na nósanna imeachta malartacha sin maidir le díospóidí a réiteach, agus na heintitis a thairgeann iad, a bheith ag teacht leis na ceanglais cháilíochta a bhunaítear le Treoir 2013/11/AE.

[35] Treoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le réiteach malartach díospóidí ar dhíospóidí tomhaltóirí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (IO L 165, 18.6.2013, lch. 63).

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 79 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(79a) Ba cheart sonraí maidir leis an ráta mainneachtana i ndáil le hiasachtaí do thomhaltóirí a bhailiú ionas go mbeidh an Coimisiún in ann faireachán a dhéanamh ar cháilíocht na dtáirgí creidmheasa do thomhaltóirí a thairgtear sna margaí náisiúnta. Chun comparáid a*** |

***éascú, ba cheart bailiú sonraí den sórt sin a bhunú ar theimpléad coiteann arna thabhairt isteach ag an gCoimisiún trí ghníomh cur chun feidhme.***

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 80**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (80) Rialacha maidir leis na pionóis chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe ar na forálacha náisiúnta a ghlactar de bhun na Treorach seo, ba cheart do na Ballstáit iad a leagan síos agus a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Cé go leanann rogha na bpionós de bheith faoi dhiscréid na mBallstát, ba cheart na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. | (80) Rialacha maidir leis na pionóis chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe ar na forálacha náisiúnta a ghlactar de bhun na Treorach seo, ba cheart do na Ballstáit iad a leagan síos agus a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Cé go leanann rogha na bpionós de bheith faoi dhiscréid na mBallstát, ba cheart na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach ***chun a chuspóir iomlán a bhaint amach***. ***Mar sin féin, sa bhreis ar smachtbhannaí iompraíochta, ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht smachtbhannaí córasacha a fhorchur mar bheart rogha deiridh más rud é go ndéanfadh neamhchomhlíonadh arís agus arís eile difear suaiteach do mhargadh creidmheasa tomhaltóirí, rud a chruthódh dálaí éagóracha gnó sa mhargadh.*** |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 81**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (81) Tá difear suntasach idir na rialacha náisiúnta atá ann cheana maidir le pionóis ar fud an Aontais. Go háirithe, ní áirithíonn gach Ballstát gur féidir fíneálacha éifeachtacha, comhréireacha agus | (81) Tá difear suntasach idir na rialacha náisiúnta atá ann cheana maidir le pionóis ar fud an Aontais. Go sonrach, ní áirithíonn gach Ballstát gur féidir fíneálacha éifeachtacha, comhréireacha agus |

athchomhairleacha a fhorchur ar thrádálaithe a bhíonn freagrach as sáruithe ***forleathana nó sáruithe forleathana lena mbaineann gné Aontais***. Chun a áirithiú gur féidir le húdaráis na mBallstát pionóis atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a fhorchur i leith sáruithe ***forleathana agus*** sáruithe forleathana lena mbaineann gné Aontais atá faoi réir bearta comhordaithe imscrúdaithe agus forfheidhmithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/2394 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36], ba cheart fíneálacha a thabhairt isteach mar eilimint de na pionóis i leith sáruithe den sórt sin. Chun a áirithiú go mbeidh éifeacht dhíspreagtha ag na fíneálacha, ba cheart do na Ballstáit an uasfhíneáil maidir le sáruithe den sórt sin a leagan síos ina ndlí náisiúnta agus ar leibhéal atá ***4 %*** ar a laghad de láimhdeachas bliantúil an chreidiúnaí, an idirghabhálaí creidmheasa nó an tsoláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin sa Bhallstát nó sna Ballstáit lena mbaineann. I gcásanna áirithe, is féidir gur grúpa cuideachtaí a bheidh sna trádálaithe sin freisin.

[36] Rialachán (AE) 2017/2394 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le comhar idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004, (IO L 345, 27.12.2017, lch. 1).

athchomhairleacha a fhorchur ar thrádálaithe atá freagrach as sáruithe. Chun a áirithiú gur féidir le húdaráis na mBallstát pionóis atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a fhorchur i leith sáruithe***, lena n-áirítear*** sáruithe forleathana lena mbaineann gné Aontais atá faoi réir bearta comhordaithe imscrúdaithe agus forfheidhmithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/2394 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36], ba cheart fíneálacha a thabhairt isteach mar eilimint de na pionóis i leith sáruithe den sórt sin. Chun a áirithiú go mbeidh éifeacht dhíspreagtha ag na fíneálacha, ba cheart do na Ballstáit an uasfhíneáil maidir le sáruithe den sórt sin a leagan síos ina ndlí náisiúnta agus ar leibhéal atá ***6 %*** ar a laghad de láimhdeachas bliantúil an chreidiúnaí, an idirghabhálaí creidmheasa nó an tsoláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin sa Bhallstát nó sna Ballstáit lena mbaineann. I gcásanna áirithe, is féidir gur grúpa cuideachtaí a bheidh sna trádálaithe sin freisin.

[36] Rialachán (AE) 2017/2394 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le comhar idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004, (IO L 345, 27.12.2017, lch. 1).

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 81 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(81a) Tá difear suntasach idir na rialacha náisiúnta atá ann cheana maidir le leigheasanna do thomhaltóirí ar fud an*** |

***Aontais. Ní chuireann na Ballstáit uile leigheasanna éifeachtacha comhréireacha ar fáil do thomhaltóirí, lena n-áirítear cúiteamh as damáiste a bhain don tomhaltóir. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndeonófar leigheasanna éifeachtacha comhréireacha do thomhaltóirí i gcás inar mhainnigh an creidiúnaí, an t-idirghabhálaí creidmheasa nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an Treoir seo a chomhlíonadh agus go ndearna sé damáiste do thomhaltóirí.***

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 86 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(86a) Agus an Treoir seo á trasuí, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach ar thomhaltóirí a bheidh costas an trasuí sin ná nach gcuirfear ar aghaidh chucu é.*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 86 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(86b) Mar gheall ar threocht uileláithreach an digitithe agus teacht chun cinn soláthraithe seirbhíse nua sa mhargadh creidmheasa tomhaltóirí, ba cheart don Choimisiún faireachán gníomhach a dhéanamh ar an staid ar an margadh agus athbhreithniú ar an Treoir seo a mholadh má tá cineálacha nua gníomhaithe ann nach gcumhdaítear a ngnó leis an Treoir seo.*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh feidhm freisin ag Airteagail 1, 2 agus 3, Airteagail 5 go 10, Airteagail 12 go 23, Airteagail 26, ***27 agus 28***, Airteagail ***30 go 33, Airteagal*** 37 agus Airteagail 39 go 50 maidir le seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin i gcás nach soláthróidh creidiúnaí nó idirghabhálaí creidmheasa na seirbhísí sin. | Beidh feidhm freisin ag Airteagail 1, 2 agus 3, Airteagail 5 go 10, Airteagail 12 go 23, Airteagail 26 ***go 33***, Airteagail ***35, 36 agus 37*** agus Airteagail 39 go 50 maidir le seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin i gcás nach soláthróidh creidiúnaí nó idirghabhálaí creidmheasa na seirbhísí sin. |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) comhaontuithe creidmheasa a urraítear le morgáiste nó le hurrús inchomparáide eile a úsáidtear go comónta i mBallstát ar mhaoin dhochorraithe chónaithe nó a urraítear le ceart a bhaineann le maoin dhochorraithe chónaithe; | (a) comhaontuithe creidmheasa a urraítear le morgáiste nó le hurrús inchomparáide eile a úsáidtear go comónta i mBallstát ar mhaoin dhochorraithe chónaithe ***amhail lian*** nó a urraítear le ceart a bhaineann le maoin dhochorraithe chónaithe; |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 2 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) comhaontuithe creidmheasa a bhaineann le comhaontuithe léasaithe i gcás nach leagtar síos oibleagáid chun cuspóir an chomhaontaithe a cheannach leis an gcomhaontú léasaithe féin ná le haon chomhaontú ar leithligh;*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 2 – pointe j a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ja) íocaíochtaí iarchurtha a thairgtear saor ó ús agus ó mhuirir agus a chaithfear a íoc níos lú ná 45 lá tar éis an t-earra nó an tseirbhís a sheachadadh.*** |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 2 – pointe j b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(jb) cártaí dochair iarchurtha arna soláthar ag institiúid creidmheasa nó íocaíochta agus nasctha le cuntas íocaíochta, agus uasmhéid sonraithe míosúil údaraithe le haisíoc laistigh de mhí atá saor ó ús agus gan ach muirir theoranta nasctha le soláthar na seirbhíse íocaíochta, ar choinníoll nach ndeonaítear na cártaí sin do thomhaltóirí ach amháin tar éis measúnú a dhéanamh ar a gcumas aisíocaíocht a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 18(1), (2) agus (4) agus tar éis a áirithiú go bhfuair an tomhaltóir an fhaisnéis réamhchonarthach dá dtagraítear in Airteagal 10(4).*** |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 2 – pointe jc (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(jc) comhaontuithe creidmheasa a dheonaítear saor ó ús agus táillí eile, lena n-áirítear muirir phionóis, arb é is cuspóir dóibh trealamh teirminéil a fháil mar a*** |

| | |
|---|---|
| | ***shainmhínítear i bpointe 1(a) d'Airteagal 1 de Threoir 2008/63/CE ón gCoimisiún i gcás inar gá sin chun seirbhísí cumarsáide leictreonaí a úsáid, arna dheonú ag oibreoir nach é a phríomhghníomhaíocht seirbhísí airgeadais a sholáthar.*** |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. D'ainneoin mhír 2, pointe (c), féadfaidh na Ballstáit a fhoráil go mbeidh feidhm ag an Treoir seo freisin maidir le comhaontuithe creidmheasa lena mbaineann méid iomlán creidmheasa suas le EUR 150 000.*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. I gcás comhaontuithe creidmheasa i bhfoirm rótharraingt intuigthe, ní ***bheidh*** feidhm ach amháin ag Airteagail 1, 2 ***agus 3 Airteagal 25***, agus Airteagail 41 go ***50***. | 4. I gcás comhaontuithe creidmheasa i bhfoirm rótharraingt intuigthe, ní bheidh feidhm ach ag Airteagail 1, 2***, 3, 18, 19, 25, 29, 35, 36, 39 agus 40*** agus Airteagail 41 go ***50***. |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 5 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nach mbeidh feidhm ach amháin ag Airteagail 1, 2 agus 3, Airteagail 7 agus 8, Airteagal 11, | Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nach mbeidh feidhm ach amháin ag Airteagail 1, 2 agus 3, Airteagail 7 agus 8, Airteagal 11, |

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| Airteagal 19, Airteagal 20, Airteagal 21(1) pointí (a) go (h) agus (l), Airteagal 21(3) agus Airteagal 23, Airteagal 25, Airteagail 28 go ***51*** maidir le comhaontuithe creidmheasa a thugann eagraíocht i gcrích a bhfuil a ballraíocht srianta do dhaoine atá ina gcónaí nó atá fostaithe i suíomh ar leith nó d'fhostaithe agus d'fhostaithe ar scor de chuid fostóra ar leith, nó do dhaoine a chomhlíonann cáilíochtaí eile a leagtar síos faoin dlí náisiúnta mar bhunús le nasc coiteann a bheith idir na comhaltaí agus a chomhlíonann na coinníollacha uile seo a leanas: | Airteagal 19, Airteagal 20, Airteagal 21(1) pointí (a) go (h) agus (l), Airteagal 21(3) agus Airteagal 23, Airteagal 25, Airteagail 28 go ***50*** maidir le comhaontuithe creidmheasa a thugann eagraíocht i gcrích a bhfuil a ballraíocht srianta do dhaoine atá ina gcónaí nó atá fostaithe i suíomh ar leith nó d'fhostaithe agus d'fhostaithe ar scor de chuid fostóra ar leith, nó do dhaoine a chomhlíonann cáilíochtaí eile a leagtar síos faoin dlí náisiúnta mar bhunús le nasc coiteann a bheith idir na comhaltaí agus a chomhlíonann na coinníollacha uile seo a leanas: |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 6 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***6a. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nach mbeidh feidhm ag Airteagal 8(2), pointí (d), (e) agus (f), Airteagal 10(3), pointe (a), Airteagal 11(2) pointe (a), Airteagal 21(3) agus Airteagal 29 maidir leis na comhaontuithe creidmheasa seo a leanas:*** |
| | ***(a) comhaontuithe creidmheasa lena mbaineann méid iomlán creidmheasa is lú ná EUR 200;*** |
| | ***(b) comhaontuithe creidmheasa i gcás ina ndeonaítear an creidmheas saor ó ús agus gan aon mhuirir eile;*** |
| | ***(c) comhaontuithe creidmheasa ar faoina dtéarmaí nach mór an creidmheas a aisíoc laistigh de thrí mhí agus nach bhfuil ach muirir neamhshuntasacha iníoctha.*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) ciallaíonn 'tomhaltóir' duine nádúrtha atá ag gníomhú chun críocha atá lasmuigh dá thrádáil nó dá trádáil, dá ghnó nó dá gnó, dá ghairm ***nó dá gairm***; | (1) ciallaíonn 'tomhaltóir' duine nádúrtha atá ag gníomhú chun críocha atá lasmuigh de ***ghníomhaíocht ghairmiúil,*** trádáil ***nó*** gnó an duine nádúrtha sin; |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) ciallaíonn 'creidiúnaí' duine nádúrtha nó dlítheanach a dheonaíonn creidmheas nó a gheallann creidmheas a dheonú i gcúrsa a thrádála nó a trádála, a ghnó nó a gnó, ***nó a ghairme nó a gairme***; | (2) ciallaíonn 'creidiúnaí' duine nádúrtha nó dlítheanach a dheonaíonn creidmheas nó a gheallann creidmheas a dheonú i gcúrsa ***gníomhaíocht ghairmiúil,*** trádáil ***nó*** gnó an duine nádúrtha nó dlítheanach sin; |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 8 – pointe 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3a) ciallaíonn 'seirbhís choimhdeach' seirbhís a thairgtear don tomhaltóir i gcomhar leis an gcomhaontú creidmheasa;*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3b) ciallaíonn 'creidmheas ar luach beag' comhaontú creidmheasa lena*** |

| | |
|---|---|
| | ***mbaineann méid iomlán creidmheasa suas le EUR 200;*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) ciallaíonn 'meán marthanach' aon ionstraim lena gcuirtear ar a chumas nó ar a chumas don tomhaltóir faisnéis atá dírithe go pearsanta air nó uirthi a stóráil ar bhealach atá inrochtana le haghaidh tagairt sa todhchaí ar feadh tréimhse leordhóthanach chun críocha na faisnéise agus lena bhféadfar an fhaisnéis atá stóráilte a atáirgeadh gan í a athrú***;*** | (11) ciallaíonn 'meán marthanach' aon ionstraim***, lena n-áirítear leaganacha páipéir agus leaganacha digiteacha idir-inoibritheacha, iniompartha agus meaisín-inléite de dhoiciméid,*** lena gcuirtear ar a chumas nó ar a chumas don tomhaltóir faisnéis atá dírithe go pearsanta air nó uirthi a stóráil ar bhealach atá inrochtana le haghaidh tagairt sa todhchaí ar feadh tréimhse leordhóthanach chun críocha na faisnéise agus lena bhféadfar an fhaisnéis atá stóráilte a atáirgeadh gan í a athrú***.*** |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) ciallaíonn 'faisnéis réamhchonarthach' an fhaisnéis is gá ón tomhaltóir chun bheith in ann tairiscintí creidmheasa éagsúla a chur i gcomparáid le chéile agus cinneadh eolasach a dhéanamh maidir leis an gcomhaontú creidmheasa nó an comhaontú maidir le soláthar na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a thabhairt i gcrích; | (13) ciallaíonn 'faisnéis réamhchonarthach' an fhaisnéis is gá ón tomhaltóir chun bheith in ann tairiscintí creidmheasa éagsúla a chur i gcomparáid le chéile ***agus a thuiscint*** agus cinneadh eolasach a dhéanamh maidir leis an gcomhaontú creidmheasa nó an comhaontú maidir le soláthar na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a thabhairt i gcrích; |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe21 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) go gcuireann an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin díol earraí nó seirbhísí chun cinn, nó go n-úsáideann an soláthraí earraí nó seirbhísí seirbhísí an chreidiúnaí nó an tsoláthraí seirbhísí sluachistiúcháin i ndáil le tabhairt i gcrích nó ullmhú an chomhaontaithe maidir le soláthar earraí sonracha nó soláthar seirbhísí sonracha, nó go sonraítear an comhaontú creidmheasa nó na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin go sainráite sa chomhaontú chun earraí sonracha a sholáthar nó seirbhísí sonracha a sholáthar;*** |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) ciallaíonn 'aisíocaíocht luath' fuascailt iomlán nó urscaoiledh páirteach oibleagáidí an tomhaltóra faoi chomhaontú creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin; | (22) ciallaíonn 'aisíocaíocht luath' fuascailt iomlán nó urscaoiledh páirteach oibleagáidí an tomhaltóra faoi chomhaontú creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin,***roimh an dáta le haghaidh na híocaíochta deiridh a comhaontaíodh sa chomhaontú creidmheasa***; |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) ciallaíonn 'fiach-sheirbhísí comhairleacha' cúnamh pearsantaithe de chineál teicniúil, dlíthiúil nó síceolaíoch a sholáthraíonn oibreoirí gairmiúla | (25) ciallaíonn 'fiach-sheirbhísí comhairleacha' cúnamh pearsantaithe de chineál teicniúil, dlíthiúil nó síceolaíoch a sholáthraíonn oibreoirí gairmiúla |

| | |
|---|---|
| neamhspleácha i bhfabhar tomhaltóirí a bhfuil deacrachtaí acu nó a bhféadfadh sé go mbeadh deacrachtaí acu a gceangaltais airgeadais a chomhlíonadh; | neamhspleácha ***nach creidiúnaithe, idirghabhálaithe creidmheasa, soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin ná seirbhísí creidmheasa iad mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (8) de Threoir (AE) 2021/2167,*** i bhfabhar tomhaltóirí a bhfuil deacrachtaí acu nó a bhféadfadh deacrachtaí a bheith acu a ngealltanais airgeadais a chomhlíonadh; |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 8 – pointe 25 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(25a) ciallaíonn 'ceart go ligfí i ndearmad' nach gá do dhaoine a tháinig slán ó ghalair theagmhálacha agus neamhtheagmhálacha ábhartha amhail ailse a bhfáthmheas a dhearbhú amhail ó 10 mbliana tar éis dheireadh a gcóireáil, agus amhail ó chúig bliana tar éis dheireadh na cóireála d'othair a ndearnadh a ndiagnóis roimh 18 mbliana d'aois, agus nach bhféadfar cóireáil éagsúil a chur orthu a thuilleadh i gcás daoine nach raibh diagnóis den sórt sin acu agus iad ag déanamh iarratais ar tháirgí nó seirbhísí airgeadais agus iad ag rochtain táirgí nó seirbhísí airgeadais amhail árachas agus iasachtaí.*** |
| | ***Chun na críche sin, saineoidh na Ballstáit a liostaí féin de ghalair theagmhálacha agus neamhtheagmhálacha ábhartha, le tacaíocht ó shaineolaithe leighis, eolaíocha agus staidrimh agus le comhairliúchán leis na geallsealbhóirí ábhartha uile, lena n-áirítear eagraíochtaí othar agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais (EMA, ECDC) a bhfuil feidhm ag an 'ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad' maidir leo, agus geallfaidh siad orthu féin na liostaí sin a athbhreithniú go tréimhsiúil. Déanfaidh*** |

| | |
|---|---|
| | ***na Ballstáit bearta freisin chun tomhaltóirí a chur ar an eolas go bhfuil an ceart sin ann;*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(25b) ciallaíonn 'íocaíocht iarchurtha' íocaíocht iarchurtha sonraisc trína dtugann an trádálaí am breise don tomhaltóir an sonrasc a íoc, saor ó ús agus gan aon mhuirir eile, lena n-áirítear muirir phionóis, mar a comhaontaíodh idir páirtithe, mar a leagtar amach i sonrasc an tsoláthróra nó mar a leagtar síos sa dlí, agus a fhorghníomhaítear laistigh de 45 lá tar éis eisiúint an tsonraisc;*** |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(25c) ciallaíonn 'deacrachtaí airgeadais' cás inar chaill duine nádúrtha dhá aisíocaíocht;*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ceanglóidh na Ballstáit, nuair a sholáthraítear faisnéis do thomhaltóirí i gcomhréir leis an Treoir seo, go soláthraítear an fhaisnéis sin gan muirear ar | Ceanglóidh na Ballstáit, nuair a sholáthraítear faisnéis do thomhaltóirí i gcomhréir leis an Treoir seo, go soláthraítear an fhaisnéis sin ***go tráthúil,*** |

| | |
|---|---|
| an tomhaltóir. | gan muirear ar an tomhaltóir ***agus gan beann ar na meáin a úsáidtear chun í a sholáthar***. |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Má dhiúltaítear seirbhísí a sholáthar i mBallstát nach ndéanann an creidiúnaí nó, i gcás inarb infheidhme, an t-idirghabhálaí creidmheasa ná an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin gnó ann, ní mheasfar gur idirdhealú é sin.*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 6a*** |
| | ***Táirgí creidmheasa tomhaltóirí a thacaíonn leis an aistriú digiteach agus glas*** |
| | ***1. Gan dochar d'Airteagal 18, spreagfaidh na Ballstáit creidiúnaithe nó, i gcás inarb infheidhme, idirghabhálaithe creidmheasa nó soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin chun táirgí creidmheasa tomhaltóirí a fhorbairt agus a thairiscint lena dtacaítear leis an aistriú digiteach agus glas.*** |
| | ***2. Faoin... [dáta trasuí + 12 mhí], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun measúnú a dhéanamh ar na cineálacha beart, uirlisí agus tionscnamh a dhéanfaidh na Ballstáit i gcomhréir le mír 1.*** |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Airteagal 7 | Airteagal 7 |
| Fógraíocht agus margaíocht ar chomhaontuithe creidmheasa agus seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin | Fógraíocht agus margaíocht ar chomhaontuithe creidmheasa agus seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin |
| Gan dochar do Threoir 2005/29/CE, ceanglóidh na Ballstáit go mbeidh aon chumarsáid fógraíochta agus mhargaíochta maidir le comhaontuithe creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin cothrom, soiléir agus nach mbeidh sí míthreorach. Foclaíocht i dteachtaireachtaí fógraíochta agus margaíochta den chineál sin lena bhféadfar ionchais bhréagacha a chruthú i gcás tomhaltóra maidir le hinfhaighteacht nó costas creidmheasa, toirmeascfar í. | Gan dochar do Threoir 2005/29/CE, ceanglóidh na Ballstáit go mbeidh aon chumarsáid fógraíochta agus mhargaíochta maidir le comhaontuithe creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin cothrom, soiléir agus nach mbeidh sí míthreorach. Foclaíocht i dteachtaireachtaí fógraíochta agus margaíochta den chineál sin lena bhféadfar ionchais bhréagacha a chruthú i gcás tomhaltóra maidir le hinfhaighteacht nó costas ***iomlán*** creidmheasa ***nó, i gcás inarb infheidhme, maidir leis an méid iomlán is iníoctha ag an tomhaltóir,*** toirmeascfar í. |
| | ***I gcás inarb infheidhme, beidh feidhm ag Rialachán xxx/2022 (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) maidir le creidiúnaithe nó soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin.*** |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Fógraíocht maidir le comhaontuithe creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin ***lena léirítear ráta úis nó aon fhigiúr a bhaineann le costas an chreidmheasa don tomhaltóir***, ceanglóidh na Ballstáit go n-áireofar faisnéis | Ceanglóidh na Ballstáit go n-áireofar san fhógraíocht a bhaineann le comhaontuithe creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin faisnéis chaighdeánach i gcomhréir leis an Airteagal seo. |

chaighdeánach inti i gcomhréir leis an Airteagal seo.

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid sin i gcás ina gceanglaítear leis an dlí náisiúnta léiriú ar ráta céatadánach bliantúil an mhuirir i bhfógraíocht maidir le comhaontuithe creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin nach léiríonn ráta úis ná aon fhigiúr a bhaineann le haon chostas creidmheasa don tomhaltóir de réir bhrí na chéad fhomhíre.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) an ráta iasachta, seasta nó athraitheach nó iad araon, mar aon le mionsonraí aon mhuirir a áirítear i gcostas iomlán an chreidmheasa don tomhaltóir; | (a) ***i gcás inarb infheidhme,*** an ráta iasachta, seasta nó athraitheach nó iad araon, mar aon le mionsonraí aon mhuirir a áirítear i gcostas iomlán an chreidmheasa don tomhaltóir; |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 2 – fomhír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ráta céatadánach bliantúil an mhuirir; | (c) ***i gcás inarb infheidhme,*** ráta céatadánach bliantúil an mhuirir; |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 2 – fomhír 1 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) rabhadh atá feiceálach go soiléir chun tomhaltóirí a chur ar an eolas go bhfuil costais iasachtaíochta airgid, ag baint úsáide as na focail 'Rabhadh! Tá costas airgid ag airgead ar iasacht'.*** |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 2 – fomhír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***I ngach cás eile, déanfar an fhaisnéis a liostaítear i bpointe (c) agus i bpointe (fa) den chéad fhomhír a thaispeáint go feiceálach agus i bhformáid níos mó ná gach faisnéis eile.*** |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. I gcás nach féidir an fhaisnéis chaighdeánach a thaispeáint go físiúil agus go soiléir leis an meán a úsáidtear chun an fhaisnéis chaighdeánach a chur in iúl, beidh an tomhaltóir in ann rochtain a fháil ar fhaisnéis bhreise trí chliceáil, scrollú nó svaidhpeáil. Maidir le foirmeacha digiteacha fógraíochta, cuirfear an fhaisnéis sin san áireamh ar leathanach gréasáin a bheidh nasctha go díreach le fógraí den sórt sin agus ní fhéadfar rochtain a fháil ar thairiscint creidmheasa ach amháin tar éis an*** |

| | |
|---|---|
| | ***fhaisnéis bhreise go léir atá le bheith san fhógraíocht a sholáthar don tomhaltóir.*** |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 19 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le teimpléad agus formáid na faisnéise caighdeánaí dá dtagraítear i mír 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal [XY]. In aon chás, ní chuirfear síneadh leis an liosta den fhaisnéis chaighdeánach atá le soláthar faoin Airteagal seo mar gheall ar na gníomhartha cur chun feidhme sin.*** |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 19 – mír 3 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3c. Cuirfidh na Ballstáit toirmeasc ar fhógraíocht le haghaidh táirgí creidmheasa tomhaltóirí:*** |
| | ***(a) a spreagann tomhaltóirí a bhfuil rófhéichiúnas acu le creidmheas a lorg;*** |
| | ***(b) lena sonraítear gur beag tionchar atá ag conarthaí creidmheasa gan íoc nó creidmheas cláraithe i mbunachair sonraí ar mheasúnú iarratais ar chreidmheas;*** |
| | ***(c) a thugann le fios gur féidir rath nó gnóthachtáil shóisialta a fháil trí chreidmheas a fháil;*** |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 3 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3d. Féadfaidh na Ballstáit toirmeasc a chur ar fhógraíocht le haghaidh táirgí creidmheasa tomhaltóirí:*** |
| | ***(a) a thugann chun suntais a éasca nó a thapúla is féidir creidmheas a fháil;*** |
| | ***(b) a chuireann in iúl go bhfuil cur chun cinn ar choinníoll creidmheas a ghlacadh;*** |
| | ***(c) a chuireann 'tréimhsí cairde' níos faide ná trí mhí ar fáil chun tráthchodanna creidmheasa a aisíoc.*** |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh creidiúnaithe nó, i gcás inarb infheidhme, idirghabhálaithe creidmheasa nó soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, faisnéis ghinearálta atá soiléir agus intuigthe maidir le comhaontuithe creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin ar fáil do thomhaltóirí, ag gach tráth ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh creidiúnaithe nó, i gcás inarb infheidhme, idirghabhálaithe creidmheasa nó soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, faisnéis ghinearálta atá soiléir agus intuigthe maidir le comhaontuithe creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin ar fáil do thomhaltóirí, ag gach tráth ar pháipéar nó ar ***aon*** mheán marthanach ***eile a roghnóidh an tomhaltóir***. |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ceanglóidh na Ballstáit go ndéanfaidh an creidiúnaí agus, i gcás inarb infheidhme, an t-idirghabhálaí creidmheasa nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, an fhaisnéis réamhchonarthach a sholáthar don tomhaltóir, ar faisnéis í is gá chun tairiscintí éagsúla a chur i gcomparáid le chéile chun cinneadh eolasach a dhéanamh maidir le comhaontú creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a thabhairt i gcrích ar bhonn na dtéarmaí agus na gcoinníollacha maidir le creidmheas a thairgeann an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin agus, más infheidhme, na roghanna atá curtha in iúl agus an fhaisnéis atá soláthartha ag an tomhaltóir. Soláthrófar faisnéis réamhchonarthach den sórt sin don tomhaltóir ***lá amháin ar a laghad*** sula mbeidh sé faoi cheangal ag aon chomhaontú nó tairiscint chreidmheasa, nó ag aon chomhaontú nó tairiscint ar sholáthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin nó tairiscint. | Ceanglóidh na Ballstáit go ndéanfaidh an creidiúnaí agus, i gcás inarb infheidhme, an t-idirghabhálaí creidmheasa nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, an fhaisnéis réamhchonarthach ***shoiléir intuigthe*** a sholáthar don tomhaltóir, ar faisnéis í is gá chun tairiscintí éagsúla a chur i gcomparáid le chéile chun cinneadh eolasach a dhéanamh maidir le comhaontú creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a thabhairt i gcrích ar bhonn na dtéarmaí agus na gcoinníollacha maidir le creidmheas a thairgeann an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin agus, más infheidhme, na roghanna atá curtha in iúl agus an fhaisnéis atá soláthartha ag an tomhaltóir. Soláthrófar faisnéis réamhchonarthach den sórt sin don tomhaltóir ***in am trátha agus in aon chás*** sula mbeidh sé faoi cheangal ag aon chomhaontú nó tairiscint chreidmheasa, nó ag aon chomhaontú nó tairiscint ar sholáthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin nó tairiscint***, lena n-áirítear i gcás ina n-úsáidtear modhanna cianchumarsáide***. |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina soláthró an fhaisnéis réamhchonarthach dá dtagraítear sa chéad fhomhír i dtréimhse is gairide ná lá amháin sula mbeidh an tomhaltóir faoi cheangal ag an gcomhaontú creidmheasa, na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin nó an tairiscint, ceanglóidh na Ballstáit ar an gcreidiúnaí agus, i gcás inarb infheidhme, ar an idirghabhálaí creidmheasa, nó ar an soláthraí seirbhísí creidmheasa | I gcás ina soláthró an fhaisnéis réamhchonarthach dá dtagraítear sa chéad fhomhír i dtréimhse is gairide ná lá amháin sula mbeidh an tomhaltóir faoi cheangal ag an gcomhaontú creidmheasa, na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin nó an tairiscint, ceanglóidh na Ballstáit ar an gcreidiúnaí agus, i gcás inarb infheidhme, ar an idirghabhálaí creidmheasa, nó ar an soláthraí seirbhísí creidmheasa |

| | |
|---|---|
| sluachistiúcháin a mheabhrú do thomhaltóirí, ar phaipéar nó ar mheán marthanach ***eile***, gur féidir leis nó léi tarraingt siar as an gcomhaontú creidmheasa nó na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin agus an nós imeachta atá le leanúint chun tarraingt siar, i gcomhréir le hAirteagal 26. Soláthrófar an meabhrú sin don tomhaltóir, ***ar a dhéanaí, lá*** amháin tar éis an comhaontú creidmheasa, an comhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a thabhairt i gcrích nó tar éis glacadh leis an tairiscint ar chreidmheas. | sluachistiúcháin a mheabhrú do thomhaltóirí, ar phaipéar nó ar ***aon*** mheán marthanach ***eile a roghnóidh an tomhaltóir***, gur féidir leis nó léi tarraingt siar as an gcomhaontú creidmheasa nó na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin agus an nós imeachta atá le leanúint chun tarraingt siar, i gcomhréir le hAirteagal 26. Soláthrófar an meabhrú sin don tomhaltóir, ***idir lá*** amháin ***agus seacht lá*** tar éis an comhaontú creidmheasa, an comhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a thabhairt i gcrích nó tar éis glacadh leis an tairiscint ar chreidmheas. |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Soláthrófar an fhaisnéis réamhchonarthach dá dtagraítear i mír 1 ar pháipéar nó ar mheán marthanach ***eile*** tríd an bhfoirm le haghaidh na Faisnéise Caighdeánaí Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Beidh an fhaisnéis uile a sholáthrófar san fhoirm sin chomh feiceálach céanna. Measfar na ceanglais faisnéise sa mhír seo agus in Airteagal 3, míreanna (1) agus (2) de Threoir 2002/65/CE a bheith comhlíonta ag an gcreidiúnaí má sholáthair sé nó sí an Fhaisnéis Chaighdeánach Eorpach um Chreidmheas Tomhaltóra. | 2. Soláthrófar an fhaisnéis réamhchonarthach dá dtagraítear i mír 1 ar ***aon*** mheán marthanach ***eile a roghnóidh an tomhaltóir*** tríd an bhfoirm maidir le Faisnéis Chaighdeánach Eorpach um Chreidmheas Tomhaltóra a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Beidh an fhaisnéis uile a sholáthrófar san fhoirm sin chomh feiceálach céanna. Measfar na ceanglais faisnéise sa mhír seo agus in Airteagal 3, míreanna (1) agus (2) de Threoir 2002/65/CE a bheith comhlíonta ag an gcreidiúnaí má sholáthair sé nó sí an Fhaisnéis Chaighdeánach Eorpach um Chreidmheas Tomhaltóra. |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe n**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (n) rabhadh maidir leis na hiarmhairtí a bheadh ann mar gheall ar íocaíochtaí a mhainneachtain nó íocaíochtaí déanacha; | (n) rabhadh ***agus míniú*** maidir leis na hiarmhairtí ***dlíthiúla agus airgeadais*** a bhaineann le híocaíochtaí a bheith ar iarraidh nó le híocaíochtaí déanacha,***lena n-áirítear costais ghaolmhara***; |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 3 – fomhír 1 – pointe n a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(na) rabhadh agus míniú maidir leis na hiarmhairtí dlíthiúla agus airgeadais a bhaineann le neamhchomhlíonadh na ngealltanas eile atá nasctha leis an gcomhaontú creidmheasa sonrach nó leis na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin;*** |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 3 – fomhír 1 – pointe p**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (p) an ceart chun tarraingt siar a bheith ann; | (p) ceart chun tarraingt siar a bheith ann ***agus fad an chirt sin chun tarraingt siar***; |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 3 – fomhír 1 – pointe s**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (s) ceart an tomhaltóra, mar a leagtar amach i mír 8, go soláthrófar cóip den dréacht-chomhaontú creidmheasa dó nó di, | (s) ceart an tomhaltóra, mar a leagtar amach i mír 8, go soláthrófar cóip den dréacht-chomhaontú creidmheasa dó nó di, |

| | |
|---|---|
| nó den dréacht-chomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, arna iarraidh sin agus saor in aisce, ar choinníoll go bhfuil an creidiúnaí toilteanach tráth na hiarrata dul ar aghaidh le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe creidmheasa nó an chomhaontaithe maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin leis an tomhaltóir; | nó den dréacht-chomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, arna iarraidh sin ***tráth ar bith, ar mheán marthanach*** agus saor in aisce, ar choinníoll go bhfuil an creidiúnaí toilteanach tráth na hiarrata dul ar aghaidh le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe creidmheasa nó an chomhaontaithe maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin leis an tomhaltóir; |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 3 – fomhír 1 – pointe v a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(va) Sceideal cuimsitheach aisíocaíochta ina mbeidh na híocaíochtaí agus na haisíocaíochtaí uile thar thréimhse an chonartha, lena n-áirítear na híocaíochtaí agus na haisíocaíochtaí sin le haghaidh aon seirbhísí coimhdeacha a bhaineann leis an gcomhaontú creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a dhíoltar go comhuaineach, lena mbunaítear íocaíochtaí agus aisíocaíochtaí, i gcás ina mbeidh feidhm ag rátaí iasachta éagsúla in imthosca éagsúla, ar athruithe réasúnacha aníos ar an ráta iasachta;*** |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 4 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. ***An tráth céanna a dhéantar*** an fhoirm le haghaidh na Faisnéise Caighdeánaí Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra ***a sholáthar don tomhaltóir, déanfaidh an creidiúnaí agus, i gcás inarb infheidhme, an t-idirghabhálaí*** | 4. Déanfaidh an fhoirm maidir le Faisnéis Chaighdeánach Eorpach um Chreidmheas Tomhaltóra an fhaisnéis réamhchonarthach seo a leanas a sholáthar don tomhaltóiri ***ag tús na foirme, agus beidh sí scartha go suntasach ón gcuid*** |

| | |
|---|---|
| ***creidmheasa nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, an fhoirm le haghaidh an Fhorbhreathnaithe Chaighdeánaigh Eorpaigh um Chreidmheas Tomhaltóra a leagtar amach in Iarscríbhinn II*** a sholáthar don tomhaltóir, ina mbeidh an fhaisnéis réamhchonarthach seo a leanas: | ***eile den fhaisnéis réamhchonarthach a sholáthrófar ar an bhfoirm chéanna***: |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 4 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) an ráta iasachta nó, na rátaí iasachta uile má tá feidhm ag rátaí iasachta éagsúla in imthosca éagsúla; | (c) an ráta iasachta nó, na rátaí iasachta uile má tá feidhm ag rátaí iasachta éagsúla in imthosca éagsúla; ***i gcás creidmheasanna a bhfuil ráta iasachta athraitheach acu, ionsamhlúchán den tionchar ar chostas an chreidmheasa a bhaineann le hathruithe réasúnta aníos ar an ráta iasachta;*** |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 4 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) ***costais i gcás*** íocaíochtaí déanacha; | (f) rabhadh ***agus mínithe maidir leis na hiarmhairtí a bhaineann le híocaíochtaí a bheith ar iarraidh nó*** le híocaíochtaí déanacha***, lena n-áirítear costais ghaolmhara***; |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 4 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) faisnéis faoin gceart chun tarraingt siar;*** |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe f b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fb) faisnéis faoi aisíocaíocht luath i gcomhréir le hAirteagal 29;*** |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 4 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ní dhéanfar an fhaisnéis a luaitear ar an gcéad leathanach den fhoirm le haghaidh na Faisnéise Caighdeánaí Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra a dhúbailt sa chuid eile den fhoirm.*** |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 5 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh faisnéis a thaispeántar ***san fhoirm le haghaidh na Faisnéise Caighdeánaí Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra agus san*** fhoirm ***le haghaidh an Fhorbhreathnaithe Chaighdeánaighh Eorpaigh um Chreidmheas Tomhaltóra*** comhsheasmhach. Beidh sí inléite go soiléir agus cuirfear srianta teicniúla an mheáin ar a dtaispeántar í san áireamh inti. | Beidh faisnéis a thaispeántar san fhoirm maidir le Faisnéis Chaighdeánach Eorpach um Chreidmheas Tomhaltóra comhsheasmhach. Beidh sí inléite go soiléir agus cuirfear srianta teicniúla an mheáin ar a dtaispeántar í san áireamh inti. Taispeánfar an fhaisnéis ar bhealach leordhóthanach oiriúnach ar na bealaí éagsúla***, agus idir-inoibritheacht á cur san*** |

| | |
|---|---|
| Taispeánfar an fhaisnéis ar bhealach leordhóthanach oiriúnach ar na bealaí éagsúla. | ***áireamh***. |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 5 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 45 lena bhforlíontar an Treoir seo maidir le formáid agus cur i láthair na foirme le haghaidh na Faisnéise Caighdeánaí Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra.*** |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 5 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Aon fhaisnéis bhreise a fhéadfaidh an creidiúnaí a sholáthar don tomhaltóir, tabharfar i ndoiciméad ar leithligh í, rud a fhéadfaidh a bheith i gceangal leis an bhfoirm le haghaidh na Faisnéise Caighdeánaí Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra ***nó leis an bhfoirm le haghaidh an Fhorbhreathnaithe Chaighdeánaigh Eorpaigh um Chreidmheas Tomhaltóra.*** | ***Aon fhaisnéis bhreise a fhéadfaidh an creidiúnaí a sholáthar don tomhaltóir, beidh sí inléite go soiléir agus tabharfar i ndoiciméad ar leithligh í, doiciméad a fhéadfaidh a bheith i gceangal leis an bhfoirm le haghaidh na Faisnéise Caighdeánaí Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra.*** |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***6. De mhaolú ar mhír 3, i gcás*** | ***scriosta*** |

***cumarsáid ghuth-theileafónaíochta, dá dtagraítear in Airteagal 3(3) de Threoir 2002/65/CE, sa tuairisc ar phríomh-shaintréithe na seirbhíse airgeadais atá le soláthar de bhun Airteagal 3(3), pointe (b), an dara fleasc, den Treoir seo áireofar ar a laghad na heilimintí dá dtagraítear i mír 3, pointí (c), (d), (e), (f) agus (i) den Airteagal seo, mar aon le ráta céatadánach bliantúil an mhuirir a léirítear trí shampla ionadaíoch agus an méid iomlán iníoctha ag an tomhaltóir.***

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *7.* ***Más rud é go bhfuil an comhaontú tugtha i gcrích arna iarraidh sin don tomhaltóir trí mhodh cianchumarsáide ar shlí a chuireann bac ar an bhfaisnéis a sholáthar i gcomhréir leis an airteagal seo, déanfaidh an creidiúnaí agus, i gcás inarb infheidhme, an t-idirghabhálaí creidmheasa nó soláthraí na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, an fhoirm le haghaidh na Faisnéise Caighdeánaí Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra agus an fhoirm le haghaidh an Fhorbhreithnithe Chaighdeánaigh Eorpaigh um Chreidmheas Tomhaltóra a sholáthar don tomhaltóir díreach tar éis an comhaontú creidmheasa nó an comhaontú chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7a. In aon chás, má tugadh an comhaontú i gcrích arna iarraidh sin don tomhaltóir agus úsáid á baint as modh cianchumarsáide, déanfar an comhaontú agus aon doiciméad eile arna sholáthar go comhpháirteach a sholáthar don tomhaltóir i gcónaí i bhfoirm lena bhféadfar iad a léamh go huathoibríoch agus measúnú dlíthiúil a dhéanamh orthu, agus meastóireacht a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann siad an Treoir seo, chomh maith le reachtaíocht an Aontais maidir le téarmaí conarthacha éagóracha agus cosaint sonraí pearsanta.*** |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Arna iarraidh sin don tomhaltóir, déanfaidh an creidiúnaí agus, i gcás inarb infheidhme, an t-idirghabhálaí creidmheasa nó soláthraí na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, sa bhreis ar an ***bhfoirm*** le haghaidh na Faisnéise Caighdeánaí Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra agus ar an bhfoirm ***le haghaidh an Fhorbhreithnithe Chaighdeánaigh Eorpaigh um Chreidmheas Tomhaltóra***, cóip den dréacht-chomhaontú creidmheasa, nó den dréacht-chomhaontú chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar, a sholáthar saor in aisce don tomhaltóir, ar choinníoll go mbeidh an creidiúnaí, tráth na hiarrata, toilteanach dul ar aghaidh leis an gcomhaontú creidmheasa a thabhairt i gcrích nó leis an gcomhaontú chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar leis an tomhaltóir. | 8. Arna iarraidh sin don tomhaltóir, déanfaidh an creidiúnaí agus, i gcás inarb infheidhme, an t-idirghabhálaí creidmheasa nó soláthraí na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, sa bhreis ar an bhfoirm le haghaidh na Faisnéise Caighdeánaí Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra, cóip den dréacht-chomhaontú creidmheasa, nó den dréacht-chomhaontú chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar, a sholáthar saor in aisce don tomhaltóir, ar choinníoll go mbeidh an creidiúnaí, tráth na hiarrata, toilteanach dul ar aghaidh leis an gcomhaontú creidmheasa a thabhairt i gcrích nó leis an gcomhaontú chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar leis an tomhaltóir. ***Le soláthar na tairisceana creidmheasa, cuirfear d’oibleagáid ar an gcreidiúnaí agus, i gcás inarb infheidhme, ar an idirghabhálaí creidmheasa nó ar an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a théarmaí agus a*** |

***choinníollacha a choinneáil ar feadh 14 lá ar a laghad ón dáta a bhfaighidh an tomhaltóir iad.***

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Maidir le comhaontuithe creidmheasa dá dtagraítear in Airteagal 2(5) nó (6), soláthrófar an fhaisnéis réamhchonarthach dá dtagraítear in Airteagal 10(1), de mhaolú ar mhír 2 den Airteagal sin, ar pháipéar nó ar mheán marthanach ***eile*** tríd an bhfoirm le haghaidh na Faisnéise Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra a leagtar amach in Iarscríbhinn III. Beidh an fhaisnéis uile a sholáthrófar san fhoirm sin chomh feiceálach céanna. Measfar na ceanglais faisnéise sa mhír seo agus in Airteagal 3, míreanna (1) agus (2) de Threoir 2002/65/CE a bheith comhlíonta ag an gcreidiúnaí má sholáthair sé nó sí an Fhaisnéis Eorpach um Chreidmheas Tomhaltóra. | 1. Maidir le comhaontuithe creidmheasa dá dtagraítear in Airteagal 2(5) nó (6), soláthrófar an fhaisnéis réamhchonarthach dá dtagraítear in Airteagal 10(1), de mhaolú ar mhír 2 den Airteagal sin, ar pháipéar nó ar ***aon*** mheán marthanach ***eile a roghnóidh an tomhaltóir*** tríd an bhfoirm le haghaidh na Faisnéise Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra a leagtar amach in Iarscríbhinn III***. Beidh an fhaisnéis sin soiléir agus intuigthe***. Beidh an fhaisnéis uile a sholáthrófar san fhoirm sin chomh feiceálach céanna. Measfar na ceanglais faisnéise sa mhír seo agus in Airteagal 3, míreanna (1) agus (2) de Threoir 2002/65/CE a bheith comhlíonta ag an gcreidiúnaí má sholáthair sé nó sí an Fhaisnéis Eorpach um Chreidmheas Tomhaltóra. |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 2 – pointe k a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ka) rabhadh agus míniú maidir leis na hiarmhairtí dlíthiúla agus airgeadais a bhaineann le híocaíochtaí a bheith ar iarraidh nó le híocaíochtaí déanacha,lena n-áirítear costais ghaolmhara;*** |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 2 – pointe k b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(kb) rabhadh agus míniú maidir leis na hiarmhairtí dlíthiúla agus airgeadais a bhaineann le neamhchomhlíonadh na ngealltanas eile atá nasctha leis an gcomhaontú creidmheasa sonrach nó leis na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin;*** |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 2 – pointe o a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(oa) Sceideal cuimsitheach aisíocaíochta ina mbeidh na híocaíochtaí agus na haisíocaíochtaí uile thar thréimhse an chonartha, lena n-áirítear íocaíochtaí agus aisíocaíochtaí le haghaidh aon seirbhísí coimhdeacha a bhaineann leis an gcomhaontú creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a dhíoltar go comhuaineach, lena mbunaítear íocaíochtaí agus aisíocaíochtaí, i gcás ina mbeidh feidhm ag rátaí iasachta éagsúla in imthosca éagsúla, ar athruithe réasúnacha aníos ar an ráta iasachta;*** |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. An tráth céanna a dhéantar an fhoirm le haghaidh na Faisnéise Eorpaí*** | ***scriosta*** |

***um Chreidmheas Tomhaltóra a sholáthar don tomhaltóir, déanfaidh an creidiúnaí agus, i gcás inarb infheidhme, an t-idirghabhálaí creidmheasa, an fhoirm le haghaidh an Fhorbhreathnaithe Chaighdeánaigh Eorpaigh um Chreidmheas Tomhaltóra a leagtar amach in Iarscríbhinn II a sholáthar don tomhaltóir:***

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Beidh faisnéis a thaispeántar san ***fhoirm*** le haghaidh na Faisnéise Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra agus san fhoirm ***le haghaidh an Fhorbhreathnaithe Caighdeánaigh um Chreidmheas Tomhaltóra*** comhsheasmhach. Beidh sí inléite go soiléir agus cuirfear srianta teicniúla an mheáin ar a dtaispeántar í san áireamh inti. Taispeánfar an fhaisnéis ar bhealach leordhóthanach oiriúnach ar na bealaí éagsúla. | 4. Beidh faisnéis a thaispeántar san fhoirm maidir le Faisnéis Eorpach um Chreidmheas Tomhaltóra comhsheasmhach. Beidh sí inléite go soiléir agus cuirfear srianta teicniúla an mheáin ar a dtaispeántar í san áireamh inti. Taispeánfar an fhaisnéis ar bhealach leordhóthanach oiriúnach ar na bealaí éagsúla***, agus idir-inoibritheacht á cur san áireamh***. ***Déanfaidh sí an fhaisnéis réamhchonarthach seo a leanas a sholáthar don tomhaltóiri ag tús na foirme, agus beidh sí scartha go suntasach ón gcuid eile den fhaisnéis réamhchonarthach a sholáthrófar ar an bhfoirm chéanna:***<br>***(a) méid iomlán an chreidmheasa***<br>***(b) Fad an chomhaontaithe creidmheasa nó an chomhaontaithe chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar***<br>***(c) an ráta iasachta agus na coinníollacha lena rialaítear cur i bhfeidhm an ráta sin, aon innéacs nó ráta tagartha is infheidhme maidir leis an ráta iasachta tosaigh, na muirir is infheidhme ón tráth a thugtar an comhaontú creidmheasa i gcrích, agus, i gcás inarb infheidhme, na coinníollacha faoina*** |

***bhféadfar na muirir sin a athrú;***

***(d) ráta céatadánach bliantúil an mhuirir, a léirítear trí shamplaí ionadaíocha ag tagairt do na toimhdí uile a úsáideadh chun an ráta sin a ríomh;***

***(e) rabhadh agus míniú maidir leis na hiarmhairtí dlíthiúla agus airgeadais a bhaineann le híocaíochtaí a bheith ar iarraidh nó le híocaíochtaí déanacha,lena n-áirítear costais ghaolmhara;***

***(f) an ceart chun aisíocaíocht luath a fháil, agus, i gcás inarb infheidhme, faisnéis maidir le ceart an chreidiúnaí chun cúiteamh a fháil agus an bealach a gcinnfear an cúiteamh sin.***

***(g) faisnéis faoin gceart chun tarraingt siar;***

***(h) faisnéis faoi aisíocaíocht luath i gcomhréir le hAirteagal 29.***

***Ní dhéanfar an fhaisnéis a luaitear ar an gcéad leathanach den fhoirm le haghaidh na Faisnéise Caighdeánaí Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra a dhúbailt sa chuid eile den fhoirm.***

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***5. De mhaolú ar mhír 2, i gcás cumarsáid ghuth-theileafónaíochta, dá dtagraítear in Airteagal 3(3) de Threoir 2002/65/CE, sa tuairisc ar phríomh-shaintréithe na seirbhíse airgeadais atá le soláthar de bhun Airteagal 3(3), pointe (b), an dara fleasc, den Treoir seo áireofar ar a laghad na nithe dá dtagraítear i mír 2, pointí (c) go (f) agus (l) den Airteagal seo.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Arna iarraidh sin don tomhaltóir, déanfaidh an creidiúnaí agus, i gcás inarb infheidhme, an t-idirghabhálaí creidmheasa, i dteannta na foirme le haghaidh na Faisnéise Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra ***agus an fhoirm le haghaidh an Fhorbhreathnaithe Caighdeánaigh Eorpaigh um Chreidmheas Tomhaltóra***, cóip den dréacht-chomhaontú creidmheasa a sholáthar don tomhaltóir saor in aisce, ar choinníoll go bhfuil an creidiúnaí toilteanach tráth na hiarrata dul ar aghaidh le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe creidmheasa leis an tomhaltóir. | 6. Arna iarraidh sin don tomhaltóir, déanfaidh an creidiúnaí agus, i gcás inarb infheidhme, an t-idirghabhálaí creidmheasa, i dteannta na foirme le haghaidh na Faisnéise Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra, cóip den dréacht-chomhaontú creidmheasa a sholáthar don tomhaltóir saor in aisce, ar choinníoll go bhfuil an creidiúnaí toilteanach tráth na hiarrata dul ar aghaidh le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe creidmheasa leis an tomhaltóir. |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Más rud é gur tugadh an comhaontú i gcrích arna iarraidh sin don tomhaltóir agus úsáid á baint as modh cianchumarsáide nach gcumasaíonn an fhaisnéis a sholáthar i gcomhréir leis an Airteagal seo, déanfaidh an creidiúnaí an fhoirm le haghaidh na Faisnéise Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra ***agus an fhoirm le haghaidh an Fhorbhreathnaithe Chaighdeánaigh Eorpaigh um Chreidmheas Tomhaltóra*** a sholáthar don tomhaltóir ***díreach tar éis an comhaontú creidmheasa a thabhairt i gcrích***. | 7. Más rud é gur tugadh an comhaontú i gcrích arna iarraidh sin don tomhaltóir agus úsáid á baint as modh cianchumarsáide nach gcumasaíonn an fhaisnéis a sholáthar i gcomhréir leis an Airteagal seo, déanfaidh an creidiúnaí an fhoirm le haghaidh na Faisnéise Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra a sholáthar don tomhaltóir. |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go gceanglófar ar chreidiúnaithe agus, i gcás inarb infheidhme, ar idirghabhálaithe creidmheasa agus soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin mínithe leordhóthanacha a sholáthar don tomhaltóir ar na comhaontuithe creidmheasa nó na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a bheartaítear agus aon seirbhís choimhdeach a fhágann gur féidir leis an tomhaltóir a mheasúnú cibé acu atá nó nach bhfuil na comhaontuithe creidmheasa nó na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a bheartaítear agus na seirbhísí coimhdeacha oiriúnaithe dá riachtanais agus dá staid airgeadais. Áireofar na heilimintí seo a leanas sna mínithe: | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go gceanglófar ar chreidiúnaithe agus, i gcás inarb infheidhme, ar idirghabhálaithe creidmheasa agus soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin mínithe leordhóthanacha a sholáthar don tomhaltóir ar na comhaontuithe creidmheasa nó na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a bheartaítear agus aon seirbhís choimhdeach a fhágann gur féidir leis an tomhaltóir a mheasúnú cibé acu atá nó nach bhfuil na comhaontuithe creidmheasa nó na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a bheartaítear agus na seirbhísí coimhdeacha oiriúnaithe dá riachtanais agus dá staid airgeadais. ***Cuirfear mínithe den sórt sin ar fáil saor in aisce agus sula dtabharfar an comhaontú creidmheasa i gcrích.*** Áireofar na heilimintí seo a leanas sna mínithe: |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 10, 11 agus 38; | (a) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 10, 11 agus 38, agus***béim ar leith á leagan ar mhíniú a thabhairt ar na hiarmhairtí dlíthiúla agus airgeadais a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar chomhlíonadh míchuí oibleagáidí conarthacha***; |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar chreidiúnaithe agus, i gcás inarb infheidhme, ar idirghabhálaithe creidmheasa agus ar sholáthraithe seirbhísí sluachistiúcháin, doiciméadú a dhéanamh ar an bhfoirm inar tugadh na mínithe sin don tomhaltóir agus cathain a tugadh iad.*** |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. An ceanglas dá dtagraítear i mír 1 maidir leis an mbealach a thabharfar na mínithe agus a mhéid a thabharfar iad, féadfaidh na Ballstáit é a oiriúnú don mhéid seo a leanas: | 2. An ceanglas dá dtagraítear i mír 1 maidir leis an mbealach a thabharfar na mínithe agus a mhéid a thabharfar iad, féadfaidh na Ballstáit***, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo,*** é a oiriúnú don mhéid seo a leanas: |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) an duine dá dtairgtear an creidmheas;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ceanglóidh na Ballstáit go gcuirfidh creidiúnaithe, idirghabhálaithe creidmheasa | ***Gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679,*** ceanglóidh na Ballstáit go gcuirfidh |

agus soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin tomhaltóirí ar an eolas nuair a chuirtear tairiscint phearsantaithe ina láthair atá bunaithe ar ***phróifíliú nó cineálacha eile*** próiseála uathoibríoch ar shonraí pearsanta.

creidiúnaithe, idirghabhálaithe creidmheasa agus soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin tomhaltóirí ar an eolas ar ***bhealach soiléir gan débhrí*** nuair a chuirtear tairiscint phearsantaithe ina láthair atá bunaithe ar phróiseáil uathoibrithe sonraí pearsanta nó sonraí ***atá bunaithe ar thátal***.

***Ceanglóidh na Ballstáit go ndéanfaidh creidiúnaithe, idirghabhálaithe creidmheasa agus soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin na foinsí a úsáideadh chun an tairiscint a phearsantú a chur in iúl don tomhaltóir a fhaigheann an tairiscint.***

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Caibidil III – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| CLEACHTAIS NASCTHA AGUS CHUACHTA, COMHAONTÚ MAIDIR LE SEIRBHÍSÍ COIMHDEACHA, SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEACHA AGUS DÍOLACHÁIN CHREIDMHEASA GAN IARRAIDH | CLEACHTAIS NASCTHA AGUS CHUACHTA, COMHAONTÚ MAIDIR LE SEIRBHÍSÍ COIMHDEACHA, SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEACHA AGUS ***DÍOLACHÁIN*** CHREIDMHEASA GAN IARRAIDH, ***AGUS COSAINT BHREISE MAIDIR LE COMHÉADAIN AR LÍNE*** |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. De mhaolú ar mhír 1, agus gan dochar do chur i bhfeidhm an dlí iomaíochta, féadfaidh na Ballstáit cleachtais nasctha a cheadú nuair is féidir leis an gcreidiúnaí nó leis an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a léiriú don údarás inniúil gurb é atá mar thoradh ar na*** | ***scriosta*** |

***táirgí nasctha nó na catagóirí táirge a thairgtear, ar théarmaí agus coinníollacha atá comhchosúil le chéile, tairbhe shoiléir do na tomhaltóirí agus aird chuí á tabhairt ar infhaighteacht agus praghsanna na dtáirgí ábhartha a thairgtear ar an margadh.***

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Féadfaidh na Ballstáit a cheadú do chreidiúnaithe nó do sholáthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a cheangal ar an tomhaltóir polasaí árachais ábhartha a bheith aige a bhaineann leis an gcomhaontú creidmheasa nó leis na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, agus comaoineacha comhréireachta á gcur san áireamh. Sna cásanna sin, áiritheoidh na Ballstáit go gceanglaítear ar an gcreidiúnaí nó ar an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin glacadh leis an bpolasaí árachais ó sholáthróir atá éagsúil lena sholáthróir tosaíochta nó lena soláthróir tosaíochta i gcás ina bhfuil leibhéal ráthaíochta an pholasaí árachais sin coibhéiseach leis an gceann atá molta ag an gcreidiúnaí nó ag an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, gan coinníoll an chreidmheasa a thairgtear don tomhaltóir a mhodhnú. | 4. Féadfaidh na Ballstáit a cheadú do chreidiúnaithe nó do sholáthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a cheangal ar an tomhaltóir polasaí árachais ábhartha a bheith aige a bhaineann leis an gcomhaontú creidmheasa nó leis na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, agus comaoineacha comhréireachta á gcur san áireamh. Sna cásanna sin, áiritheoidh na Ballstáit go gceanglaítear ar an gcreidiúnaí nó ar an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin glacadh leis an bpolasaí árachais ó sholáthróir atá éagsúil lena sholáthróir tosaíochta nó lena soláthróir tosaíochta i gcás ina bhfuil leibhéal ráthaíochta an pholasaí árachais sin coibhéiseach leis an gceann atá molta ag an gcreidiúnaí nó ag an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, gan coinníoll an chreidmheasa a thairgtear don tomhaltóir a mhodhnú. ***Sna himthosca sin, seachnóidh an polasaí árachais coinníollacha sriantacha a fhorchur, aon uair a chomhlíontar ceanglais shonracha a bhaineann le riochtanna leighis a bhí ann cheana. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfar an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad agus go mbeadh an rochtain chéanna ar pholasaithe árachais ag daoine a leigheasfar ar ghalair theagmhálacha agus neamhtheagmhálacha.*** |

***Ceanglóidh na Ballstáit, má bhíonn am breise ag teastáil ón tomhaltóir chun tairiscintí árachais a chur i gcomparáid sula gceannóidh sé polasaí árachais, go dtabharfar 3 lá ar a laghad don tomhaltóir sin chun iad a chur i gcomparáid, gan an tairiscint a athrú.***

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 15 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Maidir le comhaontú tomhaltóirí le ceannach seirbhísí coimhdeacha a chuirtear i láthair trí bhoscaí, tabharfar é le gníomh soiléir dearfach lena mbunaítear léiriú a thugtar faoi shaoirse, atá sonrach, eolasach agus gan débhrí ar a chomhaontú nó a comhaontú maidir leis an inneachar agus an tsubstaint a bhaineann leis na boscaí. | 2. Maidir le comhaontú tomhaltóirí le ceannach seirbhísí coimhdeacha a chuirtear i láthair trí bhoscaí, tabharfar é le gníomh dearfach***, gan débhrí agus*** go soiléir, lena mbunaítear léiriú a thugtar faoi shaoirse, atá sonrach, eolasach agus gan débhrí ar a chomhaontú nó a comhaontú maidir leis an inneachar agus an tsubstaint a bhaineann leis na boscaí. |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 15 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Ní hionann tost nó neamhghníomhaíocht agus toiliú chun comhaontú a dhéanamh de réir bhrí an Airteagail seo.*** |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Ceanglóidh*** na Ballstáit go | 1. ***Áiritheoidh*** na Ballstáit go |

| | |
|---|---|
| ndéanfaidh an creidiúnaí, agus, i gcás inarb infheidhme an t-idirghabhálaí creidmheasa agus an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an tomhaltóir a chur ar an eolas go sainráite, i gcomhthéacs idirbheart ar leith, maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil seirbhísí comhairleacha á soláthar, nó is féidir nó nach féidir iad a sholáthar, don tomhaltóir. | ndéanfaidh an creidiúnaí, agus, i gcás inarb infheidhme an t-idirghabhálaí creidmheasa agus an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an tomhaltóir a chur ar an eolas go sainráite, i gcomhthéacs idirbheart ar leith, maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil seirbhísí comhairleacha á soláthar, nó is féidir nó nach féidir iad a sholáthar, don tomhaltóir. |

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) líon sách mór comhaontuithe creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a mheas ina raon táirgí agus ar an mbonn sin comhaontú creidmheasa nó roinnt comhaontuithe creidmheasa, nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a mholadh as measc an raoin táirgí sin atá oiriúnach do riachtanais, staid airgeadais agus imthosca pearsanta an tomhaltóra; | (c) líon sách mór comhaontuithe creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a mheas ina raon táirgí agus ar an mbonn sin comhaontú creidmheasa nó roinnt comhaontuithe creidmheasa, nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a mholadh as measc an raoin táirgí sin atá oiriúnach do riachtanais, staid airgeadais agus imthosca pearsanta an tomhaltóra; ***chun na críche sin, measfaidh idirghabhálaithe neamhcheangailte líon sách mór comhaontuithe creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a bheith ar fáil ar an margadh agus déanfaidh siad an moladh ar an mbonn sin;*** |

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 3 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) gníomhú chun leas an tomhaltóra; | (d) gníomhú chun leas an tomhaltóra, ***d'fhonn mainneachtainí agus riaráistí a íoslaghdú trí iad féin a chur ar an eolas faoi riachtanais agus imthosca an tomhaltóra agus trí chomhaontuithe*** |

| | |
|---|---|
| | ***creidmheasa oiriúnacha a mholadh***; |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 4 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Féadfaidh*** na Ballstáit úsáid na téarmaí ‘comhairle’ agus ‘comhairleoir’ nó téarmaí comhchosúla a thoirmeasc nuair atá na seirbhísí comhairleacha á margú agus á soláthar do thomhaltóirí ag creidiúnaithe nó, i gcás inarb infheidhme, idirghabhálaithe creidmheasa nó soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin. | ***Déanfaidh*** na Ballstáit úsáid na téarmaí ‘comhairle’ agus ‘comhairleoir’ nó téarmaí comhchosúla a thoirmeasc nuair atá na seirbhísí comhairleacha á margú agus á soláthar do thomhaltóirí ag creidiúnaithe nó, i gcás inarb infheidhme, idirghabhálaithe creidmheasa nó soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin. |

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 4 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Ní bheidh feidhm ag pointe (b) den dara fomhír ach amháin i gcás inar lú an líon creidiúnaithe arna meas ná tromlach den mhargadh.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 6 – fomhír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) déantar na seirbhísí comhairleacha a sholáthar i gcomhthéacs bainistiú fiach atá ann cheana ag soláthraithe fiach-sheirbhísí comhairleacha poiblí nó deonacha nach n-oibríonn ar bhonn tráchtála; | (c) déantar na seirbhísí comhairleacha a sholáthar i gcomhthéacs bainistiú fiach atá ann cheana ag soláthraithe fiach-sheirbhísí comhairleacha poiblí nó deonacha nach n-oibríonn ar bhonn tráchtála ***ach a chomhlíonann na critéir ghairmiúla chun seirbhísí comhairleacha*** |

| | |
|---|---|
| | ***a sholáthar arna leagan síos ag na Ballstáit***; |

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 17 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Toirmeascfaidh na Ballstáit díol aon chreidmheasa le tomhaltóirí, gan a réamhiarraidh ná a gcomhaontú sainráite. | ***Gan dochar don fhéidearthacht atá ag creidiúnaithe, idirghabhálaithe creidmheasa agus soláthraithe seirbhísí sluachistiúcháin fógraíocht a dhéanamh laistigh de na teorainneacha a leagtar síos in Airteagail 7 agus 8,*** toirmeascfaidh na Ballstáit díol aon chreidmheasa le tomhaltóirí, gan a réamhiarraidh ná a gcomhaontú sainráite. |

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 17 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le comhaontuithe creidmheasa a thairiscint ag an díolphointe chun ceannach earra nó seirbhíse a mhaoiniú.*** |

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 19 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Go háirithe, cuirfidh na Ballstáit toirmeasc ar shaoráid rótharraingte nua nó comhaontú rótharraingthe intuigthe nua a thabhairt isteach nó ar ardú teorann saoráide rótharraingte nó comhaontaithe rótharraingthe intuigthe*** |

***atá ann cheana, gan réamhiarraidh nó comhaontú sainráite ón tomhaltóir.***

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Áiritheoidh na Ballstáit go dtarchuirfidh idirghabhálaithe creidmheasa go cruinn chuig an gcreidiúnaí faisnéis a fuarthas ón tomhaltóir ionas gur féidir an measúnú acmhainneachta creidmheasa a dhéanamh.*** |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfar an measúnú acmhainneachta ar bhonn ***faisnéis*** ábhartha agus chruinn maidir le hioncam agus costais an tomhaltóra agus imthosca airgeadais agus eacnamaíocha eile is gá agus is comhréireach amhail fianaise ar ioncam nó ar fhoinsí eile aisíocaíochta, faisnéis ar shócmhainní airgeadais agus ar dhliteanais, nó faisnéis ar cheanglais airgeadais eile. Gheofar an fhaisnéis ó fhoinsí inmheánacha nó seachtracha ábhartha, lena n-áirítear an tomhaltóir agus, i gcás inar gá, ar bhonn bunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 19 a cheadú. | Déanfar an measúnú acmhainneachta ar bhonn ***sonraí*** ábhartha agus chruinn maidir le hioncam agus costais an tomhaltóra agus imthosca airgeadais agus eacnamaíocha eile is gá agus is comhréireach ***le cineál, fad, luach, castacht agus rioscaí an chreidmheasa don tomhaltóir. Féadfar a áireamh san fhaisnéis sin*** fianaise ar ioncam nó ar fhoinsí eile aisíocaíochta, faisnéis ar shócmhainní airgeadais agus ar dhliteanais, nó faisnéis ar cheanglais airgeadais eile. Gheofar an fhaisnéis ó fhoinsí inmheánacha nó seachtracha ábhartha, lena n-áirítear an tomhaltóir agus, i gcás inar gá, ar bhonn bunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 19 a cheadú. |

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Forbróidh an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) treoirlínte ina sonrófar an chaoi a ndéanfaidh creidiúnaithe agus soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an measúnú acmhainneachta creidmheasa agus rialachas táirgí. Sonrófar sna treoirlínte sin an cineál sonraí a mholtar chun an measúnú ar acmhainneacht creidmheasa a dhéanamh i gcomhréir le cuspóir an Airteagail seo. Áireofar sna treoirlínte, inter alia, córas comhréireach don chreidiúnaí, nó i gcás inarb infheidhme, don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin chun measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht creidmheasa le haghaidh creidmheasanna ar luach beag.*** |
| | ***Agus treoirlínte den sórt sin á bhforbairt aige, déanfaidh ÚBE an méid seo a leanas:*** |
| | ***(a) leas na dtomhaltóirí agus cosaint i gcoinne an rófhéichiúnais a chur san áireamh;*** |
| | ***(b) na cineálacha creidmheasanna a thairgtear san Aontas a chur san áireamh agus mionsonrú a dhéanamh ar mholtaí sonracha maidir le tairiscintí creidmheasa sonracha má mheastar gur gá sin;*** |
| | ***(c) dul i gcomhairle le húdaráis phoiblí ábhartha, le geallsealbhóirí, leis an tsochaí shibhialta agus le heagraíochtaí tomhaltóirí.*** |
| | ***Déanfaidh ÚBE athbhreithniú ar na treoirlínte sin gach dhá bhliain.*** |

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfar an fhaisnéis a fhaightear i gcomhréir leis an mír seo a fhíorú go hiomchuí, i gcás inar gá trí thagairt do dhoiciméadacht atá infhíoraithe go neamhspleách. | An fhaisnéis a fhaightear i gcomhréir leis an mír seo**,** déanfar í a fhíorú go hiomchuí, i gcás inar gá trí thagairt do dhoiciméadacht atá infhíoraithe go neamhspleách ***nó trí bhaincéireacht oscailte a úsáid i gcomhréir le Treoir (AE) 2015/2366***. |

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 2 – fomhír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Sonraí pearsanta lena léirítear tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, nó ballraíocht i gceardchumann, agus próiseáil sonraí géiniteacha, sonraí bithmhéadracha chun duine nádúrtha a shainaithint go huathúil, sonraí a bhaineann leis an tsláinte nó sonraí a bhaineann le saol gnéis nó le gnéaschlaonadh duine nádúrtha agus sonraí arna mbailiú ó líonraí sóisialta, ní dhéanfar iad a phróiseáil ná a úsáid chun measúnuithe acmhainneachta creidmheasa a dhéanamh.*** |

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Beidh an fhaisnéis a chuirfear san áireamh chun críche an mheasúnaithe acmhainneachta creidmheasa riachtanach agus comhréireach i gcomhréir le cuspóir an Airteagail seo, i*** |

| | |
|---|---|
| | ***gcomhréir le prionsabal an íoslaghdaithe sonraí a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/679, agus beidh sí ábhartha, cothrom le dáta, iomlán agus cruinn.*** |

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 19 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Ceanglóidh na Ballstáit go mbeidh an measúnú ar acmhainneacht creidmheasa agus na pleananna aisíocaíochta comhfhreagracha réalaíoch agus curtha in oiriúint do riachtanais shonracha agus d'acmhainneacht aisíocaíochta an iasachtaí.*** |

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 19 – mír 2 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2c. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear creidiúnaithe nó soláthraithe seirbhísí sluachistiúcháin faoi dhliteanas agus go mbeidh siad faoi réir pionóis iomchuí i gcás sárú ar an bhforáil thuasluaite.*** <br> ***Beidh rochtain ag tomhaltóirí ar leigheasanna comhréireacha agus éifeachtacha lena n-áirítear cúiteamh as damáiste a rinneadh mar thoradh ar shárú den sórt sin. Beidh na leigheasanna sin gan dochar do chur i bhfeidhm leigheasanna eile atá ar fáil do thomhaltóirí faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta.*** |

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Áiritheoidh na Ballstáit go gceanglófar ar an gcreidiúnaí nó ar an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin athmheasúnú a dhéanamh ar acmhainneacht creidmheasa an tomhaltóra ar bhonn faisnéis nuashonraithe sula ndeonófar aon mhéadú ar mhéid iomlán an chreidmheasa.*** |

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad ar fáil d'othair uile an Aontais amhail ó 10 mbliana tar éis dheireadh a gcóireáil, agus amhail ó 5 bliana tar éis dheireadh na cóireála d'othair a ndearnadh diagnóis orthu sula raibh siad 18 mbliana d'aois. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain chomhionann ar chreidmheas ag gach duine a leigheasfar de ghalair theagmhálacha agus neamhtheagmhálacha ábhartha.*** |

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 19 – mír 3 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3c. Má dhéanann níos mó ná tomhaltóir amháin an t-iarratas creidmheasa a thíolacadh go*** |

*comhpháirteach, déanfaidh an creidiúnaí nó, i gcás inarb infheidhme, an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an measúnú acmhainneachta creidmheasa ar bhonn acmhainn chomhpháirteach aisíocaíochta na dtomhaltóirí.*

**Leasú 144**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| D'ainneoin na chéad ***fhomhíreanna***, i gcás ina léireoidh toradh an mheasúnaithe ar acmhainneacht creidmheasa nach dócha go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a eascraíonn as an gcomhaontú creidmheasa nó as an gcomhaontú chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar ar an mbealach a cheanglaítear faoin gcomhaontú sin, féadfaidh an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin creidmheas a chur ar fáil don tomhaltóir ar bhonn eisceachtúil in imthosca sonracha a bhfuil údar maith leo. | ***Ní chuirfidh measúnú acmhainneachta creidmheasa deimhneach d'oibleagáid ar an gcreidiúnaí creidmheas a sholáthar.*** D'ainneoin na chéad ***fhomhíre***, i gcás ina léireoidh toradh an mheasúnaithe ar acmhainneacht creidmheasa nach dócha go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a eascraíonn as an gcomhaontú creidmheasa nó as an gcomhaontú chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar ar an mbealach a cheanglaítear faoin gcomhaontú sin, féadfaidh an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin creidmheas a chur ar fáil don tomhaltóir ar bhonn eisceachtúil in imthosca sonracha a bhfuil údar maith leo ***lena n-áirítear cásanna d'iasachtaí lena gcistítear costais eisceachtúla cúraim sláinte, iasachtaí mac léinn nó iasachtaí do thomhaltóirí faoi mhíchumas***. ***Má chuireann an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin creidmheas ar fáil don tomhaltóir i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, tabharfaidh an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin rabhadh don tomhaltóir, ar pháipéar nó ar aon mheán marthanach eile a roghnóidh an tomhaltóir, maidir le measúnú diúltach ar acmhainneacht creidmheasa a thugann le tuiscint go bhféadfadh rófhéichiúnas teacht as an gcreidmheas a ghlacadh. Cuirfear an fhaisnéis sin in iúl don tomhaltóir sula dtabharfar an comhaontú creidmheasa i gcrích. Déanfaidh na Ballstáit bearta comhlántacha chun a áirithiú go mbeidh leibhéal cosanta na dtomhaltóirí i gcoinne deacrachtaí airgeadais fós coibhéiseach leis na caighdeáin a leagtar síos ar shlí eile sa Treoir seo.*** |

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina ndéanfaidh creidiúnaí nó soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin comhaontú creidmheasa nó comhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a thabhairt i gcrích le tomhaltóir, nach ndéanfaidh an creidiúnaí ná an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an comhaontú creidmheasa nó an comhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a chur ar ceal ná a athrú ar dhóigh a dhéanfadh dochar don tomhaltóir ar na forais nach ndearnadh an measúnú acmhainneachta creidmheasa i gceart. Ní bheidh feidhm ag an mír seo i gcás ina léirítear go ndearna an tomhaltóir an fhaisnéis a thugtar don chreidiúnaí nó don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin dá dtagraítear i mír 2 a cheilt nó a fhalsú go feasach. | 5. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina ndéanfaidh creidiúnaí nó soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin comhaontú creidmheasa nó comhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a thabhairt i gcrích le tomhaltóir, nach ndéanfaidh an creidiúnaí ná an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an comhaontú creidmheasa nó an comhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a chur ar ceal ná a athrú ar dhóigh a dhéanfadh dochar don tomhaltóir ar na forais nach ndearnadh an measúnú acmhainneachta creidmheasa i gceart. Ní bheidh feidhm ag an mír seo i gcás ina léirítear ***nár ghníomhaigh an tomhaltóir de mheon macánta agus go háirithe má rinne an tomhaltóir*** an fhaisnéis a thugtar don chreidiúnaí nó don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin dá dtagraítear i mír 2 a cheilt nó a fhalsú go feasach. |

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 6 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. I gcás ina mbaineann úsáid próifílithe nó próiseála uathoibríche eile ar shonraí pearsanta leis an measúnú acmhainneachta creidmheasa, áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil sé de cheart ag an tomhaltóir: | 6. I gcás ina mbaineann úsáid próifílithe nó próiseála uathoibríche eile ar shonraí pearsanta leis an measúnú acmhainneachta creidmheasa, áiritheoidh na Ballstáit go ***gcuirfidh an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin an tomhaltóir ar an eolas faoi sin agus go*** bhfuil sé de cheart ag an tomhaltóir: |

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 6 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ***idirghabháil*** an duine a iarraidh agus a fháil ar thaobh an chreidiúnaí nó an tsoláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin chun an cinneadh a athbhreithniú; | (a) ***measúnú*** ag duine a iarraidh agus a fháil ar thaobh an chreidiúnaí nó an tsoláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin chun an cinneadh a athbhreithniú ***i gcás cinneadh diúltach***; |

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 6 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) míniú soiléir ar an measúnú acmhainneachta creidmheasa a iarraidh agus a fháil ón gcreidiúnaí nó ón soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, lena n-áirítear míniú ar an loighic agus ar na rioscaí a bhaineann leis an bpróiseáil uathoibríoch ar shonraí pearsanta chomh maith lena tionchar agus lena héifeachtaí ar an gcinneadh; | (b) ***míniú soiléir ar an measúnú ar acmhainneacht creidmheasa a iarraidh agus a fháil ón gcreidiúnaí nó ón soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, lena n-áirítear maidir leis an méid seo a leanas:*** |
| | ***(i)*** an loighic agus ar na rioscaí a bhaineann leis an bpróiseáil uathoibríoch ar shonraí pearsanta chomh maith lena tionchar agus lena héifeachtaí ar an gcinneadh; |
| | ***(ii) na catagóirí sonraí arna bpróiseáil mar chuid den mheasúnú agus ualú gach catagóire sa chinneadh;*** |

**Leasú 149**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 6 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) a thuairim nó a tuairim a chur in iúl agus ***agóid*** a dhéanamh in aghaidh an mheasúnaithe acmhainneachta creidmheasa agus an chinnidh. | (c) a thuairim nó a tuairim a chur in iúl agus ***athbhreithniú a iarraidh*** ar an measúnú ar an acmhainneacht creidmheasa agus ar an gcinneadh maidir le ***deonú an chreidmheasa ag an gcreidiúnaí nó ag an*** |

| | |
|---|---|
| | ***soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin***. |

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 6 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) faisnéis a fháil faoin nós imeachta chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh.*** |

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 6 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Beidh feidhm ag an Airteagal seo gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679.*** |

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Áiritheoidh na Ballstáit i gcás ina ndiúltaítear don iarratas creidmheasa go gceanglaítear ar an gcreidiúnaí nó ar an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an tomhaltóir a chur ar an eolas gan mhoill faoin diúltú agus, i gcás inarb infheidhme, go bhfuil an measúnú acmhainneachta creidmheasa bunaithe ar phróiseáil sonraí uathoibríoch. | 7. Áiritheoidh na Ballstáit i gcás ina ndiúltaítear don iarratas creidmheasa go gceanglaítear ar an gcreidiúnaí nó ar an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an tomhaltóir a chur ar an eolas gan mhoill faoin diúltú agus, ***i gcás inarb ábhartha***, ***an tomhaltóir a threorú chuig fiachsheirbhísí comhairleacha atá ar fáil i gceantar an tomhaltóra.*** I gcás inarb infheidhme, ***ceanglófar ar an gcreidiúnaí nó ar an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an tomhaltóir a chur ar an eolas*** go bhfuil an measúnú acmhainneachta creidmheasa |

bunaithe ar phróiseáil uathoibrithe sonraí ***agus faoi cheart an tomhaltóra measúnú ag duine a fháil agus faoin nós imeachta chun an cinneadh a chonspóid***.

**Leasú 153**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. I gcás ina gcomhaontóidh na páirtithe an méid iomlán creidmheasa a athrú tar éis thabhairt i gcrích an chomhaontaithe creidmheasa, nó an chomhaontaithe maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, áiritheoidh na Ballstáit go gceanglaítear ar an gcreidiúnaí nó ar an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin acmhainneacht creidmheasa an tomhaltóra a athmheasúnú ar bhonn faisnéis cothrom le dáta sula ndeonaítear aon mhéadú ***suntasach*** ar an méid iomlán creidmheasa. | 8. I gcás ina gcomhaontóidh na páirtithe an méid iomlán creidmheasa a athrú tar éis thabhairt i gcrích an chomhaontaithe creidmheasa, nó an chomhaontaithe maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, áiritheoidh na Ballstáit go gceanglaítear ar an gcreidiúnaí nó ar an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin acmhainneacht creidmheasa an tomhaltóra a athmheasúnú ar bhonn faisnéis cothrom le dáta sula ndeonaítear aon mhéadú ar an méid iomlán creidmheasa. |

**Leasú 154**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Maidir leis na Ballstáit ***a gceanglaítear ar*** chreidiúnaithe nó ar sholáthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin lena reachtaíocht measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht creidmheasa tomhaltóirí ar bhonn an bunachar sonraí ábhartha a cheadú, ***féadfaidh siad an ceanglas sin a choinneáil***. | 9. ***Féadfaidh*** na Ballstáit ***a cheangal ar*** chreidiúnaithe nó ar sholáthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht creidmheasa tomhaltóirí ar bhonn an bunachar sonraí ábhartha a cheadú***; mar sin féin, ní bheidh an measúnú ar acmhainneacht creidmheasa bunaithe go heisiach ar stair chreidmheasa an tomhaltóra***. |

**Leasú 155**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***9a. I gcás seirbhísí creidmheasa nó creidmheasa sluachistiúcháin neamhiata, déanfaidh an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin athbhreithniú, más gá, ar bhailíocht an mheasúnaithe acmhainneachta creidmheasa tosaigh gach dhá bhliain ar a laghad.*** |

**Leasú 156**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 19 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás creidmheas trasteorann, áiritheoidh gach Ballstát go mbeidh rochtain ag creidiúnaithe agus ag soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin ó Bhallstáit eile ar bhunachair sonraí a úsáidtear sa Bhallstát sin chun acmhainneacht creidmheasa tomhaltóirí a mheasúnú. Beidh na coinníollacha rochtana ar bhunachair sonraí den sórt sin neamh-idirdhealaitheach. | 1. I gcás creidmheas trasteorann, áiritheoidh gach Ballstát go mbeidh rochtain ag creidiúnaithe agus ag soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin ó Bhallstáit eile ar bhunachair sonraí ***atá cruinn agus cothrom le dáta*** a úsáidtear sa Bhallstát sin chun acmhainneacht creidmheasa tomhaltóirí a mheasúnú. Beidh na coinníollacha rochtana ar bhunachair sonraí den sórt sin neamh-idirdhealaitheach. |

**Leasú 157**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 19 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh rochtain ar an mbunachar sonraí ach ag na creidiúnaithe agus ag na soláthraithe seirbhísí creidmheasa*** |

***sluachistiúcháin sin atá faoi mhaoirseacht an údaráis inniúil náisiúnta agus a chomhlíonann go hiomlán Rialachán (AE) 2016/679.***

**Leasú 158**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 19 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Beidh rochtain ar bhunachair sonraí teoranta do chreidiúnaithe agus do sholáthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthraíonn a bhfaisnéis féin do bhunachair sonraí freisin.*** |

**Leasú 159**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 19 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Sna bunachair sonraí dá dtagraítear i mír 1, coinneofar ar a laghad faisnéis maidir le riaráistí ***íocaíochta*** tomhaltóirí. | 3. Sna bunachair sonraí dá dtagraítear i mír 1, coinneofar ar a laghad faisnéis maidir le riaráistí ***uile na*** dtomhaltóirí in ***aisíocaíochtaí creidmheasa, maidir le cineál an chreidmheasa lena mbaineann agus maidir le céannacht an chreidiúnaí***. ***Ní choinneoidh soláthraithe bunachair sonraí aon sonraí pearsanta lena nochtar tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, nó ballraíocht i gceardchumann, sonraí bithmhéadracha chun duine nádúrtha a shainaithint go huathúil, sonraí a bhaineann leis an tsláinte nó sonraí a bhaineann le saol gnéis nó gnéaschlaonadh duine nádúrtha, sonraí arna mbailiú ó líonraí sóisialta digiteacha ná sonraí géiniteacha.*** |

**Leasú 160**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 19 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. I gcás ina ndiúltaítear don iarratas creidmheasa ar bhonn bunachar sonraí dá dtagraítear i mír 1 a cheadú, ceanglóidh na Ballstáit go gcuirfidh an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an tomhaltóir ar an eolas láithreach agus gan mhuirear maidir le toradh an cheadaithe sin agus maidir le mionsonraí an bhunachair sonraí a ceadaíodh. | 4. I gcás ina ndiúltaítear don iarratas creidmheasa ar bhonn bunachar sonraí dá dtagraítear i mír 1 a cheadú, ceanglóidh na Ballstáit go gcuirfidh an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an tomhaltóir ar an eolas láithreach agus gan mhuirear maidir le toradh an cheadaithe sin agus maidir le mionsonraí an bhunachair sonraí a ceadaíodh ***chomh maith leis na catagóirí sonraí a cuireadh san áireamh***. |

**Leasú 161**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 19 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Beidh próisis i bhfeidhm ag soláthraithe bunachair sonraí chun a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis atá ina mbunachair shonraí a bhainistítear go poiblí agus go príobháideach cothrom le dáta agus cruinn. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar fógra do thomhaltóirí laistigh de 30 lá tar éis aon sonraí creidmheasa diúltacha a chlárú i mbunachar sonraí, lena gcuirfear in iúl dóibh go bhféadfaí a gceart rochtana, ceartaithe, scriosta agus freasúra a fheidhmiú, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.*** |

**Leasú 162**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 19 – mír 4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4b. Déanfaidh údaráis inniúla náisiúnta iniúchtaí rialta ar na próisis agus ar an bhfaisnéis atá sna bunachair sonraí a úsáidtear ar a gcríoch, chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann siad Rialachán (AE) 2016/679 agus an reachtaíocht náisiúnta.*** |

**Leasú 163**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 19 – mír 4 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4c. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh nósanna imeachta um ghearáin i bhfeidhm chun dúshláin tomhaltóirí maidir le hinneachar bunachar sonraí a éascú, lena n-áirítear faisnéis a fhaightear tríd an mbunachar sonraí arna chuardach ag tríú páirtithe.*** |

**Leasú 164**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 19 – mír 4 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 d. Faoin... [12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], cuirfidh an Coimisiún treoirlínte ar fáil agus foilseoidh sé dea-chleachtais maidir le faisnéis bunachair sonraí a sholáthar do chreidiúnaithe.*** |

**Leasú 165**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 20 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ceanglóidh na Ballstáit go ndréachtófar comhaontuithe creidmheasa nó comhaontuithe maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin ar pháipéar nó ar mheán marthanach ***eile*** agus go soláthrófar cóip den chomhaontú creidmheasa nó den chomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin do na páirtithe conarthacha uile. | 1. Ceanglóidh na Ballstáit go ndréachtófar comhaontuithe creidmheasa nó comhaontuithe maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin ar pháipéar nó ar ***aon*** mheán marthanach ***eile a roghnóidh an tomhaltóir*** agus go soláthrófar cóip den chomhaontú creidmheasa nó den chomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin do na páirtithe conarthacha uile. ***Aon mhodhnú ar chomhaontuithe creidmheasa nó ar chomhaontuithe chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar, ní dhéanfar é ach amháin i scríbhinn ar pháipéar nó ar aon mheán marthanach eile a roghnóidh an tomhaltóir.*** |

**Leasú 166**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 21 – mír 1 – fomhír 1 – pointe v a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(va) sonraí teagmhála ábhartha na bhfiachsheirbhísí comhairleacha agus moladh don tomhaltóir dul i dteagmháil leis na seirbhísí sin i gcás deacrachtaí aisíocaíochta.*** |

**Leasú 167**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 21 – mír 1 – fomhír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfar éifeachtaí dlíthiúla na faisnéise dá dtagraítear sa chéad fhomhír sa chomhaontú creidmheasa nó sa chomhaontú maidir le soláthar seirbhísí*** |

| | |
|---|---|
| | ***creidmheasa sluachistiúcháin a mheasúnú i gcomhréir leis na rialacha ginearálta náisiúnta maidir le dlí na n-oibleagáidí.*** |

**Leasú 168**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 22 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Gan dochar d'oibleagáidí eile ***dá bhforáiltear*** sa Treoir seo, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an creidiúnaí nó soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an fhaisnéis seo a leanas a chur in iúl don tomhaltóir sula ndéanfaidh siad téarmaí agus coinníollacha an chomhaontaithe creidmheasa creidmheasa a mhodhnú, nó sula ndéanfar an comhaontú chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar: | Gan dochar d'oibleagáidí eile ***a leagtar síos*** sa Treoir seo, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an creidiúnaí nó soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an fhaisnéis seo a leanas a chur in iúl don tomhaltóir ***i scríbhinn ar pháipéar nó ar aon mheán marthanach eile a roghnóidh an tomhaltóir*** sula ndéanfaidh siad téarmaí agus coinníollacha an chomhaontaithe creidmheasa a mhodhnú, nó sula ndéanfar an comhaontú chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar: |

**Leasú 169**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 23 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ceanglóidh na Ballstáit go gcuirfidh an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an tomhaltóir ar an eolas faoi aon athrú ar an ráta iasachta, ar pháipéar nó ar mheán marthanach ***eile***, sula dtagann an t-athrú i bhfeidhm. | Ceanglóidh na Ballstáit go gcuirfidh an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an tomhaltóir ar an eolas faoi aon athrú ar an ráta iasachta, ar pháipéar nó ar ***aon*** mheán marthanach ***eile a roghnóidh an tomhaltóir***, ***dhá lá oibre ar a laghad*** sula dtagann an t-athrú i bhfeidhm. |

**Leasú 170**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) cuirtear an ráta tagartha nua ar fáil go poiblí trí mhodhanna iomchuí; | (c) cuirtear an ráta tagartha nua ar fáil go poiblí ***ar bhealach tráthúil*** trí mhodhanna iomchuí; |

**Leasú 171**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 23 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) tá an fhaisnéis maidir leis an ráta tagartha nua le fáil freisin ag áitreabh an chreidiúnaí nó an tsoláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin. | (d) tá an fhaisnéis maidir leis an ráta tagartha nua le fáil freisin***:*** |
| | ***(i)*** ag áitreabh an chreidiúnaí nó an tsoláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin***;*** |
| | ***(ii) ar shuíomh gréasáin an chreidiúnaí nó an tsoláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin; agus*** |
| | ***(iii) i gcás ina bhfuil feidhmchlár móibíleach ag an gcreidiúnaí nó ag an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, tríd an bhfeidhmchlár móibíleach sin***. |

**Leasú 172**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 24 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ina mbeidh creidmheas deonaithe i bhfoirm saoráid rótharraingte, ceanglóidh na Ballstáit go gcoimeádfaidh an creidiúnaí, ar feadh fhad an chomhaontaithe creidmheasa, an tomhaltóir ar an eolas ***go tráthrialta*** trí ráitis chuntais, ar pháipéar nó ar mheán marthanach ***eile***, ina mbeidh na heilimintí | 1. I gcás ina mbeidh creidmheas deonaithe i bhfoirm saoráid rótharraingte, ceanglóidh na Ballstáit go gcoimeádfaidh an creidiúnaí, ar feadh fhad an chomhaontaithe creidmheasa, an tomhaltóir ar an eolas ***uair sa mhí ar a laghad*** trí ráitis chuntais, ar pháipéar nó ar ***aon*** mheán marthanach ***eile a roghnóidh*** |

seo a leanas:

***ag an tomhaltóir***, ina mbeidh na heilimintí seo a leanas:

**Leasú 173**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 24 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina mbeidh creidmheas deonaithe i bhfoirm saoráid rótharraingte, ceanglóidh na Ballstáit go gcuirfidh an creidiúnaí an tomhaltóir ar an eolas, ar pháipéar nó ar mheán marthanach ***eile***, faoi mhéaduithe sa ráta iasachta nó in aon mhuirear is iníoctha, sula dtagann an t-athrú i gceist i bhfeidhm. | I gcás ina mbeidh creidmheas deonaithe i bhfoirm saoráid rótharraingte, ceanglóidh na Ballstáit go gcuirfidh an creidiúnaí an tomhaltóir ar an eolas, ar pháipéar nó ar ***aon*** mheán marthanach ***eile a roghnóidh an tomhaltóir***, faoi mhéaduithe sa ráta iasachta nó in aon mhuirear is iníoctha, ***15 lá ar a laghad*** sula dtagann an t-athrú i gceist i bhfeidhm. |

**Leasú 174**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 2 – fomhír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) tá an fhaisnéis maidir leis an ráta tagartha nua le fáil ag áitreabh an chreidiúnaí freisin. | (d) tá an fhaisnéis maidir leis an ráta tagartha nua le fáil freisin***:*** |
| | ***(i)*** ag áitreabh an chreidiúnaí nó ***an tsoláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin;*** |
| | ***(ii) ar shuíomh gréasáin an chreidiúnaí nó an tsoláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin; agus*** |
| | ***(iii) i gcás ina bhfuil feidhmchlár móibíleach ag an gcreidiúnaí nó ag an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, tríd an bhfeidhmchlár móibíleach sin***. |

**Leasú 175**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 24 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Ceanglóidh na Ballstáit ar an gcreidiúnaí nó, i gcás inarb infheidhme, ar an idirghabhálaí creidmheasa nó ar an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin fógra a thabhairt don tomhaltóir ar bhealach comhaontaithe maidir le gach laghdú nó cealú ar an tsaoráid rótharraingte cuntais reatha 30 lá ar a laghad roimh an lá a ngabhfaidh éifeacht le laghdú nó cealú iarbhír na saoráide rótharraingthe.*** |

**Leasú 176**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 24 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Tairgfidh an creidiúnaí nó, i gcás inarb infheidhme, an t-idirghabhálaí creidmheasa nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin don tomhaltóir, nach bhfuil aon imeachtaí bailithe éigeantais tionscanta ina choinne ag an gcreidiúnaí nó, i gcás inarb infheidhme, ag an idirghabhálaí creidmheasa nó ag an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, gan aon chostais bhreise, an fhéidearthacht an méid a aisíoc lenar laghdaíodh an tsaoráid rótharraingthe roimhe sin nó méid na saoráide rótharraingthe roimhe sin a cuireadh ar ceal, in 12 thráthchuid mhíosúla chomhionanna ag an ráta úis is infheidhme maidir le saoráid rótharraingte an chuntais reatha.***<br><br>***Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír cibé acu ar iarr an tomhaltóir go bhféadfaí aisíocaíocht den sórt sin a dhéanamh i dtráthchodanna nó nár iarr.*** |

| | |
|---|---|
| | ***Murar tugadh an deis don tomhaltóir aisíocaíocht a dhéanamh i dtráthchodanna i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, ní bheidh sé d'oibleagáid ar an tomhaltóir glacadh le laghdú nó cealú shaoráid rótharraingte an chuntais reatha.*** |

**Leasú 177**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 25 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás comhaontú chun cuntas reatha a oscailt, i gcás ina bhfuil féidearthacht go gceadófaí rótharraingt intuigthe don tomhaltóir, ceanglóidh na Ballstáit go n-áireoidh an creidiúnaí an fhaisnéis sin sa chomhaontú sin, i dteannta na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 11(2), pointe (e). Déanfaidh an creidiúnaí in aon chás an fhaisnéis sin a sholáthar don tomhaltóir ar pháipéar nó ar mheán marthanach ***eile*** ar bhonn tráthrialta. | 1. I gcás comhaontú chun cuntas reatha a oscailt, i gcás ina bhfuil féidearthacht go gceadófaí rótharraingt intuigthe don tomhaltóir, ceanglóidh na Ballstáit go n-áireoidh an creidiúnaí an fhaisnéis sin sa chomhaontú sin, i dteannta na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 11(2), pointe (e). Déanfaidh an creidiúnaí in aon chás an fhaisnéis sin a sholáthar don tomhaltóir ar pháipéar nó ar ***aon*** mheán marthanach ***eile a roghnóidh an tomhaltóir*** ar bhonn tráthrialta. |

**Leasú 178**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 25 – mír 2 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás rótharraingt intuigthe ***shuntasach*** is faide ná tréimhse míosa, ceanglóidh na Ballstáit go gcuirfidh an creidiúnaí an tomhaltóir ar an eolas gan mhoill, ar pháipéar nó ar mheán marthanach ***eile***, maidir leis na nithe uile seo a leanas: | I gcás rótharraingt intuigthe shuntasach is faide ná tréimhse míosa, ceanglóidh na Ballstáit go gcuirfidh an creidiúnaí an tomhaltóir ar an eolas gan mhoill, ar pháipéar nó ar ***aon*** mheán marthanach ***eile a roghnóidh an tomhaltóir***, maidir leis na nithe uile seo a leanas: |

**Leasú 179**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 25 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ina theannta sin, i gcás rótharraingt intuigthe thráthrialta, déanfaidh an creidiúnaí seirbhísí comhairleacha a thairiscint don tomhaltóir, i gcás ina bhfuil siad ar fáil***, nó*** tomhaltóirí a atreorú i dtreo fiach-sheirbhísí comhairleacha. | Ina theannta sin, i gcás rótharraingt intuigthe thráthrialta, déanfaidh an creidiúnaí seirbhísí comhairleacha a thairiscint don tomhaltóir, i gcás ina bhfuil siad ar fáil***, agus iad saor in aisce, agus*** déanfaidh sé tomhaltóirí a atreorú i dtreo fiach-sheirbhísí comhairleacha. |

**Leasú 180**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 25 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Ceanglóidh na Ballstáit ar an gcreidiúnaí nó, i gcás inarb infheidhme, ar an idirghabhálaí creidmheasa nó ar an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin fógra a thabhairt don tomhaltóir ar bhealach comhaontaithe maidir le gach laghdú nó cealú ar rótharraingt an chuntais reatha 30 lá ar a laghad roimh an lá a ngabhfaidh éifeacht le laghdú nó cealú iarbhír na saoráide rótharraingthe.*** |

**Leasú 181**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 25 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. Tairgfidh an creidiúnaí nó, i gcás inarb infheidhme, an t-idirghabhálaí creidmheasa nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin don tomhaltóir, nach bhfuil aon imeachtaí bailithe éigeantais tionscanta ina choinne ag an gcreidiúnaí nó, i gcás inarb*** |

| | |
|---|---|
| | ***infheidhme, ag an idirghabhálaí creidmheasa nó ag an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, gan aon chostais bhreise, an fhéidearthacht an méid a aisíoc lenar laghdaíodh an tsaoráid rótharraingthe roimhe sin nó méid na saoráide rótharraingthe roimhe sin a cuireadh ar ceal, in 12 thráthchuid mhíosúla chomhionanna ag an ráta úis is infheidhme maidir le saoráid rótharraingte an chuntais reatha.*** |
| | ***Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír cibé acu ar iarr an tomhaltóir go bhféadfaí aisíocaíocht den sórt sin a dhéanamh i dtráthchodanna nó nár iarr.*** |
| | ***Murar tugadh an deis don tomhaltóir aisíocaíocht a dhéanamh i dtráthchodanna i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, ní bheidh sé d'oibleagáid ar an tomhaltóir glacadh le laghdú nó cealú shaoráid rótharraingte an chuntais reatha.*** |

**Leasú 182**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 26 – mír 1 – fomhír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) an lá a fhaigheann an tomhaltóir na téarmaí agus na coinníollacha conarthacha agus an fhaisnéis i gcomhréir le ***hAirteagail 20 agus*** 21, más déanaí an lá sin ná an dáta dá dtagraítear i bpointe (a) den fhomhír seo. | (b) an lá a fhaigheann an tomhaltóir na téarmaí agus na coinníollacha conarthacha agus an fhaisnéis i gcomhréir le ***hAirteagal*** 21, más déanaí an lá sin ná an dáta dá dtagraítear i bpointe (a) den fhomhír seo. |

**Leasú 183**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 26 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. I gcás comhaontú creidmheasa*** |

***nasctha chun earra a cheannach lena ngabhann beartas um fhilleadh lena n-áirithítear aisíocaíocht iomlán ar feadh tréimhse áirithe is faide ná 14 lá féilire, cuirfear síneadh leis an gceart tarraingt siar chun é a mheaitseáil le fad an bheartais um fhilleadh sin.***

**Leasú 184**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 26 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Maidir leis an gceart tarraingt siar dá dtagraítear i míreanna 1 agus 1a, rachaidh sé in éag in aon chás bliain amháin agus 14 lá féilire tar éis thabhairt i gcrích an chomhaontaithe creidmheasa nó an chomhaontaithe maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin. Laistigh den tréimhse sin, rachaidh an ceart chun tarraingt siar as feidhm freisin, nuair a bheidh an conradh comhlánaithe go hiomlán ag an dá pháirtí.*** |
| | ***Ní rachaidh an ceart chun tarraingt siar as feidhm más rud é nár cuireadh tomhaltóirí ar an eolas faoina gceart tarraingt siar.*** |

**Leasú 185**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 26 – mír 3 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) fógra a thabhairt don chreidiúnaí nó don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin i gcomhréir leis an bhfaisnéis a thugann an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin de bhun Airteagal 21(1), pointe (p) ar pháipéar nó ar mheán | (a) fógra a thabhairt don chreidiúnaí nó don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin i gcomhréir leis an bhfaisnéis a thugann an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin de bhun Airteagal 21(1), pointe (p) ar pháipéar nó ar ***aon*** mheán |

| | |
|---|---|
| marthanach ***eile*** laistigh den sprioc-am a leagtar amach i mír 1; | marthanach ***eile a roghnóidh an tomhaltóir*** laistigh den sprioc-am a leagtar amach i mír 1; |

**Leasú 186**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 26 – mír 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7a. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 45 lena bhforlíontar an Treoir seo trí dhoiciméad caighdeánaithe aon leathanaigh a fhorbairt lena gcomhlíontar na ceanglais faisnéise dá bhforáiltear in Airteagal 21 chun cur i bhfeidhm mhír 1 den Airteagal seo a éascú.*** |

**Leasú 187**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 28 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, i gcás ina gcomhaontófar amhlaidh sa chomhaontú creidmheasa nó sa chomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, foirceannadh caighdeánach a dhéanamh ar chomhaontú creidmheasa neamhiata nó ar chomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin neamhiata trí fhógra ***2*** mhí ar a laghad a thabhairt don tomhaltóir ar pháipéar nó ar mheán marthanach ***eile***. | Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, i gcás ina gcomhaontófar amhlaidh sa chomhaontú creidmheasa nó sa chomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, foirceannadh caighdeánach a dhéanamh ar chomhaontú creidmheasa neamhiata nó ar chomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin neamhiata trí fhógra ***3*** mhí ar a laghad a thabhairt don tomhaltóir ar pháipéar nó ar ***aon*** mheán marthanach ***eile a roghnóidh an tomhaltóir***. |

**Leasú 188**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 28 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, i gcás ina gcomhaontófar amhlaidh sa chomhaontú creidmheasa nó sa chomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, ar chúiseanna a bhfuil údar oibiachtúil leo, foirceannadh a dhéanamh ar cheart an tomhaltóra tarraingt anuas ar chomhaontú creidmheasa neamhiata. Déanfaidh an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an tomhaltóir a chur ar an eolas faoin bhfoirceannadh agus faoi na cúiseanna atá leis ar pháipéar nó ar mheán marthanach ***eile***, i gcás inar féidir sula ndéanfar an foirceannadh agus ar a dhéanaí díreach ina dhiaidh sin, mura rud é go dtoirmeasctar le dlí an Aontais nó le dlí náisiúnta an fhaisnéis sin a sholáthar nó más rud é go bhfuil an soláthar sin contrártha do chuspóirí an bheartais phoiblí nó na slándála poiblí. | 2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, i gcás ina gcomhaontófar amhlaidh sa chomhaontú creidmheasa nó sa chomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, ar chúiseanna a bhfuil údar oibiachtúil leo, foirceannadh a dhéanamh ar cheart an tomhaltóra tarraingt anuas ar chomhaontú creidmheasa neamhiata. Déanfaidh an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an tomhaltóir a chur ar an eolas faoin bhfoirceannadh agus faoi na cúiseanna atá leis ar pháipéar nó ar ***aon*** mheán marthanach ***eile a roghnóidh an tomhaltóir***, i gcás inar féidir sula ndéanfar an foirceannadh agus ar a dhéanaí díreach ina dhiaidh sin, mura rud é go dtoirmeasctar le dlí an Aontais nó le dlí náisiúnta an fhaisnéis sin a sholáthar nó más rud é go bhfuil an soláthar sin contrártha do chuspóirí an bheartais phoiblí nó na slándála poiblí. |

**Leasú 189**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 29 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an tomhaltóir i dteideal aisíocaíocht luath tráth ar bith. Sna cásanna sin, beidh an tomhaltóir i dteideal laghdú a fháil ar chostas iomlán an chreidmheasa, arb éard a bheidh ann an t-ús agus na costais le haghaidh an fhaid a bheidh fágtha den chonradh. Le linn an laghdú sin a ríomh, déanfar na costais uile a fhorchuireann an creidiúnaí ar an tomhaltóir a chur san | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an tomhaltóir i dteideal aisíocaíocht luath tráth ar bith. Sna cásanna sin, beidh an tomhaltóir i dteideal laghdú a fháil ar chostas iomlán an chreidmheasa, arb éard a bheidh ann an t-ús agus na costais le haghaidh an fhaid a bheidh fágtha den chonradh. Le linn an laghdú sin a ríomh, déanfar na costais uile a fhorchuireann an creidiúnaí ar an tomhaltóir a chur san |

| | |
|---|---|
| áireamh. | áireamh***, seachas costais tosaigh, a bheidh ídithe go hiomlán tráth deonaithe na hiasachta agus a chomhfhreagraíonn do sheirbhísí a cuireadh ar fáil go héifeachtach don tomhaltóir*. *Déanfar na costais tosaigh a shainaithint agus a dhearbhú go leordhóthanach sa chomhaontú creidmheasa.*** |

**Leasú 190**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 29 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Beidh ríomh an chúitimh atá dlite don chreidiúnaí trédhearcach agus cuirfear in iúl don thomhaltóirí é ar bhealach intuigthe ag an gcéim réamhchonarthach agus in aon chás le linn fheidhmiú an chomhaontaithe creidmheasa.*** |

**Leasú 191**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 29 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) deonaítear an creidmheas i bhfoirm saoráid rótharraingte; | (b) deonaítear an creidmheas i bhfoirm saoráid rótharraingte ***nó rótharraingte intuigthe***; |

**Leasú 192**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 29 – mír 4 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) féadfaidh an creidiúnaí cúiteamh níos airde a éileamh go heisceachtúil más féidir leis an gcreidiúnaí a chruthú gur mó | (b) féadfaidh an creidiúnaí cúiteamh níos airde a éileamh go heisceachtúil más féidir leis an gcreidiúnaí a chruthú gur mó |

| | |
|---|---|
| an caillteanas a fulaingíodh de dheasca aisíocaíocht luath ná an méid a cinneadh i gcomhréir le mír 2. | an caillteanas a fulaingíodh de dheasca aisíocaíocht luath ná an méid a cinneadh i gcomhréir le mír 2. ***Mar sin féin, ní rachaidh an cúiteamh sin thar an méid úis a bheadh íoctha ag an tomhaltóir le linn na tréimhse idir an aisíocaíocht luath agus an dáta a comhaontaíodh le haghaidh fhoirceannadh an chomhaontaithe creidmheasa.*** |

**Leasú 193**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 31 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Féadfaidh na Ballstáit toirmisc nó teorainneacha a ghlacadh maidir le muirir shonracha nó táillí sonracha arna gcur i bhfeidhm ag creidiúnaithe ar a gcríoch.*** |

**Leasú 194**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 31 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Cuirfidh an Coimisiún na huasteorainneacha arna dtabhairt isteach ag na Ballstáit ar fáil go poiblí.*** |

**Leasú 195**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 31 – mír 2 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2c. Faoin... [Dáta trasuí + 12 mhí/, cuirfidh ÚBE tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin maidir le cur chun*** |

| | |
|---|---|
| | ***feidhme na n-uasteorainneacha de bhun mhír 1 sna Ballstáit. Beidh an méid seo a leanas, ar a laghad, sa tuarascáil sin:*** |
| | ***(a) comparáid idir modheolaíochtaí na mBallstát chun méid na n-uasteorainneachaa chinneadh;*** |
| | ***(b) comparáid idir leibhéal na n-uasteorainneacha ar fud na mBallstát;*** |
| | ***(c) measúnú ar éifeachtacht na n-uasteorainneacha chun tomhaltóirí a chosaint ar tháillí iomarcacha nó ar mhuirir iomarcacha;*** |
| | ***(d) bunaithe ar an measúnú dá dtagraítear i bpointe (c), cur chuige dea-chleachtais chun méid na n-uasteorainneacha a chinneadh*** |

**Leasú 196**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 32 – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ceanglóidh na Ballstáit go ngníomhóidh an creidiúnaí, an t-idirghabhálaí creidmheasa agus an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin ar bhealach macánta, cóir, trédhearcach agus gairmiúil agus go gcuirfidh siad cearta agus leasanna na dtomhaltóirí san áireamh le linn aon cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh: | Ceanglóidh na Ballstáit go ngníomhóidh an creidiúnaí, an t-idirghabhálaí creidmheasa agus an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin ar bhealach macánta***, freagrach,*** cóir, trédhearcach agus gairmiúil agus go gcuirfidh siad cearta agus leasanna na dtomhaltóirí san áireamh le linn aon cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh: |

**Leasú 197**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) fógraíocht faoi tháirgí creidmheasa;*** |

**Leasú 198**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 1 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) díol earraí nó seirbhísí a chumhdaítear le comhaontú creidmheasa nasctha a chur chun cinn;*** |

**Leasú 199**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 32 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tá an beartas luacha saothair comhsheasmhach le bainistíocht riosca stuama agus éifeachtach agus cuirtear an bhainistíocht sin chun cinn leis agus ní spreagtar glacadh riosca leis a sháraíonn an leibhéal riosca a nglacann an creidiúnaí leis; | (a) tá an beartas luacha saothair comhsheasmhach le bainistíocht riosca stuama agus éifeachtach agus cuirtear an bhainistíocht sin chun cinn leis agus ní spreagtar glacadh riosca leis a sháraíonn an leibhéal riosca a nglacann an creidiúnaí leis ***ná ní spreagtar cleachtais leis a bhfuil tionchar diúltach acu ar thomhaltóirí***; |

**Leasú 200**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 33 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go gceanglóidh creidiúnaithe, idirghabhálaithe creidmheasa agus soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin ar a bhfoireann leibhéal iomchuí eolais agus inniúlachta a choimeád cothrom le dáta i ndáil le comhaontuithe creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a mhonarú, a thairiscint agus a dheonú, gníomhaíochtaí idirghabhála creidmheasa a dhéanamh, agus seirbhísí comhairleacha nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go gceanglóidh creidiúnaithe, idirghabhálaithe creidmheasa agus soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin ar a bhfoireann leibhéal iomchuí eolais agus inniúlachta a choimeád cothrom le dáta i ndáil le comhaontuithe creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a mhonarú, a thairiscint, ***fógraíocht a dhéanamh fúthu***, agus iad a dheonú, gníomhaíochtaí idirghabhála creidmheasa a dhéanamh, agus seirbhísí comhairleacha nó |

| | |
|---|---|
| sholáthar. I gcás ina n-áireofar seirbhís choimhdeach i dtabhairt i gcrích comhaontaithe creidmheasa nó comhaontaithe maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, ceanglófar eolas agus inniúlacht iomchuí i ndáil leis an tseirbhís choimhdeach sin. | seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar ***agus cearta tomhaltóirí i gceantar a dtrádála***. I gcás ina n-áireofar seirbhís choimhdeach i dtabhairt i gcrích comhaontaithe creidmheasa nó comhaontaithe maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, ceanglófar eolas agus inniúlacht iomchuí i ndáil leis an tseirbhís choimhdeach sin. |

**Leasú 201**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 34 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfidh na Ballstáit bearta chun cinn lena dtacaítear le hoideachas a chur ar thomhaltóirí i ndáil le hiasacht a fháil agus fiacha a bhainistiú go freagrach, go háirithe i ndáil le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí. Soláthrófar faisnéis shoiléir agus ghinearálta maidir leis an bpróiseas deonaithe creidmheasa do thomhaltóirí chun iad a threorú, go háirithe iad sin a ghlacann creidmheas tomhaltóirí den chéad uair, agus go háirithe ar uirlisí digiteacha. | Cuirfidh na Ballstáit bearta chun cinn lena dtacaítear le hoideachas a chur ar thomhaltóirí i ndáil le hiasacht a fháil agus fiacha a bhainistiú go freagrach, go háirithe i ndáil le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí ***agus bainistiú ginearálta an bhuiséid***. Soláthrófar faisnéis shoiléir agus ghinearálta maidir leis an bpróiseas deonaithe creidmheasa do thomhaltóirí chun iad a threorú, go háirithe iad sin a ghlacann creidmheas tomhaltóirí den chéad uair, agus go háirithe ar uirlisí digiteacha. ***Agus na bearta sin á gceapadh agus á gcur chun cinn acu, comhoibreoidh na Ballstáit go dlúth leis na geallsealbhóirí ábhartha, agus go háirithe le heagraíochtaí tomhaltóirí.*** |

**Leasú 202**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 35 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ceanglóidh na Ballstáit ar chreidiúnaithe ***beartais agus nósanna imeachta leormhaithe a bheith acu chun go ndéanfaidh siad iarrachtaí*** chun, i gcás | 1. Ceanglóidh na Ballstáit ar chreidiúnaithe, i gcás inarb iomchuí, staonadh réasúnach a fheidhmiú sula dtionscnaítear imeachtaí forfheidhmithe**.** |

inarb iomchuí, staonadh réasúnach a fheidhmiú sula dtionscnaítear imeachtaí forfheidhmithe. Cuirfear san áireamh le bearta staonta den sórt sin, i measc eilimintí eile, imthosca an tomhaltóra agus ***féadfaidh***, i measc féidearthachtaí eile, na nithe seo a leanas a bheith i gceist leo:

***Molfaidh creidiúnaithe bearta staonta iomchuí, a bheidh saincheaptha do chúinsí aonair an tomhaltóra, do thomhaltóirí a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu***. Cuirfear san áireamh le bearta staonta den sórt sin, i measc eilimintí eile, imthosca an tomhaltóra agus ***beidh***, i measc féidearthachtaí eile, na nithe seo a leanas i gceist leo:

**Leasú 203**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 35 – mír 1 – pointe b – pointe iv**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) an ráta úis ***a athrú***; | (iv) an ráta úis ***a laghdú***; |

**Leasú 204**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 35 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Féadfaidh*** na Ballstáit a cheangal, i gcás ina gceadaítear don chreidiúnaí muirir a shainmhíniú agus a fhorchur ar an tomhaltóir a eascraíonn as mainneachtain, nach mbeidh na muirir sin níos mó ná mar is gá chun an creidiúnaí a chúiteamh as na costais a thabhaigh sé de dheasca na mainneachtana. | 3. ***Déanfaidh*** na Ballstáit a cheangal, i gcás ina gceadaítear don chreidiúnaí muirir a shainmhíniú agus a fhorchur ar an tomhaltóir a eascraíonn as mainneachtain, nach mbeidh na muirir sin níos mó ná mar is gá chun an creidiúnaí a chúiteamh as na costais a thabhaigh sé de dheasca na mainneachtana. |

**Leasú 205**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 35 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Féadfaidh na Ballstáit a cheadú do chreidiúnaithe muirir bhreise a fhorchur ar an tomhaltóir i gcás*** | ***scriosta*** |

***mainneachtana. Sa chás sin tabharfaidh na Ballstáit uasteorainn ar na muirir sin isteach.***

**Leasú 206**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 36 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear fiach-sheirbhísí comhairleacha ar fáil do thomhaltóirí. | ***1.*** Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear fiachsheirbhísí comhairleacha ***neamhspleácha*** ar fáil do thomhaltóirí ***a bhfuil deacrachtaí acu a ngealltanais airgeadais a chomhlíonadh, saor in aisce agus arna soláthar ag foireann nach bhfuil i gcás coinbhleachta leasa***. |

**Leasú 207**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 36 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh creidiúnaithe tomhaltóirí a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu nó ar dócha go mbeidh deacrachtaí airgeadais acu a tharchur go córasach chuig na seirbhísí comhairleacha fiachais is gaire atá ar fáil ina gceantar.*** |

**Leasú 208**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 36 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Ceanglófar ar an eagraíocht nó ar na daoine aonair a sholáthraíonn fiach-sheirbhísí comhairleacha clárú trí nós imeachta simplí leis an údarás inniúil*** |

***náisiúnta.***

**Leasú 209**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 36 – mír 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1c. Déanfaidh an Coimisiún, laistigh de 2 bhliain ó chur chun feidhme na Treorach seo, tuarascáil a thíolacadh ina dtabharfar forléargas ar infhaighteacht fiachsheirbhísí comhairleacha ar fud na mBallstát agus sainaithneoidh sé na cleachtais is fearr chun na seirbhísí sin a fhorbairt tuilleadh.*** |

**Leasú 210**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 36 – mír 1 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1d. Chun na hoibleagáidí a leagtar síos i mír 1 a chomhlíonadh, beidh próisis agus beartais i bhfeidhm ag creidiúnaithe chun tomhaltóirí a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu a bhrath go luath agus faireachán a dhéanamh orthu.*** |

**Leasú 211**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 36 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 36a*** |
| | ***Bailiú fiach*** |
| | ***Cinnfidh na Ballstáit na cleachtais a mheastar, in aon chás, a bheith neamh-inghlactha i mbailiú fiach.*** |

***Áireofar sna cleachtais sin, go háirithe, imeaglú ar thomhaltóirí, faisnéis dhlíthiúil bhréagach nó mhíthreorach a chur i láthair, agus glaonna iomarcacha a dhéanamh nó teachtaireachtaí iomarcacha a sheoladh.***

**Leasú 212**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Airteagal 37 | Airteagal 37 |
| Ligean isteach, clárú agus maoirseacht ar institiúidí neamhchreidmheasa | Ligean isteach, clárú agus maoirseacht ar institiúidí neamhchreidmheasa |
| Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh creidiúnaithe, idirghabhálaithe creidmheasa agus soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin ***nach institiúidí creidmheasa iad mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013*** faoi réir próiseas ligin isteach leordhóthanach agus faoi réir socruithe clárúcháin agus maoirseachta arna mbunú ag údarás inniúil neamhspleách. | Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh creidiúnaithe, idirghabhálaithe creidmheasa agus soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin faoi réir próiseas ligin isteach leordhóthanach agus faoi réir socruithe clárúcháin agus maoirseachta arna mbunú ag údarás inniúil neamhspleách. |
| | ***Beidh an fhéidearthacht creidmheasanna tomhaltóirí a thairiscint teoranta do na heintitis sin a bhfuil an t-údarú dá dtagraítear sa chéad mhír faighte acu. I gcás institiúidí creidmheasa mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, féadfar an t-údarú sin a fháil sa Bhallstát baile nó sa Bhallstát óstach mar a leagtar síos i bhforálacha Threoir 2013/36/AE. Déanfaidh an Coimisiún faireachán agus athbhreithniú go tráthrialta ar éifeachtúlacht na mbeart a dhéanfar.*** |

**Leasú 213**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 38 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) teacht ar chomhaontú leis an tomhaltóir maidir le haon táille dá dtagraítear i bpointe (b) ar pháipéar nó ar mheán marthanach ***eile*** sula dtugtar an comhaontú creidmheasa i gcrích; | (c) teacht ar chomhaontú leis an tomhaltóir maidir le haon táille dá dtagraítear i bpointe (b) ar pháipéar nó ar ***aon*** mheán marthanach ***eile a roghnóidh an tomhaltóir*** sula dtugtar an comhaontú creidmheasa i gcrích; |

**Leasú 214**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 39 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ceanglóidh na Ballstáit go gcuirfidh an creidiúnaí bunaidh nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin bunaidh an tomhaltóir ar an eolas faoin sannadh dá dtagraítear i mír 1, seachas i gcás ina leanfaidh an creidiúnaí bunaidh, trí chomhaontú leis an sannaí, den chreidmheas maidir leis an tomhaltóir a sheirbheáil. | 2. Ceanglóidh na Ballstáit go gcuirfidh an creidiúnaí bunaidh nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin bunaidh an tomhaltóir ar an eolas faoin sannadh dá dtagraítear i mír 1, seachas i gcás ina leanfaidh an creidiúnaí bunaidh ***nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin***, trí chomhaontú leis an sannaí, den chreidmheas maidir leis an tomhaltóir a sheirbheáil. |

**Leasú 215**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 39 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 45 lena bhforlíontar an Treoir seo i leith fhormáid an fhógra a bhfuil sé d'oibleagáid ar chreidiúnaí nó ar sholáthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar do*** |

| | |
|---|---|
| | ***thomhaltóirí i gcás ina sanntar cearta do thríú páirtí.*** |

**Leasú 216**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 40 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag tomhaltóirí ar nósanna imeachta réitithe díospóide lasmuigh den chúirt a bheidh leordhóthanach agus éifeachtach chun díospóidí idir tomhaltóirí agus creidiúnaithe, idirghabhálaithe creidmheasa nó soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a réiteach i ndáil le cearta agus oibleagáidí a bhunaítear faoin Treoir seo, agus úsáid á baint as comhlachtaí atá ann cheana féin i gcás inarb iomchuí. Beidh na nósanna imeachta sin um réiteach malartach díospóidí lasmuigh den chúirt, agus na heintitis a thairgeann iad, ag teacht leis na ceanglais cháilíochta a leagtar síos le Treoir 2013/11/AE. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag tomhaltóirí ar nósanna imeachta réitithe díospóide lasmuigh den chúirt a bheidh leordhóthanach***, pras*** agus éifeachtach chun díospóidí idir tomhaltóirí agus creidiúnaithe, idirghabhálaithe creidmheasa nó soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a réiteach i ndáil le cearta agus oibleagáidí a bhunaítear faoin Treoir seo, agus úsáid á baint as comhlachtaí atá ann cheana féin i gcás inarb iomchuí. Beidh na nósanna imeachta sin um réiteach malartach díospóidí lasmuigh den chúirt, agus na heintitis a thairgeann iad, ag teacht leis na ceanglais cháilíochta a leagtar síos le Treoir 2013/11/AE. |

**Leasú 217**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 40 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Déanfaidh na Ballstáit go mbeidh sé éigeantach do chreidiúnaithe, idirghabhálaithe creidmheasa agus soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a bheith rannpháirteach i sásraí um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt le haghaidh custaiméirí teaghlaigh, ach amháin má léiríonn na Ballstáit don Choimisiún go bhfuil sásraí eile chomh héifeachtach céanna.*** |

**Leasú 218**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 41 – mír 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8a. Féadfaidh na Ballstáit reachtaíocht náisiúnta a chur i bhfeidhm chun cumhachtaí idirghabhála táirgí a dheonú d'údaráis inniúla náisiúnta chun táirgí a mbaineann ráta ard mainneachtana leo a tharraingt siar de réir na sonraí a bhailítear de bhun Airteagal 41a.*** |

**Leasú 219**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 41 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 41a*** |
| | ***Bailiú sonraí*** |
| | ***Faoin... [sé mhí tar éis dháta an trasuí] agus gach sé mhí ina dhiaidh sin, baileoidh na húdaráis inniúla rátaí mainneachtana míosúla a bhaineann le cineálacha éagsúla táirgí creidmheasa tomhaltóirí atá ábhartha do raon feidhme na Treorach seo agus tuairisceoidh siad na sonraí sin don Choimisiún. Tarraingeoidh an Coimisiún suas tuarascáil chuimsitheach bhliantúil maidir leis na rátaí mainneachtana sin agus cuirfidh sé ar fáil go poiblí í.*** |
| | ***Féadfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh maidir le teimpléad agus formáid na sonraí arna dtuairisciú i gcomhréir leis an Airteagal seo.*** |

**Leasú 220**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 42 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina mbainfidh Ballstát úsáid as aon cheann de na roghanna rialála dá bhforáiltear in Airteagail 2(5) agus 2(6), Airteagal 8(1), Airteagal 8(2)(c), Airteagal 20(2), Airteagal 26(2) agus Airteagal 29(4), cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin mar aon le haon athrú a dhéanfar ina dhiaidh sin. Déanfaidh na Ballstáit na bearta iomchuí freisin chun an fhaisnéis sin a scaipeadh i measc creidiúnaithe náisiúnta, idirghabhálaithe creidmheasa, soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin agus tomhaltóirí. | 2. I gcás ina mbainfidh Ballstát úsáid as aon cheann de na roghanna rialála dá bhforáiltear in Airteagail 2(5) agus 2(6), Airteagal 8(1), Airteagal 8(2)(c), Airteagal 20(2), Airteagal 26(2) agus Airteagal 29(4)***, Airteagal 43(3a) agus Airteagal 44(2a)***, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin mar aon le haon athrú a dhéanfar ina dhiaidh sin. Déanfaidh na Ballstáit na bearta iomchuí freisin chun an fhaisnéis sin a scaipeadh i measc creidiúnaithe náisiúnta, idirghabhálaithe creidmheasa, soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin agus tomhaltóirí. |

**Leasú 221**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 43 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh ina ndlí náisiúnta do leibhéal níos airde cosanta do thomhaltóirí ná mar a leagtar síos in Airteagail 24 agus 25.*** |

**Leasú 222**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 44 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina mbeidh pionóis le forchur ***i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2017/2934***, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ar áireamh iontu an fhéidearthacht atá ann fíneálacha a fhorchur trí nósanna imeachta riaracháin nó imeachtaí dlíthiúla | 2. I gcás ina mbeidh pionóis le forchur, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ar áireamh iontu an fhéidearthacht atá ann fíneálacha a fhorchur trí nósanna imeachta riaracháin nó imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh maidir le fíneálacha a |

| | |
|---|---|
| a thionscnamh maidir le fíneálacha a fhorchur, nó an dá rud, ina mbeidh uasmhéid na bhfíneálacha sin cothrom le ***4 %*** ar a laghad de ***láimhdeachas bliantúil*** an chreidiúnaí, an idirghabhálaí creidmheasa nó soláthraí na seirbhísí sluachistiúcháin creidmheasa sa Bhallstát nó sna Ballstáit ***lena mbaineann an ghníomhaíocht forfheidhmithe chomhordaithe***. | fhorchur, nó an dá rud, ina mbeidh uasmhéid na bhfíneálacha sin cothrom le ***6 %*** ar a laghad ***de láimhdeachas bliantúil*** an chreidiúnaí, an idirghabhálaí creidmheasa nó soláthraí na seirbhísí sluachistiúcháin creidmheasa sna Ballstáit uile lena mbaineann**.** |

**Leasú 223**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 44 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. I gcás sáruithe córasacha agus sáruithe leantacha ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo ag an gcreidiúnaí, ag an idirghabhálaí creidmheasa nó ag an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, i gcás inar léir nach féidir cuspóir an phionóis a áirithiú le forchur pionós i gcomhréir le mír 2, agus go bhfuil éifeacht shuaiteach ag an sárú ar na forálacha sin ar an margadh, féadfaidh na Ballstáit, mar rogha dheireanach, foráil a dhéanamh maidir le leigheasanna struchtúracha a fhorchur.*** |

**Leasú 224**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 44 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 44a*** |
| | ***Leigheasanna*** |
| | ***Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag tomhaltóirí ar leigheasanna comhréireacha agus éifeachtacha, lena n-*** |

***áirítear cúiteamh, i gcomhréir leis an dlí sibhialta náisiúnta is infheidhme, as damáiste a bhain don tomhaltóir agus, i gcás inarb ábhartha, laghdú ar an bpraghas nó foirceannadh an chonartha. Beidh na leigheasanna sin gan dochar do chur i bhfeidhm leigheasanna eile atá ar fáil do thomhaltóirí faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta.***

**Leasú 225**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 46 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Gach ***5*** bliana agus den chéad uair ***5*** bliana ó dháta chur i bhfeidhm na Treorach seo, tabharfaidh an Coimisiún faoi mheastóireacht uirthi. San áireamh leis an meastóireacht beidh measúnú ar na tairseacha a leagtar síos in Airteagal 2 (2), pointe c, agus i gCuid II d'Iarscríbhinn IV, agus ar na céatadáin a úsáidtear chun an cúiteamh is iníoctha i gcás aisíocaíocht luath a ríomh dá dtagraítear in Airteagal 29, agus measúnú á dhéanamh orthu i bhfianaise treochtaí eacnamaíocha san Aontas agus staid an mhargaidh lena mbaineann. | 1. Gach ***3*** bliana agus den chéad uair ***3*** bliana ó dháta chur i bhfeidhm na Treorach seo, tabharfaidh an Coimisiún faoi mheastóireacht uirthi. San áireamh leis an meastóireacht beidh measúnú ar na tairseacha a leagtar síos in Airteagal 2 (2), pointe c, agus i gCuid II d'Iarscríbhinn IV, agus ar na céatadáin a úsáidtear chun an cúiteamh is iníoctha i gcás aisíocaíocht luath a ríomh dá dtagraítear in Airteagal 29, agus measúnú á dhéanamh orthu i bhfianaise treochtaí eacnamaíocha san Aontas agus staid an mhargaidh lena mbaineann. |

**Leasú 226**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 46 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Sa mheastóireacht dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh an Coimisiún san áireamh freisin measúnú ar fhoirmeacha nua soláthraithe seirbhíse atá rannpháirteach sa mhargadh creidmheasa tomhaltóirí agus béim ar leith ar threochtaí digiteacha, ar mhéideanna digiteacha*** |

| | |
|---|---|
| | ***agus ar threochtaí digiteacha maidir le soláthar trasteorann creidmheasanna in aghaidh an Bhallstáit, na costais a bhaineann leis an Treoir seo a chomhlíonadh le haghaidh creidiúnaithe agus soláthraithe seirbhísí sluachistiúcháin arna ndifreáil de réir mhéid na gcuideachtaí agus líon agus méid na bpionós arna bhforchur ag na húdaráis náisiúnta i gcomhréir leis an Treoir seo nó i ndáil leis an Treoir seo arna haicmiú ag na Ballstáit. Féadfaidh na Ballstáit, i gcás inar gá, leasuithe ar an Treoir seo a mholadh.*** |

**Leasú 227**

**Togra le haghaidh Treorach**
**IARSCRÍBHINN 1 — cuid 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | |
|---|---|
| 2. Tuairisc ar phríomhghnéithe an táirge creidmheasa | |
| An cineál creidmheasa; | |
| ***Méid iomlán an chreidmheasa*** <br> ***Ciallaíonn sé sin an uasteorainn nó na suimeanna iomlána a chuirtear ar fáil i gcomhréir leis an gcomhaontú creidmheasa nó leis an gcomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin.*** | |
| Na coinníollacha lena rialaítear an tarraingt anuas <br> Ciallaíonn sé seo conas agus cathain a gheobhaidh tú an t-airgead. | |
| ***Fad an chomhaontaithe creidmheasa nó an chomhaontaithe chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar*** | |
| Tráthchodanna agus, i gcás inarb iomchuí, an t-ord ina leithdháilfear tráthchodanna | Beidh ort an méid seo a leanas a íoc: <br> [Méid, líon agus minicíocht na n-íocaíochtaí atá le déanamh ag an tomhaltóir] |

| | |
|---|---|
| | Beidh ús agus/nó muirir iníoctha mar seo a leanas: |
| An méid iomlán a bheidh ort a íoc<br>Ciallaíonn sé seo an méid caipitil a fuarthas ar iasacht móide ús agus costais fhéideartha a bhaineann le do chreidmheas. | [Suim mhéid iomlán an chreidmheasa agus costas iomlán an chreidmheasa] |
| ***I gcás inarb infheidhme***<br>***Déantar an creidmheas a dheonú i bhfoirm íocaíocht iarchurtha le haghaidh earra nó seirbhíse nó tá sé nasctha le soláthar earraí sonracha nó le soláthar seirbhíse***<br>***Ainm an earra/na seirbhíse***<br>***Praghas ar airgead tirim*** | |
| I gcás inarb infheidhme<br>Urraí ag teastáil<br>Is cur síos é seo ar an urrús atá le soláthar agat i ndáil leis an gcomhaontú creidmheasa. | [An cineál urraí] |
| I gcás inarb infheidhme<br>Ní eascraíonn amúchadh láithreach ar an gcaipiteal as aisíocaíochtaí. | |
| I gcás inarb infheidhme<br>Rinneadh an praghas a phearsantú ar bhonn cinnteoireacht uathoibrithe. | |

| *Leasú* | |
|---|---|
| 2. Tuairisc ar phríomhghnéithe an táirge creidmheasa | |
| An cineál creidmheasa; | |
| | |
| Na coinníollacha lena rialaítear an tarraingt anuas<br>Ciallaíonn sé seo conas agus cathain a gheobhaidh tú an t-airgead. | |
| | |

| | |
|---|---|
| Tráthchodanna agus, i gcás inarb iomchuí, an t-ord ina leithdháilfear tráthchodanna | Beidh ort an méid seo a leanas a íoc:<br>[Méid, líon agus minicíocht na n-íocaíochtaí atá le déanamh ag an tomhaltóir]<br>Beidh ús agus/nó muirir iníoctha mar seo a leanas: |
| An méid iomlán a bheidh ort a íoc<br>Ciallaíonn sé seo an méid caipitil a fuarthas ar iasacht móide ús agus costais fhéideartha a bhaineann le do chreidmheas. | [Suim mhéid iomlán an chreidmheasa agus costas iomlán an chreidmheasa] |
| | |
| I gcás inarb infheidhme<br>Urraí ag teastáil<br>Is cur síos é seo ar an urrús atá le soláthar agat i ndáil leis an gcomhaontú creidmheasa. | [An cineál urraí] |
| I gcás inarb infheidhme<br>Ní eascraíonn amúchadh láithreach ar an gcaipiteal as aisíocaíochtaí. | |
| I gcás inarb infheidhme<br>Rinneadh an praghas a phearsantú ar bhonn cinnteoireacht uathoibrithe. | |

**Leasú 228**

**Togra le haghaidh Treorach**
**IARSCRÍBHINN 1 — cuid 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | |
|---|---|
| 3. Costais an chreidmheasa | |
| ***An ráta iasachta nó, i gcás inarb infheidhme, na rátaí iasachta éagsúla is infheidhme maidir leis an gcomhaontú creidmheasa nó maidir leis an gcomhaontú chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar.*** | ***[ %***<br>***— seasta, nó***<br>***— athraitheach (leis an innéacs nó leis an ráta tagartha is infheidhme maidir leis an ráta iasachta tosaigh),***<br>***— tréimhsí]*** |

| | |
|---|---|
| ***Ráta céatadánach bliantúil an mhuirir (APR)***<br><br>***Is é sin an costas iomlán a shloinntear mar chéatadán bliantúil den mhéid iomlán creidmheasa.***<br><br>***Is ann do APR chun cabhrú leat tairiscintí éagsúla a chur i gcomparáid le chéile.*** | ***[ % Ní mór sampla ionadaíoch a leagan amach anseo, ar sampla é lena luaitear na toimhdí uile a úsáideadh chun ráta céatadánach bliantúil an mhuirir a ríomh]*** |
| An bhfuil sé éigeantach, chun an creidmheas a fháil nó é a fháil ar na téarmaí agus coinníollacha a mhargaítear, chun iad seo a leanas a thógáil amach:<br><br>— polasaí árachais lena n-urraítear an creidmheas, nó<br><br>— conradh seirbhíse coimhdí eile?<br><br>Murab eol don chreidiúnaí, don idirghabhálaí creidmheasa ná don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin costais na seirbhísí sin, ní áirítear iad san APR. | Tá/níl [i gcás ‘tá’, sonraigh an cineáil árachais]<br><br>Tá/níl [i gcás ‘tá’, sonraigh an cineáil seirbhíse coimhdí] |
| Costais ghaolmhara | |
| I gcás inarb infheidhme<br><br>Ní mór cuntas amháin nó níos mó a choinneáil chun idirbhearta íocaíochta agus tarraingtí anuas araon a thaifeadadh | |
| I gcás inarb infheidhme<br><br>Méid na gcostas a bhaineann le modh sonrach íocaíochta a úsáid (e.g. cárta creidmheasa) | |
| I gcás inarb infheidhme<br><br>Aon chostais eile a eascraíonn as an gcomhaontú creidmheasa nó as an gcomhaontú maidir le seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar | |
| I gcás inarb infheidhme<br><br>Coinníollacha faoinar féidir na costais thuasluaite a bhaineann leis an gcomhaontú creidmheasa nó leis an gcomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a athrú | |
| I gcás inarb infheidhme<br><br>Oibleagáid táillí nótaireachta a íoc | |

| | |
|---|---|
| ***Costais na n-íocaíochtaí déanacha***<br><br>***D'fhéadfadh sé go mbeadh iarmhairtí tromchúiseacha ann duit mar gheall ar íocaíochtaí a mhainneachtain (e.g. díol éigeantach) agus go mbeadh sé níos deacra duit creidmheas a fháil sa todhchaí.*** | ***Déanfar [… (an ráta úis is infheidhme agus socruithe maidir lena choigeartú agus, i gcás inarb infheidhme, muirir mhainneachtana)] a ghearradh ort as íocaíochtaí déanacha.*** |

| | |
|---|---|
| *Leasú* | |
| 3. Costais an chreidmheasa | |
| | |
| | |
| An bhfuil sé éigeantach, chun an creidmheas a fháil nó é a fháil ar na téarmaí agus coinníollacha a mhargaítear, chun iad seo a leanas a thógáil amach:<br><br>— polasaí árachais lena n-urraítear an creidmheas, nó<br><br>— conradh seirbhíse coimhdí eile?<br><br>Murab eol don chreidiúnaí, don idirghabhálaí creidmheasa ná don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin costais na seirbhísí sin, ní áirítear iad san APR. | Tá/níl [i gcás 'tá', sonraigh an cineáil árachais]<br><br>Tá/níl [i gcás 'tá', sonraigh an cineáil seirbhíse coimhdí] |
| Costais ghaolmhara | |
| I gcás inarb infheidhme<br><br>Ní mór cuntas amháin nó níos mó a choinneáil chun idirbhearta íocaíochta agus tarraingtí anuas araon a thaifeadadh | |
| I gcás inarb infheidhme<br><br>Méid na gcostas a bhaineann le modh sonrach íocaíochta a úsáid (e.g. cárta creidmheasa) | |
| I gcás inarb infheidhme<br><br>Aon chostais eile a eascraíonn as an gcomhaontú creidmheasa nó as an gcomhaontú maidir le seirbhísí creidmheasa | |

| | |
|---|---|
| sluachistiúcháin a sholáthar | |
| I gcás inarb infheidhme<br>Coinníollacha faoinar féidir na costais thuasluaite a bhaineann leis an gcomhaontú creidmheasa nó leis an gcomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a athrú | |
| I gcás inarb infheidhme<br>Oibleagáid táillí nótaireachta a íoc | |
| | |

**Leasú 229**

**Togra le haghaidh Treorach**
**IARSCRÍBHINN 1 — cuid 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | |
|---|---|
| 4. Gnéithe tábhachtacha dlíthiúla eile | |
| ***An ceart chun tarraingt siar***<br>***Tá sé de cheart agat tarraingt siar ón gcomhaontú creidmheasa nó ón gcomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin laistigh de thréimhse 14 lá féilire.*** | |
| ***Aisíocaíocht luath***<br>***Tá sé de cheart agat an creidmheas a aisíoc go luath tráth ar bith go hiomlán nó go páirteach.*** | |

| | |
|---|---|
| I gcás inarb infheidhme<br>Tá an creidiúnaí i dteideal cúitimh i gcás aisíocaíocht luath | [Cinneadh an chúitimh (modh ríofa) i gcomhréir leis na forálacha lena gcuirtear Airteagal 29 de Threoir chun feidhme...] |
| Bunachar sonraí a cheadú<br>Ní mór don chreidiúnaí, don idirghabhálaí creidmheasa nó don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin tú a chur ar an eolas láithreach agus gan mhuirear maidir leis an toradh a bheidh ar bhunachar sonraí a cheadú, má dhiúltaítear d'iarratas creidmheasa ar bhonn comhairliúcháin den sórt sin. Ní bheidh feidhm ag an méid sin má thoirmisctear soláthar na faisnéise sin le dlí an Aontais nó má tá sé contrártha le cuspóirí beartais phoiblí nó slándála poiblí. | |
| An ceart chun dréacht-chomhaontú creidmheasa nó dréacht-chomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin<br>Tá sé de cheart agat, arna iarraidh sin, cóip den dréacht-chomhaontú creidmheasa nó den dréacht-chomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a fháil saor in aisce. Níl feidhm ag an bhforáil seo mura bhfuil an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin toilteanach, tráth d'iarratais, dul ar aghaidh le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe creidmheasa nó an chomhaontaithe maidir le soláthar seirbhísí sluachistiúcháin leat. | |
| I gcás inarb infheidhme<br>An tréimhse ama ar lena linn atá an creidiúnaí nó soláthraí na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin faoi cheangal ag an bhfaisnéis réamhchonarthach | Tá an fhaisnéis seo bailí ó... go dtí... |
| Maidir le sásamh<br>Tá sé de cheart agat rochtain a fháil ar shásra gearán agus sásaimh lasmuigh den chúirt | [An sásra gearáin agus sásaimh lasmuigh den chúirt don tomhaltóir agus conas é a rochtain] |

I gcás inarb infheidhme

| *Leasú* | |
|---|---|
| 4. Gnéithe tábhachtacha dlíthiúla eile | |
| | |
| | |
| I gcás inarb infheidhme<br>Tá an creidiúnaí i dteideal cúitimh i gcás aisíocaíocht luath | [Cinneadh an chúitimh (modh ríofa) i gcomhréir leis na forálacha lena gcuirtear Airteagal 29 de Threoir chun feidhme...] |
| Bunachar sonraí a cheadú<br>Ní mór don chreidiúnaí, don idirghabhálaí creidmheasa nó don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin tú a chur ar an eolas láithreach agus gan mhuirear maidir leis an toradh a bheidh ar bhunachar sonraí a cheadú, má dhiúltaítear d’iarratas creidmheasa ar bhonn comhairliúcháin den sórt sin. Ní bheidh feidhm ag an méid sin má thoirmisctear soláthar na faisnéise sin le dlí an Aontais nó má tá sé contrártha le cuspóirí beartais phoiblí nó slándála poiblí. | |
| An ceart chun dréacht-chomhaontú creidmheasa nó dréacht-chomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin<br>Tá sé de cheart agat, arna iarraidh sin, cóip den dréacht-chomhaontú creidmheasa nó den dréacht-chomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a fháil saor in aisce. Níl feidhm ag an bhforáil seo mura bhfuil an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin toilteanach, tráth d’iarratais, dul ar aghaidh le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe creidmheasa nó an chomhaontaithe maidir le soláthar seirbhísí sluachistiúcháin leat. | |
| I gcás inarb infheidhme<br>An tréimhse ama ar lena linn atá an creidiúnaí nó soláthraí na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin faoi cheangal ag an bhfaisnéis réamhchonarthach | Tá an fhaisnéis seo bailí ó... go dtí... |

| | |
|---|---|
| Maidir le sásamh<br>Tá sé de cheart agat rochtain a fháil ar shásra gearán agus sásaimh lasmuigh den chúirt | [An sásra gearáin agus sásaimh lasmuigh den chúirt don tomhaltóir agus conas é a rochtain] |

I gcás inarb infheidhme

Leasú 230

**Togra le haghaidh Treorach**
**IARSCRÍBHINN I – pointe 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | |
|---|---|
| | |
| | |

| ***Leasú*** | |
|---|---|
| ***5a. An phríomhfhaisnéis atá le soláthar ag tús na foirme le haghaidh na Faisnéise Caighdeánaí Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra*** | |
| ***Méid iomlán an chreidmheasa***<br>***Ciallaíonn sé sin an uasteorainn nó na suimeanna iomlána a chuirtear ar fáil i gcomhréir leis an gcomhaontú creidmheasa nó leis an gcomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin*** | |
| ***Fad an chomhaontaithe creidmheasa nó an chomhaontaithe chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar*** | |
| ***An ráta iasachta nó, na rátaí iasachta uile má tá feidhm ag rátaí iasachta éagsúla in imthosca éagsúla; i gcás creidmheasanna a bhfuil ráta iasachta athraitheach acu, ionsamhlúchán den tionchar ar chostas an chreidmheasa a bhaineann le hathruithe réasúnta aníos ar an ráta iasachta*** | ***[ %***<br>***— seasta, nó***<br>***— athraitheach (leis an innéacs nó leis an ráta tagartha is infheidhme maidir leis an ráta iasachta tosaigh),***<br>***— tréimhsí]*** |
| ***Ráta céatadánach bliantúil an mhuirir (APR)***<br>***Is é sin an costas iomlán a shloinntear mar chéatadán bliantúil den mhéid iomlán creidmheasa. Is ann do APR chun cabhrú leat tairiscintí éagsúla a chur i gcomparáid*** | ***[ % Ní mór sampla ionadaíoch a leagan amach anseo, ar sampla é lena luaitear na toimhdí uile a úsáideadh chun ráta céatadánach bliantúil an mhuirir a ríomh]*** |

| | |
|---|---|
| ***le chéile.*** | |
| ***Iarmhairtí dlíthiúla agus airgeadais ar íocaíochtaí atá ar iarraidh nó ar íocaíochtaí déanacha, lena n-áirítear costais ghaolmhara***<br><br>***D'fhéadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith ort mar thoradh ar íocaíochtaí a bheith ar iarraidh (e.g. díolachán éigeantach) agus d'fhéadfadh sé a bheith níos deacra duit creidmheas a fháil amach anseo.*** | ***Gearrfar [...(ráta úis infheidhme agus socruithe maidir lena choigeartú agus, i gcás inarb infheidhme, muirir mhainneachtana)] ort as íocaíochtaí déanacha.*** |
| ***Aisíocaíocht luath***<br><br>***Tá sé de cheart agat an creidmheas a aisíoc go luath tráth ar bith go hiomlán nó go páirteach.***<br><br>***I gcás inarb infheidhme,***<br>***Tá sé de cheart agat cúiteamh a fháil.*** | ***[Sampla den tslí ina gcinnfear an cúiteamh sin]*** |
| ***I gcás ina léirítear 'i gcás inarb infheidhme', ní mór don chreidiúnaí nó don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an bosca a líonadh isteach má tá an fhaisnéis ábhartha don táirge creidmheasa, nó an fhaisnéis nó an ró iomlán a scriosadh i gcás nach bhfuil an fhaisnéis ábhartha maidir leis an gcineál creidmheasa lena mbaineann.***<br><br>***Tugtar mínithe don chreidiúnaí nó don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin leis na léirithe atá idir lúibíní cearnacha agus ní mór an fhaisnéis chomhfhreagrach a chur ina n-ionad.***<br><br>***Ní mór an fhoirm seo a thaispeáint ag tús na foirme le haghaidh na Faisnéise Caighdeánaí Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra, ní mór í a bheith inléite go soiléir agus ní mór í a oiriúnú chun srianta teicniúla na meán ar a dtaispeántar í a chur san áireamh.*** | |

**Leasú 231**

**Togra le haghaidh Treorach**

## IARSCRÍBHINN II

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún |
|---|
| ***IARSCRÍBHINN II***<br>***FORBHREATHNÚ CAIGHDEÁNACH EORPACH UM CHREIDMHEAS TOMHALTÓRA*** |

| | |
|---|---|
| ***Méid iomlán an chreidmheasa***<br>***Ciallaíonn sé sin an uasteorainn nó na suimeanna iomlána a chuirtear ar fáil i gcomhréir leis an gcomhaontú creidmheasa nó leis an gcomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin.*** | |
| ***Fad an chomhaontaithe creidmheasa nó na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin;*** | |
| ***An ráta iasachta nó, i gcás inarb infheidhme, na rátaí iasachta éagsúla is infheidhme maidir leis an gcomhaontú creidmheasa nó maidir leis na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin.*** | ***[ %***<br>***— seasta, nó***<br>***— athraitheach (leis an innéacs nó leis an ráta tagartha is infheidhme maidir leis an ráta iasachta tosaigh),***<br>***— tréimhsí]*** |
| ***Ráta céatadánach bliantúil an mhuirir (APR)***<br>***Is é sin an costas iomlán a shloinntear mar chéatadán bliantúil den mhéid iomlán creidmheasa.***<br>***Is ann do APR chun cabhrú leat tairiscintí éagsúla a chur i gcomparáid le chéile.*** | ***[ % Ní mór sampla ionadaíoch a leagan amach anseo, ar sampla é lena luaitear na toimhdí uile a úsáideadh chun ráta céatadánach bliantúil an mhuirir a ríomh]*** |
| ***I gcás inarb infheidhme***<br>***Déantar an creidmheas a dheonú i bhfoirm íocaíocht iarchurtha le haghaidh earra nó seirbhíse nó tá sé nasctha le soláthar earraí sonracha nó le soláthar seirbhíse***<br>***Ainm an earra/na seirbhíse***<br>***Praghas ar airgead tirim*** | |
| ***Costais íocaíochtaí déanacha***<br>***D'fhéadfadh sé go mbeadh iarmhairtí tromchúiseacha ann duit mar gheall ar íocaíochtaí a mhainneachtain (e.g. díol éigeantach) agus go mbeadh sé níos deacra*** | ***Déanfar [… (an ráta úis is infheidhme agus socruithe maidir lena choigeartú agus, i gcás inarb infheidhme, muirir mhainneachtana)] a ghearradh ort as íocaíochtaí déanacha.*** |

| | |
|---|---|
| ***duit creidmheas a fháil sa todhchaí.*** | |
| ***I gcás ina léirítear 'i gcás inarb infheidhme', ní mór don chreidiúnaí nó don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an bosca a líonadh isteach má tá an fhaisnéis ábhartha don táirge creidmheasa, nó an fhaisnéis nó an ró iomlán a scriosadh i gcás nach bhfuil an fhaisnéis ábhartha maidir leis an gcineál creidmheasa lena mbaineann.*** <br> ***Tugtar mínithe don chreidiúnaí nó don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin leis na léirithe atá idir lúibíní cearnacha agus ní mór an fhaisnéis chomhfhreagrach a chur ina n-ionad.*** <br> ***Ba cheart an Forbhreathnú Caighdeánach Eorpach um Chreidmheasa Tomhaltóra a thaispeáint ar leathanach amháin ar bharr na foirme le haghaidh na Faisnéise Caighdeánaí Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra, ba cheart é a bheith inléite go soiléir agus oiriúnaithe chun na srianta teicniúla de chuid meáin áirithe ar a dtaispeánfar é a chur san áireamh.*** | |

| *Leasú* | |
|---|---|
| ***scriosta*** | |

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Eascraíonn an Treoir reatha maidir le Creidmheas Tomhaltóirí ó 2008 agus ó bhí an bhliain sin ann tá athrú mór tagtha ar an margadh do tháirgí creidmheasa. Mar thoradh ar an digitiú, tá méadú tagtha ar infhaighteacht creidmheasanna do thomhaltóirí agus ar an bhféidearthacht creidmheas a fháil gan ach cúpla clic ar a ríomhaire. Chuir paindéim COVID-19 dlús le hinfhaighteacht táirgí agus seirbhísí ar líne, lena n-áirítear táirgí creidmheasa. Ag an am céanna, mar thoradh ar phaindéim COVID-19, tá deacrachtaí airgeadais ag go leor Eorpach agus ag a dteaghlaigh. Tháinig méadú ar an ngá atá le creidmheasanna do thomhaltóirí agus is gá d'institiúidí airgeadais iad féin a chur in oiriúint do mhéid méadaithe tomhaltóirí a bhfuil deacrachtaí acu a n-iasachtaí reatha a íoc ar ais.

Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Rapóirtéir an togra ón gCoimisiún maidir leis an Treoir um Chreidmheas do Thomhaltóirí (Treoir). Ba cheart reachtaíocht éifeachtach a sheasfaidh an aimsir a bheith mar thoradh ar an athbhreithniú sin, a bheadh réidh chun tomhaltóirí a chur ar an eolas agus a chosaint ar bhealach níos fearr agus chun timpeallacht níos intuartha a chruthú do chreidiúnaithe Eorpacha.

**Raon feidhme**

Tá an Rapóirtéir sásta a fheiceáil go bhfuil leathnú ar an raon feidhme san áireamh sa togra ón gCoimisiún. Mar thoradh ar an digitiú, tá méadú tagtha ar infhaighteacht táirgí creidmheasa ach, chomh maith leis sin, tá méadú tagtha ar líon na dtáirgí creidmheasa nua nach raibh faoi raon feidhme na Treorach atá ann faoi láthair go fóill. Dá bhrí sin, is díol sásaimh don Rapóirtéir na tograí a rinne an Coimisiún agus a bhfuil cúpla togra aige chun cur leis an raon feidhme. Sa dréacht-tuarascáil seo tá leathnú ar an raon feidhme go comhaontuithe fruilithe agus léasaithe araon, lena n-áirítear comhaontuithe léasaithe gan rogha ceannaigh. Is minic a d'fhág comhaontuithe gan rogha ceannaigh go raibh ró-thomhaltas ag tomhaltóirí agus go n-íocfaí suim fhoriomlán a chuaigh thar luach an táirge ar léas.

Is sampla maith iad seirbhísí sluachistiúcháin de chineál nua táirgí atá á dtíolacadh ar an margadh creidmheasa. Chun seirbhísí den chineál céanna a chumhdach amach anseo, molann an Rapóirtéir go gcumhdófaí seirbhísí creidmheasa a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo sa raon feidhme freisin. Mar sin féin, measann an Rapóirtéir nach dtugtar aghaidh go leordhóthanach sa togra ón gCoimisiún ar shaincheist an iasachtaithe sluachistiúcháin 'idir piaraí'. Dá bhrí sin, molann an Rapóirtéir nach dtagann iasachtú sluachistiúcháin 'idir piaraí' faoi raon feidhme reatha na Treorach seo. Déanfaidh an Coimisiún a mheas go tapa an bhfuil gá le rialáil chun cosaint leordhóthanach a áirithiú do dhaoine nádúrtha a fhaigheann iasachtaí agus a dhéanann infheistíocht trí ardáin sluachistiúcháin, i gcás nach ngníomhaíonn an t-ardán mar chreidiúnaí ná mar idirghabhálaí creidmheasa, ach éascaíonn sé deonú creidmheasa idir tomhaltóirí atá ag gníomhú mar chreidiúnaithe lasmuigh dá dtrádáil, dá ngnó nó dá ngairm agus tomhaltóirí atá ag gníomhú mar úinéirí tionscadail. Ní mór d'aon athbhreithniú a dhéanfar amach anseo na rialacha agus cosaint an tomhaltóra a choigeartú – an féichiúnaí mar pháirtí níos laige, ach gá ann freisin le leibhéal áirithe cosanta don tomhaltóir – agus don chreidiúnaí freisin. Dá bhrí sin, molann an Rapóirtéir go ndéanfadh an Coimisiún athbhreithniú cuimsitheach ar an Treoir seo in 2024 ar a dhéanaí agus béim ar leith á leagan ar an iasachtú sluachistiúcháin 'idir piaraí'.

**Fógraíocht**
Is féidir le táirgí creidmheasa a bheith casta agus, dá bhrí sin, ba cheart dianrialú a dhéanamh ar fhógraíocht na dtáirgí sin chun cosc a chur ar thomhaltóirí a chur ar míthreoir (neamhbheartaithe). Molann an Rapóirtéir cosc ar fhógraíocht phearsantaithe agus oibleagáid gan ach tairiscintí caighdeánaithe a thaispeáint. Ina theannta sin, ba cheart na ceanglais maidir le fógraí a leathnú le faisnéis faoi iarmhairtí agus/nó costais na n-íocaíochtaí a chailltear. Ar deireadh, ba cheart do na Ballstáit cosc a chur ar fhógraí míthreoracha a dhéanann tearcchaiteacht ar iarmhairtí iasachta, a d'fhéadfadh rófhéichiúnas a chruthú agus a dhíríonn ar a éasca atá sé iasacht a fháil.

**Faisnéis réamhchonarthach**
Tá ríthábhacht le faisnéis do thomhaltóirí sula bhfaigheann siad iasacht. Dá bhrí sin, molann an Rapóirtéir go gcuirfí an fhaisnéis sin ar fáil ar an gcaoi is soiléire agus is féidir ach gan barraíocht faisnéise a thabhairt dóibh. Chun é sin a dhéanamh, molann sí gan foirm eile a thabhairt isteach lena soláthar do thomhaltóirí, ach an fhoirm atá ann cheana maidir le Faisnéis Chaighdeánach Eorpach um Chreidmheas Tomhaltóra (SECCI) a athstruchtúrú agus faisnéis a chur isteach maidir le híocaíochtaí nach ndearnadh agus maidir leis an gceart chun tarraingt siar.

**Measúnú ar acmhainneacht creidmheasa**
Le measúnú éifeachtach ar acmhainneacht creidmheasa, cosnaítear creidiúnaithe ó iasachtaí nach n-aisíoctar agus tomhaltóirí ar rófhéichiúnas. Is éifeachtaí measúnú ar acmhainneacht creidmheasa, áfach, mura measúnaítear ach sonraí airgeadais fíor-riachtanacha tomhaltóra. Aontaíonn an Rapóirtéir nár cheart sonraí a thagann ó na meáin shóisialta a úsáid riamh sna measúnuithe sin agus, dá bhrí sin, molann sé liosta de shonraí airgeadais oibiachtúla a úsáidfear chun measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht creidmheasa duine. Ba cheart toirmeasc a chur ar úsáid aon chineál sonraí eile, go sonrach sonraí maidir le sláinte agus staid nó stair leighis an tomhaltóra i ndáil le hailse. San Eoraip, tá os cionn 12 mhilliún duine a tháinig slán ón ailse. Tá rochtain dhiúltaithe ar iasachtaí nó ar árachas ar na saincheisteanna is mó a ndéantar faillí orthu do dhaoine a tháinig slán ón ailse Tá gá le bearta dlíthiúla chun dul i ngleic le hidirdhealú agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn. Níor cheart do na creidiúnaithe, do na soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin agus do na hárachóirí stair leighis na ndaoine a ndearna ailse difear dóibh a chur san áireamh. Go dtí seo, tá forálacha ann i gcúig Bhallstát de chuid AE lena n-áirithítear rochtain chomhionann ar chreidmheas do dhaoine a leigheastar ar fhadhbanna sláinte sonracha: An Fhrainc, an Bheilg, Lucsamburg, an Ísiltír agus an Phortaingéil. Ba cheart an fhoráil sin a chur chun feidhme i ngach Ballstát agus ba cheart freisin í a leathnú chun seirbhísí coimhdeacha a chumhdach, lena n-áirítear polasaithe árachais. Leis an athbhreithniú ar an Treoir seo, tugtar deis an éagóir sin a dhéantar i gcoinne daoine a tháinig slán ón ailse agus a dteaghlaigh a leigheas.

**UASTEORAINNeacha**
Le tréimhse i bhfad rófhada, tá tomhaltóirí san Eoraip ag tabhairt aghaidh ar chostais mhíréasúnta agus fiú ar chostais dúshaothraithe ar a gcuid creidmheasanna, a mbíonn an tionchar is mó acu ar thomhaltóirí leochaileacha. Cuirfidh uasteorainneacha ar an ráta céatadánach bliantúil muirir agus ar chostas iomlán an chreidmheasa do thomhaltóirí teorainn leis na costais ar iasachtaí tomhaltóirí a bhíonn millteanach uaireanta, agus cosnóidh siad tomhaltóirí ar iasachtaí atá thar a n-acmhainn. Is gnáthchleachtas é sin cheana féin i roinnt Ballstát de chuid an Aontais. Ós rud é go bhfuil an Rapóirtéir ar an eolas faoin staid éagsúil agus faoin gcur chuige éagsúil maidir le rialáil na n-uasteorainneacha sin sna Ballstáit, tá sí

den tuairim nár mhór cuid mhór solúbthachta a fhágáil ag na Ballstáit maidir le céatadán nó méid na huasteorann a roghnaíonn siad. Ag an am céanna, is gá an deis a thabhairt do na Ballstáit uasteorainneacha breise a shocrú, e.g. d'uasmhéid na dtáillí.

**Iasachtaí glasa**
Tá tairiscintí d'iasachtaí tomhaltóirí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de teoranta ar fud an Aontais faoi láthair. Sa Phortaingéil, mar shampla, tá an uasteorainn le haghaidh iasachtaí glasa áirithe (e.g. iasachtaí pearsanta a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite) socraithe ag leibhéal níos déine ná táirgí creidmheasa eile do thomhaltóirí. Tá sé tábhachtach uasteorainn níos ísle a chur i bhfeidhm le haghaidh iasachtaí glasa tomhaltóirí chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag tomhaltóirí ar mhaoiniú inacmhainne chun cabhrú leo a dtionscadail ghlasa a chomhlíonadh. Ar mhaithe le feabhas a chur ar fhorbairt tionscadal glas amhail feithiclí leictreacha a cheannach, nó athchóiriú tí atá tíosach ar fhuinneamh, ba cheart do chreidiúnaithe táirgí creidmheasa glasa inacmhainne do thomhaltóirí a thairiscint mar chuid dá bpunanna agus beartais chomhfhreagracha a fhorbairt. Chun na críche sin, creideann an Rapóirtéir go ndéanfaidh an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), mar aon le geallsealbhóirí ón tionscal agus ionadaithe tomhaltóirí, raon táirgí creidmheasa tomhaltóirí caighdeánaithe atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a fhorbairt.

**Bailiú fiach**
Ba cheart go mbeadh sé ina chomhiarracht ag tomhaltóirí, ag creidiúnaithe agus ag reachtóirí cosc a chur ar rófhéichiúnas a bheith roimh thomhaltóirí. Ar mhaithe leis an sprioc sin, molann an Rapóirtéir athruithe chun an t-ualach ar dhaoine a bhfuil deacrachtaí acu a gcuid iasachtaí a aisíoc a laghdú.  Nuair a tharlaíonn sé ar deireadh, go mbíonn bailiú fiachais mar thoradh ar iasacht, mhéadódh níos mó rialacha maidir le bailiú fiachais éifeachtacht agus soláimhsitheacht an phróisis don tomhaltóir. Dá bhrí sin, molann an Rapóirtéir Airteagal nua maidir le bailiú fiachais, lena leagtar síos rialacha maidir leis an bpróiseas bailithe fiachais. Cuirfidh na Ballstáit toirmeasc ar roinnt cleachtas, d'fhonn cásanna ciaptha tomhaltóirí a sheachaint, ar cásanna iad a dhéanann níos mó dochar ná maitheas don sprioc maidir leis an iasacht a aisíoc, rud a d'fhágfadh go mbeadh meath ag teacht ar an staid don tomhaltóir ach go mbeadh iarmhairtí diúltacha ann don tsochaí freisin.

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA N-EINTITEAS NÓ NA NDAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Rinneadh an liosta seo a leanas a tharraingt suas ar bhonn deonach amháin faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara. Fuair an rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas in ullmhú na tuarascála, go dtí go nglacfar í sa choiste:

| **Eintiteas agus/nó duine** |
|---|
| Comhlachas Oibreoirí Líonraí Teileachumarsáide na hEorpa (ETNO) |
| Direct Selling Europe (DSE) |
| Comhlachas Eorpach na gComharbhanc agus AML (EACB) |
| Finance Watch |
| Cónaidhm Eorpach na nIdirghabhálaithe Árachais (BIPAR) |
| An Chónaidhm Baincéireachta Eorpach (EBF) |
| Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) (Rapóirtéir Bogdan Preda) |
| Biúró Eorpach na gCumann Tomhaltóirí (BEUC) |
| Cónaidhm Baincéireachta na Fraince (FBF) |
| Comhairle Dhomhanda na gComhar Creidmheasa (WOCCU) |
| American Express |
| Cónaidhm Eorpach na gCumann Tithe Airgeadais (Eurofinas) |
| Grúpa na mBanc Taisce Eorpach (ESBG) |
| Klarna |
| An ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad do dhaoine a tháinig slán ón ailse – Comhghuaillíocht Eorpach na nOthar Ailse (ECPC) |

28.4.2022

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHTA AGUS AIRGEADAÍOCHTA

chuig an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creidmheasanna tomhaltóirí
(COM(2021)0347 – C9-0244/2021 – 2021/0171(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Marek Belka

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Rannchuidigh an digitiú le forbairtí margaidh nár tuaradh tráth a glacadh Treoir 2008/48/CE. Go deimhin, tá athruithe suntasacha tagtha ar mhargadh na gcomhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí de bharr na mearfhorbairtí teicneolaíocha a cláraíodh ó Threoir 2008 i leith, ó thaobh an tsoláthair de agus ó thaobh an éilimh de araon, amhail teacht chun cinn táirgí nua agus forbairt iompraíocht agus roghanna na dtomhaltóirí. | (4) Rannchuidigh an digitiú le forbairtí margaidh nár tuaradh tráth a glacadh Treoir 2008/48/CE. Go deimhin, tá athruithe suntasacha tagtha ar mhargadh na gcomhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí de bharr na mearfhorbairtí teicneolaíocha a cláraíodh ó Threoir 2008 i leith, ó thaobh an tsoláthair de agus ó thaobh an éilimh de araon, amhail teacht chun cinn táirgí nua agus forbairt iompraíocht agus roghanna na dtomhaltóirí. ***Is ann freisin do réimse leathan roghanna fíordheimhniúcháin anois mar thoradh ar an digitiú. Le cuid mhaith acu sin, is féidir conarthaí creidmheasa a fhormheas agus a shíniú*** |

***go digiteach.***

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Tá sé tábhachtach go mbainfeadh tomhaltóirí tairbhe as ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí. Mar sin, ba cheart é a bheith indéanta saorghluaiseacht tairiscintí creidmheasa a dhéanamh faoi na dálaí is fearr dóibh sin a thairgeann creidmheas agus dóibh sin a cheanglaíonn é araon, agus aird chuí á tabhairt ar staideanna sonracha sna Bhallstáit. | (12) Tá sé tábhachtach go mbainfeadh tomhaltóirí tairbhe as ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí ***mar aon le réitigh atá áisiúil agus costéifeachtach***. Mar sin, ba cheart é a bheith indéanta saorghluaiseacht tairiscintí creidmheasa a dhéanamh faoi na dálaí is fearr dóibh sin a thairgeann creidmheas agus dóibh sin a cheanglaíonn é araon, agus aird chuí á tabhairt ar staideanna sonracha sna Bhallstáit. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Cinntear raon feidhme an chomhchuibhithe leis na sainmhínithe atá sa Treoir seo. Dá bhrí sin, ba cheart an oibleagáid ar na Ballstáit chun an Treoir seo a chur chun feidhme a bheith teoranta dá raon feidhme mar a chinntear leis na sainmhínithe sin. Mar sin féin, ba cheart an Treoir seo a bheith gan dochar do chur i bhfeidhm fhorálacha na Treorach seo ag na Ballstáit, i gcomhréir le dlí an Aontais, maidir le réimsí nach gcumhdaítear lena raon feidhme. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh Ballstát reachtaíocht náisiúnta a choinneáil ar bun nó a thabhairt isteach, reachtaíocht náisiúnta a chomhfhreagraíonn don Treoir seo nó d’fhorálacha áirithe den Treoir seo maidir le comhaontuithe creidmheasa lasmuigh dá raon feidhme, mar shampla maidir le comhaontuithe creidmheasa arb | (14) Cinntear raon feidhme an chomhchuibhithe leis na sainmhínithe atá sa Treoir seo ***agus ní dochar iad don dlí náisiúnta sna cásanna a léirítear thíos***. Dá bhrí sin, ba cheart an oibleagáid ar na Ballstáit chun an Treoir seo a chur chun feidhme a bheith teoranta dá raon feidhme mar a chinntear leis na sainmhínithe sin. Mar sin féin, ba cheart an Treoir seo a bheith gan dochar do chur i bhfeidhm fhorálacha na Treorach seo ag na Ballstáit, i gcomhréir le dlí an Aontais, maidir le réimsí nach gcumhdaítear lena raon feidhme. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh Ballstát reachtaíocht náisiúnta a choinneáil ar bun nó a thabhairt isteach, reachtaíocht náisiúnta a chomhfhreagraíonn don Treoir seo nó d’fhorálacha áirithe den Treoir seo maidir le comhaontuithe creidmheasa |

| | |
|---|---|
| amhlaidh, ar iad a bheith tugtha i gcrích, a iarrtar ar an tomhaltóir ní a thaisceadh mar urrús i slánchoimeád an chreidiúnaí agus ina bhfuil dliteanas an tomhaltóra teoranta go docht don ní sin atá curtha i ngeall. Thairis sin, d'fhéadfadh na Ballstáit an Treoir seo a chur i bhfeidhm freisin maidir le creidmheas nasctha nach dtagann faoi réim an tsainmhínithe ar chomhaontú creidmheasa nasctha sa Treoir seo. Mar sin, d'fhéadfaí forálacha na Treorach seo maidir le comhaontuithe creidmheasa nasctha a chur i bhfeidhm maidir le comhaontuithe creidmheasa nach bhfónann ach i bpáirt chun conradh a mhaoiniú le hearraí a sholáthar nó seirbhís a sholáthar. | lasmuigh dá raon feidhme, mar shampla maidir le comhaontuithe creidmheasa arb amhlaidh, ar iad a bheith tugtha i gcrích, a iarrtar ar an tomhaltóir ní a thaisceadh mar urrús i slánchoimeád an chreidiúnaí agus ina bhfuil dliteanas an tomhaltóra teoranta go docht don ní sin atá curtha i ngeall. Thairis sin, d'fhéadfadh na Ballstáit an Treoir seo a chur i bhfeidhm freisin maidir le creidmheas nasctha nach dtagann faoi réim an tsainmhínithe ar chomhaontú creidmheasa nasctha sa Treoir seo. Mar sin, d'fhéadfaí forálacha na Treorach seo maidir le comhaontuithe creidmheasa nasctha a chur i bhfeidhm maidir le comhaontuithe creidmheasa nach bhfónann ach i bpáirt chun conradh a mhaoiniú le hearraí a sholáthar nó seirbhís a sholáthar. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Tá Treoir 2008/48/CE curtha i bhfeidhm ag roinnt Ballstát maidir le réimsí nach gcumhdaítear lena raon feidhme chun an leibhéal cosanta tomhaltóirí a fheabhsú. Go deimhin, is féidir le roinnt de na comhaontuithe creidmheasa nach dtagann faoi raon feidhme na Treorach sin a bheith díobhálach do thomhaltóirí, lena n-áirítear iasachtaí gearrthéarmacha a bhfuil costas ard ag baint leo a mbíonn a méid níos ísle de ghnáth ná an íostairseach EUR 200 a leagtar amach i dTreoir 2008/48/CE. Sa chomhthéacs sin, agus leis an aidhm ardleibhéal cosanta a áirithiú do thomhaltóirí agus an margadh creidmheasa tomhaltóirí trasteorann a éascú, ba cheart do raon feidhme na Treorach seo roinnt comhaontuithe a bhí eisiata ó raon feidhme Threoir 2008/48/CE a chumhdach, amhail comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí faoi bhun EUR 200. ***Mar an*** | (15) Tá Treoir 2008/48/CE curtha i bhfeidhm ag roinnt Ballstát maidir le réimsí nach gcumhdaítear lena raon feidhme chun an leibhéal cosanta tomhaltóirí a fheabhsú. Go deimhin, is féidir le roinnt de na comhaontuithe creidmheasa nach dtagann faoi raon feidhme na Treorach sin a bheith díobhálach do thomhaltóirí, lena n-áirítear iasachtaí gearrthéarmacha a bhfuil costas ard ag baint leo a mbíonn a méid níos ísle de ghnáth ná an íostairseach EUR 200 a leagtar amach i dTreoir 2008/48/CE. Sa chomhthéacs sin, agus leis an aidhm ardleibhéal cosanta a áirithiú do thomhaltóirí agus an margadh creidmheasa tomhaltóirí trasteorann a éascú, ba cheart do raon feidhme na Treorach seo roinnt comhaontuithe a bhí eisiata ó raon feidhme Threoir 2008/48/CE a chumhdach, amhail comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí faoi bhun EUR 200. ***Chun*** |

***gcéanna***, ba cheart táirgí eile a d'fhéadfadh a bheith díobhálach, mar gheall ar na costais arda atá orthu nó na táillí arda a bhaineann leo i gcás íocaíochtaí a chailltear, a chumhdach leis an Treoir seo, chun trédhearcacht mhéadaithe agus cosaint níos fearr a áirithiú do thomhaltóirí, rud as a dtiocfaidh muinín tomhaltóirí níos airde. Sa mhéid sin***, maidir le comhaontuithe léasaithe***, comhaontuithe creidmheasa i bhfoirm saoráid rótharraingte agus i gcás inar gá an creidmheas a aisíoc laistigh de mhí amháin, agus comhaontuithe creidmheasa i gcás ina ndeonaítear an creidmheas saor ó ús agus gan aon mhuirear eile, lena n-áirítear scéimeanna Ceannaigh Anois, Íoc Níos Déanaí, i.e. uirlisí nua airgeadais leictreonaigh a ligeann do thomhaltóirí rudaí a cheannach agus íoc astu de réir a chéile, agus comhaontuithe creidmheasa ar faoina dtéarmaí atá an creidmheas le haisíoc laistigh de 3 mhí agus nach bhfuil ach muirir neamhshuntasacha iníoctha, níor cheart iad a eisiamh ó raon feidhme chur i bhfeidhm na Treorach seo. Thairis sin, ba cheart gach comhaontú creidmheasa suas go dtí EUR 100 000 a áireamh i raon feidhme chur i bhfeidhm na Treorach seo. Ba cheart uastairseach na gcomhaontuithe creidmheasa faoin Treoir seo a mhéadú chun innéacsú a chur san áireamh chun coigeartú d'éifeachtaí an bhoilscithe ó 2008 i leith agus sna blianta atá le teacht.

***'raison d'être' na gcreidmheasanna gearrthéarmacha sin/na gcreidmheasanna sin nach bhfuil ach suim bheag i gceist leo a choimeád, áfach, ní mór ceanglais chomhréireacha a bheith ag gabháil le leathnú an raoin feidhme. Dá ainneoin sin***, ba cheart táirgí eile a d'fhéadfadh a bheith díobhálach, mar gheall ar na costais arda atá orthu nó na táillí arda a bhaineann leo i gcás íocaíochtaí a chailltear, a chumhdach leis an Treoir seo, chun trédhearcacht mhéadaithe agus cosaint níos fearr a áirithiú do thomhaltóirí, rud as a dtiocfaidh muinín tomhaltóirí níos airde. Chuige sin, maidir le comhaontuithe creidmheasa i bhfoirm saoráid rótharraingte agus i gcás inar gá an creidmheas a aisíoc laistigh de mhí amháin, agus comhaontuithe creidmheasa i gcás ina ndeonaítear an creidmheas saor ó ús agus gan aon mhuirear eile, lena n-áirítear scéimeanna Ceannaigh Anois, Íoc Níos Déanaí, i.e. uirlisí nua airgeadais leictreonaigh a ligeann do thomhaltóirí rudaí a cheannach agus íoc astu thar thréimhse ama, agus comhaontuithe creidmheasa ar faoina dtéarmaí atá an creidmheas le haisíoc laistigh de 3 mhí agus nach bhfuil ach muirir neamhshuntasacha iníoctha, níor cheart iad a eisiamh ó raon feidhme chur i bhfeidhm na Treorach seo. ***Ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann cur i bhfeidhm forálacha áirithe den Treoir seo maidir le táirgí creidmheasa a eisiamh mar a luaitear in Airteagal 2. Ba cheart na heisiaimh sin sa dlí náisiúnta a bheith formheasta ag an gCoimisiún, agus ba cheart don Choimisiún mínithe an Bhallstáit ar na heisiaimh sin a fhoilsiú***. Thairis sin, ba cheart gach comhaontú creidmheasa suas go dtí EUR 100 000 a áireamh i raon feidhme chur i bhfeidhm na Treorach seo. Ba cheart uastairseach na gcomhaontuithe creidmheasa faoin Treoir seo a mhéadú chun innéacsú a chur san áireamh chun coigeartú d'éifeachtaí an bhoilscithe ó 2008 i leith agus sna blianta

| | |
|---|---|
| | atá le teacht. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Ba cheart faisnéis, amhail faisnéis réamhchonarthach nó faisnéis ghinearálta, a chur ar fáil saor in aisce do thomhaltóirí. | (24) Ba cheart faisnéis ***faoin Treoir seo***, amhail faisnéis réamhchonarthach nó faisnéis ghinearálta, a chur ar fáil saor in aisce do thomhaltóirí faoin Treoir seo. ***Ba cheart do na Ballstáit uasteorainn a chur le haon chostas a bhaineann le faisnéis bhreise a sholáthar don tomhaltóir arna iarraidh sin dó nach dtagann faoi cheanglais na Treorach seo.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) I dtaca le tomhaltóirí a bhfuil cónaí orthu go dleathach san Aontas, níor cheart idirdhealú a dhéanamh orthu mar gheall ar a náisiúntacht ná a n-áit chónaithe, nó ar aon fhoras dá dtagraítear in Airteagal 21 den Chairt nuair atá comhaontú creidmheasa á iarraidh, á thabhairt i gcrích nó á shealbhú acu chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar laistigh den Aontas. | (26) I dtaca le tomhaltóirí a bhfuil cónaí orthu go dleathach san Aontas, níor cheart idirdhealú a dhéanamh orthu mar gheall ar a náisiúntacht ná a n-áit chónaithe, nó ar aon fhoras dá dtagraítear in Airteagal 21 den Chairt nuair atá comhaontú creidmheasa á iarraidh, á thabhairt i gcrích nó á shealbhú acu chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar laistigh den Aontas. ***Cuirtear na forálacha sin i bhfeidhm gan dochar do cheart na gcreidiúnaithe gan dul i mbun gníomhaíochtaí áirithe i mBallstáit áirithe.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Ionas go mbeidh na tomhaltóirí in ann a gcinntí a dhéanamh agus láneolas acu ar na fíorais, ba cheart faisnéis leordhóthanach a thabhairt dóibh, chun go mbreithneoidís go cúramach iad ar a bhfóillíocht agus ar a n-áisiúlacht féin, ***lá amháin ar a laghad*** roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe creidmheasa nó an chomhaontaithe chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar, lena n-áirítear faisnéis faoi choinníollacha agus costas an chreidmheasa agus faoina n-oibleagáidí, mar aon le mínithe leordhóthanacha ar na nithe sin. Ba cheart na rialacha sin a bheith gan dochar do Threoir 93/13/CEE ón gComhairle[29] .<br><br>[29] Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra (IO L 95, 21.4.1993, lch. 29). | (30) Ionas go mbeidh na tomhaltóirí in ann a gcinntí a dhéanamh agus láneolas acu ar na fíorais, ba cheart go bhfaighidís faisnéis leormhaith, chun breithniú cúramach a dhéanamh ina leith ar a bhfóillíocht agus ar a n-áisiúlacht féin, ***in am trátha ach tráth nach déanaí ná 3 uair an chloig*** roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe creidmheasa nó an chomhaontaithe chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar, lena n-áirítear faisnéis faoi choinníollacha agus costas an chreidmheasa agus faoina n-oibleagáidí, mar aon le mínithe leormhaithe ar na nithe sin. Ba cheart na rialacha sin a bheith gan dochar do Threoir 93/13/CEE ón gComhairle[29] .<br><br>[29] Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra (IO L 95, 21.4.1993, lch. 29). |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Ba cheart faisnéis réamhchonarthach a sholáthar trí fhoirm don Fhaisnéis Chaighdeánach Eorpach um Chreidmheas Tomhaltóra. Chun cuidiú le tomhaltóirí tairiscintí a thuiscint agus a chur i gcomparáid le chéile, ba cheart foirm ***le haghaidh an Fhorbhreathnaithe Chaighdeánaigh Eorpaigh um Chreidmheas Tomhaltóra*** lena ndéantar achoimre ar an bpríomhghné den chreidmheas a sholáthar ***anuas ar*** an bhfoirm le haghaidh na Faisnéise Caighdeánaí Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra, trínar cheart do thomhaltóirí | (31) Ba cheart faisnéis réamhchonarthach a sholáthar trí fhoirm don Fhaisnéis Chaighdeánach Eorpach um Chreidmheas Tomhaltóra. Chun cabhrú le tomhaltóirí tairiscintí a thuiscint agus a chur i gcomparáid le chéile, ba cheart foirm ***aon leathanaigh amháin*** lena ndéantar achoimre ar an bpríomhghné den chreidmheas a sholáthar ***mar leathanach cumhdaigh*** na foirme le haghaidh na Faisnéise Caighdeánaí Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra, trínar cheart do thomhaltóirí an fhaisnéis fhíor-riachtanach uile a fheiceáil d’aon amharc, fiú amháin ar |

| | |
|---|---|
| an fhaisnéis fhíor-riachtanach uile a fheiceáil d'aon amharc, fiú amháin ar scáileán fóin shoghluaiste. Ba cheart an fhaisnéis a bheith soiléir, inléite go soiléir agus oiriúnaithe chun na srianta teicniúla de chuid meáin áirithe amhail scáileán fóin shoghluaiste a chur san áireamh. Ba cheart í a thaispeáint ar bhealach leordhóthanach agus oiriúnach ar chainéil éagsúla, lena áirithiú gur féidir le gach tomhaltóir faisnéis a rochtain ar an mbonn céanna agus i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30] . | scáileán fóin shoghluaiste. ***Ba cheart na gnéithe sin a chur i láthair i bhfoirm ghrafach, más féidir***. Ba cheart an fhaisnéis a bheith soiléir, inléite go soiléir agus oiriúnaithe chun na srianta teicniúla de chuid meáin áirithe amhail scáileán fóin shoghluaiste a chur san áireamh. Ba cheart í a thaispeáint ar bhealach leordhóthanach agus oiriúnach ar chainéil éagsúla, lena áirithiú gur féidir le gach tomhaltóir faisnéis a rochtain ar an mbonn céanna agus i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. |
| ___________________ | ___________________ |
| [30] Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70). | [30] Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70). |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Chun an trédhearcacht agus an inchomparáideacht is iomláine is féidir a áirithiú maidir le tairiscintí, leis an bhfaisnéis réamhchonarthach ba cheart, go háirithe, ráta céatadánach bliantúil an mhuirir is infheidhme maidir leis an gcreidmheas a áireamh, a chinntear ar an mbealach céanna ar fud an Aontais. Ós rud é nach féidir ráta céatadánach bliantúil an mhuirir a léiriú ag an gcéim sin ach amháin trí shampla, ba cheart an sampla sin a bheith ionadaíoch. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith ag comhfhreagairt, mar shampla, do mheánfhad agus don mhéid iomlán creidmheasa a deonaíodh le haghaidh an chineáil comhaontaithe creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin atá á mheas agus, más infheidhme, do na hearraí a ceannaíodh. Nuair atá an sampla | (32) Chun an trédhearcacht agus an inchomparáideacht is iomláine is féidir a áirithiú maidir le tairiscintí, leis an bhfaisnéis réamhchonarthach ba cheart, go háirithe, ráta céatadánach bliantúil an mhuirir is infheidhme maidir leis an gcreidmheas a áireamh, a chinntear ar an mbealach céanna ar fud an Aontais. Ós rud é nach féidir ráta céatadánach bliantúil an mhuirir a léiriú ag an gcéim sin ach amháin trí shampla, ba cheart an sampla sin a bheith ionadaíoch. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith ag comhfhreagairt, mar shampla, do mheánfhad agus don mhéid iomlán creidmheasa a deonaíodh le haghaidh an chineáil comhaontaithe creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin atá á mheas agus, más infheidhme, do na hearraí a ceannaíodh. Nuair atá an sampla |

| | |
|---|---|
| ionadaíoch á chinneadh, ba cheart minicíocht cineálacha áirithe comhaontaithe creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin i margadh sonrach a chur san áireamh freisin. A mhéid a bhaineann leis an ráta iasachta, le minicíocht na dtráthchodanna agus le caipitliú úis, ba cheart do chreidiúnaithe úsáid a bhaint as a ngnáthmhodh chun an creidmheas tomhaltóirí lena mbaineann a ríomh. ***I gcás ina soláthrófar faisnéis réamhchonarthach níos lú ná lá amháin sula mbeidh an tomhaltóir faoi cheangal ag aon chomhaontú creidmheasa nó comhaontú chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar,*** cuirfidh an creidiúnaí agus, i gcás inarb infheidhme, an t-idirghabhálaí creidmheasa nó soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, i gcuimhne do thomhaltóirí, lá amháin tar éis an conradh a thabhairt i gcrích, go bhfuil an deis acu tarraingt siar as an gcomhaontú creidmheasa. | ionadaíoch á chinneadh, ba cheart minicíocht cineálacha áirithe comhaontaithe creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin i margadh sonrach a chur san áireamh freisin. A mhéid a bhaineann leis an ráta iasachta, le minicíocht na dtráthchodanna agus le caipitliú úis, ba cheart do chreidiúnaithe úsáid a bhaint as a ngnáthmhodh chun an creidmheas tomhaltóirí lena mbaineann a ríomh. Ba cheart don chreidiúnaí agus, i gcás inarb infheidhme, don idirghabhálaí creidmheasa nó do sholáthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, a chur i gcuimhne do thomhaltóirí, aon lá amháin tar éis an conradh a thabhairt i gcrích, gur féidir leo tarraingt siar ón gcomhaontú creidmheasa. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (38) Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag na Ballstáit cineál ceangailteach ***ionchasach*** na faisnéise atá le soláthar don tomhaltóir a rialáil roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe creidmheasa nó na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin agus maidir leis an tréimhse ar lena linn atá an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin le bheith faoi cheangal aige. | (38) Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag na Ballstáit cineál ceangailteach ***nó neamhcheangailteach*** na faisnéise atá le soláthar don tomhaltóir a rialáil roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe creidmheasa nó na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin agus an tréimhse ama ar lena linn atá an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin le bheith faoi cheangal aige. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 39**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (39) D'ainneoin na faisnéise réamhchonarthaí atá le soláthar, is féidir go mbeidh cúnamh breise fós ag teastáil ón tomhaltóir chun a chinneadh, laistigh den raon táirgí a bheartaítear, cén comhaontú creidmheasa nó na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin is iomchuí le haghaidh a riachtanas agus a staide airgeadais. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go soláthróidh creidiúnaithe agus, i gcás inarb infheidhme, idirghabhálaithe creidmheasa agus soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an cúnamh sin i ndáil leis na táirgí creidmheasa a thairgeann siad don tomhaltóir, trí mhínithe leordhóthanacha a sholáthar maidir leis an bhfaisnéis ábhartha lena n-áirítear go háirithe saintréithe fíor-riachtanacha na dtáirgí a mholtar don tomhaltóir ar bhealach pearsantaithe ionas gur féidir leis an tomhaltóir na héifeachtaí a fhéadfaidh a bheith acu ar a staid eacnamaíoch a thuiscint. Ba cheart do chreidiúnaithe agus, i gcás inarb infheidhme, idirghabhálaithe creidmheasa agus soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an bealach a dtugtar na mínithe sin a oiriúnú do na himthosca ina dtairgtear an creidmheas agus don ghá atá ag an tomhaltóir le cúnamh, agus eolas agus taithí an tomhaltóra ar chreidmheas agus cineál táirgí creidmheasa aonair á gcur san áireamh. Níor cheart na mínithe sin a bheith ina moladh pearsanta astu féin. | (39) D'ainneoin na faisnéise réamhchonarthaí atá le soláthar, is féidir go mbeidh cúnamh breise fós ag teastáil ón tomhaltóir chun a chinneadh, laistigh den raon táirgí a bheartaítear, cén comhaontú creidmheasa nó na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin is iomchuí le haghaidh a riachtanas agus a staide airgeadais. Ba cheart, dá bhrí sin, do na Ballstáit a áirithiú go soláthróidh creidiúnaithe agus, i gcás inarb infheidhme, idirghabhálaithe creidmheasa agus soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an cúnamh sin i ndáil leis na táirgí creidmheasa a thairgeann siad don tomhaltóir, trí mhínithe leormhaithe a sholáthar maidir leis an bhfaisnéis ábhartha ***ar bhealach sothuigthe sula síneofar an conradh***, lena n-áirítear go háirithe saintréithe fíor-riachtanacha na dtáirgí a mholtar don tomhaltóir ar bhealach pearsantaithe***, más féidir,*** ionas gur féidir leis an tomhaltóir na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith acu ar a staid eacnamaíoch a thuiscint. Ba cheart do chreidiúnaithe agus, i gcás inarb infheidhme, idirghabhálaithe creidmheasa agus soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an bealach a dtugtar na mínithe sin a oiriúnú do na himthosca ina dtairgtear an creidmheas agus don ghá atá ag an tomhaltóir le cúnamh, agus eolas agus taithí an tomhaltóra ar chreidmheas agus cineál táirgí creidmheasa aonair á gcur san áireamh. Níor cheart na mínithe sin a bheith ina moladh pearsanta astu féin. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) Mar a léiríodh sa Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán lena | (40) Mar a léiríodh sa Togra le haghaidh Rialachán ón gCoimisiún lena leagtar síos |

| | |
|---|---|
| leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le hintleacht shaorga (an Gníomh um Intleacht Shaorga)[31] , is féidir córais intleachta saorga (AI) a úsáid go héasca in earnálacha éagsúla an gheilleagair agus na sochaí, lena n-áirítear ar bhonn trasteorann, agus a bheith i gcúrsaíocht ar fud an Aontais. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a cheadú do chreidiúnaithe, d'idirghabhálaithe creidmheasa agus do sholáthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin praghas a dtairiscintí a phearsantú le haghaidh tomhaltóirí sonracha nó catagóirí sonracha tomhaltóirí bunaithe ar chinnteoireacht uathoibríoch agus ar phróifíliú uathoibríoch ar iompraíocht tomhaltóirí lenar féidir leo cumhacht ceannaigh an tomhaltóra a mheasúnú. ***Dá bhrí sin,*** ba cheart tomhaltóirí a chur ar an eolas go soiléir nuair atá an praghas a chuirtear faoina mbráid pearsantaithe ar bhonn na próiseála uathoibrithe, ionas gur féidir leo na rioscaí ionchasacha a chur san áireamh ina gcinneadh ceannaigh. | rialacha comhchuibhithe maidir le hintleacht shaorga (an Gníomh um an Intleacht Shaorga)[31] , is féidir córais intleachta saorga (IS) a úsáid go héasca in earnálacha éagsúla an gheilleagair agus na sochaí, lena n-áirítear ar bhonn trasteorann, agus a bheith i gcúrsaíocht ar fud an Aontais. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a cheadú do chreidiúnaithe, d'idirghabhálaithe creidmheasa agus do sholáthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin praghas a dtairiscintí a phearsantú le haghaidh tomhaltóirí sonracha nó catagóirí sonracha tomhaltóirí bunaithe ar chinnteoireacht uathoibríoch agus ar phróifíliú uathoibríoch ar iompraíocht tomhaltóirí lenar féidir leo cumhacht ceannaigh an tomhaltóra a mheasúnú. Ba cheart tomhaltóirí a chur ar an eolas go soiléir nuair a bhíonn an praghas a chuirtear faoina mbráid pearsantaithe ar bhonn na próiseála uathoibrithe ***i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679***, ionas gur féidir leo na rioscaí ionchasacha a chur san áireamh ina gcinneadh ceannaigh. |
| [31] 31 COM/2021/206 final. | [31] 31 COM/2021/206 final. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 41**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (41) Mar riail ghinearálta, níor cheart cleachtais nasctha a cheadú mura rud é nach bhféadfaí an tseirbhís airgeadais ná an táirge a thairgtear mar aon leis an gcomhaontú creidmheasa nó na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a thairiscint ar leithligh ós cuid iomlán chomhtháite den chreidmheas í nó é, mar shampla i gcás saoráid rótharraingte. Agus cúinsí comhréireachta á gcur san áireamh, ba cheart go mbeadh creidiúnaithe nó | (41) Mar riail ghinearálta, níor cheart cleachtais nasctha a cheadú mura rud é nach bhféadfaí an tseirbhís airgeadais ná an táirge a thairgtear mar aon leis an gcomhaontú creidmheasa nó na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a thairiscint ar leithligh ós cuid iomlán chomhtháite den chreidmheas í nó é, mar shampla i gcás saoráid rótharraingte. Agus cúinsí comhréireachta á gcur san áireamh, ba cheart go mbeadh creidiúnaithe nó |

soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin in ann a cheangal ar an tomhaltóir beartas árachais ábhartha a bheith aige chun aisíoc an chreidmheasa a ráthú nó chun luach an urrúis a árachú, ba cheart an deis a bheith ag an tomhaltóir a sholáthraí árachais féin a roghnú. Níor cheart go ndéanfadh sé sin dochar do na coinníollacha creidmheasa arna socrú ag an gcreidiúnaí nó ag soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, ar choinníoll go bhfuil an leibhéal coibhéiseach ráthaíochta ag polasaí árachais an tsoláthraí sin agus atá ag an bpolasaí árachais atá beartaithe nó atá á thairiscint ag an gcreidiúnaí nó ag na soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin. Thairis sin, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag na Ballstáit, an cumhdach a sholáthraítear le conarthaí árachais a chaighdeánú, go hiomlán nó i bpáirt, chun comparáidí a éascú idir tairiscintí éagsúla le haghaidh tomhaltóirí ar mian leo na comparáidí sin a dhéanamh.

soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin in ann a cheangal ar an tomhaltóir beartas árachais ábhartha a bheith aige chun aisíoc an chreidmheasa a ráthú nó chun luach an urrúis a árachú, ba cheart an deis a bheith ag an tomhaltóir a sholáthraí árachais féin a roghnú. Níor cheart go ndéanfadh sé sin dochar do na coinníollacha creidmheasa arna socrú ag an gcreidiúnaí nó ag soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, ar choinníoll go bhfuil an leibhéal coibhéiseach ráthaíochta ag polasaí árachais an tsoláthraí sin agus atá ag an bpolasaí árachais atá beartaithe nó atá á thairiscint ag an gcreidiúnaí nó ag na soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin. Thairis sin, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag na Ballstáit, an cumhdach a sholáthraítear le conarthaí árachais a chaighdeánú, go hiomlán nó i bpáirt, chun comparáidí a éascú idir tairiscintí éagsúla le haghaidh tomhaltóirí ar mian leo na comparáidí sin a dhéanamh. ***I gcás ina mbeidh gá ag an tomhaltóir le ham breise chun tairiscintí árachais a chur i gcomparáid le chéile sula gceannóidh sé nó sí ceann acu, ba cheart do na Ballstáit a cheangal go dtabharfaí 3 lá ar a laghad don tomhaltóir sin chun iad a chur i gcomparáid le chéile, gan athrú a dhéanamh ar an tairiscint.***

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 43**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (43) Gníomhaíocht is ea comhairle a sholáthar i bhfoirm moladh pearsantaithe (‘seirbhísí comhairleacha’), rud a fhéadfaidh a bheith comhcheangailte le gnéithe eile de chreidmheas a dheonú nó a idirghabháil. Dá bhrí sin, chun bheith in ann cineál na seirbhísí a sholáthraítear dóibh a thuiscint, ba cheart tomhaltóirí a | (43) Gníomhaíocht is ea comhairle a sholáthar i bhfoirm moladh pearsantaithe (‘seirbhísí comhairleacha’), rud a fhéadfaidh a bheith comhcheangailte le gnéithe eile de chreidmheas a dheonú nó a idirghabháil. Dá bhrí sin, chun bheith in ann cineál na seirbhísí a sholáthraítear dóibh a thuiscint, ba cheart tomhaltóirí a |

chur ar an eolas faoina bhfuil i gceist le seirbhísí comhairleacha den sórt sin agus cibé acu atá nó nach bhfuil seirbhísí comhairleacha á soláthar nó faoi cibé acu is féidir nó nach féidir iad a sholáthar. I bhfianaise a thábhachtaí atá úsáid na dtéarmaí 'comhairle' agus 'comhairleoirí' do thomhaltóirí, ba cheart ***a cheadú do*** na Ballstáit úsáid na dtéarmaí sin, nó téarmaí comhchosúla, a thoirmeasc nuair atá seirbhísí comhairleacha á soláthar do thomhaltóirí ag creidiúnaithe, ag idirghabhálaithe creidmheasa nó ag soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin. Is iomchuí a áirithiú go bhforchuireann na Ballstáit coimircí i gcás ina dtugtar tuairisc ar chomhairle mar chomhairle neamhspleách chun a áirithiú go mbeidh an raon táirgí atá á mheas agus na socruithe luacha saothair i gcomhréir le hionchais tomhaltóirí maidir leis an gcomhairle sin. Le linn seirbhísí comhairleacha a sholáthar, ba cheart don chreidiúnaí, don idirghabhálaí creidmheasa nó don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin léiriú a sholáthar ar cibé acu a bheidh nó nach mbeidh an moladh bunaithe ar a raon táirgí féin, agus air sin amháin, nó ar raon leathan táirgí ó gach cearn den mhargadh, ionas gur féidir leis an tomhaltóir an bonn ar a bhfuil an moladh déanta a thuiscint. Thairis sin, ba cheart don chreidiúnaí, don idirghabhálaí creidmheasa nó don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin léiriú a sholáthar ar an táille is iníoctha ag an tomhaltóir as na seirbhísí comhairleacha nó, i gcás nach féidir an méid a fháil amach tráth an nochta, an modh a úsáidtear lena ríomh.

chur ar an eolas faoina bhfuil i gceist le seirbhísí comhairleacha den sórt sin agus cibé acu atá nó nach bhfuil seirbhísí comhairleacha á soláthar nó faoi cibé acu is féidir nó nach féidir iad a sholáthar. I bhfianaise a thábhachtaí atá úsáid na dtéarmaí 'comhairle' agus 'comhairleoirí' do thomhaltóirí, ba cheart do na Ballstáit úsáid na dtéarmaí sin, nó téarmaí comhchosúla, a thoirmeasc nuair atá seirbhísí comhairleacha á soláthar do thomhaltóirí ag creidiúnaithe, ag idirghabhálaithe creidmheasa nó ag soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin. Is iomchuí a áirithiú go bhforchuireann na Ballstáit coimircí i gcás ina dtugtar tuairisc ar chomhairle mar chomhairle neamhspleách chun a áirithiú go mbeidh an raon táirgí atá á mheas agus na socruithe luacha saothair i gcomhréir le hionchais tomhaltóirí maidir leis an gcomhairle sin. Le linn seirbhísí comhairleacha a sholáthar, ba cheart don chreidiúnaí, don idirghabhálaí creidmheasa nó don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin léiriú a sholáthar ar cibé acu a bheidh nó nach mbeidh an moladh bunaithe ar a raon táirgí féin, agus air sin amháin, nó ar raon leathan táirgí ó gach cearn den mhargadh, ionas gur féidir leis an tomhaltóir an bonn ar a bhfuil an moladh déanta a thuiscint. Thairis sin, ba cheart don chreidiúnaí, don idirghabhálaí creidmheasa nó don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin léiriú a sholáthar ar an táille is iníoctha ag an tomhaltóir as na seirbhísí comhairleacha nó, i gcás nach féidir an méid a fháil amach tráth an nochta, an modh a úsáidtear lena ríomh.

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 44**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (44) Féadfaidh díolacháin chreidmheasa nár iarr na tomhaltóirí a bheith ionann le cleachtais atá díobhálach don tomhaltóir i roinnt cásanna. Maidir leis sin, ba cheart creidmheas gan iarraidh a dhíol a thoirmeasc, lena n-áirítear cártaí creidmheasa neamhiarrtha réamh-fhormheasta a sheoltar chuig na tomhaltóirí, nó méadú aontaobhach rótharraingte nó teorainn cárta creidmheasa tomhaltóirí. | (44) Féadfaidh díolacháin chreidmheasa nár iarr na tomhaltóirí a bheith ionann le cleachtais atá díobhálach don tomhaltóir i roinnt cásanna. Maidir leis sin, ba cheart creidmheas gan iarraidh a dhíol a thoirmeasc, lena n-áirítear cártaí creidmheasa neamhiarrtha réamh-fhormheasta a sheoltar chuig na tomhaltóirí, nó méadú aontaobhach rótharraingte nó teorainn cárta creidmheasa tomhaltóirí. ***Ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann toirmeasc a chur ar tháirgí pearsantaithe creidmheasa a bheith á dtairiscint gan toiliú an tomhaltóra roimh ré. Níl sé beartaithe leis an bhforáil seo, áfach, gníomhaíochtaí ginearálta margaíochta a thoirmeasc.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 45**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (45) Ba cheart do na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun cleachtais fhreagracha a chur chun cinn le linn na gcéimeanna uile den chaidreamh creidmheasa, agus gnéithe sonracha a margaidh creidmheasa á gcur san áireamh. Féadfar a áireamh sna bearta sin, mar shampla, soláthar faisnéise do thomhaltóirí, agus oideachas a chur orthu, lena n-áirítear rabhaidh maidir leis na rioscaí a bhaineann le mainneachtain íocaíochta agus le rófhéichiúnas. Sa mhargadh creidmheasa atá ag dul i leithne, go háirithe, is den tábhacht nár cheart do chreidiúnaithe dul i mbun iasachtú mífhreagrach ná creidmheas a thabhairt gan measúnú acmhainneachta creidmheasa roimh ré. Ba cheart do na Ballstáit an mhaoirseacht is gá a dhéanamh chun iompraíocht den sórt sin ó chreidiúnaithe a sheachaint agus ba cheart | (45) Ba cheart do na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun cleachtais fhreagracha a chur chun cinn le linn na gcéimeanna uile den chaidreamh creidmheasa, agus gnéithe sonracha a margaidh creidmheasa á gcur san áireamh. Féadfar a áireamh sna bearta sin, mar shampla, soláthar faisnéise do thomhaltóirí, agus oideachas a chur orthu, lena n-áirítear rabhaidh maidir leis na rioscaí a bhaineann le mainneachtain íocaíochta agus le rófhéichiúnas. Sa mhargadh creidmheasa atá ag dul i leithne, go háirithe, is den tábhacht nár cheart do chreidiúnaithe dul i mbun iasachtú mífhreagrach ná creidmheas a thabhairt gan measúnú acmhainneachta creidmheasa roimh ré. Ba cheart do na Ballstáit an mhaoirseacht is gá a dhéanamh chun iompraíocht den sórt sin ó chreidiúnaithe a sheachaint agus ba cheart |

dóibh na modhanna is gá a chinneadh chun smachtbhanna a chur ar iompraíocht den sórt sin. Gan dochar d'fhorálacha riosca creidmheasa Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32] , ba cheart do chreidiúnaithe nó do sholáthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a bheith freagrach as acmhainneacht creidmheasa an tomhaltóra a sheiceáil go leithleach. Chuige sin, ba cheart a cheadú do chreidiúnaithe nó do sholáthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin úsáid a bhaint as faisnéis a sholáthraíonn an tomhaltóir ní hamháin le linn an comhaontú creidmheasa nó an comhaontú maidir le seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin i gceist a ullmhú, ach freisin le linn caidreamh tráchtála seanbhunaithe. Ba cheart do thomhaltóirí gníomhú go stuama freisin agus a n-oibleagáidí conarthacha a urramú.

[32] Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíochtaí institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

dóibh na modhanna is gá a chinneadh chun smachtbhanna a chur ar iompraíocht den sórt sin. Gan dochar d'fhorálacha riosca creidmheasa Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32] , ba cheart do chreidiúnaithe nó do sholáthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a bheith freagrach as acmhainneacht creidmheasa an tomhaltóra a sheiceáil go leithleach ***agus go comhréireach***. Chuige sin, ba cheart a cheadú do chreidiúnaithe nó do sholáthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin úsáid a bhaint as faisnéis a sholáthraíonn an tomhaltóir ní hamháin le linn an comhaontú creidmheasa nó an comhaontú maidir le seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin i gceist a ullmhú, ach freisin le linn caidreamh tráchtála seanbhunaithe. Ba cheart do thomhaltóirí gníomhú go stuama freisin agus a n-oibleagáidí conarthacha a urramú.

[32] Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíochtaí institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 46**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (46) Tá sé fíor-riachtanach go ndéanfar measúnú agus fíorú ar chumas agus ar chlaonadh an tomhaltóra an creidmheas a aisíoc sula dtugtar comhaontú creidmheasa nó comhaontú maidir le seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin i gcrích. Ba | (46) Tá sé fíor-riachtanach go ndéanfar measúnú agus fíorú ar chumas agus ar chlaonadh an tomhaltóra an creidmheas a aisíoc sula dtugtar comhaontú creidmheasa nó comhaontú maidir le seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin i gcrích. Ba |

| | |
|---|---|
| cheart an measúnú acmhainneachta creidmheasa sin a dhéanamh chun leas an tomhaltóra, chun cleachtais iasachtaithe mhífhreagracha agus rófhéichiúnas a chosc, agus ba cheart a chur san áireamh ann na fachtóirí uile is gá agus is ábhartha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chumas tomhaltóra an creidmheas a aisíoc. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann treoraíocht bhreise a eisiúint maidir le critéir bhreise agus modhanna chun acmhainneacht creidmheasa tomhaltóra a mheasúnú, mar shampla trí theorainneacha a leagan síos ar chóimheasa iasachta-luacha nó iasachta-ioncaim. | cheart an measúnú acmhainneachta creidmheasa sin a dhéanamh chun leas an tomhaltóra, chun cleachtais iasachtaithe mhífhreagracha agus rófhéichiúnas a chosc, agus ba cheart go gcuirfí san áireamh ann na fachtóirí uile is gá agus is ábhartha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chumas ***agus ar acmhainn*** tomhaltóra an creidmheas a aisíoc. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann treoraíocht bhreise a eisiúint maidir le critéir bhreise agus modhanna chun acmhainneacht creidmheasa tomhaltóra a mheasúnú, mar shampla trí theorainneacha a leagan síos ar chóimheasa iasachta-luacha nó iasachta-ioncaim. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 47**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (47) Ba cheart an measúnú acmhainneachta creidmheasa a bheith bunaithe ar fhaisnéis maidir le staid airgeadais agus eacnamaíoch, lena n-áirítear ioncam agus costais, an tomhaltóra. I dTreoirlínte an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh maidir le tionscnamh agus faireachán na hiasachta (EBA/GL/2020/06), soláthraítear treoirlínte maidir leis na catagóirí sonraí a fhéadfar a úsáid chun sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha acmhainneachta creidmheasa, lena n-áirítear fianaise ar ioncam nó foinsí eile aisíocaíochta, faisnéis ar shócmhainní agus ar dhliteanais airgeadais, nó faisnéis ar cheangaltais airgeadais eile. Sonraí pearsanta, amhail sonraí pearsanta a aimsítear ar ardáin meán sóisialta nó sonraí sláinte, lena n-áirítear sonraí ailse, níor cheart iad a úsáid le linn measúnú acmhainneachta creidmheasa a dhéanamh. Ba cheart do thomhaltóirí faisnéis a sholáthar maidir lena staid airgeadais agus eacnamaíoch chun an measúnú | (47) Ba cheart an measúnú acmhainneachta creidmheasa a bheith bunaithe ar fhaisnéis maidir le staid airgeadais agus eacnamaíoch, lena n-áirítear ioncam agus costais, an tomhaltóra. I dTreoirlínte an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh maidir le tionscnamh agus faireachán na hiasachta (EBA/GL/2020/06), soláthraítear treoirlínte maidir leis na catagóirí sonraí a fhéadfar a úsáid chun sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha acmhainneachta creidmheasa, lena n-áirítear fianaise ar ioncam nó foinsí eile aisíocaíochta, faisnéis ar shócmhainní agus ar dhliteanais airgeadais, nó faisnéis ar cheangaltais airgeadais eile***. Ag an am céanna, ba cheart méid na seiceála a bheith i gcomhréir le méid an chreidmheasa arna thabhairt agus, dá bhrí sin, ba cheart don Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) an chomhréireacht a shainiú.*** Sonraí pearsanta, amhail sonraí pearsanta a aimsítear ar ardáin meán sóisialta nó sonraí |

| | |
|---|---|
| acmhainneachta creidmheasa a éascú. I bprionsabal, níor cheart creidmheas a chur ar fáil don tomhaltóir ach amháin i gcás ina léireoidh toradh an mheasúnaithe acmhainneachta creidmheasa gur dóigh go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a eascraíonn as an gcomhaontú creidmheasa nó as an gcomhaontú maidir le seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar ar an mbealach a éilítear faoin gcomhaontú sin. Mar sin féin, más rud é go bhfuil an measúnú sin diúltach***, is féidir leis an gcreidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin creidmheas a chur ar fáil in*** imthosca ***sonracha a bhfuil údar cuí leo amhail cásanna ina bhfuil caidreamh seanbhunaithe acu leis an tomhaltóir, nó i gcás iasachtaí*** chun speansais eisceachtúla cúraim sláinte, iasachtaí le haghaidh mic léinn nó iasachtaí a mhaoiniú le haghaidh tomhaltóirí atá faoi mhíchumas. ***I gcás den sórt sin, agus cinneadh á dhéanamh an gcuirfear nó nach gcuirfear an*** creidmheas ***ar fáil don*** tomhaltóir, ***ba cheart*** don chreidiúnaí ***nó don soláthraí seirbhísí*** creidmheasa ***sluachistiúcháin méid agus cuspóir an chreidmheasa a chur san áireamh, agus an dóchúlacht go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a eascraíonn as an gcomhaontú***. | sláinte, lena n-áirítear sonraí ailse, níor cheart iad a úsáid le linn measúnú acmhainneachta creidmheasa a dhéanamh. Ba cheart do thomhaltóirí faisnéis a sholáthar maidir lena staid airgeadais agus eacnamaíoch chun an measúnú acmhainneachta creidmheasa a éascú. I bprionsabal, níor cheart creidmheas a chur ***ar*** fáil don tomhaltóir ach amháin i gcás ina léirítear le toradh an mheasúnaithe acmhainneachta creidmheasa gur dóigh go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a eascraíonn as an gcomhaontú creidmheasa nó as an gcomhaontú maidir le seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar ar an mbealach a gceanglaítear faoin gcomhaontú sin. Má bhíonn an measúnú sin diúltach, áfach, ***in imthosca eisceachtúla, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann rogha a sholáthar sa dlí náisiúnta gur féidir creidmheas beag - arna shainiú ag Ballstát - a dheonú*** chun speansais eisceachtúla cúraim sláinte, iasachtaí le haghaidh mic léinn nó iasachtaí le haghaidh tomhaltóirí atá faoi mhíchumais a mhaoiniú. ***Ba cheart cinneadh an chreidiúnaí agus an t-údar cuí atá aige le*** creidmheas ***den sórt sin a dheonú a dhoiciméadú go cuí. Ba cheart rabhadh a thabhairt don*** tomhaltóir ***freisin. Níor cheart go mbeadh sé d'oibleagáid ar na Ballstáit an rogha sin a sholáthar. Níor cheart, áfach, go gcuirfeadh measúnú dearfach acmhainneachta creidmheasa d'oibleagáid ar*** an gcreidiúnaí creidmheas ***a sholáthar***. |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 48**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (48) Leis an Togra le haghaidh Rialachán lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht | (48) Leis an Togra le haghaidh Rialachán lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht |

| | |
|---|---|
| shaorga (an Gníomh maidir leis an Intleacht Shaorga) bunaítear gur cheart córais intleachta saorga a úsáidtear chun meastóireacht a dhéanamh ar scór creidmheasa nó acmhainneacht creidmheasa daoine nádúrtha, gur cheart iad a aicmiú mar chórais intleachta saorga ardriosca, ós rud é go gcinntear leo rochtain na ndaoine sin ar acmhainní airgeadais nó seirbhísí fíor-riachtanacha amhail seirbhísí tithíochta, leictreachais agus teileachumarsáide. I bhfianaise an méid mór sin atá i ngeall, aon uair atá baint ag an measúnú acmhainneachta creidmheasa le próiseáil uathoibríoch, ba cheart é a bheith de cheart ag an tomhaltóir idirghabháil an duine a fháil ar thaobh an chreidiúnaí nó na soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin. Ba cheart go mbeadh sé de cheart freisin ag an tomhaltóir míniú bríoch a fháil ar an measúnú a rinneadh agus ar fheidhmiú na próiseála uathoibríoch a úsáideadh, lena n-áirítear i measc nithe eile na ***príomhathróga, an loighic agus*** na rioscaí lena mbaineann, chomh maith leis an gceart a thuairim a chur in iúl agus ***an measúnú acmhainneachta creidmheasa agus*** an cinneadh sin a chonspóid. | shaorga (an Gníomh maidir leis an Intleacht Shaorga) bunaítear gur cheart córais intleachta saorga a úsáidtear chun meastóireacht a dhéanamh ar scór creidmheasa nó acmhainneacht creidmheasa daoine nádúrtha, gur cheart iad a aicmiú mar chórais intleachta saorga ardriosca, ós rud é go gcinntear leo rochtain na ndaoine sin ar acmhainní airgeadais nó seirbhísí fíor-riachtanacha amhail seirbhísí tithíochta, leictreachais agus teileachumarsáide. I bhfianaise an méid mór sin atá i ngeall, aon uair atá baint ag an measúnú acmhainneachta creidmheasa le próiseáil uathoibríoch, ba cheart é a bheith de cheart ag an tomhaltóir idirghabháil an duine a fháil ar thaobh an chreidiúnaí nó na soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin. Ba cheart go mbeadh sé de cheart freisin ag an tomhaltóir míniú fónta a fháil ar an measúnú a rinneadh agus ar fheidhmiú na próiseála uathoibríoch a úsáideadh, lena n-áirítear, i measc nithe eile, na rioscaí lena mbaineann, chomh maith leis an gceart a thuairim nó a tuairim a chur in iúl agus an cinneadh sin a chonspóid. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 49**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (49) Chun measúnú a dhéanamh ar stádas creidmheasa tomhaltóra, ba cheart don chreidiúnaí nó don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin bunachair sonraí creidmheasa a cheadú freisin. Is féidir go gceanglófar leis na himthosca dlíthiúla agus iarbhír go n-athróidh ceadú na mbunachar sonraí sin ó thaobh raon feidhme de. Chun aon saobhadh iomaíochta a chosc i measc creidiúnaithe nó soláthraithe seirbhísí creidmheasa | (49) Chun measúnú a dhéanamh ar stádas creidmheasa tomhaltóra, ba cheart don chreidiúnaí nó don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin bunachair sonraí creidmheasa a cheadú freisin. Is féidir go gceanglófar leis na himthosca dlíthiúla agus iarbhír go n-athróidh ceadú na mbunachar sonraí sin ó thaobh raon feidhme de. Chun aon saobhadh iomaíochta a chosc i measc creidiúnaithe nó soláthraithe seirbhísí creidmheasa |

| | |
|---|---|
| sluachistiúcháin, ba cheart go mbeidh rochtain acu ar bhunachair sonraí phríobháideacha nó phoiblí maidir le tomhaltóirí i mBallstát nach bhfuil siad bunaithe faoi choinníollacha neamh-idirdhealaitheacha ann i gcomparáid le creidiúnaithe nó le soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin atá bunaithe sa Bhallstát sin. Ba cheart do na Ballstáit an rochtain trasteorann ar bhunachair sonraí phríobháideacha nó phoiblí a éascú, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[33] . Chun an chómhalartacht a fheabhsú, i mbunachair sonraí creidmheasa ba cheart go gcoinneofaí ar a laghad faisnéis maidir le riaráistí ***íocaíochta*** tomhaltóirí, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le dlí an Aontais. | sluachistiúcháin, ba cheart go mbeidh rochtain acu ar bhunachair sonraí phríobháideacha nó phoiblí maidir le tomhaltóirí i mBallstát nach bhfuil siad bunaithe faoi choinníollacha neamh-idirdhealaitheacha ann i gcomparáid le creidiúnaithe nó le soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin atá bunaithe sa Bhallstát sin. Ba cheart do na Ballstáit an rochtain trasteorann ar bhunachair sonraí phríobháideacha nó phoiblí a éascú, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[33] . Chun an chómhalartacht a fheabhsú, i mbunachair sonraí creidmheasa, ba cheart go gcoinneofaí ar a laghad faisnéis maidir le ***hiompraíocht aisíocaíochta*** tomhaltóirí ***faoi na comhaontuithe airgeadais atá acu cheana, lena n-áirítear*** riaráistí***, i gcás ina gceadaítear sin faoi na creataí dlíthiúla náisiúnta agus faoi Rialachán (AE) 2016/679***, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus dlí an Aontais. ***Ba cheart na sonraí a úsáidfear chun an acmhainneacht chreidmheasa a mheasúnú a bheith bunaithe ar Threoirlínte ÚBE.*** |
| [33] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1). | [33] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1). |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 49 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(49a) Ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann a áirithiú, gan dochar don*** |

| | |
|---|---|
| | ***oibleagáid atá orthu faoi Airteagal 18 den Treoir seo, go dtairgfidh líon mór creidiúnaithe táirgí creidmheasa do thomhaltóirí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de mar chuid dá bpunanna.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 51**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (51) Ní rialáiltear leis an Treoir seo saincheisteanna dhlí na gconarthaí i ndáil le bailíocht comhaontuithe creidmheasa nó comhaontuithe maidir le seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar. Dá bhrí sin, sa réimse sin, féadfaidh na Ballstáit forálacha náisiúnta atá i gcomhréir le dlí an Aontais a choinneáil ar bun nó a thabhairt isteach. Féadfaidh na Ballstáit rialáil a dhéanamh ar an gcóras dlí lena rialaítear an tairiscint chun an comhaontú creidmheasa nó an comhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a thabhairt i gcrích, go háirithe an tráth atá sí le tabhairt agus an tréimhse ar lena linn atá sí le bheith ceangailteach ar an gcreidiúnaí nó ar an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin. Má dhéantar tairiscint den sórt sin an tráth céanna a thugtar an fhaisnéis réamhchonarthach dá bhforáiltear leis an Treoir seo, ba cheart í a sholáthar, cosúil le haon fhaisnéis bhreise is mian leis an gcreidiúnaí nó leis an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a thabhairt don tomhaltóir, i ndoiciméad ar leithligh. Féadfaidh an doiciméad ar leithligh sin a bheith i gceangal leis an bhFaisnéis Chaighdeánach Eorpach um Chreidmheas Tomhaltóra. | (51) Ní rialáiltear leis an Treoir seo saincheisteanna dhlí na gconarthaí i ndáil le bailíocht comhaontuithe creidmheasa nó comhaontuithe maidir le seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar. Dá bhrí sin, sa réimse sin, féadfaidh na Ballstáit forálacha náisiúnta atá i gcomhréir le dlí an Aontais a choinneáil ar bun nó a thabhairt isteach. Ba cheart do na Ballstáit ***a cheangal go bhfaigheadh tomhaltóirí tairiscintí ceangailteacha nó neamhcheangailteacha agus*** féadfaidh siad rialáil a dhéanamh ar an gcóras dlí lena rialaítear an tairiscint chun an comhaontú creidmheasa nó an comhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a thabhairt i gcrích, go háirithe an tráth atá sí le tabhairt agus an tréimhse ar lena linn atá sí le bheith ceangailteach ar an gcreidiúnaí nó ar an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin. Má dhéantar tairiscint den sórt sin an tráth céanna a thugtar an fhaisnéis réamhchonarthach dá bhforáiltear leis an Treoir seo, ba cheart í a sholáthar, cosúil le haon fhaisnéis bhreise is mian leis an gcreidiúnaí nó leis an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a thabhairt don tomhaltóir, i ndoiciméad ar leithligh. Féadfaidh an doiciméad ar leithligh sin a bheith i gceangal leis an bhFaisnéis Chaighdeánach Eorpach um Chreidmheas Tomhaltóra. |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 54**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (54) Chun trédhearcacht iomlán a áirithiú, ba cheart faisnéis a sholáthar don tomhaltóir maidir leis an ráta iasachta, ag céim réamhchonarthach agus nuair a thugtar an comhaontú creidmheasa nó an comhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin i gcrích araon. Le linn an chaidrimh chonarthaigh, ba cheart tuilleadh eolais a chur ar fáil don tomhaltóir maidir le hathruithe ar an ráta iasachta athraitheach agus le hathruithe ar na híocaíochtaí atá ann mar gheall air sin. Tá an méid sin gan dochar d'fhorálacha an dlí náisiúnta nach mbaineann le faisnéis do thomhaltóirí agus lena leagtar síos coinníollacha maidir le hathruithe, nó lena bhforordaítear iarmhairtí athruithe, seachas athruithe maidir le híocaíochtaí, i rátaí iasachta agus dálaí eacnamaíocha eile lena rialáiltear an creidmheas, mar shampla rialacha lena ndéantar foráil nach bhféadfaidh an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an ráta iasachta a athrú ach amháin i gcás inarb ann do chúis bhailí leis an athrú sin nó go bhféadfaidh an tomhaltóir an conradh a fhoirceannadh i gcás ina dtiocfadh athrú ar an ráta iasachta nó ar dháil eacnamaíoch shonrach eile maidir leis an gcreidmheas. | (54) Chun trédhearcacht iomlán a áirithiú, ba cheart faisnéis a sholáthar don tomhaltóir maidir leis an ráta iasachta, ag céim réamhchonarthach agus nuair a thugtar an comhaontú creidmheasa nó an comhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin i gcrích araon. Le linn an chaidrimh chonarthaigh, ba cheart tuilleadh eolais a chur ar fáil don tomhaltóir maidir le hathruithe ar an ráta iasachta athraitheach agus le hathruithe ar na híocaíochtaí atá ann mar gheall air sin ***2 lá roimh ré ar a laghad***. Tá an méid sin gan dochar d'fhorálacha an dlí náisiúnta nach mbaineann le faisnéis do thomhaltóirí agus lena leagtar síos coinníollacha maidir le hathruithe, nó lena bhforordaítear iarmhairtí athruithe, seachas athruithe maidir le híocaíochtaí, i rátaí iasachta agus dálaí eacnamaíocha eile lena rialáiltear an creidmheas, mar shampla rialacha lena ndéantar foráil nach bhféadfaidh an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an ráta iasachta a athrú ach amháin i gcás inarb ann do chúis bhailí leis an athrú sin nó go bhféadfaidh an tomhaltóir an conradh a fhoirceannadh i gcás ina dtiocfadh athrú ar an ráta iasachta nó ar dháil eacnamaíoch shonrach eile maidir leis an gcreidmheas. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 55**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (55) I gcás rótharraingt intuigthe | (55) I gcás rótharraingt intuigthe |

suntasach is faide ná tréimhse ***míosa***, ba cheart don chreidiúnaí faisnéis a chur faoi bhráid an tomhaltóra gan mhoill maidir leis an rótharraingt intuigthe, lena n-áirítear an méid lena mbaineann, an ráta iasachta agus aon phionós, muirear nó ús ar riaráistí is infheidhme. I gcás rótharraingt intuigthe thráthrialta, ba cheart don chreidiúnaí seirbhísí comhairleacha a sholáthar don tomhaltóir, i gcás ina mbeidh siad ar fáil, chun cuidiú le tomhaltóirí roghanna malartacha nach bhfuil chomh costasach céanna a shainaithint, nó tomhaltóirí a atreorú i dtreo fiach-sheirbhísí comhairleacha.

shuntasach is faide ná tréimhse ***2 sheachtain***, ba cheart don chreidiúnaí faisnéis a chur faoi bhráid an tomhaltóra gan mhoill maidir leis an rótharraingt intuigthe, lena n-áirítear an méid atá i gceist, an ráta iasachta agus aon phionós, muirear nó ús ar riaráistí is infheidhme. I gcás rótharraingt intuigthe thráthrialta, ba cheart don chreidiúnaí seirbhísí comhairleacha a sholáthar don tomhaltóir, i gcás ina mbeidh siad ar fáil, chun cuidiú le tomhaltóirí roghanna malartacha nach bhfuil chomh costasach céanna a shainaithint, nó tomhaltóirí a atreorú i dtreo fiach-sheirbhísí comhairleacha. ***Ba cheart do na Ballstáit uasteorainn ar Rátaí Céatadánacha Bliantúla na Muirear a ghlacadh a d'fhéadfadh a bheith infheidhme maidir le sárú. Ba cheart muirir bhreise in imthosca den sórt sin a thoirmeasc. Ba cheart do na Ballstáit an uasteorainn sin agus an fíoras go bhfuil toirmeasc ar mhuirir bhreise a ghearradh a chur in iúl go cuí don phobal.***

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 65**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (65) Cleachtas coiteann is ea uasteorainneacha a shocrú ar rátaí úis, ar rátaí céatadánacha bliantúla nó ar chostas iomlán an chreidmheasa don tomhaltóir i roinnt Ballstát. Cruthaíodh go ndeachaigh an t-uasteorannú sin chun tairbhe do thomhaltóirí. Sa chomhthéacs sin, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann a gcóras dlí reatha a choinneáil ar bun. Chun iarracht a dhéanamh, áfach, cosaint tomhaltóirí a mhéadú gan teorainneacha nach bhfuil gá leo a fhorchur ar na Ballstáit, ba cheart uasteorainneacha ar rátaí úis, ar rátaí céatadánacha bliantúla an mhuirir agus/nó ar chostas iomlán an chreidmheasa don tomhaltóir a thabhairt isteach ar fud an | (65) Cleachtas coiteann is ea uasteorainneacha a shocrú ar rátaí úis, ar rátaí céatadánacha bliantúla nó ar chostas iomlán an chreidmheasa don tomhaltóir i roinnt Ballstát. Cruthaíodh go ndeachaigh an t-uasteorannú sin chun tairbhe do thomhaltóirí. Sa chomhthéacs sin, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann a gcóras dlí reatha a choinneáil ar bun. Chun iarracht a dhéanamh, áfach, cosaint tomhaltóirí a mhéadú gan teorainneacha nach bhfuil gá leo a fhorchur ar na Ballstáit, ba cheart uasteorainneacha ar rátaí úis, ar rátaí céatadánacha bliantúla an mhuirir agus/nó ar chostas iomlán an chreidmheasa don tomhaltóir a thabhairt isteach ar fud an |

| | |
|---|---|
| Aontais. | Aontais. ***Ba cheart do ÚBE caighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt maidir leis an modheolaíocht chun na huasteorainneacha ar ráta céatadánach bliantúil an mhuirir, costas iomlán an chreidmheasa don tomhaltóir agus na rátaí úis a ríomh chun cóineasú maoirseachta a áirithiú agus a chothú ar fud an Aontais. Agus na caighdeáin á bhforbairt, ba cheart do ÚBE sainiúlachtaí áirithe náisiúnta a chur san áireamh, lena n-áirítear na huasteorainneacha atá ann faoi láthair.*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 69**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (69) Chun cumas tomhaltóirí cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le hiasacht a fháil agus fiacha a bhainistiú go freagrach, ba cheart do na Ballstáit bearta a chur chun cinn chun tacú le hoideachas a chur ar thomhaltóirí i ndáil le hiasacht a fháil agus fiacha a bhainistiú go freagrach go háirithe i ndáil le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí. D'fhéadfaí an oibleagáid sin a chomhlíonadh agus an creat inniúlachta airgeadais arna fhorbairt ag an Aontas in éineacht leis an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta á chur san áireamh. Tá tábhacht ar leith le treoraíocht a sholáthar do thomhaltóirí a gheobhaidh creidmheas tomhaltóirí den chéad uair, agus go háirithe maidir le huirlisí digiteacha. Maidir leis sin, ba cheart don Choimisiún samplaí dea-chleachtas a shainaithint chun tuilleadh forbartha ar bhearta a éascú chun feasacht airgeadais tomhaltóirí a fheabhsú. Féadfaidh an Coimisiún na samplaí sin den dea-chleachtas a fhoilsiú i gcomhar le tuarascálacha comhchosúla arna dtarraingt suas i bhfianaise gníomhartha reachtacha | (69) Chun méadú a dhéanamh ar chumas tomhaltóirí cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le hiasacht a fháil agus fiacha a bhainistiú go freagrach, ba cheart do na Ballstáit bearta a chur chun cinn chun tacú le hoideachas a chur ar thomhaltóirí i ndáil le hiasacht a fháil agus fiacha a bhainistiú go freagrach go háirithe i ndáil le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí ***agus eolas ginearálta ar bhainistiú an bhuiséid***. D'fhéadfaí an oibleagáid sin a chomhlíonadh agus an creat inniúlachta airgeadais arna fhorbairt ag an Aontas in éineacht leis an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta á chur san áireamh. Tá tábhacht ar leith le treoraíocht a sholáthar do thomhaltóirí a gheobhaidh creidmheas tomhaltóirí den chéad uair, agus go háirithe maidir le huirlisí digiteacha. Maidir leis sin, ba cheart don Choimisiún samplaí dea-chleachtas a shainaithint chun tuilleadh forbartha ar bhearta a éascú chun feasacht airgeadais tomhaltóirí a fheabhsú. Féadfaidh an Coimisiún na samplaí sin den dea-chleachtas a fhoilsiú i gcomhar le tuarascálacha comhchosúla arna dtarraingt |

eile an Aontais.

suas i bhfianaise gníomhartha reachtacha eile an Aontais.

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 71**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (71) Is féidir go n-áireofar i mbearta staonta athmhaoiniú iomlán nó páirteach ar chomhaontú creidmheasa nó modhnú ar na téarmaí agus na coinníollacha a bhí ann roimhe sin de chuid comhaontú creidmheasa. ***Féadfaidh*** na nithe seo a leanas, i measc nithe eile, a bheith ar áireamh sa mhodhnú sin: síneadh a chur le téarma an chomhaontaithe creidmheasa; cineál an chomhaontaithe creidmheasa a athrú; íocaíocht na haisíocaíochta tráthchoda ar fad nó cuid di a iarchur ar feadh tréimhse; an ráta úis a athrú; saoire íocaíochta a thairiscint; aisíocaíochtaí páirteacha; comhshó airgeadra; agus maitheamh páirteach agus comhdhlúthú fiach. | (71) Is féidir go n-áireofar i mbearta staonta athmhaoiniú iomlán nó páirteach ar chomhaontú creidmheasa nó modhnú ar na téarmaí agus na coinníollacha a bhí ann roimhe sin de chuid comhaontú creidmheasa. ***Ba cheart*** na nithe seo a leanas, i measc nithe eile, a bheith ar áireamh sa mhodhnú sin: síneadh a chur le téarma an chomhaontaithe creidmheasa; cineál an chomhaontaithe creidmheasa a athrú; íocaíocht na haisíocaíochta tráthchoda ar fad nó cuid di a iarchur ar feadh tréimhse; an ráta úis a athrú; saoire íocaíochta a thairiscint; aisíocaíochtaí páirteacha; comhshó airgeadra; agus maitheamh páirteach agus comhdhlúthú fiach. |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 72**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (72) Tomhaltóirí a bhfuil deacrachtaí rompu a ngealltanais airgeadais a chomhlíonadh, rachaidh cuidiú speisialaithe maidir lena bhfiacha a bhainistiú chun tairbhe dóibh. Is é is cuspóir d'fhiach-sheirbhísí comhairleacha cuidiú le tomhaltóirí a bhfuil fadhbanna airgeadais rompu agus treoir a thabhairt dóibh, a mhéid is féidir, a bhfiacha gan íoc a aisíoc, agus caighdeán saoil maith a choinneáil ar bun agus a ndínit a chaomhnú | (72) Tomhaltóirí a bhfuil deacrachtaí rompu a ngealltanais airgeadais a chomhlíonadh, rachaidh cuidiú speisialaithe maidir lena bhfiacha a bhainistiú chun tairbhe dóibh. Is é is cuspóir d'fhiach-sheirbhísí comhairleacha cuidiú le tomhaltóirí a bhfuil fadhbanna airgeadais rompu agus treoir a thabhairt dóibh, a mhéid is féidir, a bhfiacha gan íoc a aisíoc, agus caighdeán saoil maith a choinneáil ar bun agus a ndínit a chaomhnú |

| | |
|---|---|
| san am céanna. Sa chúnamh pearsantaithe agus neamhspleách sin a sholáthraíonn oibreoirí gairmiúla nach creidiúnaithe, idirghabhálaithe creidmheasa, soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin ná seirbhíseoirí creidmheasa iad, féadfar comhairleoireacht dhlíthiúil, bainistíocht airgid agus bainistíocht fiach a áireamh ann chomh maith le cúnamh sóisialta agus síceolaíoch. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear fiach-sheirbhísí comhairleacha arna soláthar ag oibreoirí gairmiúla neamhspleácha ar fáil, go díreach nó go hindíreach, do thomhaltóirí***, agus go gcuirfear, i gcás inar féidir,*** tomhaltóirí a bhfuil deacrachtaí acu a bhfiach a aisíoc ar aghaidh chuig fiach-sheirbhísí comhairleacha sula ndéantar imeachtaí forghníomhaithe a thionscnamh. Tá sé de shaoirse ag na Ballstáit fós ceanglais shonracha le haghaidh seirbhísí den sórt sin a choinneáil ar bun nó a thabhairt isteach. | san am céanna. Sa chúnamh pearsantaithe agus neamhspleách sin a sholáthraíonn oibreoirí gairmiúla nach creidiúnaithe, idirghabhálaithe creidmheasa, soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin ná seirbhíseoirí creidmheasa iad, féadfar comhairleoireacht dhlíthiúil, bainistíocht airgid agus bainistíocht fiach a áireamh ann chomh maith le cúnamh sóisialta agus síceolaíoch. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear fiach-sheirbhísí comhairleacha arna soláthar ag oibreoirí gairmiúla neamhspleácha ar fáil, go díreach nó go hindíreach, do thomhaltóirí ***saor in aisce***, agus go gcuirfear tomhaltóirí a bhfuil deacrachtaí acu a bhfiacha a aisíoc ar aghaidh chuig fiach-sheirbhísí comhairleacha sula ndéanfar imeachtaí forghníomhaithe a thionscnamh. Tá sé de shaoirse ag na Ballstáit fós ceanglais shonracha le haghaidh seirbhísí den sórt sin a choinneáil ar bun nó a thabhairt isteach. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 76**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (76) Maidir le sannadh ceart creidiúnaí faoi chomhaontú creidmheasa nó faoi chomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, níor cheart é a bheith d'éifeacht leis sin an tomhaltóir a chur i staid nach bhfuil chomh fabhrach céanna. Ba cheart an tomhaltóir a chur ar an eolas go cuí freisin nuair a shanntar an comhaontú creidmheasa nó an comhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin do thríú páirtí. Más rud é, áfach, go leanann an creidiúnaí tosaigh, i gcomhaontú leis an sannaí, den chreidmheas a sheirbheáil maidir leis an tomhaltóir, ní chun leas suntasach an tomhaltóra atá sé é a chur ar an eolas faoin sannadh. Dá bhrí sin, bheadh ceanglas ar | (76) Maidir le sannadh ceart creidiúnaí faoi chomhaontú creidmheasa nó faoi chomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, níor cheart é a bheith d'éifeacht leis sin an tomhaltóir a chur i staid nach bhfuil chomh fabhrach céanna. Ba cheart an tomhaltóir a chur ar an eolas go cuí freisin nuair a shanntar an comhaontú creidmheasa nó an comhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin do thríú páirtí. Más rud é, áfach, go leanann an creidiúnaí tosaigh, i gcomhaontú leis an sannaí, den chreidmheas a sheirbheáil maidir leis an tomhaltóir, ní chun leas suntasach an tomhaltóra atá sé é a chur ar an eolas faoin sannadh. Dá bhrí sin, bheadh ceanglas ar |

| | |
|---|---|
| leibhéal an Aontais go gcuirfear an tomhaltóir ar an eolas faoin sannadh sna cásanna sin iomarcach. | leibhéal an Aontais go gcuirfear an tomhaltóir ar an eolas faoin sannadh sna cásanna sin iomarcach. ***Féadfaidh na Ballstáit toirmeasc sainráite a chur ar shannadh creidmheasa nach féidir a aisghabháil a thuilleadh in imeachtaí dlíthiúla nó i gcás nach féidir bunús dlí an chreidmheasa a léiriú a thuilleadh.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 81**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (81) Tá difear suntasach idir na rialacha náisiúnta atá ann cheana maidir le pionóis ar fud an Aontais. Go háirithe, ní áirithíonn gach Ballstát gur féidir fíneálacha éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha a fhorchur ar thrádálaithe a bhíonn freagrach as sáruithe ***forleathana nó sáruithe forleathana lena mbaineann gné Aontais***. Chun a áirithiú gur féidir le húdaráis na mBallstát pionóis atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a fhorchur i leith sáruithe forleathana agus sáruithe forleathana lena mbaineann gné Aontais atá faoi réir bearta comhordaithe imscrúdaithe agus forfheidhmithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/2394 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36] , ba cheart fíneálacha a thabhairt isteach mar eilimint de na pionóis i leith sáruithe den sórt sin. Chun a áirithiú go mbeidh éifeacht dhíspreagtha ag na fíneálacha, ba cheart do na Ballstáit an uasfhíneáil maidir le sáruithe den sórt sin a leagan síos ina ndlí náisiúnta agus ar leibhéal atá ***4*** % ar a laghad de láimhdeachas bliantúil an chreidiúnaí, an idirghabhálaí creidmheasa nó an tsoláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin sa Bhallstát nó sna Ballstáit lena mbaineann. I gcásanna áirithe, is féidir gur grúpa cuideachtaí a bheidh sna trádálaithe sin | (81) Tá difear suntasach idir na rialacha náisiúnta atá ann cheana maidir le pionóis ar fud an Aontais. Go sonrach, ní áirithíonn gach Ballstát gur féidir fíneálacha éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha a fhorchur ar thrádálaithe atá freagrach as sáruithe. Chun a áirithiú gur féidir le húdaráis na mBallstát pionóis atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a fhorchur i leith sáruithe forleathana agus sáruithe forleathana lena mbaineann gné Aontais atá faoi réir bearta comhordaithe imscrúdaithe agus forfheidhmithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/2394 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36], ba cheart fíneálacha a thabhairt isteach mar eilimint de na pionóis i leith sáruithe den sórt sin. Chun a áirithiú go mbeidh éifeacht dhíspreagtha ag na fíneálacha, ba cheart do na Ballstáit an uasfhíneáil maidir le sáruithe den sórt sin a leagan síos ina ndlí náisiúnta agus ar leibhéal atá **3** % ar a laghad de láimhdeachas bliantúil an chreidiúnaí, an idirghabhálaí creidmheasa nó an tsoláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin sa Bhallstát nó sna Ballstáit lena mbaineann. I gcásanna áirithe, is féidir gur grúpa cuideachtaí a bheidh sna trádálaithe sin freisin. |

freisin.

[36] Rialachán (AE) 2017/2394 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le comhar idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004, (IO L 345, 27.12.2017, lch. 1).

[36] Rialachán (AE) 2017/2394 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le comhar idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004, (IO L 345, 27.12.2017, lch. 1).

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 81 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(81a) I bhfianaise go mbailíonn BCE sonraí maidir le creidmheasanna mainneachtana le haghaidh an tSásra Aonair Maoirseachta, ba cheart go bhfaigheadh ÚBE sonraí comhchosúla freisin d'fhonn iad a fhoilsiú i bhfoirm tuarascáil bhliantúil, chuimsitheach a thíolacfar don Choimisiún agus a chuirfear ar fáil go poiblí.*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 87**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (87) Na forálacha is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh faoin [OP: cuir isteach an dáta: ***6*** mhí ó spriocdháta an trasuí]. Mar sin féin, agus na himthosca eacnamaíocha deacra atá ann de thoradh phaindéim COVID-19 á gcur san áireamh mar aon leis na dúshláin shonracha atá le sárú ag micreaghnóthais, gnóthais bheaga agus gnóthais mheánmhéide, ba cheart a | (87) Na forálacha is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh faoin [OP: cuir isteach an dáta: ***9*** mí ó spriocdháta an trasuí]. Mar sin féin, agus na himthosca eacnamaíocha deacra atá ann de thoradh phaindéim COVID-19 á gcur san áireamh mar aon leis na dúshláin shonracha atá le sárú ag micreaghnóthais, gnóthais bheaga agus gnóthais mheánmhéide, ba cheart a |

| | |
|---|---|
| ndóthain ama a thabhairt do ghnóthais den sórt sin ullmhú do chur i bhfeidhm na Treorach seo. Dá bhrí sin, maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide, ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a chur i bhfeidhm chun an Treoir seo a chomhlíonadh ón [OP: cuir isteach an dáta: ***18*** mí ó spriocdháta an trasuí]. | ndóthain ama a thabhairt do ghnóthais den sórt sin ullmhú do chur i bhfeidhm na Treorach seo. Dá bhrí sin, maidir le micreaghnóthais, gnóthais bheaga agus mheánmhéide, ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a chur i bhfeidhm chun an Treoir seo a chomhlíonadh ón [OP: cuir isteach an dáta: ***24*** mí ó spriocdháta an trasuí]. |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh feidhm freisin ag Airteagail 1, 2 agus 3, Airteagail 5 go 10, Airteagail 12 go 23, Airteagail 26, 27 agus 28, Airteagail 30 go 33, Airteagal 37 agus Airteagail 39 go 50 maidir le seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin i gcás nach soláthróidh creidiúnaí nó idirghabhálaí creidmheasa na seirbhísí sin. | Beidh feidhm freisin ag Airteagail 1, 2 agus 3, Airteagail 5 go 10, Airteagail 12 go 23, Airteagail 26, 27 agus 28, Airteagail 30 go 33, Airteagal 37 agus Airteagail 39 go 50 maidir le seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin ***chomh maith le seirbhísí digiteacha comhchosúla a d'fhéadfaí a thairiscint amach anseo, má tá na seirbhísí sin ainmnithe ag an gCoimisiún agus formheasta ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle faoi Ghníomh Tarmligthe,*** i gcás nach soláthróidh creidiúnaí nó idirghabhálaí creidmheasa na seirbhísí sin. |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 2 – pointe j a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(j a) comhaontuithe léasaithe nach mbaineann aon oibleagáid leo an ní atá á thógáil ar léas a cheannach;*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Beidh na Ballstáit in ann cur i bhfeidhm forálacha áirithe den Treoir seo a eisiamh maidir le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí atá faoi bhun EUR 200 mar aon le comhaontuithe creidmheasa i bhfoirm saoráid rótharraingthe agus i gcás inar gá an creidmheas a aisíoc laistigh d'aon mhí amháin. Beidh na heisiaimh sin sa dlí náisiúnta formheasta ag an gCoimisiún, agus déanfaidh sé mínithe na mBallstát a fhoilsiú.*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Maidir leis an bhforáil thuasluaite go bhféadfaí cur i bhfeidhm forálacha áirithe den Treoir seo a eisiamh, ní bheidh feidhm aici maidir leis an gceanglas gach comhaontú creidmheasa a chlárú - cé is moite de chomhaontuithe creidmheasa atá faoi bhun EUR 200 arna soláthar ag institiúidí baincéireachta nó ag institiúidí cártaí creidmheasa dá gcustaiméirí buana - i mbunachair sonraí chun níos mó trédhearcachta a chur ar fáil ar an margadh creidmheasa agus chun cur in aghaidh an rófhéichiúnais.*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. I gcás comhaontuithe creidmheasa i | 4. I gcás comhaontuithe creidmheasa i |

| | |
|---|---|
| bhfoirm rótharraingt intuigthe, ní ***bheidh*** feidhm ach amháin ag Airteagail 1, 2 agus 3 Airteagal 25, agus Airteagail 41 go ***50***. | bhfoirm rótharraingt intuigthe, ní ***bheidh*** feidhm ach amháin ag Airteagail 1, 2 agus 3, Airteagal 25, ***Airteagal 35, Airteagal 36, Airteagal 39*** agus Airteagail 41 go ***50***. |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 6 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Chun níos mó trédhearcachta a chur ar fáil ar an margadh creidmheasa agus chun cur in aghaidh an rófhéichiúnais, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh gach comhaontú creidmheasa cláraithe sna bunachair sonraí.*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) ciallaíonn 'comhaontú creidmheasa' comhaontú trína ndeonaíonn creidiúnaí nó trína ngeallann creidiúnaí creidmheas a dheonú do thomhaltóir i bhfoirm íocaíocht iarchurtha, iasachta nó garaíocht airgeadais chomhchosúil eile seachas comhaontuithe maidir le soláthar seirbhísí ar bhonn leanúnach ná soláthar earraí den chineál céanna, i gcás ina n-íocfaidh an tomhaltóir as na seirbhísí nó na hearraí sin ar feadh fhad a soláthair trí thráthchodanna; | (3) ciallaíonn 'comhaontú creidmheasa' comhaontú trína ndeonaíonn creidiúnaí nó trína ngeallann creidiúnaí creidmheas a dheonú do thomhaltóir i bhfoirm íocaíocht iarchurtha, iasachta nó garaíocht airgeadais chomhchosúil eile seachas***:*** |
| | ***(i)*** comhaontuithe maidir le soláthar seirbhísí ar bhonn leanúnach nó soláthar earraí den chineál céanna, i gcás ina n-íocfaidh an tomhaltóir as na seirbhísí nó na hearraí sin ar feadh fhad a soláthair trí thráthchodanna; |
| | ***(ii) comhaontuithe léasaithe i gcás*** |

| | |
|---|---|
| | ***nach leagtar síos oibleagáid leis an gcomhaontú féin nó le haon chomhaontú ar leithligh maidir le hábhar an chomhaontaithe a cheannach; measfar gur ann don oibleagáid sin má chinneann an creidiúnaí amhlaidh go haontaobhach.*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) ciallaíonn ‘costas iomlán an chreidmheasa le haghaidh an tomhaltóra’ na costais uile, lena n-áirítear ús, coimisiúin, cánacha agus aon chineál eile táillí a cheanglaítear ar an tomhaltóir a íoc i ndáil leis an gcomhaontú creidmheasa nó leis na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin agus arb eol don chreidiúnaí fúthu, i gcás comhaontuithe creidmheasa, nó arb eol don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin fúthu, i gcás seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, seachas costais nótaire; tá costais i leith seirbhísí coimhdeacha a bhaineann leis an gcomhaontú creidmheasa nó le seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin san áireamh freisin i gcostas iomlán an chreidmheasa le haghaidh an tomhaltóra ***i gcás ina mbeidh sé éigeantach, ina theannta sin, conradh a thabhairt i gcrích maidir leis na seirbhísí coimhdeacha sin chun an creidmheas a fháil nó chun é a fháil ar na téarmaí agus na coinníollacha a mhargaítear***; | (5) ciallaíonn ‘costas iomlán an chreidmheasa le haghaidh an tomhaltóra’ na costais uile, lena n-áirítear ús, coimisiúin, cánacha agus aon chineál eile táillí a cheanglaítear ar an tomhaltóir a íoc i ndáil leis an gcomhaontú creidmheasa nó leis na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin agus arb eol don chreidiúnaí fúthu, i gcás comhaontuithe creidmheasa, nó arb eol don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin fúthu, i gcás seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, seachas costais nótaire; tá costais i leith seirbhísí coimhdeacha a bhaineann leis an gcomhaontú creidmheasa nó le seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin san áireamh freisin i gcostas iomlán an chreidmheasa le haghaidh an tomhaltóra; |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) ciallaíonn 'meán marthanach' aon ionstraim lena gcuirtear ar a chumas nó ar a chumas don tomhaltóir faisnéis atá dírithe go pearsanta air nó uirthi a stóráil ar bhealach atá inrochtana le haghaidh tagairt sa todhchaí ar feadh tréimhse leordhóthanach chun críocha na faisnéise agus lena bhféadfar an fhaisnéis atá stóráilte a atáirgeadh gan í a athrú; | (11) ciallaíonn 'meán marthanach' aon ionstraim***, lena n-áirítear i bhfoirm páipéir agus i bhfoirm dhigiteach,*** lena gcuirtear ar a chumas nó ar a cumas don tomhaltóir faisnéis atá dírithe go pearsanta air nó uirthi a stóráil ar bhealach atá inrochtana le haghaidh tagairt sa todhchaí ar feadh tréimhse leormhaith chun críocha na faisnéise agus lena lamháiltear don fhaisnéis atá stóráilte a atáirgeadh gan í a athrú; |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) ciallaíonn 'faisnéis réamhchonarthach' an fhaisnéis is gá ón tomhaltóir chun bheith in ann tairiscintí creidmheasa éagsúla a chur i gcomparáid le chéile agus cinneadh eolasach a dhéanamh maidir leis an gcomhaontú creidmheasa nó an comhaontú maidir le soláthar na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a thabhairt i gcrích; | (13) ciallaíonn 'faisnéis réamhchonarthach' an fhaisnéis ***a cuireadh faoi bhráid*** an tomhaltóra ***ar bhealach intuigthe agus*** a theastaíonn ón tomhaltóir chun bheith in ann tairiscintí creidmheasa éagsúla a chur i gcomparáid le chéile agus cinneadh eolasach a dhéanamh i dtaobh an comhaontú creidmheasa nó an comhaontú maidir le soláthar na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a thabhairt i gcrích; |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) ciallaíonn 'aisíocaíocht luath' fuascailt iomlán nó urscaoiledh páirteach oibleagáidí an tomhaltóra faoi chomhaontú creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin; | (22) ciallaíonn 'aisíocaíocht luath' fuascailt iomlán nó urscaoiledh páirteach oibleagáidí an tomhaltóra faoi chomhaontú creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, ***roimh dháta na híocaíochta arna chomhaontú sa*** |

| | |
|---|---|
| | ***chomhaontú creidmheasa***; |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) ciallaíonn 'fiach-sheirbhísí comhairleacha' cúnamh pearsantaithe de chineál teicniúil, dlíthiúil nó síceolaíoch a sholáthraíonn oibreoirí gairmiúla neamhspleácha i bhfabhar tomhaltóirí a bhfuil deacrachtaí acu nó a bhféadfadh sé go mbeadh deacrachtaí acu a gceangaltais airgeadais a chomhlíonadh; | (25) ciallaíonn 'fiach-sheirbhísí comhairleacha' cúnamh pearsantaithe de chineál teicniúil, dlíthiúil nó síceolaíoch a sholáthraíonn oibreoirí gairmiúla neamhspleácha ***nach creidiúnaithe, idirghabhálaithe creidmheasa, soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin nó seirbhíseoirí creidmheasa iad,*** i bhfabhar tomhaltóirí a bhfuil deacrachtaí acu nó a bhféadfadh sé go mbeadh deacrachtaí acu a gceangaltais airgeadais a chomhlíonadh; |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ceanglóidh na Ballstáit, nuair a sholáthraítear faisnéis do thomhaltóirí i gcomhréir leis an Treoir seo, go soláthraítear an fhaisnéis sin gan muirear ar an tomhaltóir. | Ceanglóidh na Ballstáit, nuair a sholáthraítear faisnéis do thomhaltóirí i gcomhréir leis an Treoir seo, go soláthrófar an fhaisnéis sin gan muirear a chur ar an tomhaltóir ***gan beann ar an meán a úsáidtear chun í a sholáthar***. |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfaidh na Ballstáit uasteorainn a chur le haon chostas a bhaineann le*** |

| | |
|---|---|
| | ***faisnéis bhreise a sholáthar don tomhaltóir arna iarraidh sin dó nach dtagann faoi cheanglais na Treorach seo.*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuirtear na forálacha sin i bhfeidhm gan dochar do chur i bhfeidhm na rialachán maidir le baincéireacht agus maidir le frithsciúradh airgid.*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Gan dochar do Threoir 2005/29/CE, ceanglóidh na Ballstáit go mbeidh aon chumarsáid fógraíochta agus mhargaíochta maidir le comhaontuithe creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin cothrom, soiléir agus nach mbeidh sí míthreorach. Foclaíocht i dteachtaireachtaí fógraíochta agus margaíochta den chineál sin lena bhféadfar ionchais bhréagacha a chruthú i gcás tomhaltóra maidir le hinfhaighteacht nó costas creidmheasa, toirmeascfar í. | Gan dochar do Threoir 2005/29/CE, ceanglóidh na Ballstáit go mbeidh aon chumarsáid fógraíochta agus mhargaíochta maidir le comhaontuithe creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin ***a chumhdaítear leis an reachtaíocht seo*** cothrom, soiléir agus nach mbeidh sí míthreorach. Foclaíocht i dteachtaireachtaí fógraíochta agus margaíochta den chineál sin lena bhféadfar ionchais bhréagacha a chruthú i gcás tomhaltóra maidir le hinfhaighteacht nó costas creidmheasa, toirmeascfar í. |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Fógraíocht maidir le comhaontuithe | Fógraíocht maidir le comhaontuithe |

| | |
|---|---|
| creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin lena léirítear ***ráta úis*** nó aon fhigiúr a bhaineann le costas an chreidmheasa don tomhaltóir, ceanglóidh na Ballstáit go n-áireofar faisnéis chaighdeánach inti i gcomhréir leis an Airteagal seo. | creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin lena léirítear aon fhigiúr a bhaineann le costas an chreidmheasa don tomhaltóir, ceanglóidh na Ballstáit go n-áireofar faisnéis chaighdeánach inti i gcomhréir leis an Airteagal seo. |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid sin i gcás ina gceanglaítear leis an dlí náisiúnta léiriú ar ráta céatadánach bliantúil an mhuirir i bhfógraíocht maidir le comhaontuithe creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin nach léiríonn ráta úis ná aon fhigiúr a bhaineann le haon chostas creidmheasa don tomhaltóir de réir bhrí na chéad fhomhíre.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 2 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh an fhaisnéis chaighdeánach inléite go héasca nó inchloiste go soiléir, de réir mar is iomchuí, agus oiriúnaithe do shrianta teicniúla an mheáin a úsáidtear le haghaidh fógraíochta agus sonrófar trí shampla ionadaíoch na heilimintí seo a leanas ar fad inti ar bhealach soiléir, gonta agus feiceálach: | 2. Beidh an fhaisnéis chaighdeánach inléite go héasca nó inchloiste go soiléir, de réir mar is iomchuí, agus oiriúnaithe do shrianta teicniúla an mheáin a úsáidtear le haghaidh fógraíochta***. Ní dhéanfar an fhaisnéis a chur i láthair mar théacs beag*** agus sonrófar trí shampla ionadaíoch na heilimintí seo a leanas ar fad inti ar bhealach soiléir, gonta agus feiceálach: |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 2 – fomhír 1 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) rabhadh soiléir, infheicthe don tomhaltóir a deir 'RABHADH: tá costas ar airgead a fháil ar iasacht';*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 2 – fomhír 1 – pointe f b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fb) faisnéis maidir le hiarmhairtí - lena n-áirítear costais - a bhaineann le híocaíochtaí a chailltear nó atá déanach.*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Forbróidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena sonrófar formáid agus cur i láthair na faisnéise atá in Airteagal 8(2).*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh creidiúnaithe nó, i gcás inarb infheidhme, idirghabhálaithe creidmheasa nó soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, faisnéis ghinearálta atá soiléir agus intuigthe maidir le | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh creidiúnaithe nó, i gcás inarb infheidhme, idirghabhálaithe creidmheasa nó soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, faisnéis ghinearálta atá soiléir agus intuigthe maidir le |

| | |
|---|---|
| comhaontuithe creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin ar fáil do thomhaltóirí, ag gach tráth ar pháipéar ***nó*** ar mheán marthanach eile. | comhaontuithe creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin ar fáil do thomhaltóirí, ag gach tráth ***bíodh sin*** ar pháipéar***,*** ar mheán marthanach eile ***nó i bhfoirm leictreonach, mar a bheidh roghnaithe ag an tomhaltóir***. |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ceanglóidh na Ballstáit go ndéanfaidh an creidiúnaí agus, i gcás inarb infheidhme, an t-idirghabhálaí creidmheasa nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, an fhaisnéis réamhchonarthach a sholáthar don tomhaltóir, ar faisnéis í is gá chun tairiscintí éagsúla a chur i gcomparáid le chéile chun cinneadh eolasach a dhéanamh maidir le comhaontú creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a thabhairt i gcrích ar bhonn na dtéarmaí agus na gcoinníollacha maidir le creidmheas a thairgeann an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin agus, más infheidhme, na roghanna atá curtha in iúl agus an fhaisnéis atá soláthartha ag an tomhaltóir. Soláthrófar faisnéis réamhchonarthach den sórt sin don tomhaltóir ***lá amháin ar a laghad*** sula mbeidh sé faoi cheangal ag aon chomhaontú nó tairiscint chreidmheasa, nó ag aon chomhaontú nó tairiscint ar sholáthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin nó tairiscint. | 1. Ceanglóidh na Ballstáit go ndéanfaidh an creidiúnaí agus, i gcás inarb infheidhme, an t-idirghabhálaí creidmheasa nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, an fhaisnéis réamhchonarthach a sholáthar don tomhaltóir, ar faisnéis í is gá chun tairiscintí éagsúla a chur i gcomparáid le chéile chun cinneadh eolasach a dhéanamh maidir le comhaontú creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a thabhairt i gcrích ar bhonn na dtéarmaí agus na gcoinníollacha maidir le creidmheas a thairgeann an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin agus, más infheidhme, na roghanna atá curtha in iúl agus an fhaisnéis atá soláthartha ag an tomhaltóir. Soláthrófar faisnéis réamhchonarthach den sórt sin don tomhaltóir ***in am trátha ach nach déanaí ná 3 uair an chloig*** sula mbeidh sé nó sí faoi cheangal ag aon chomhaontú nó tairiscint chreidmheasa, nó ag aon chomhaontú nó tairiscint ar sholáthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin. |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina soláthró an fhaisnéis réamhchonarthach dá dtagraítear sa chéad fhomhír i dtréimhse is gairide ná lá amháin sula mbeidh an tomhaltóir faoi cheangal ag an gcomhaontú creidmheasa, na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin nó an tairiscint, ceanglóidh na Ballstáit ar an gcreidiúnaí agus, i gcás inarb infheidhme, ar an idirghabhálaí creidmheasa, nó ar an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a mheabhrú do thomhaltóirí, ag úsáid an mheáin mharthanaigh chéanna, gur féidir leis nó léi tarraingt siar as an gcomhaontú creidmheasa nó na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin agus an nós imeachta atá le leanúint chun tarraingt siar, i gcomhréir le hAirteagal 26. Soláthrófar an meabhrú sin don tomhaltóir, ar a dhéanaí, lá amháin tar éis an comhaontú creidmheasa, an comhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a thabhairt i gcrích nó tar éis glacadh leis an tairiscint ar chreidmheas. | I gcás ina soláthrófar an fhaisnéis réamhchonarthach dá dtagraítear sa chéad fhomhír níos lú ná aon lá amháin sula mbeidh an tomhaltóir faoi cheangal ag an gcomhaontú nó tairiscint chreidmheasa, nó ag aon chomhaontú nó tairiscint le haghaidh seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar, ceanglóidh na Ballstáit ar an gcreidiúnaí agus, i gcás inarb infheidhme, ar an idirghabhálaí creidmheasa nó ar an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin ***an fhaisnéis réamhchonarthach a sholáthar sula mbeidh an tomhaltóir faoi cheangal ag an gcomhaontú nó tairiscint chreidmheasa agus*** meabhrán a sheoladh don tomhaltóir, ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile a bheidh ***roghnaithe ag an tomhaltóir***, á mheabhrú dó nó di gur féidir tarraingt siar as an gcomhaontú creidmheasa nó na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin agus as an nós imeachta atá le leanúint chun tarraingt siar, i gcomhréir le hAirteagal 26. Soláthrófar an meabhrú sin don tomhaltóir, ar a dhéanaí, lá amháin tar éis an comhaontú creidmheasa, an comhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a thabhairt i gcrích nó tar éis glacadh leis an tairiscint ar chreidmheas. |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Soláthrófar an fhaisnéis réamhchonarthach dá dtagraítear i mír 1 ar ***pháipéar nó ar*** mheán marthanach ***eile*** tríd an bhfoirm maidir le Faisnéis Chaighdeánach Eorpach um Chreidmheas Tomhaltóra a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Beidh an fhaisnéis uile a | 2. Soláthrófar an fhaisnéis réamhchonarthach dá dtagraítear i mír 1 ar mheán marthanach ***(go digiteach mar réamhshocrú, i bhfoirm páipéir arna iarraidh sin ag an tomhaltóir nó ag an gcreidiúnaí)*** tríd an bhfoirm maidir le Faisnéis Chaighdeánach Eorpach um |

sholáthrófar san fhoirm chomh feiceálach céanna. Measfar na ceanglais faisnéise sa mhír seo agus in Airteagal 3, míreanna (1) agus (2) de Threoir 2002/65/CE a bheith comhlíonta ag an gcreidiúnaí má sholáthair sé nó sí an Fhaisnéis Chaighdeánach Eorpach um Chreidmheas Tomhaltóra.

Chreidmheas Tomhaltóra a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Beidh an fhaisnéis uile a sholáthrófar san fhoirm chomh feiceálach céanna. Measfar na ceanglais faisnéise sa mhír seo agus in Airteagal 3, míreanna (1) agus (2) de Threoir 2002/65/CE a bheith comhlíonta ag an gcreidiúnaí má sholáthair sé nó sí an Fhaisnéis Chaighdeánach Eorpach um Chreidmheas Tomhaltóra.

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 3 – fomhír 1 – pointe n**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (n) rabhadh maidir leis na hiarmhairtí a bheadh ann mar gheall ar íocaíochtaí a mhainneachtain nó íocaíochtaí déanacha; | (n) rabhadh i ndáil leis na hiarmhairtí ar íocaíochtaí a mhainneachtain nó íocaíochtaí déanacha***, lena n-áirítear na costais lena mbaineann***; |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 3 – fomhír 1 – pointe q**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (q) an ceart chun aisíocaíocht luath a fháil, agus, i gcás inarb infheidhme, faisnéis maidir le ceart an chreidiúnaí chun cúiteamh a fháil agus an bealach a gcinnfear an cúiteamh sin; | (q) an ceart chun aisíocaíocht luath a fháil, agus, i gcás inarb infheidhme, faisnéis maidir le ceart an chreidiúnaí chun cúiteamh a fháil agus an bealach a gcinnfear an cúiteamh sin ***i gcomhréir le hAirteagal 29***; |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 3 – fomhír 1 – pointe s**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (s) ***ceart an tomhaltóra***, mar a leagtar amach i mír 8, ***go soláthrófar*** cóip den | (s) ***oibleagáid an chreidiúnaí***, mar a leagtar amach i mír 8 í, cóip ***a sholáthar*** |

| | |
|---|---|
| dréacht-chomhaontú creidmheasa dó nó di, nó den dréacht-chomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, ***arna iarraidh sin*** agus saor in aisce, ar choinníoll go bhfuil an creidiúnaí toilteanach ***tráth na hiarrata*** dul ar aghaidh le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe creidmheasa nó an chomhaontaithe maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin leis an tomhaltóir; | ***don tomhaltóir***, saor in aisce, den dréacht-chomhaontú creidmheasa nó den dréacht-chomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, ar choinníoll go bhfuil an creidiúnaí toilteanach dul ar aghaidh le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe creidmheasa nó an chomhaontaithe maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin leis an tomhaltóir; |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 4 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. An tráth céanna a dhéantar ***an fhoirm le haghaidh na Faisnéise Caighdeánaí Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra a sholáthar don tomhaltóir, déanfaidh an creidiúnaí agus, i gcás inarb infheidhme, an t-idirghabhálaí creidmheasa nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, an fhoirm le haghaidh an Fhorbhreathnaithe Chaighdeánaigh Eorpaigh um Chreidmheas Tomhaltóra a leagtar amach in Iarscríbhinn II a sholáthar don tomhaltóir, ina mbeidh*** an fhaisnéis ***réamhchonarthach*** seo a leanas***:*** | 4. An tráth céanna, cuirfear an fhaisnéis seo a leanas ***ar fáil ar an gcéad leathanach den fhoirm 'Faisnéis Chaighdeánach Eorpach um Chreidmheas Tomhaltóra' (SECCI) agus, más féidir, i bhfoirm ghrafach chaighdeánaithe ar fud an Aontais agus mar ghnéithe aibhsithe atá infheicthe ag an tsúil i gcomparáid le gnéithe eile de na leathanaigh ina dhiaidh sin:*** |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 4 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) an ráta iasachta nó, na rátaí iasachta uile má tá feidhm ag rátaí iasachta éagsúla in imthosca éagsúla; | (c) an ráta iasachta ***- lena n-áirítear an léiriú i dtaobh an bhfuil na rátaí úis seasta nó athraitheach***, nó na rátaí iasachta uile má tá feidhm ag rátaí iasachta éagsúla in imthosca éagsúla; |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 4 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) costais i gcás íocaíochtaí déanacha***;*** | (f) costais i gcás íocaíochtaí déanacha nó íocaíochtaí ***a chailltear*** |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 4 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) costas iomlán an chreidmheasa.*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 5 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Beidh faisnéis a thaispeántar san fhoirm le haghaidh na Faisnéise Caighdeánaí Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra agus san ***fhoirm le haghaidh an Fhorbhreathnaithe Chaighdeánaighh Eorpaigh um Chreidmheas Tomhaltóra*** comhsheasmhach. Beidh sí inléite go soiléir agus cuirfear srianta teicniúla an mheáin ar a dtaispeántar í san áireamh inti. Taispeánfar an fhaisnéis ar bhealach leordhóthanach oiriúnach ar na bealaí éagsúla. | 5. Beidh faisnéis a thaispeánfar san fhoirm maidir le Faisnéis Chaighdeánach Eorpach um Chreidmheas Tomhaltóra comhsheasmhach. Beidh sí inléite go soiléir agus cuirfear srianta teicniúla an mheáin ar a dtaispeántar í san áireamh inti. Taispeánfar an fhaisnéis ar bhealach leordhóthanach oiriúnach ar na bealaí éagsúla. |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 5 – fomhír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Forbróidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun formáid agus cur i láthair na foirme 'Faisnéis Chaighdeánach Eorpach um Chreidmheas Tomhaltóra' a shonrú.*** |
| | ***Déantar cumhacht a tharmligean don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh faoi XX i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. ***Más rud é go bhfuil an*** comhaontú tugtha i gcrích ***arna iarraidh sin don tomhaltóir*** trí mhodh cianchumarsáide ar shlí a chuireann bac ar an bhfaisnéis a sholáthar i gcomhréir leis an airteagal seo***, déanfaidh an creidiúnaí agus, i gcás inarb infheidhme, an t-idirghabhálaí creidmheasa nó soláthraí na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, an fhoirm le haghaidh na Faisnéise Caighdeánaí Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra agus an fhoirm le haghaidh an Fhorbhreithnithe Chaighdeánaigh Eorpaigh um Chreidmheas Tomhaltóra a sholáthar don tomhaltóir díreach tar éis an comhaontú creidmheasa nó an comhaontú chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar***. | 7. ***Ní féidir*** comhaontú ***creidmheasa*** a thabhairt i gcrích trí úsáid a bhaint as modh cianchumarsáide, ***agus as sin amháin***, ar shlí a chuireann bac ar an bhfaisnéis ***ó SECCI*** a sholáthar i gcomhréir leis an Airteagal seo. |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. ***Arna iarraidh sin don tomhaltóir,*** déanfaidh an creidiúnaí agus, i gcás inarb infheidhme, an t-idirghabhálaí creidmheasa nó soláthraí na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, sa bhreis ar an bhfoirm le haghaidh na Faisnéise Caighdeánaí Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra ***agus ar an bhfoirm le haghaidh an Fhorbhreithnithe Chaighdeánaigh Eorpaigh um Chreidmheas Tomhaltóra,*** cóip den dréacht-chomhaontú creidmheasa, nó den dréacht-chomhaontú chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar, a sholáthar saor in aisce don tomhaltóir, ar choinníoll go mbeidh an creidiúnaí, tráth na hiarrata, toilteanach dul ar aghaidh leis an gcomhaontú creidmheasa a thabhairt i gcrích nó leis an gcomhaontú chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar leis an tomhaltóir. | 8. Déanfaidh an creidiúnaí agus, i gcás inarb infheidhme, an t-idirghabhálaí creidmheasa nó soláthraí na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, sa bhreis ar an bhfoirm le haghaidh na Faisnéise Caighdeánaí Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra, cóip den dréacht-chomhaontú creidmheasa, nó den dréacht-chomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, a sholáthar saor in aisce don tomhaltóir, ar choinníoll go mbeidh an creidiúnaí, tráth na hiarrata, toilteanach dul ar aghaidh leis an gcomhaontú creidmheasa a thabhairt i gcrích nó leis an gcomhaontú chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar leis an tomhaltóir. ***Cuirfidh soláthar na tairisceana creidmheasa oibleagáid ar an gcreidiúnaí a théarmaí agus a choinníollacha a choinneáil go ceann tréimhse íosta 7 lá ón dáta a gheobhaidh an tomhaltóir í.*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. An tráth céanna a dhéantar an fhoirm le haghaidh na Faisnéise Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra a sholáthar don tomhaltóir, déanfaidh an creidiúnaí agus, i gcás inarb infheidhme, an t-idirghabhálaí creidmheasa, an fhoirm le haghaidh an Fhorbhreathnaithe Chaighdeánaigh Eorpaigh um Chreidmheas Tomhaltóra a leagtar amach in Iarscríbhinn II a sholáthar don tomhaltóir:*** | ***scriosta*** |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Beidh faisnéis a thaispeántar san ***fhoirm le haghaidh na Faisnéise Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra agus san*** fhoirm ***le haghaidh an Fhorbhreathnaithe Caighdeánaigh um Chreidmheas Tomhaltóra*** comhsheasmhach. Beidh sí inléite go soiléir agus cuirfear srianta teicniúla an mheáin ar a dtaispeántar í san áireamh inti. Taispeánfar an fhaisnéis ar bhealach leordhóthanach oiriúnach ar na bealaí éagsúla. | 4. Beidh faisnéis a thaispeántar san Fhaisnéis Eorpach um Chreidmheas Tomhaltóra comhsheasmhach. Beidh sí inléite go soiléir agus cuirfear srianta teicniúla an mheáin ar a dtaispeántar í san áireamh inti. Taispeánfar an fhaisnéis ar bhealach leordhóthanach oiriúnach ar na bealaí éagsúla. |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Arna iarraidh sin don tomhaltóir, déanfaidh an creidiúnaí agus, i gcás inarb infheidhme, an t-idirghabhálaí creidmheasa, i dteannta na foirme le haghaidh na Faisnéise Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra ***agus an fhoirm le haghaidh an Fhorbhreathnaithe Caighdeánaigh Eorpaigh um Chreidmheas Tomhaltóra***, cóip den dréacht-chomhaontú creidmheasa a sholáthar don tomhaltóir saor in aisce, ar choinníoll go bhfuil an creidiúnaí toilteanach tráth na hiarrata dul ar aghaidh le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe creidmheasa leis an tomhaltóir. | 6. Arna iarraidh sin don tomhaltóir, déanfaidh an creidiúnaí agus, i gcás inarb infheidhme, an t-idirghabhálaí creidmheasa, i dteannta na foirme le haghaidh na Faisnéise Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra, cóip den dréacht-chomhaontú creidmheasa a sholáthar don tomhaltóir saor in aisce, ar choinníoll go bhfuil an creidiúnaí toilteanach tráth na hiarrata dul ar aghaidh le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe creidmheasa leis an tomhaltóir. |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 7. Más rud é gur tugadh an comhaontú i gcrích arna iarraidh sin don tomhaltóir agus úsáid á baint as modh cianchumarsáide nach gcumasaíonn an fhaisnéis a sholáthar i gcomhréir leis an Airteagal seo, déanfaidh an creidiúnaí an fhoirm le haghaidh na Faisnéise Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra ***agus an fhoirm le haghaidh an Fhorbhreathnaithe Chaighdeánaigh Eorpaigh um Chreidmheas Tomhaltóra*** a sholáthar don tomhaltóir díreach tar éis an comhaontú creidmheasa a thabhairt i gcrích. | 7. Más rud é gur tugadh an comhaontú i gcrích arna iarraidh sin don tomhaltóir agus úsáid á baint as modh cianchumarsáide nach gcumasaíonn an fhaisnéis a sholáthar i gcomhréir leis an Airteagal seo, déanfaidh an creidiúnaí an fhoirm le haghaidh na Faisnéise Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra a sholáthar don tomhaltóir díreach tar éis an comhaontú creidmheasa a thabhairt i gcrích. |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| Ceanglóidh na Ballstáit go gcuirfidh creidiúnaithe, idirghabhálaithe creidmheasa agus soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin tomhaltóirí ar an eolas nuair a chuirtear tairiscint phearsantaithe ina láthair atá bunaithe ar phróifíliú nó cineálacha eile próiseála uathoibríoch ar shonraí pearsanta. | ***Gan dochar do Rialachán 2016/679,*** ceanglóidh na Ballstáit go gcuirfidh creidiúnaithe, idirghabhálaithe creidmheasa agus soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin tomhaltóirí ar an eolas nuair a chuirtear tairiscint phearsantaithe faoina mbráid atá bunaithe ar phróifíliú nó cineálacha eile próiseála uathoibríoch ar shonraí pearsanta. |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***Ní bheidh an tairiscint phearsantaithe sin bunaithe ar shonraí pearsanta seachas sonraí a bhaineann le hairgeadas mar a shainmhínítear i mír 2 d'Airteagal 18 iad, gan toiliú a fháil ón tomhaltóir roimh ré.*** |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. De mhaolú ar mhír 1, agus gan dochar do chur i bhfeidhm an dlí iomaíochta, féadfaidh na Ballstáit cleachtais nasctha a cheadú nuair is féidir leis an gcreidiúnaí nó leis an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a léiriú don údarás inniúil gurb é atá mar thoradh ar na táirgí nasctha nó na catagóirí táirge a thairgtear, ar théarmaí agus coinníollacha atá comhchosúil le chéile, tairbhe shoiléir do na tomhaltóirí agus aird chuí á tabhairt ar infhaighteacht agus praghsanna na dtáirgí ábhartha a thairgtear ar an margadh.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Féadfaidh na Ballstáit a cheadú do chreidiúnaithe nó do sholáthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a cheangal ar an tomhaltóir polasaí árachais ábhartha a bheith aige a bhaineann leis an gcomhaontú creidmheasa nó leis na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, agus comaoineacha comhréireachta á gcur san áireamh. Sna cásanna sin, áiritheoidh na Ballstáit go gceanglaítear ar an gcreidiúnaí nó ar an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin glacadh leis an bpolasaí árachais ó sholáthróir atá éagsúil lena sholáthróir tosaíochta nó lena soláthróir tosaíochta i gcás ina bhfuil leibhéal ráthaíochta an pholasaí árachais sin coibhéiseach leis an gceann atá molta ag an gcreidiúnaí nó ag an soláthraí | 4. Féadfaidh na Ballstáit a cheadú do chreidiúnaithe nó do sholáthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a cheangal ar an tomhaltóir polasaí árachais ábhartha a bheith aige a bhaineann leis an gcomhaontú creidmheasa nó leis na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, agus comaoineacha comhréireachta á gcur san áireamh. Sna cásanna sin, áiritheoidh na Ballstáit go gceanglaítear ar an gcreidiúnaí nó ar an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin glacadh leis an bpolasaí árachais ó sholáthróir atá éagsúil lena sholáthróir tosaíochta nó lena soláthróir tosaíochta i gcás ina bhfuil leibhéal ráthaíochta an pholasaí árachais sin coibhéiseach leis an gceann atá molta ag an gcreidiúnaí nó ag an soláthraí |

| | |
|---|---|
| seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, gan coinníoll an chreidmheasa a thairgtear don tomhaltóir a mhodhnú. | seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, gan coinníoll an chreidmheasa a thairgtear don tomhaltóir a mhodhnú. ***I gcás ina mbeidh am breise de dhíth ar an tomhaltóir chun tairiscintí árachais a chur i gcomparáid le chéile sula gceannóidh sé nó sí ceann acu, ceanglóidh na Ballstáit go dtabharfar 3 lá ar a laghad don tomhaltóir sin chun iad a chur i gcomparáid, gan athrú a dhéanamh ar an tairiscint.*** |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 15 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbaineann creidiúnaithe, idirghabhálaithe creidmheasa ná soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin tátal as go bhfuil comhaontú tomhaltóra ann le ceannach seirbhísí coimhdeacha a chuirtear i láthair trí roghanna mainneachtana. Áirítear boscaí ar cuireadh tic leo roimh ré le roghanna mainneachtana. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbaineann creidiúnaithe, idirghabhálaithe creidmheasa ná soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin de thátal as go bhfuil comhaontú tomhaltóra ann le haghaidh seirbhísí coimhdeacha ***nó táirgí creidmheasa*** a cheannach a chuirtear i láthair trí roghanna mainneachtana. ***Cé*** go n-áirítear boscaí ar cuireadh tic leo roimh ré sna roghanna réamhshocraithe***, níor cheart a thuiscint gurb ionann neamhghníomhaíocht agus toiliú an tomhaltóra***. |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 2 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ceanglóidh na Ballstáit go ndéanfaidh an creidiúnaí, agus, i gcás inarb infheidhme an t-idirghabhálaí creidmheasa agus an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, roimh sholáthar seirbhísí comhairleacha nó tabhairt i gcrích conartha | 2. Ceanglóidh na Ballstáit go ndéanfaidh an creidiúnaí, agus, i gcás inarb infheidhme an t-idirghabhálaí creidmheasa agus an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, roimh sholáthar seirbhísí comhairleacha nó tabhairt i gcrích conartha |

| | |
|---|---|
| maidir le soláthar seirbhísí den sórt sin, an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar don tomhaltóir ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile: | maidir le soláthar seirbhísí den sórt sin, an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar don tomhaltóir ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile a bheidh ***roghnaithe ag an tomhaltóir***: |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 3 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) gníomhú chun leas an tomhaltóra; | (d) gníomhú chun leas an tomhaltóra***, lena n-áirítear a bheith ag díriú go sainráite ar laghdú a dhéanamh ar an seans go dtitfeadh an tomhaltóir i bhfiachas iomarcach***; |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 3 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) taifead ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile ar an moladh a sholáthraítear a thabhairt don tomhaltóir. | (e) taifead ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile a bheidh ***roghnaithe ag an tomhaltóir*** ar an moladh arna sholáthar a thabhairt do na tomhaltóirí. |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 4 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. ***Féadfaidh*** na Ballstáit úsáid na téarmaí 'comhairle' agus 'comhairleoir' nó téarmaí comhchosúla a thoirmeasc nuair atá na seirbhísí comhairleacha á margú agus á soláthar do thomhaltóirí ag creidiúnaithe nó, ***i gcás inarb infheidhme, idirghabhálaithe creidmheasa nó*** | 4. ***Déanfaidh*** na Ballstáit úsáid na dtéarmaí 'comhairle' agus 'comhairleoir' nó téarmaí comhchosúla a thoirmeasc nuair atá na seirbhísí comhairleacha á margú agus á soláthar do thomhaltóirí ag creidiúnaithe nó soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin. |

soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin.

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 4 – fomhír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***I gcás nach dtoirmeascfaidh na Ballstáit úsáid na dtéarmaí 'comhairle' ná 'comhairleoir' ná téarmaí comhchosúla,*** forchuirfidh ***siad*** na coinníollacha seo a leanas maidir le húsáid an téarma 'comhairle neamhspleách' nó 'comhairleoir neamhspleách' ag creidiúnaithe nó idirghabhálaithe creidmheasa ***nó soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin*** a sholáthraíonn seirbhísí comhairleacha: | Déanfaidh na Ballstáit na coinníollacha seo a leanas a fhorchur maidir le húsáid an téarma 'comhairle neamhspleách' nó 'comhairleoir neamhspleách' ag idirghabhálaithe creidmheasa a sholáthraíonn seirbhísí comhairleacha: |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 4 – fomhír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) déanfaidh creidiúnaithe ***agus, i gcás inarb infheidhme, idirghabhálaithe creidmheasa*** nó soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin líon sách mór comhaontuithe creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin atá ar fáil ar an margadh a mheas; | (a) déanfaidh creidiúnaithe nó soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin líon sách mór comhaontuithe creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin atá ar fáil ar an margadh a mheas; |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 4 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Ní bheidh feidhm ag pointe (b) den dara*** | ***scriosta*** |

***fomhír ach amháin i gcás inar lú an líon creidiúnaithe arna meas ná tromlach den mhargadh.***

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 4 – fomhír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Féadfaidh*** na Ballstáit ceanglais níos déine a fhorchur maidir le húsáid na dtéarmaí 'comhairle neamhspleách' nó 'comhairleoir neamhspleách' ag ***creidiúnaithe agus, i gcás inarb infheidhme,*** idirghabhálaithe creidmheasa ***nó soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin***. | ***Déanfaidh*** na Ballstáit ceanglais níos déine a fhorchur maidir le húsáid na dtéarmaí 'comhairle neamhspleách' nó 'comhairleoir neamhspleách' ag idirghabhálaithe creidmheasa. |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Ceanglóidh na Ballstáit go dtabharfaidh creidiúnaithe agus, i gcás inarb infheidhme, idirghabhálaithe creidmheasa nó soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin rabhadh do thomhaltóir nuair is féidir go spreagfar le comhaontú creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin riosca sonrach don tomhaltóir i bhfianaise a staide airgeadais. | 5. ***I gcás ina soláthraítear seirbhísí comhairleacha do thomhaltóirí,*** ceanglóidh na Ballstáit go dtabharfaidh creidiúnaithe agus, i gcás inarb infheidhme, idirghabhálaithe creidmheasa nó soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin rabhadh do thomhaltóir nuair a fhéadfaidh comhaontú creidmheasa nó seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin riosca sonrach a spreagadh don tomhaltóir i bhfianaise a staide airgeadais. |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 17 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Toirmeascfaidh na Ballstáit díol aon chreidmheasa le tomhaltóirí, gan a réamhiarraidh ná a gcomhaontú sainráite. | ***Gan dochar don deis atá ag an gcreidiúnaí tairiscintí a dhéanamh do thomhaltóirí,*** déanfaidh na Ballstáit aon ***tairiscint*** a thoirmeasc go ndíolfaí creidmheas le tomhaltóirí, gan a réamhiarraidh ná a gcomhaontú sainráite. ***Ní chuirfidh an fhoráil seo bac ar ghníomhaíochtaí ginearálta fógraíochta.*** |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ceanglóidh na Ballstáit go ***ndéanfaidh*** an creidiúnaí nó, i gcás inarb infheidhme, an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin measúnú críochnúil ar acmhainneacht creidmheasa an tomhaltóra sula dtugtar comhaontú creidmheasa nó comhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin i gcrích. Déanfar an measúnú sin ar mhaithe le leas an tomhaltóra, chun cleachtais iasachtaithe mhífhreagracha agus rófhéichiúnas a chosc, agus tabharfar aird iomchuí ann ar fhachtóirí atá ábhartha maidir le fíorú a dhéanamh ar ionchas an tomhaltóra a oibleagáidí a chomhlíonadh faoin gcomhaontú creidmheasa nó faoin gcomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin. | 1. Ceanglóidh na Ballstáit, sula dtugtar comhaontú creidmheasa nó comhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin i gcrích, go bhfuil measúnú críochnúil ar acmhainneacht creidmheasa an tomhaltóra ***déanta*** ag an creidiúnaí nó, i gcás inarb infheidhme, ag an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin. Beidh an measúnú sin ***comhréireach agus*** déanfar é ar mhaithe le leas an tomhaltóra, chun cleachtais iasachtaithe mhífhreagracha agus rófhéichiúnas a chosc, agus tabharfar aird iomchuí ann ar na tosca atá ***ar fáil*** agus atá ábhartha maidir le ***(i)*** fíorú a dhéanamh ar ionchas an tomhaltóra a chuid nó a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin gcomhaontú creidmheasa nó faoin gcomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin***, de réir chineál, fhad agus phróifíl riosca an tomhaltóra agus (ii) an riosca don tomhaltóir i gcás nach gcomhlíonfaidh sé nó sí a chuid nó a cuid oibleagáidí***. ***Ní bheidh feidhm ag an measúnú acmhainneachta creidmheasa maidir le comhaontuithe creidmheasa atá faoi bhun EUR 200 a sholáthraíonn institiúidí baincéireachta nó institiúidí cártaí*** |

***creidmheasa dá gcustaiméirí buana.***

***Áiritheofar leis an measúnú - ar choinníoll gur féidir sin bunaithe ar na sonraí - nach gcuirfidh an creidmheas a comhaontaíodh an tomhaltóir i gcruachás airgeadais. Cuirfear an tomhaltóir ar an eolas faoi thorthaí an mheasúnaithe agus faoi na hiarmhairtí airgeadais a bhaineann le creidmheas a ghlacadh dó nó di. Ní mór don mheasúnú a bheith bunaithe ar fhaisnéis leordhóthanach chun measúnú leormhaith a dhéanamh ar bhuiséad teaghlaigh an tomhaltóra.***

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an measúnú acmhainneachta ar bhonn faisnéis ábhartha agus chruinn maidir le hioncam agus costais an tomhaltóra agus imthosca airgeadais agus eacnamaíocha eile is gá agus is comhréireach amhail fianaise ar ioncam nó ar fhoinsí eile aisíocaíochta, faisnéis ar shócmhainní airgeadais agus ar dhliteanais, nó faisnéis ar cheanglais airgeadais eile. Gheofar an fhaisnéis ó fhoinsí inmheánacha nó seachtracha ábhartha, lena n-áirítear an tomhaltóir agus, i gcás inar gá, ar bhonn bunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 19 a cheadú. | 2. Déanfar an measúnú acmhainneachta ar bhonn faisnéis ábhartha agus chruinn maidir le hioncam agus costais an tomhaltóra agus imthosca airgeadais agus eacnamaíocha eile is gá agus is comhréireach amhail fianaise ar ioncam nó ar fhoinsí eile aisíocaíochta, faisnéis ar shócmhainní airgeadais agus ar dhliteanais, nó faisnéis ar cheanglais airgeadais eile. Gheofar an fhaisnéis ó fhoinsí inmheánacha nó seachtracha ábhartha, lena n-áirítear an tomhaltóir agus, i gcás inar gá, ar bhonn bunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 19 a cheadú. |
| | ***Beidh na sonraí a úsáidfear chun measúnú a dhéanamh ar an acmhainneacht creidmheasa bunaithe ar Threoirlínte ÚBE[1a]. Ba cheart méid na seiceála a bheith i gcomhréir le méid an chreidmheasa arna thabhairt agus staid airgeadais an tomhaltóra. Ba cheart do phrionsabal beacht na comhréireachta mar aon leis na caighdeáin theicniúla a bhaineann leis an measúnú acmhainneachta creidmheasa a bheith sainithe agus mionsonraithe ag an*** |

***gCoimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle le ÚBE, i gcaighdeáin theicniúla rialála.***

***Ní úsáidfear sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2016/679 chun an measúnú a dhéanamh.***

***Beidh an fhaisnéis a úsáidfear don mheasúnú chomh maith leis an measúnú é féin i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 agus le hAirteagal 6 den Treoir seo.***

---

***[1a] Áirítear an fhaisnéis seo a leanas sna sonraí sin: Fianaise aitheantais; Fianaise chónaithe; I gcás inarb infheidhme, faisnéis faoi chuspóir na hiasachta; I gcás inarb infheidhme, fianaise ar incháilitheacht chun críocha na hiasachta; Fianaise fostaíochta, lena n-áirítear an cineál, earnáil, stádas (e.g. lánaimseartha, páirtaimseartha, conraitheoir, féinfhostaithe) agus fad ama; Fianaise ioncaim nó foinsí eile aisíocaíochta (lena n-áirítear bónas bliantúil, coimisiún, ragobair, i gcás inarb infheidhme) lena gcumhdaítear tréimhse réasúnta, lena n-áirítear duillíní pá, ráitis cuntais bainc reatha, agus cuntais a ndearnadh iniúchadh orthu nó a fíoraíodh go gairmiúil (i gcás daoine féinfhostaithe); Faisnéis faoi shócmhainní agus dliteanais airgeadais, e.g. ráitis cuntais coigiltis agus ráitis iasachta lena léirítear iarmhéideanna na hiasachta atá fós le híoc; Faisnéis faoi ghealltanais airgeadais eile, amhail cothabháil leanaí, táillí oideachais agus ailiúnais, más ábhartha; Faisnéis faoin gcomhdhéanamh teaghlaigh agus cleithiúnaithe; Fianaise ar stádas cánach; I gcás inarb infheidhme, fianaise ar árachas saoil i gcás na n-iasachtaithe atá ainmnithe; I gcás inarb infheidhme, sonraí ó chláir chreidmheasa nó ó bhiúrónna faisnéise creidmheasa nó ó bhunachair sonraí ábhartha eile lena gcumhdaítear an fhaisnéis faoi***

***dhliteanais airgeadais agus riaráistí íocaíochta; Faisnéis faoin gcomhthaobhacht, más ann di; Fianaise ar úinéireacht na comhthaobhachta; Fianaise ar luach na comhthaobhachta; Fianaise ar árachas na comhthaobhachta; Faisnéis faoi ráthaíochtaí, tosca maolaithe eile maidir leis an riosca creidmheasa agus na ráthóirí, más ann dóibh; Comhaontú cíosa nó fianaise ar ioncam cíosa a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh iasachtaí 'ceannach le ligean ar cíos', más ann dóibh; Ceadanna agus meastacháin ar chostais, más infheidhme, le haghaidh iasachtaí chun eastát réadach a thógáil agus a fheabhsú.***

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfar an fhaisnéis a fhaightear i gcomhréir leis an mír seo a fhíorú go hiomchuí, i gcás inar gá trí thagairt do dhoiciméadacht atá infhíoraithe go neamhspleách. | Déanfar an fhaisnéis a fhaightear i gcomhréir leis an mír seo a fhíorú go hiomchuí, i gcás inar gá, ***agus*** beidh sí ***comhréireach***, trí thagairt do dhoiciméadacht atá infhíoraithe go neamhspleách ***nó trí úsáid a bhaint as modhanna staidrimh i gcórais cinnteoireachta uathoibrithe***. |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Áiritheoidh na Ballstáit ***nach ndéanann*** an creidiúnaí ná an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an creidmheas a chur ar fáil don tomhaltóir ***ach amháin*** i gcás ina léiríonn toradh an | 4. Áiritheoidh na Ballstáit nach ***bhféadfaidh*** an creidiúnaí ná an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an creidmheas a chur ar fáil don tomhaltóir ***ach amháin*** i gcás ina léiríonn toradh an |

| | |
|---|---|
| mheasúnaithe acmhainneachta creidmheasa ***gur dóigh go*** gcomhlíonfar na hoibleagáidí a eascraíonn as an gcomhaontú creidmheasa nó as an gcomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin ar an mbealach a éilítear faoin gcomhaontú sin. | mheasúnaithe acmhainneachta creidmheasa ***nach bhfuil aon amhras substaintiúil ann*** go bhfuil na hoibleagáidí a eascraíonn as an gcomhaontú creidmheasa nó as an gcomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin á gcomhlíonadh ar an mbealach a gceanglaítear faoin gcomhaontú sin. ***Níor cheart, áfach, go gcuirfeadh measúnú dearfach acmhainneachta creidmheasa d'oibleagáid ar an gcreidiúnaí creidmheas a sholáthar.*** |
| | ***Beidh na modhanna a d'fhéadfadh a bheith ann chun an measúnú acmhainneachta creidmheasa a dhéanamh bunaithe ar threoirlínte arna gcinneadh ag ÚBE agus Coiste an Aontais Eorpaigh um Chosaint Sonraí i gcomhar le chéile.*** |
| D'ainneoin na chéad ***fhomhíreanna, i gcás ina léireoidh toradh an mheasúnaithe ar acmhainneacht creidmheasa nach dócha go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a eascraíonn as an gcomhaontú creidmheasa nó as an gcomhaontú chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar ar an mbealach a cheanglaítear faoin gcomhaontú sin, féadfaidh an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin creidmheas a chur ar fáil don tomhaltóir ar bhonn eisceachtúil in*** imthosca ***sonracha a bhfuil údar maith leo***. | D'ainneoin na chéad ***fhomhíre, in imthosca eisceachtúla, in ainneoin an mheasúnaithe dhiúltaigh, is féidir leis na Ballstáit tuairim a thabhairt sa dlí náisiúnta lena gceadaítear creidmheas beag - arna shainmhíniú ag Ballstát - a dheonú chun speansais eisceachtúla cúraim sláinte, iasachtaí le haghaidh mic léinn nó iasachtaí le haghaidh tomhaltóirí atá faoi mhíchumais a mhaoiniú***. ***Ba cheart doiciméadú cuí a dhéanamh ar chinneadh an chreidiúnaí agus an t-údar cuí atá aige le creidmheas den sórt sin a dheonú. Déanfar rabhadh a thabhairt don tomhaltóir freisin. Níor cheart go mbeadh sé d'oibleagáid ar na Ballstáit an rogha sin a sholáthar.*** |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 6 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. I gcás ina mbaineann úsáid próifílithe nó próiseála uathoibríche eile ar shonraí pearsanta leis an measúnú | 6. I gcás ina mbaineann an úsáid a bhaintear as próifíliú nó as próiseáil uathoibríoch eile ar shonraí pearsanta leis |

| | |
|---|---|
| acmhainneachta creidmheasa, áiritheoidh na Ballstáit ***go bhfuil*** sé de cheart ***ag*** an tomhaltóir: | an measúnú acmhainneachta creidmheasa, ***agus gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679,*** áiritheoidh na Ballstáit ***go gcuirfidh an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin*** an tomhaltóir ***ar an eolas go bhfuil sé*** de cheart ***aige nó aici***: |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 6 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) míniú soiléir ar an measúnú acmhainneachta creidmheasa a iarraidh agus a fháil ón gcreidiúnaí nó ón soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, lena n-áirítear míniú ar an ***loighic agus*** ar na rioscaí a bhaineann leis an bpróiseáil uathoibríoch ar shonraí pearsanta ***chomh maith lena tionchar agus lena héifeachtaí ar an gcinneadh***; | (b) míniú soiléir ar an measúnú acmhainneachta creidmheasa a iarraidh agus a fháil ón gcreidiúnaí nó ón soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, lena n-áirítear míniú ar ***(i)*** na rioscaí a bhaineann leis an bpróiseáil uathoibríoch ar shonraí pearsanta***, agus ar (ii) na catagóirí sonraí a chuirfear san áireamh sa mheasúnú***; |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 6 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) a thuairim nó a tuairim a chur in iúl agus agóid a dhéanamh in aghaidh an ***mheasúnaithe acmhainneachta creidmheasa agus an*** chinnidh. | (c) a thuairim nó a tuairim a chur in iúl agus agóid a dhéanamh in aghaidh an chinnidh. |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 9 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ceanglóidh na Ballstáit go mbeidh sé*** |

| | |
|---|---|
| | ***d'oibleagáid ar gach creidiúnaí, idirghabhálaí creidmheasa agus soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin nach institiúidí creidmheasa iad mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus a bhfuil údarás tugtha dóibh na bunachair sonraí ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 19 a cheadú, cur leis na bunachair sonraí sin.*** |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 19 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Sna bunachair sonraí dá dtagraítear i mír 1, coinneofar ar a laghad faisnéis maidir le riaráistí ***íocaíochta*** tomhaltóirí. | 3. Sna bunachair sonraí dá dtagraítear i mír 1, coinneofar ar a laghad faisnéis maidir le ***hiompraíocht aisíocaíochta*** tomhaltóirí ***faoi na comhaontuithe airgeadais atá acu cheana, lena n-áirítear*** riaráistí***, i gcás ina gceadaítear sin faoi na creataí dlíthiúla náisiúnta agus faoi Rialachán (AE) 2016/679***. |
| | ***Ní fhéadfaidh an duine atá freagrach as an mbunachar sonraí rochtain ar an mbunachar sonraí a thabhairt ach amháin má thug sé nó sí fógra roimhe sin don ábhar sonraí faoin iarratas. Tabharfaidh an duine a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh aige cruthúnas d'oibreoir an bhunachair sonraí go bhfuil cúis dhlisteanach leis an iarratas. Seiceálfaidh oibreoir an bhunachair sonraí an inchreidteacht agus coimeádfaidh sé an cruthúnas le haghaidh cigireachtaí oifigiúla.*** |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 19 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Chun níos mó trédhearcachta a chur ar fáil ar an margadh creidmheasa agus chun cur in aghaidh an rófhéichiúnais, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh gach comhaontú creidmheasa cláraithe sna bunachair sonraí.*** |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 20 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ceanglóidh na Ballstáit go ndréachtófar comhaontuithe creidmheasa nó comhaontuithe maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile agus go soláthrófar cóip den chomhaontú creidmheasa nó den chomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin do na páirtithe conarthacha uile. | 1. Ceanglóidh na Ballstáit go ndréachtófar comhaontuithe creidmheasa nó comhaontuithe maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile a ***bheidh roghnaithe ag an tomhaltóir*** agus go soláthrófar cóip den chomhaontú creidmheasa nó den chomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin do na páirtithe conarthacha uile. |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 21 – mír 1 – fomhír 1 – pointe v a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(va) sonraí teagmhála ábhartha na bhfiach-sheirbhísí comhairleacha agus moladh don tomhaltóir teagmháil a dhéanamh leis na seirbhísí sin i gcás ina mbeidh deacrachtaí aisíocaíochta aige.*** |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 21 – mír 1 – fomhír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ionas go bhfaighidh tomhaltóirí comhaontuithe creidmheasa níos inchomparáide, glacfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle le ÚBE, caighdeáin theicniúla rialála maidir le faisnéis an chomhaontaithe chonarthaigh a chur i láthair. Déanfar na caighdeáin sin a athbhreithniú ar bhonn rialta i gcomhairle le ÚBE.*** |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 21 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. I gcás comhaontuithe creidmheasa i bhfoirm saoráidí rótharraingthe i gcás inar gá an creidmheas a aisíoc ar éileamh nó laistigh d'aon mhí amháin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú ar bhealach soiléir agus achomair:*** |
| | ***(a) an cineál creidmheasa;*** |
| | ***(b) céannachtaí agus seoltaí geografacha na bpáirtithe conarthacha agus, más infheidhme, céannacht agus seoladh geografach an idirghabhálaí creidmheasa atá gceist;*** |
| | ***(c) fad an chomhaontaithe creidmheasa;*** |
| | ***(d) méid iomlán an chreidmheasa agus na coinníollacha lena rialaítear an tarraingt anuas;*** |
| | ***(e) an ráta iasachta, na coinníollacha lena rialaítear cur i bhfeidhm an ráta iasachta agus, i gcás ina mbeidh fáil orthu, aon innéacs nó ráta tagartha is infheidhme i leith an ráta tosaigh iasachta, chomh maith leis na tréimhsí,*** |

***na coinníollacha agus an nós imeachta chun an ráta iasachta a athrú agus, más rud é go bhfuil feidhm ag rátaí éagsúla iasachta in imthosca éagsúla, an fhaisnéis thuasluaite i leith na rátaí uile is infheidhme;***

***(f) ráta céatadánach bliantúil an mhuirir agus costas iomlán an chreidmheasa ar an tomhaltóir, a ríomhfar tráth a dhéanfar an comhaontú creidmheasa a thabhairt i gcrích; luafar na toimhdí uile a úsáidfear chun an ráta sin dá dtagraítear in Airteagal 19(2) i gcomhcheangal le hAirteagal 3(g) agus (i) a ríomh; Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nach gá an ráta céatadánach bliantúil a sholáthar;***

***(g) léiriú go bhféadfar a iarraidh ar an tomhaltóir méid an chreidmheasa a aisíoc ina iomláine arna éileamh sin tráth ar bith;***

***(h) coinníollacha lena rialaítear feidhmiú an chirt chun tarraingt siar as an gcomhaontú creidmheasa; agus***

***(i) faisnéis faoi na muirir is infheidhme ón tráth a dhéantar na comhaontuithe sin a thabhairt i gcrích agus, más infheidhme, na coinníollacha faoina bhféadfar na muirir sin a athrú.***

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 23 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ceanglóidh na Ballstáit go gcuirfidh an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an tomhaltóir ar an eolas faoi aon athrú ar an ráta iasachta, ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile, sula dtagann an t-athrú i bhfeidhm. | Ceanglóidh na Ballstáit go gcuirfidh an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an tomhaltóir ar an eolas faoi aon athrú ar an ráta iasachta, ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile ***a bheidh roghnaithe ag an tomhaltóir, 2 lá ar a laghad*** sula dtiocfaidh an t-athrú i bhfeidhm. |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 23 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) tá an fhaisnéis maidir leis an ráta tagartha nua le fáil freisin ag áitreabh an chreidiúnaí nó an tsoláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin. | (d) tá an fhaisnéis maidir leis an ráta tagartha nua le fáil freisin ag áitreabh ***agus ar shuíomh gréasáin*** an chreidiúnaí nó an tsoláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin. |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 23 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Ní sháróidh rátaí iasachtaíochta inathraithe na huasteorainneacha APRC a shainítear sa dlí, de bhun na treorach seo.*** |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 24 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ina mbeidh creidmheas deonaithe i bhfoirm saoráid rótharraingte, ceanglóidh na Ballstáit go gcoimeádfaidh an creidiúnaí, ar feadh fhad an chomhaontaithe creidmheasa, an tomhaltóir ar an eolas go tráthrialta trí ráitis chuntais, ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile, ina mbeidh na heilimintí seo a leanas: | 1. I gcás ina mbeidh creidmheas deonaithe i bhfoirm saoráid rótharraingthe, ceanglóidh na Ballstáit go gcoimeádfaidh an creidiúnaí, ar feadh fhad an chomhaontaithe creidmheasa, an tomhaltóir ar an eolas go tráthrialta ***- arna chinneadh ag an tomhaltóir ach nach minice ná uair sa mhí -*** trí ráitis chuntais, ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile a bheidh ***roghnaithe ag an tomhaltóir***, ina mbeidh na heilimintí seo a leanas: |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 24 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina mbeidh creidmheas deonaithe i bhfoirm saoráid rótharraingte, ceanglóidh na Ballstáit go gcuirfidh an creidiúnaí an tomhaltóir ar an eolas, ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile, faoi mhéaduithe sa ráta iasachta nó in aon mhuirear is iníoctha, sula dtagann an t-athrú i gceist i bhfeidhm. | I gcás ina mbeidh creidmheas deonaithe i bhfoirm saoráid rótharraingthe, ceanglóidh na Ballstáit go gcuirfidh an creidiúnaí an tomhaltóir ar an eolas, ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile, a bheidh ***roghnaithe ag an tomhaltóir***, faoi mhéaduithe sa ráta iasachta nó in aon mhuirear is iníoctha, ***2 lá oibre ar a laghad*** sula dtiocfaidh an t-athrú i gceist i bhfeidhm. |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 25 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás comhaontú chun cuntas reatha a oscailt, i gcás ina bhfuil féidearthacht go gceadófaí rótharraingt intuigthe don tomhaltóir, ceanglóidh na Ballstáit go n-áireoidh an creidiúnaí an fhaisnéis sin sa chomhaontú sin, i dteannta na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 11(2), pointe (e). Déanfaidh an creidiúnaí in aon chás an fhaisnéis sin a sholáthar don tomhaltóir ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile ar bhonn tráthrialta. | 1. I gcás comhaontú chun cuntas reatha a oscailt, i gcás ina bhfuil féidearthacht go gceadófaí rótharraingt intuigthe don tomhaltóir, ceanglóidh na Ballstáit go n-áireoidh an creidiúnaí an fhaisnéis sin sa chomhaontú sin, i dteannta na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 11(2), pointe (e). Déanfaidh an creidiúnaí in aon chás an fhaisnéis sin a sholáthar don tomhaltóir ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile, a bheidh ***roghnaithe ag an tomhaltóir***, ar bhonn tráthrialta. |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 25 – mír 2 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás rótharraingt intuigthe ***shuntasach*** is faide ná tréimhse ***míosa***, ceanglóidh na Ballstáit go gcuirfidh an creidiúnaí an tomhaltóir ar an eolas gan mhoill, ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile, maidir leis na nithe uile seo a leanas: | I gcás rótharraingt intuigthe is faide ná tréimhse ***coicíse***, ceanglóidh na Ballstáit go gcuirfidh an creidiúnaí an tomhaltóir ar an eolas gan mhoill, ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile a bheidh ***roghnaithe ag an tomhaltóir***, maidir leis na nithe uile seo a leanas: |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 25 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Glacfaidh na Ballstáit uasteorainn ar rátaí céatadánacha bliantúla na muirear a d'fhéadfadh a bheith infheidhme maidir le rótharraingt. Toirmiscfear muirir bhreise in imthosca den sórt sin. Déanfaidh na Ballstáit an uasteorainn thuasluaite agus an fíoras go bhfuil toirmeasc ar mhuirir bhreise a ghearradh a chur in iúl go cuí don phobal.*** |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 26 – mír 1 – fomhír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) an lá a fhaigheann an tomhaltóir ***na téarmaí agus na coinníollacha conarthacha agus*** an fhaisnéis i gcomhréir le hAirteagail 20 agus 21, más déanaí an lá sin ná an dáta dá dtagraítear i bpointe (a) den fhomhír seo. | (b) an lá a fhaigheann an tomhaltóir an fhaisnéis ***faoin gceart chun tarraingt siar*** i gcomhréir le hAirteagail 20 agus 21, más déanaí an lá sin ná an dáta dá dtagraítear i bpointe (a) den fhomhír seo. |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 26 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. I gcás inar mhainnigh go substaintiúil ar an gcreidiúnaí an fhaisnéis is gá faoin gceart tarraingt siar a thabhairt don tomhaltóir i gcomhréir le hAirteagal 21(1), rachaidh an tréimhse tarraingthe siar in éag aon bhliain amháin agus 14 lá tar éis an túis mar a shonraítear in Airteagal 26(1).*** |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 29 – mír 4 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) féadfaidh an creidiúnaí cúiteamh níos airde a éileamh go heisceachtúil más féidir leis an gcreidiúnaí a chruthú gur mó an caillteanas a fulaingíodh de dheasca aisíocaíocht luath ná an méid a cinneadh i gcomhréir le mír 2.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 30 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuirfear san áireamh freisin i ráta céatadánach bliantúil an mhuirir na costais agus na muirir a bhaineann le hárachas breise nó táirgí airgeadais eile a dhíoltar leis an táirge creidmheasa.*** |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 31 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Chun críocha an Airteagail seo, déanfaidh ÚBE caighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt maidir leis an modheolaíocht chun na huasteorainneacha ar ráta céatadánach bliantúil an mhuirir, costas iomlán an chreidmheasa don tomhaltóir agus na rátaí úis a ríomh chun cóineasú maoirseachta a áirithiú agus a chothú ar fud an Aontais.*** |
| | ***Agus na caighdeáin á bhforbairt, déanfaidh ÚBE sainiúlachtaí áirithe náisiúnta a chur san áireamh, lena n-áirítear na huasteorainneacha atá ann faoi láthair.*** |
| | ***Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.*** |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 31 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Meastar go bhfuil foráil mhír 1 comhlíonta cé go bhfuil reachtaíocht náisiúnta i bhfeidhm cheana lena ndéantar uasteorainneacha a chur ar cheann de na roghanna a liostaítear i bpointí a, b, c.*** |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 31 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 31a*** |
| | ***Iasachtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de*** |
| | ***1. Féadfaidh na Ballstáit a áirithiú, gan dochar don oibleagáid atá orthu faoi Airteagal 18 den Treoir seo, go dtairgfidh líon mór creidiúnaithe táirgí creidmheasa do thomhaltóirí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de mar chuid dá bpunanna.*** |
| | ***2. Déanfaidh ÚBE suirbhé ar tháirgí creidmheasa do thomhaltóirí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a thairgtear lena ndíol ar fud an Aontais. Ar an mbonn sin, déanfaidh ÚBE, i dteannta geallsealbhóirí ón tionscal agus cumainn tomhaltóirí agus caomhnaithe comhshaoil, raon táirgí creidmheasa caighdeánaithe do thomhaltóirí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a fhorbairt, bunaithe ar chritéir atá comhsheasmhach le tacsanomaíocht an Aontais maidir le hairgeadas inbhuanaithe.*** |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 32 – mír 1 – fomhír 1 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(e a) díol earraí nó seirbhísí a chumhdaítear le comhaontú creidmheasa nasctha a chur chun cinn.*** |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 32 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfaidh na Ballstáit - mar riail ghinearálta - toirmeasc a chur ar bheartais luacha saothair a bheidh ag brath ar an ráta úis nó ar chostas an chreidmheasa nó ar an gcineál táirgí creidmheasa atá suibscríofa.*** |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 32 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina soláthraíonn creidiúnaithe, idirghabhálaithe creidmheasa nó soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, seirbhísí comhairleacha, nach ndéantar dochar le struchtúr luacha saothair na foirne lena mbaineann dá gcumas gníomhú chun leas an tomhaltóra agus go háirithe nach bhfuil sé ag brath ar spriocanna díolacháin. Chun an sprioc sin a bhaint amach, féadfaidh na Ballstáit coimisiúin a íocann an creidiúnaí leis an idirghabhálaí creidmheasa a thoirmeasc freisin. | 4. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina soláthraíonn creidiúnaithe, idirghabhálaithe creidmheasa nó soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, seirbhísí comhairleacha, nach ndéantar dochar le struchtúr luacha saothair na foirne lena mbaineann dá gcumas gníomhú chun leas an tomhaltóra agus go háirithe nach bhfuil sé ag brath ar spriocanna díolacháin. Chun an sprioc sin a bhaint amach, féadfaidh na Ballstáit toirmeasc a chur freisin ar choimisiúin ***nó ar aon chineál sonrach cúitimh airgid nó neamhairgid eile*** a íocann an creidiúnaí leis an idirghabhálaí creidmheasa ***ag brath ar líon na n-iarratas ar chreidmheas nó ar an sciar díobh ar glacadh leo***. |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 32 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfaidh aon iompraíocht nó cleachtas damáiste do phríobháideachas tomhaltóirí, i gcomhréir le Rialachán*** |

| | |
|---|---|
| | ***(AE) 2016/679.*** |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 33 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Ní bheidh feidhm ag na ceanglais a leagtar amach i mír 1 i gcás nach bhfuil i bhforálacha an chomhaontaithe creidmheasa ach seirbhís choimhdeach.*** |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 34 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfidh na Ballstáit bearta chun cinn lena dtacaítear le hoideachas a chur ar thomhaltóirí i ndáil le hiasacht a fháil agus fiacha a bhainistiú go freagrach, go háirithe i ndáil le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí. Soláthrófar faisnéis shoiléir agus ghinearálta maidir leis an bpróiseas deonaithe creidmheasa do thomhaltóirí chun iad a threorú, go háirithe iad sin a ghlacann creidmheas tomhaltóirí den chéad uair, agus go háirithe ar uirlisí digiteacha. | Cuirfidh na Ballstáit bearta chun cinn lena dtacaítear le hoideachas a chur ar thomhaltóirí i ndáil le hiasacht a fháil agus fiacha a bhainistiú go freagrach, go háirithe i ndáil le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí ***agus eolas ginearálta maidir le bainistiú buiséid***. Soláthrófar faisnéis shoiléir agus ghinearálta maidir leis an bpróiseas deonaithe creidmheasa do thomhaltóirí chun iad a threorú, go háirithe iad sin a ghlacann creidmheas tomhaltóirí den chéad uair, agus go háirithe ar uirlisí digiteacha. |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 35 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ceanglóidh na Ballstáit ar chreidiúnaithe ***beartais agus nósanna imeachta iomchuí a bheith acu chun go ndéanfaidh siad*** | Ceanglóidh na Ballstáit ar chreidiúnaithe, i gcás inarb iomchuí, staonadh réasúnach a fheidhmiú. Cuirfear san áireamh le bearta |

***iarrachtaí*** chun, i gcás inarb iomchuí, staonadh réasúnach a fheidhmiú ***sula dtionscnaítear imeachtaí forfheidhmithe***. Cuirfear san áireamh le bearta staonta den sórt sin, i measc eilimintí eile, imthosca an tomhaltóra agus féadfaidh***, i measc féidearthachtaí eile***, na nithe seo a leanas a bheith i gceist leo:

staonta den sórt sin, i measc eilimintí eile, imthosca an tomhaltóra agus beidh na nithe seo a leanas i gceist leo:

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 35 – mír 1 – pointe b – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) modhnú ar na téarmaí agus ar na coinníollacha atá ann cheana do chomhaontú creidmheasa, agus ***féadfaidh*** na nithe seo a leanas a bheith san áireamh leis sin i measc nithe eile: | (b) modhnú ar na téarmaí agus ar na coinníollacha atá ann cheana do chomhaontú creidmheasa, agus ***beidh*** na nithe seo a leanas san áireamh leis sin i measc nithe eile: |

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 35 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tá liosta na mbeart ***féideartha*** i mír 1, pointe (b), gan dochar do rialacha a leagtar amach sa dlí náisiúnta agus ní cheanglaítear leo ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir leis na bearta uile sin sa dlí náisiúnta. | 2. Tá liosta na mbeart féideartha i mír 1, pointe (b), gan dochar do rialacha a leagtar amach sa dlí náisiúnta agus ní cheanglaítear leo ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir leis na bearta uile sin sa dlí náisiúnta. |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 35 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Féadfaidh na Ballstáit a cheadú do chreidiúnaithe muirir bhreise a*** | ***scriosta*** |

***fhorchur ar an tomhaltóir i gcás mainneachtana. Sa chás sin tabharfaidh na Ballstáit uasteorainn ar na muirir sin isteach.***

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 35 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Forbróidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena sonrófar cur i bhfeidhm na mbeart staonta a shonraítear san Airteagal seo.*** |

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 36 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear fiach-sheirbhísí comhairleacha ar fáil do thomhaltóirí. | Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear fiach-sheirbhísí comhairleacha ar fáil do thomhaltóirí. ***Beidh na fiach-sheirbhísí comhairleacha sin neamhspleách agus beidh siad saor in aisce don tomhaltóir.*** |

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 36 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil i dtoll a chéile laistigh de 2 bhliain tar éis chur chun feidhme na Treorach seo ina dtabharfar léargas ginearálta ar na fiach-sheirbhísí comhairleacha ar fud na mBallstát.*** |

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 37 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh creidiúnaithe, idirghabhálaithe creidmheasa agus soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin nach institiúidí creidmheasa iad mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 faoi réir próiseas ligin isteach leordhóthanach agus faoi réir socruithe clárúcháin agus maoirseachta arna mbunú ag údarás inniúil neamhspleách. | Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh creidiúnaithe, idirghabhálaithe creidmheasa agus soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin nach institiúidí creidmheasa iad mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 faoi réir próiseas ligin isteach leordhóthanach agus faoi réir socruithe clárúcháin agus maoirseachta arna mbunú ag údarás inniúil neamhspleách. ***Cé nach mbeidh an ceanglas sin infheidhme nuair nach bhfuil i soláthar an chomhaontaithe creidmheasa ach seirbhís choimhdeach, déanfaidh an leibhéal Eorpach iomchuí maoirseacht ar bhonn rialta ar a éifeachtúla atá ligean isteach, clárú agus maoirseacht na n-institiúidí neamhchreidmheasa.*** |

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 39 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an tomhaltóir, i gcás ina ndéanfar cearta an chreidiúnaí a shannadh do thríú páirtí faoi chomhaontú creidmheasa nó faoi chomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, nó faoin gcomhaontú féin, i dteideal aon chosaint a bhí ar fáil dó in aghaidh an chreidiúnaí bunaidh a phléadáil in aghaidh an tsannaí, lena n-áirítear fritháireamh i gcás ina gceadaítear an chosaint sin sa Bhallstát lena mbaineann. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an tomhaltóir, i gcás ina ndéanfar cearta an chreidiúnaí a shannadh do thríú páirtí faoi chomhaontú creidmheasa nó faoi chomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, nó faoin gcomhaontú féin, i dteideal aon chosaint a bhí ar fáil dó in aghaidh an chreidiúnaí bunaidh a phléadáil in aghaidh an tsannaí, lena n-áirítear fritháireamh i gcás ina gceadaítear an chosaint sin sa Bhallstát lena mbaineann. ***Féadfaidh na Ballstáit toirmeasc sainráite a chur ar shannadh creidmheasa nach féidir a aisghabháil a*** |

| | |
|---|---|
| | ***thuilleadh in imeachtaí dlíthiúla nó i gcás nach féidir bunús dlí an chreidmheasa a léiriú a thuilleadh.*** |

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 40 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Beidh rannpháirtíocht creidiúnaithe, idirghabhálaithe creidmheasa agus soláthraithe seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin i sásraí réitigh díospóidí lasmuigh den chúirt le haghaidh custaiméirí teaghlaigh éigeantach ach amháin má léiríonn an Ballstát don Choimisiún go bhfuil sásraí eile chomh héifeachtach céanna.*** |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 41 – mír 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8 a. Baileoidh na húdaráis náisiúnta inniúla sonraí maidir le rátaí mainneachtana na dtáirgí creidmheasa a dhíoltar faoi raon feidhme na Treorach seo agus tabharfaidh siad tuairisc fúthu do ÚBE. Cuirfidh ÚBE tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis na rátaí mainneachtana sin, tuarascáil a chuirfear ar fáil go poiblí agus ina ndéanfar anailís ar rátaí mainneachtana na dtáirgí creidmheasa a chumhdaítear leis an Treoir seo de réir catagóire agus tíre.*** |

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 41 – mír 8 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8 b. Féadfaidh na Ballstáit cumhachtaí idirghabhála táirgí a dheonú do na húdaráis náisiúnta inniúla i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta.*** |

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 44 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina mbeidh pionóis le forchur i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2017/2934, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ar áireamh iontu an fhéidearthacht atá ann fíneálacha a fhorchur trí nósanna imeachta riaracháin nó imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh maidir le fíneálacha a fhorchur, nó an dá rud, ina mbeidh uasmhéid na bhfíneálacha sin cothrom le ***4 %*** ar a laghad de láimhdeachas bliantúil an chreidiúnaí, an idirghabhálaí creidmheasa nó soláthraí na seirbhísí sluachistiúcháin creidmheasa sa Bhallstát nó sna Ballstáit lena mbaineann. | 2. I gcás ina mbeidh pionóis le forchur i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2017/2934, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ar áireamh iontu an fhéidearthacht atá ann fíneálacha a fhorchur trí nósanna imeachta riaracháin nó imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh maidir le fíneálacha a fhorchur, nó an dá rud, ina mbeidh uasmhéid na bhfíneálacha sin cothrom le ***3*** % ar a laghad de láimhdeachas bliantúil an chreidiúnaí, an idirghabhálaí creidmheasa nó soláthraí na seirbhísí sluachistiúcháin creidmheasa sa Bhallstát nó sna Ballstáit lena mbaineann. |

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 47 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leanfaidh Treoir 2008/48/CE d'fheidhm a bheith aici freisin maidir le comhaontuithe creidmheasa arb ann dóibh an [OP: cuir isteach an dáta - ***6*** mhí ón spriocdháta trasuí] go dtí [a bhfoirceannadh]. | Leanfaidh Treoir 2008/48/CE d'fheidhm a bheith aici freisin maidir le comhaontuithe creidmheasa arb ann dóibh an [OP: cuir isteach an dáta - ***9*** mí ón spriocdháta trasuí] go dtí [a bhfoirceannadh]. |

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 47 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagail 23 agus 24, Airteagal 25(1), an dara habairt, Airteagal 25(2) agus Airteagail 28 agus 39 den Treoir seo maidir le gach comhaontú creidmheasa neamhiata atá ann an [OP: cuir isteach an dáta - ***6*** mhí tar éis an spriocdháta trasuí]. | Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagail 23 agus 24, Airteagal 25(1), an dara habairt, Airteagal 25(2) agus Airteagail 28 agus 39 den Treoir seo maidir le gach comhaontú creidmheasa neamhiata atá ann an [OP: cuir isteach an dáta - ***9*** mí tar éis an spriocdháta trasuí]. |

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 48 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin [OP: cuir isteach an dáta - 24 mhí ón dáta a ghlacfar an Treoir] ar a dhéanaí, na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach. Cuirfidh siad na bearta sin i bhfeidhm ón [OP: cuir isteach an dáta - ***6*** mhí ón spriocdháta trasuí]. | Déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin [OP: cuir isteach an dáta - 24 mhí ón dáta a ghlacfar an Treoir] ar a dhéanaí, na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach. Cuirfidh siad na bearta sin i bhfeidhm ón [OP: cuir isteach an dáta - ***9*** mí ón spriocdháta trasuí]. |

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 48 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Mar sin féin, maidir leis an gcaidreamh, faoi raon feidhme na Treorach seo, idir tomhaltóirí agus creidiúnaithe nó idirghabhálaithe creidmheasa nó soláthraithe seirbhísí creidmheasa | Mar sin féin, maidir leis an gcaidreamh, faoi raon feidhme na Treorach seo, idir tomhaltóirí agus creidiúnaithe nó idirghabhálaithe creidmheasa nó soláthraithe seirbhísí creidmheasa |

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| sluachistiúcháin a cháilíonn mar mhicrifhiontair, mar fhiontair bheaga agus mar fhiontair mheánmhéide dá dtagraítear in Airteagal 3 de Threoir 2013/34/AE, cuirfidh na Ballstáit na bearta sin i bhfeidhm ón [OP: cuir isteach an dáta – ***18*** mí ón spriocdháta trasuí]. | sluachistiúcháin a cháilíonn mar mhicreaghnóthais, mar ghnóthais bheaga agus mheánmhéide dá dtagraítear in Airteagal 3 de Threoir 2013/34/AE, cuirfidh na Ballstáit na bearta sin i bhfeidhm ón [OP: cuir isteach an dáta - ***24*** mhí ón spriocdháta trasuí]. |

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – pointe -1 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***PRÍOMHFHAISNÉIS FAOIN gCREIDMHEAS (an chéad leathanach de SECCI)*** |

| | |
|---|---|
| ***An méid iomlán creidmheasa***<br>***Ciallaíonn sé sin an uasteorainn nó na suimeanna iomlána a chuirtear ar fáil i gcomhréir leis an gcomhaontú creidmheasa nó leis an gcomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin.*** | |
| ***Fad an chomhaontaithe creidmheasa nó na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin*** | |
| ***An ráta iasachta nó, i gcás inarb infheidhme, rátaí iasachta éagsúla a bhfuil feidhm acu maidir leis an gcomhaontú*** | ***[ %***<br>***— seasta, nó***<br>***— athraitheach (leis an innéacs nó leis an ráta tagartha is*** |

| | |
|---|---|
| ***creidmheasa nó leis na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin*** | ***infheidhme maidir leis an ráta iasachta tosaigh),***<br><br>***— tréimhsí]*** |
| ***Ráta céatadánach bliantúil an mhuirir (APR)***<br><br>***Is é sin an costas iomlán a shloinntear mar chéatadán bliantúil den mhéid iomlán creidmheasa.***<br><br>***Is ann do APR chun cabhrú leat tairiscintí éagsúla a chur i gcomparáid le chéile.*** | ***[ % Ní mór sampla ionadaíoch a leagan amach anseo, ar sampla é lena luaitear na toimhdí uile a úsáideadh chun ráta céatadánach bliantúil an mhuirir a ríomh]*** |
| ***I gcás inarb infheidhme***<br><br>***Déantar an creidmheas a dheonú i bhfoirm íocaíocht iarchurtha le haghaidh earra nó seirbhíse nó tá sé nasctha le soláthar earraí sonracha nó le soláthar seirbhíse***<br><br>***Ainm an earra/na seirbhíse***<br><br>***Praghas ar airgead tirim*** | |
| ***Costais íocaíochtaí déanacha***<br><br>***D'fhéadfadh sé go mbeadh iarmhairtí tromchúiseacha ann duit mar gheall ar íocaíochtaí a*** | ***Déanfar [… (an ráta úis is infheidhme agus socruithe maidir lena choigeartú agus, i gcás inarb infheidhme, muirir mhainneachtana)]*** |

| | |
|---|---|
| ***mhainneachtain (e.g. díol éigeantach) agus go mbeadh sé níos deacra duit creidmheas a fháil sa todhchaí.*** | ***a ghearradh ort as íocaíochtaí déanacha.*** |
| ***Costas iomlán an chreidmheasa*** | |
| | |

***Aon uair a léirítear 'i gcás inarb infheidhme', ní mór don chreidiúnaí nó don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an bosca a líonadh isteach má tá an fhaisnéis ábhartha maidir leis an táirge creidmheasa, nó an fhaisnéis nó an ró iomlán a scriosadh mura bhfuil an fhaisnéis ábhartha maidir leis an gcineál creidmheasa lena mbaineann.***

***Tugtar mínithe don chreidiúnaí nó don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin leis na léirithe atá idir lúibíní cearnacha agus ní mór an fhaisnéis chomhfhreagrach a chur ina n-ionad.***

***Ba cheart an fhoirm seo a thaispeáint ar leathanach amháin ar bharr na foirme le haghaidh na Faisnéise Caighdeánaí Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra, ba cheart é a bheith inléite go soiléir agus oiriúnaithe chun na srianta teicniúla de chuid meáin áirithe ar a dtaispeánfar é a chur san áireamh.***

***Ba cheart an chéad leathanach a chur i láthair i bhfoirm ghrafach, más féidir. Forbróidh an tÚdarás Baincéireachta Eorpach na dréachtchaighdeáin rialála chun an fhormáid agus an cur i láthair a shonrú.***

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn II**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| ***FORBHREATHNÚ CAIGHDEÁNACH EORPACH UM CHREIDMHEAS TOMHALTÓRA*** | ***scriosta*** |
| ***[...]*** | |
| ***Aon uair a léirítear 'i gcás inarb infheidhme', ní mór don chreidiúnaí nó don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an bosca a líonadh isteach má tá an fhaisnéis ábhartha maidir leis an táirge creidmheasa, nó an fhaisnéis nó an ró iomlán a scriosadh mura bhfuil an fhaisnéis ábhartha maidir leis an gcineál creidmheasa lena mbaineann.*** | |
| ***Tugtar mínithe don chreidiúnaí nó don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin leis na léirithe atá idir lúibíní cearnacha agus ní mór an fhaisnéis chomhfhreagrach a chur ina n-ionad.*** | |
| ***Ba cheart an Forbhreathnú Caighdeánach Eorpach um Chreidmheasa Tomhaltóra a thaispeáint ar leathanach amháin ar bharr na foirme le haghaidh na Faisnéise Caighdeánaí Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra, ba cheart é a bheith inléite go soiléir agus oiriúnaithe chun na srianta teicniúla de chuid meáin áirithe ar a dtaispeánfar é a chur san áireamh.*** | |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Creidmheasanna tomhaltóirí |
| **Tagairtí** | COM(2021)0347 – C9-0244/2021 – 2021/0171(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | IMCO<br>8.7.2021 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ECON<br>8.7.2021 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Marek Belka<br>1.9.2021 |
| **Pléite sa choiste** | 7.2.2022 21.3.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 28.4.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 44<br>–: 4<br>0: 9 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rasmus Andresen, Gunnar Beck, Marek Belka, Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Gilles Boyer, Carlo Calenda, Engin Eroglu, Markus Ferber, Jonás Fernández, Frances Fitzgerald, José Manuel García-Margallo y Marfil, Luis Garicano, Claude Gruffat, Enikő Győri, Michiel Hoogeveen, Danuta Maria Hübner, Stasys Jakeliūnas, France Jamet, Othmar Karas, Billy Kelleher, Ondřej Kovařík, Georgios Kyrtsos, Aurore Lalucq, Aušra Maldeikienė, Pedro Marques, Costas Mavrides, Csaba Molnár, Siegfried Mureşan, Caroline Nagtegaal, Luděk Niedermayer, Lefteris Nikolaou-Alavanos, Dimitrios Papadimoulis, Piernicola Pedicini, Lídia Pereira, Kira Marie Peter-Hansen, Sirpa Pietikäinen, Dragoş Pîslaru, Evelyn Regner, Dorien Rookmaker, Alfred Sant, Joachim Schuster, Ralf Seekatz, Pedro Silva Pereira, Paul Tang, Irene Tinagli, Ernest Urtasun, Inese Vaidere, Johan Van Overtveldt, Stéphanie Yon-Courtin, Marco Zanni, Roberts Zīle |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Nicolaus Fest, Henrike Hahn, Eugen Jurzyca, Chris MacManus, Mick Wallace |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR ([1])

| 44 | + |
|---|---|
| ID | France Jamet, Marco Zanni |
| PPE | Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Markus Ferber, Frances Fitzgerald, José Manuel García-Margallo y Marfil, Danuta Maria Hübner, Othmar Karas, Georgios Kyrtsos, Aušra Maldeikienė, Siegfried Mureşan, Luděk Niedermayer, Lídia Pereira, Sirpa Pietikäinen, Ralf Seekatz, Inese Vaidere |
| Renew | Gilles Boyer, Carlo Calenda, Engin Eroglu, Luis Garicano, Billy Kelleher, Ondřej Kovařík, Caroline Nagtegaal, Dragoş Pîslaru, Stéphanie Yon-Courtin |
| S&D | Marek Belka, Jonás Fernández, Aurore Lalucq, Pedro Marques, Costas Mavrides, Csaba Molnár, Evelyn Regner, Alfred Sant, Joachim Schuster, Pedro Silva Pereira, Paul Tang, Irene Tinagli |
| Verts/ALE | Rasmus Andresen, Claude Gruffat, Henrike Hahn, Piernicola Pedicini, Kira Marie Peter-Hansen, Ernest Urtasun |

| 4 | - |
|---|---|
| ECR | Dorien Rookmaker |
| ID | Gunnar Beck, Nicolaus Fest |
| NI | Lefteris Nikolaou-Alavanos |

| 9 | 0 |
|---|---|
| ECR | Michiel Hoogeveen, Eugen Jurzyca, Johan Van Overtveldt, Roberts Zīle |
| NI | Enikő Győri |
| The Left | Chris MacManus, Dimitrios Papadimoulis, Mick Wallace |
| Verts/ALE | Stasys Jakeliūnas |

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Creidmheasanna tomhaltóirí |
| **Tagairtí** | COM(2021)0347 – C9-0244/2021 – 2021/0171(COD) |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 1.7.2021 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | IMCO<br>8.7.2021 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ECON<br>8.7.2021 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Kateřina<br>Konečná<br>14.7.2021 |
| **Pléite sa choiste** | 27.10.2021 28.2.2022 28.3.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 12.7.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 42<br>–: 1<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alex Agius Saliba, Andrus Ansip, Pablo Arias Echeverría, Alessandra Basso, Brando Benifei, Adam Bielan, Biljana Borzan, Markus Buchheit, Andrea Caroppo, Anna Cavazzini, Dita Charanzová, Deirdre Clune, David Cormand, Sandro Gozi, Maria Grapini, Svenja Hahn, Krzysztof Hetman, Virginie Joron, Eugen Jurzyca, Marcel Kolaja, Kateřina Konečná, Andrey Kovatchev, Maria-Manuel Leitão-Marques, Morten Løkkegaard, Antonius Manders, Leszek Miller, Anne-Sophie Pelletier, René Repasi, Christel Schaldemose, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Róża Thun und Hohenstein, Tom Vandenkendelaere, Marion Walsmann |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marco Campomenosi, Salvatore De Meo, Malte Gallée, Ivars Ijabs, Katrin Langensiepen, Antonio Maria Rinaldi, Dominik Tarczyński, Edina Tóth, Kosma Złotowski |
| **Dáta don chur síos** | 5.9.2022 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 42 | + |
|---|---|
| ECR | Adam Bielan, Dominik Tarczyński, Kosma Złotowski |
| ID | Alessandra Basso, Markus Buchheit, Marco Campomenosi, Virginie Joron, Antonio Maria Rinaldi |
| PPE | Pablo Arias Echeverría, Andrea Caroppo, Deirdre Clune, Salvatore De Meo, Krzysztof Hetman, Andrey Kovatchev, Antonius Manders, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Tom Vandenkendelaere, Marion Walsmann |
| RENEW | Andrus Ansip, Dita Charanzová, Sandro Gozi, Svenja Hahn, Ivars Ijabs, Morten Løkkegaard, Róża Thun und Hohenstein |
| S&D | Alex Agius Saliba, Brando Benifei, Biljana Borzan, Maria Grapini, Maria-Manuel Leitão-Marques, Leszek Miller, René Repasi, Christel Schaldemose |
| THE LEFT | Kateřina Konečná, Anne-Sophie Pelletier |
| VERTS/ALE | Anna Cavazzini, David Cormand, Malte Gallée, Marcel Kolaja, Katrin Langensiepen |

| 1 | - |
|---|---|
| NI | Edina Tóth |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ECR | Eugen Jurzyca |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh